Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Plean Gníomhaíochta 2018-2022

Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010-2030

## Tuairisc ar dhul chun cinn 2022

Arna foilsiú ag
**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

S20
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

# Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar ........ 2
Ráiteas ón Aire ........ 3
Ráiteas ón Aire Stáit ........ 4
Achoimre Fheidhmeach ........ 6
Réimse Gnímh 1: Oideachas ........ 15
Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht ........ 50
Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath 73
Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal ........ 90
Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht ........ 109
Réimse Gnímh 6: Foclóirí ........ 148
Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas ........ 153
Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta ........ 162
Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana ........ 171
Aguisín 1: Gluais Acrainmneacha agus Naisc Úsáideacha ........ 173
Aguisín 2: Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Stiúrtha ........ 178

# Ráiteas ón Aire



Mar Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, is údar sásaimh dom an ceathrú tuairisc seo ar fheidhmiú Plean Gníomhaíochta 2018–2022 don Ghaeilge a chur i láthair - i gcomhar leis an Aire Stáit O'Donovan, thar ceann an Rialtais. Ach an oiread leis an trí thuairisc ar dhul chun cinn a foilsíodh go dtí seo, tugtar léargas sa ceathrú tuairisc bhliantúil seo ar an méid atá déanta thar an tréimhse ó 1 Eanáir 2022 go dtí 31 Nollag 2022 ar leas na Gaeilge agus na Gaeltachta mar chuid d'fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Fearacht na stráitéise, atá mar chreatlach foriomlán don Phlean Gníomhaíochta, tá úinéireacht thras-Rannach ag an bPlean agus, dá réir, ag an tuairisc seo, ar dhul chun cinn.

Mar is eol dúinn ar fad, d'fhág COVID-19 a lorg ar gach réimse den saol le blianta beaga anuas. Socraíodh, mar gheall air sin agus an tionchar a bhí aige ar chur i bhfeidhm an phlean seo, síneadh bliana a chur leis an tréimhse tuairiscithe don phlean. Ciallaíonn sin go mbeidh feidhm ag an Phlean seo go dtí deireadh 2023 agus go mbeidh tuairisc amháin eile le teacht ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha.

Mar a haithníodh nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta os cionn cúig bhliana ó shin, is é spiorad na meithle a bhí, atá, agus a bheidh ag croílár an scéil agus is údar misnigh agus sásaimh é gur éirigh le páirtithe leasmhara – le cúnamh leanúnach mo Roinne féin chomh maith le Ranna agus forais ábhartha eile – clár leathan oibre a fheidhmiú go rathúil arís in 2022.

Is mian liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil arís i mbliana le gach páirtí leasmhar a raibh baint acu go dáta le feidhmiú bhearta an phlean. Cuimsítear i measc na bpáirtithe leasmhara sin mo Roinn féin, an Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, in éindí ar ndóigh le heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta fud fad na tíre.

Gabhaim buíochas chomh maith leis an gcoiste stiúrtha atá i mbun oibre chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar a chur chun feidhme i gcomhréir le mian an Rialtais.

Táim ag súil go mór leanúint orm ag obair i gcomhar le gach páirtí leasmhar sa tréimhse atá romhainn chun cur go céimiúil leis an obair fhónta atá le sonrú sa tuairisc seo atá ar leas an ruda is cás linn ar fad mar atá luaite agam cheana – an Ghaeilge agus an Ghaeltacht.

**Catherine Martin T.D.,**
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

# Ráiteas ón Aire Stáit



Mar Aire Stáit don Ghaeltacht agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí, tá áthas orm an tuairisc seo ar dhul chun cinn maidir le **Plean Gníomhaíochta 2018–2022** don Ghaeilge a chur i láthair i gcomhar leis an Aire Martin. Cuimsítear inti an dul chun cinn a rinneadh ar bhonn tras-rannach anuraidh.

Is plean uaillmhianach, dúshlánach é an Phlean Gníomhaíochta atá comhdhéanta d'os cionn 180 gníomh atá á gcur i bhfeidhm i gcomhar le 60 páirtí leasmhar ar leas foriomlán na Gaeilge agus na Gaeltachta. Tá sé le sonrú ó na tuairiscí bliantúla atá foilsithe ag mo Roinn faoin ábhar roimhe seo thar ceann an Rialtais, go bhfuil dul chun cinn déanta agus á dhéanamh i rith an ama ar leas fhorfheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus ar leas na Gaeilge agus na Gaeltachta thar aon ní eile.

Tagann foilsiú na tuairisce seo leis an ngealltanas a rinneadh nuair a seoladh an Phlean Gníomhaíochta i mí an Mheithimh 2018 go bhfoilseofaí a leithéid de thuairisc, ar son na trédhearcachta agus na cuntasachta. Ó ceapadh mé mar Aire Stáit na Gaeltachta is údar bróid dom a fheiceáil go bhfuil na spriocanna atá leagtha síos sa phlean seo á mbaint amach bliain i ndiaidh bliana, in ainneoin na ndeacrachtaí de thoradh na paindéime.

I measc na nithe is suntasaí a baineadh amach le linn thréimhse na tuairisce seo:

- Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ar an 20 Meitheamh 2022, agus aontaíodh conradh taighde le hOllscoil na Gaillimhe ag deireadh 2022 i dtaca le hullmhú an chéad Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge.

- Ceadaíodh ciste de bhreis agus €4.3 milliún thar trí bliana do Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, ar cuireadh tús leis in Eanáir 2022. Is mórscéim thacaíochta de chuid Fhoras na Gaeilge atá anseo atá dírithe ar 36 coiste Gaeilge den earnáil phobail agus dheonach agus trína bhfuil gréasán de 28 oifigeach forbartha Gaeilge fostaithe i gceantair na gcoistí Gaeilge le clár forbartha pobail a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana.

- Foilsíodh an Phlean Digiteach don Ghaeilge, 2023-2027, i mí na Nollag 2022. Is ionann foilsiú an Phlean Dhigitigh agus toradh ar bhlianta de thaighde agus forbairt acadúil, agus is féidir féachaint air mar threochlár ina leagtar amach an chaoi a ndéanfar an Ghaeilge ábhartha feasta i gcomhthéacs ról na teicneolaíochta inár saol ó lá go lá.

- Tús curtha ag Foras na Gaeilge leis na tionscadail nua foclóireachta, foclóir Gaeilge-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla.

- Fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2022 go raibh maoiniú tiomnaithe á chur ar fáil chun stáisiún teilifíse faoi leith do pháistí - Cúla4 - a bhunú.

- Cruthaíodh 945 post nua i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2022

- Faomhadh 6 phlean teanga nua in 2022 agus faoi dheireadh 2022 bhí 36 plean teanga san iomlán faofa agus 34 Oifigeach agus Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga fostaithe.

Is údar misnigh an méid atá bainte amach anuraidh mar chuid d'fheidhmiú leanúnach an Phlean Gníomhaíochta mar atá le sonrú sa tuairisc seo ar dhul chun cinn. Ach an oiread leis an Aire Martin leanfaidh mé mar Aire Stáit ag tacú fad mo chumais leis an obair fhónta atá ar bun i gcaitheamh an ama ar son na Gaeilge agus na Gaeltachta.

**Patrick O'Donovan T.D.,**
Aire Stáit don Ghaeltacht agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí

# Achoimre Fheidhmeach

Ach an oiread leis na tuairiscí ar dhul chun cinn atá foilsithe ag an Roinn roimhe seo, is é cuspóir na tuairisce seo léargas a thabhairt faoina bhfuil bainte amach ag gach páirtí leasmhar maidir le feidhmiú an Plean Ghníomhaíochta 2018-2022 in 2022; tá cóip de na tuairiscí bliantúla eile atá foilsithe cheana féin ar fáil **anseo**.

Tagann foilsiú na tuairisce seo, atá faofa ag an Rialtas, lena chinneadh go bhfoilseofaí a leithéid go bliantúil ar son na cuntasachta agus na trédhearcachta.

Ar nós na dtuairiscí bliantúla eile cuirtear an tuairisciú seo faoin dul chun cinn i láthair faoi réir na naoi Réimse Gnímh den straitéis í féin, eadhon: Oideachas; An Ghaeltacht; An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath; Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Na Meáin agus an Teicneolaíocht; Foclóirí; Reachtaíocht agus Stádas; Saol Eacnamaíochta; agus Tionscnaimh Leathana.

## Ullmhú na Tuairisce

I gcomhthéacs na freagrachta atá sannta don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán (RTCEGSM) as comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus go deimhin an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, chuaigh an RTCEGSM i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara atá luaite sa phlean agus an tuairisc seo ar dhul chun cinn á cur i dtoll a chéile.

Ós rud é go bhfuil comhúinéireacht agus comhfhreagracht bainteach leis agus gurb í feidhm RTCEGSM comhordú a dhéanamh ar sholáthar na tuairisce (móide cúram a dhéanamh de na bearta a bhaineann go príomha léi), níor mhiste a nótáil go bhfuil gach iarracht déanta, chomh fada agus is féidir, chun a chinntiú go bhfuil an tuairisciú trí chéile chomh cruinn, beacht agus soiléir agus is féidir dó a bheith.

De bhrí go bhfuil muid ag foilsiú na tuairisce go leictreonach, tá naisc leictreonacha curtha sa téacs oiread agus is féidir chuig suíomhanna idirlín ábhartha – áit a bhfuil fáil ar eolas breise faoi cibé ábhar atá faoi chaibidil – ar nós mar a rinneadh sna tuairiscí roimhe seo.

## Spléachadh ar an dul chun cinn

Ach an oiread le tograí eile, bhí tionchar ag COVID-19 ar obair na bpáirtithe leasmhara ó thaobh cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta le blianta beaga anuas. In ainneoin na ndúshlán tugtar le fios sa tuairisc seo go raibh dul chun cinn suntasach ann trí chéile maidir le cur chun feidhme na mbeart atá sa phlean. Tógadh cinneadh chun síneadh bliana a chur leis an tréimhse tuairiscithe don Phlean chun an moill a bhain le COVID-19 a chur san áireamh. Beidh feidhm ag an phlean anois go dtí deireadh 2023.

I measc na nithe is suntasaí a baineadh amach in 2022 tá a leanas:

**Réimse Gnímh 1 - Oideachas**

- Lean Aonad Oideachas Gaeltachta na Roinne ar aghaidh ag cur comhairle agus tacaíocht leanúnach ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i gcomhar le Cigireacht na Roinne agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) le linn 2022. Bhí ard-rátaí rannpháirtíochta sa Scéim arís eile: 80% de bhunscoileanna agus 100% d'iar-bhunscoileanna. Tugadh deis eile do na bunscoileanna sin a roghnaigh gan páirt a ghlacadh sa Scéim a bheith rannpháirteach in 2022. Foilsíodh sonraí den phróiseas cigireachta chun aitheantas foirmiúil na scoileanna mar Scoileanna Gaeltachta a dheimhniú i mí Iúil 2022 agus cuireadh tús leis an bpróiseas in Deireadh Fómhair 2022 le cigirí ag tabhairt cuairteanna measúnaithe.
- Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar an mBealach Iontrála Gaeltachta chuig an gclár Baitsiléir Oideachais Bunscoile (sruth ginearálta) (trí mheán an Bhéarla) le méadú ar an íosghrád don Ghaeilge san Ardteistiméireacht atá de dhíth ó Mheán Fómhair na bliana 2022.
- Lean an méadú ar rannpháirtíocht sa tionscadal ríomh-Mhoil, a bhfuil sé mar aidhm leis rochtain a chur ar fáil do scolairí limistéar Gaeltachta ar réimse níos leithne d'ábhair, i 2022 agus cuireadh ábhar nua, an cheimic, leis an tionscadal.
- Lean seirbhísí tacaíochta na Roinne do mhúinteoirí agus do ghníomhaireachtaí ar nós an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag cur lena gcumas tacaíocht a sholáthar do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

**Réimse Gnímh 2 – An Ghaeltacht**

- Faoi dheireadh 2022 faomhadh 36 plean teanga san iomlán do 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, 7 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus 3 Líonra Gaeilge (6 acu sin a faomhadh in 2022).
- Bhí 34 Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga fostaithe faoin bpróiseas ag deireadh mhí na Nollag 2022.
- Leanadh de Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga na Roinne a úsáid chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga.

**Réimse Gnímh 3 – Aistriú Teanga sa Teaghlach – Idirghabháil Luath**

- Bhain 2,104 páiste Gaeltachta leas as gníomhartha a d'eagraigh Tuismitheoirí na Gaeltachta le tacaíocht ón Roinn in 2022.
- Bhí 63 líonra teaghlach gníomhach laistigh den scéim Teanga Tí le linn 2022.

- Cuireadh acmhainní breise ar fáil ar an suíomh gréasáin www.teangati.ie. Áiríodh leis na hacmhainní tacaíochtaí do Ghrúpaí Súgartha, leanaí faoi 3 bliana d'aois agus ábhar feasachta teanga.

**Réimse Gnímh 4 – Riarachán, Seirbhísí agus Pobal**

- Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ar an 20 Meitheamh 2022, laistigh den spriocdháta reachtúil a leagadh síos ina leith faoin Acht;
- Aontaíodh conradh taighde le hOllscoil na Gaillimhe ag deireadh 2022 i dtaca le hullmhú an chéad Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge ag an gCoiste Comhairleach. Beidh an Phlean ag díriú, i measc nithe eile, ar an sprioc earcaíochta uaillmhianach luaite leis an Acht go mbeidh 20% d'earcaigh chuig an earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge faoi dheireadh 2030.
- Ceadaíodh pacáiste maoinithe méadaithe in 2022 de €1.605m do Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad don tréimhse 3 bliana 2022-2025 chun méadú a chur ar acmhainneacht an Lárionaid córas tástála teanga an Teastais Eorpach Gaeilge (TEG) a reáchtáil, i dtaca le cur i bhfeidhm an Achta.
- Cuireadh leithdháileadh méadaithe de €3.5m ar fáil in 2022 do chiste caipitil na Roinne i leith forbairt ionad Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ar fud na tíre, ag teacht le gealltanais éagsúla an Rialtais i gClár an Rialtaias, Plean Náisiúnta Forbartha 2021-2030 (Tionscadal Éire) agus sa Phlean Gníomhaíochta úd seo.
- Ceadaíodh ciste de bhreis agus €4.3 milliún thar trí bliana do Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, a cuireadh tús léi in Eanáir 2022. Is mórscéim tacaíochta de chuid Fhoras na Gaeilge atá anseo atá dírithe ar 36 coiste Gaeilge den earnáil phobail agus dheonach agus trína bhfuil gréasán de 28 oifigeach forbartha Gaeilge fostaithe i gceantair na gcoistí Gaeilge le clár forbartha pobail a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana.
- Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do 91 campa samhraidh ceadaithe le linn 2022.
- Ceadaíodh 65 deontas faoi Scéim na nImeachtaí Óige don scoilbhliain 2022/2023

**Réimse Gnímh 5 – Na Meáin & An Teicneolaíocht**

- Lean TG4 ag coimisiúnú agus ag craoladh ábhair do phobal na Gaeilge. I ndáil le craoladh líneach, rinne TG4 dul chun cinn leanúnach maidir leis an sciar den lucht féachana. D'fhéach 3.7m duine nó 82% den daonra ar TG4 tráth éigin i rith 2022.
- Lean an forás tréan i rith na bliana 2022 maidir le meáin dhigiteacha neamhlíneacha TG4 a bhreathnú agus le lucht féachana na meán sin. Tháinig ardú beagnach 120% go 136m ar líon na mbabhtaí a breathnaíodh ar fhíseáin trasardáin ar ábhar de chuid TG4 (tar éis forás 65% sa bhliain 2021).
- Fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2022 go raibh maoiniú tiomnaithe á chur ar fáil chun stáisiún teilifíse faoi leith do pháistí - Cúla4 - a bhunú.

- Leanadh le maoiniú don stáisiún ceoil móréilimh Raidió Rí Rá in 2022. D'oscail an tAire Stáit Chambers stiúideo athchóirithe an stáisiúin i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022.
- Reáchtáladh Tech Féile i mí Aibreáin 2022 agus ócáid TechFest le haghaidh Oideachasóirí Cruthaitheacha i mí na Samhna 2022.
- Foilsíodh an Plean Digiteach don Ghaeilge, 2023-2027 i mí na Nollag 2022. Is ionann foilsiú an Phlean Dhigitigh agus toradh ar bhlianta de thaighde agus forbairt acadúil, agus is féidir féachaint air mar threochlár ina leagtar amach an chaoi a ndéanfar an Ghaeilge ábhartha feasta i gcomhthéacs ról na teicneolaíochta inár saol ó lá go lá. Leanadh ag infheistiú maoiniú suntasach i dtaighde teicneolaíochta Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; áirítear Logainm.ie, Ainm.ie, Dúchas.ie agus LEX/IATE ar na tionscadail ar thacaigh an Roinn leo in 2022.
- Leanadh ag infheistiú maoiniú suntasach i dtaighde teicneolaíochta Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in 2022; áirítear Abair.ie, Róbóglór agus taighde ar theicneolaíochtaí éagsúla rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar na tionscadail ar thacaigh an Roinn leo in 2022.
- Ceadaíodh maoiniú breise d'Ionad ADAPT in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do 2023, 2024 agus 2025 chun na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ag an stór sonraí eSTÓR atá ann cheana a chothabháil agus a leathnú agus chun digitiú a dhéanamh ar chóip crua d'Ionstraimí Reachtúla ar féidir iad a chur le bailiúchán eSTÓR.

**Réimsí Gnímh 6 – Foclóirí**

- Le linn 2022, lean Acadamh Ríoga na hÉireann leis an obair le Foclóir Stairiúil na Gaeilge a thabhairt i gcrích agus 90 milliún focal anois i gCorpas Stairiúil na Gaeilge.
- Tús curtha ag Foras na Gaeilge leis na tionscadail nua foclóireachta, foclóir Gaeilge-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla.
- D'fhaomhaigh an Coiste Téarmaíochta os cionn 3,950 téarma nua nó athbhreithnithe.
- Leanadh le maoiniú do thionscadal téarmaíochta Eorpach rathúil LEX.

**Réimse Gnímh 7 – Reachtaíocht agus Stádas**

- Tugadh feidhm do roinnt fhorálacha suntasacha de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 le linn 2022, eadhon bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge agus an obair thábhachtach a bheidh idir lámha acu sin i dtaca le hullmhú an chéad Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge (mar a luadh thuas faoi Réimse 4) mar aon leis an bhforáil fhógraíochta (Alt 10A) a chuireann dualgais bhreise ar chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge agus sna meán Gaeilge agus atá tar éis cur go mór le feiceálacht na teanga trasna gach ardán meán atá in úsáid ag eagraíochtaí stáit.


- An-rath ar shraith seimineár faisnéise a reáchtáil an Roinn, i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga, chun feasacht a chothú i measc na gcomhlachtaí poiblí maidir leis na dualgais bhreise a bheidh ag teacht i bhfeidhm faoin Acht, le breis agus 1,000 fostaithe den stát ag freastal ar na seimineáir chéanna.
- Mar chuid den seó bóthair 'Gluaiseacht' de chuid Chonradh na Gaeilge atá á mhaoiniú ag an Roinn, eagraíodh 210 ceardlann idirghníomhacha le breis is 10,000 dalta ar an dara leibhéal leis na daltaí a chumasú agus a spreagadh i dtreo cúrsaí Gaeilge agus gairmeacha éagsúla le Gaeilge. Ag an tríú leibhéal eagraíodh 20 ceardlann fostaíochta sna coláistí éagsúla le linn na bliana chomh maith le freastal ar mhic léinn 3ú leibhéal.
- Tháinig deireadh leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san AE ar an 31 Nollaig 2021. Tá c. 200 duine fostaithe anois i bpoist ardchaighdeáin in aonaid Ghaeilge in institiúidí an AE.
- Cuireadh sruth nua d'intéirnigh ateangaireachta leis an scéim intéirneachtaí in 2022. Thacaigh an fhorbairt bhreise seo ar an scéim intéirneachtaí le hateangairí oilte le Gaeilge a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach agus le scileanna triúr ateangairí a fhorbairt go mbeidh siad in ann oibriú sa réimse sin amach anseo.

**Réimse Gnímh 8 – Saol Eacnamaíoch**

- Cruthaíodh 945 post nua i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2022
- Bhí 8,235 post i gcliantchomhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana 2022. Bhí glanmhéadú de 151 ar an méid duine fostaithe ar an iomlán
- Cuireadh maoiniú reachtála de €4.3m ar fáil do 33 eagraíocht forbartha pobail.
- Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta 444 post nua le linn 2022.
- Ceadaíodh suas le €19.26m i soláthar caipitil le linn 2022 chun bonneagar gnó na Gaeltachta a athchóiriú agus a fhorbairt chun cabhrú le forbairt fostaíochta agus tionscnaimh nua.


Tugtar léargas sa léaráid agus sna táblaí thíos ar staid na mbeart sin mar a bhí ag deireadh mhí na Nollag 2022.

## Réimsí Gnímh 2018 - 2022



| | Réimse Gnímh 1 | Réimse Gnímh 2 | Réimse Gnímh 3 | Réimse Gnímh 4 | Réimse Gnímh 5 | Réimse Gnímh 6 | Réimse Gnímh 7 | Réimse Gnímh 8 | Réimse Gnímh 9 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Déanta | 19 | 2 | 2 | 0 | 11 | 2 | 4 | 2 | 1 | 43 |
| Idir Lámha | 29 | 25 | 11 | 14 | 38 | 5 | 3 | 13 | 0 | 138 |
| Moill leis | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 |
| Iomlán | 48 | 27 | 14 | 15 | 50 | 7 | 7 | 15 | 2 | 185 |

## Réimsí Gnímh 2018 - 2022



| Amscála | 2018 | 2018-2019 | 2018-2020 | 2018-2021 | 2018-2022 | 2019 | 2019-2020 | 2019-2021 | 2019-2022 | 2020 | 2021 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réimse Gnímh 1: Oideachas** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | 8 | 2 | - | 6 | - | - | - | - | 2 | - | 19 |
| Idir Lámha | 1 | - | - | 1 | 24 | - | 1 | 1 | 1 | - | - | 29 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | - | - | 1 | - | - | - | - | 2 |
| Idir Lámha | - | 1 | 1 | - | 18 | 1 | - | - | 4 | - | - | 25 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | - | 2 |
| Idir Lámha | - | 1 | - | - | 8 | - | 1 | - | 1 | - | - | 11 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 1 |
| **Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Idir Lámha | - | - | - | 1 | 9 | 1 | - | - | 3 | - | - | 14 |
| Moill Leis | 1 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1 |
| **Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 9 | 1 | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 10 |
| Idir Lámha | 1 | - | 1 | 2 | 32 | - | - | - | - | - | - | 36 |
| Moill Leis | 1 | - | 1 | - | - | 2 | - | - | - | - | - | 4 |
| **Réimse Gnímh 6: Foclóirí** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | - | 1 | - | - | - | - | - | - | - | | - | 2 |
| Idir Lámha | - | - | - | 2 | 3 | - | - | - | - | - | - | 5 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | 1 | - | 1 | - | - | - | - | - | - | 1 | 4 |
| Idir Lámha | - | - | - | - | 3 | - | - | - | - | - | - | 3 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | - | 1 | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 2 |
| Idir Lámha | - | - | 1 | 1 | 10 | - | - | - | 1 | - | - | 13 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1 |
| Idir Lámha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 1 |
| **Iomlán** | 17 | 14 | 6 | 8 | 114 | 8 | 3 | 1 | 10 | 3 | 1 | 185 |

## Staid Reatha 2023

Cé go ndírítear sa tuairisc seo ar cad a tharla in 2022 chun cúram a dhéanamh de na beartais ar fad atá sa Phlean Gníomhaíochta, níor mhiste a lua chomh maith go bhfuil obair leanúnach ar bun i rith an ama mar chuid d'fheidhmiú leanúnach an phlean. Tabharfar tuairisciú iomlán faoin obair sin uile sa chéad tuairisc bhliantúil eile a mbeidh 2023 mar ábhar di. Seo a leanas spléachadh ar an obair sin:

- Bunaíodh agus seoladh cainéal teilifíse Gaeilge do pháistí ***Cúla4*** ar an 08 Meán Fómhair 2023. Dírítear an ábhar ar pháistí idir 0-12 bhliana d'aois, agus tá seirbhís nuachta do pháistí, ábhar siamsaíochta, drámaíocht atá déanta in Éirinn agus beochan san áireamh leis. Tá an stáisiún nua ar an aer ar feadh 14 uaire go laethúil, ó 6rn go dtí 8in, seacht lá in aghaidh na seachtaine.

- Straitéis do na hEalaíona Teangabhunaithe - Tá mo Roinn ar tí an Straitéis seo a fhoilsiú – Bhí an straitéis seo luaite mar bheart sa Phlean Gníomhaíochta cé gur cuireadh moill ar an obair le linn na paindéime, tá sé beagnach réidh agus beidh sé foilsithe faoi dheireadh 2023.

- Ceadaíodh deontas níos mó ná €500k do Ghlór na nGael chun Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú amach chuig Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá suite sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

- Ceadaíodh ardú de 20% nó beagnach €900k ar an mbuiséad d'fheidhmiú phleananna teanga sna Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge ó 2024 ar aghaidh.

D'fhonn an mhoill ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta mar thoradh ar COVID-19 a chur san áireamh, tabhair faoi deara go bhfuil síneadh ama go dtí 2023 curtha le saolré an phlean.

**Samhain 2023**



# 1 Réimse Gnímh

# Oideachas

# Réimse Gnímh 1: Oideachas

## Réamhrá

Tugann an ceathrú tuairisc seo, a chuimsíonn an tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2022, léiriú ar an tacaíocht agus gealltanas leanúnach atá tugtha ag an Roinn Oideachais chun aidhmeanna agus cuspóirí oideachais na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge a bhaint amach agus léirítear forbairt agus luas shuntasach sna hiarrachtaí chun na cuspóirí seo a bhaint amach in 2022. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le gníomhartha a bhaineann le hoideachas aonair ábhartha ar fáil thíos, tar éis phríomhréimsí na forbartha a bhfuil béim curtha orthu. Aithnítear lúfaireacht agus uaillmhian na bhforas agus páirtithe leasmhara atá faoi choimirce na Roinne Oideachais maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 a bhaint amach le linn na tréimhse seo.

## Oideachas sa Ghaeltacht

Lean Aonad um Oideachas Gaeltachta na Roinne Oideachais ag cur comhairle leanúnach agus tacaíochta ar fáil do scoileanna a bhí ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i gcomhar le Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) le linn na bliana 2022. Ghlac gach iar-bhunscoil agus formhór na mbunscoileanna atá lonnaithe i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta páirt sa Scéim. Maidir leis na bunscoileanna a shocraigh gan páirt a ghlacadh sa Scéim, tugadh deis eile dóibh páirt a ghlacadh sa bhliain 2022.

Foilsíodh sonraí den phróiseas cigireachta chun aitheantas foirmiúil na scoileanna mar Scoileanna Gaeltachta a dheimhniú i mí Iúil 2022 agus cuireadh tús leis an bpróiseas i Deireadh Fómhair 2022 le cigirí ag tabhairt cuairteanna measúnaithe. Meastar go leanfaidh na cuairteanna seo ar aghaidh go Cáisc 2024. Lean an méadú ar rannpháirtíocht sa tionscadal ríomh-Mhoil, a bhfuil sé mar aidhm leis rochtain a chur ar fáil do scoláirí limistéar Gaeltachta ar réimse níos leithne d'ábhair, agus cuireadh ábhar nua, an cheimic, leis an tionscadal in 2022.

Seoladh próiseas soláthar poiblí tríd an Oifig um Sholáthair Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun a chinntiú go leanfaí le soláthar dhá chlár oiliúna do mhúinteoirí trí Ghaeilge a raibh deireadh ag teacht lena gconarthaí reatha. Cuireadh an tuarascáil 2021 dár teideal *Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Naisc a threisiú idir bunscoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim (LFC)* ar shuíomh gréasáin an rialtais. Lean ceannairí agus múinteoirí sna scoileanna rannpháirteacha orthu ag fáil rochtain ar réimse leathan d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a cuireadh ar fáil ar mheascán de sholáthar ar-líne agus fíorúil i rith na bliana. I measc seirbhísí eile a cuireadh ar fáil do scoileanna Gaeltachta bhí ranganna Gaeilge do mhúinteoirí iarbhunscoile i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a raibh orthu múinteoirí á n-earcú nach raibh an caighdeán cuí Gaeilge acu.

Leanadh le seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais do mhúinteoirí agus do ghníomhaireachtaí amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), le tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht.

## Páirt-Tumadh

Seoladh Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), tionscadal píolótach na Roinne Oideachais sa bhliain 2019. Tá an tionscadal dírithe ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna trí mheán an Bhéarla agus ionaid Luathfhoghlama agus Cúraim. Is éard is aidhm leis an tionscadal ná rochtain a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh sa staidéar ar ábhair nó gnéithe eile den churaclam trí mheán na Gaeilge. Mar gheall ar dhúnadh na scoileanna de bharr srianta COVID-19, bhí gá le céim an tionscadail sna scoileanna/ionaid a chur ar athlá agus dá bhrí sin cuireadh síneadh le hamscála an tionscadail go 2023. Lean foireann an tionscadail orthu ag cur chun cinn fhorbairt na n-acmhainní chun tacú le feidhmiú an tionscadail agus comhairle á fáil ó shaineolaithe tríú leibhéal agus sainchomhairleoirí ó na seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear Better Start agus COGG.

## Curaclam

Leanadh leis an tacaíocht do chur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile i scoileanna in 2022 agus cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do mhúinteoirí agus do bhainistíocht scoileanna chun tuiscint agus úsáid an treoir a forbraíodh chun tacú le hUllmhú um Theagasc agus Foghlaim a chur chun cinn (*Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim - Treoir do Gach Bunscoil agus Scoil Speisialta, Bealtaine 2021*). Cuireadh ócáidí ar líne ar fáil tríd an INTO in Aibreán 2022 agus an CNCM i bhfómhar 2022. Chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) go mór leis an tacaíocht leanúnach do scoileanna leis an Churaclam Teanga na Bunscoile a cur i bhfeidhm in 2022.

Leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), leanadh de thacaíocht FGL a chur ar fáil do mhúinteoirí chun sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí a leabú. Bhí tacaíocht shaincheaptha do scoileanna T1 agus do mhúinteoirí in Aonaid/Sruthanna Gaeilge i scoileanna T2 i measc na dtacaíochtaí sin.

Ag eascairt as cruinniú i mí na Nollag 2022, chuir Comhairle an CNCM a dtuairisc chríochnúil ar na torthaí a tháinig as an obair chomhairliúcháin a rinne siad ar dhréacht shonrúcháin don Ghaeilge T1 agus T2 na hArdteiste faoi bhráid na Roinne Oideachais, mar aon lena gcuid moltaí do na chéad chéimeanna eile. Ag freagairt d'iarratais ó rannpháirtithe an chomhairliúcháin d'athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, cinneadh dul ar aghaidh le hathbhreithniú luath ar achtachán sonraíochta T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí idir Feabhra agus Meitheamh 2022, ainneoin an tionchar dosheachanta a chuir buanathrú foghlama COVID-19 ar achtaíocht na Sraithe Sóisearaí nua.

Chuir SEALBHÚ, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, an tuarascáil taighde seo i gcrích agus cuireadh i láthair CNCM í i mí na Samhna 2022. Tá plé ar na chéad chéimeanna eile ar bun agus leanfaidh siad ar aghaidh ag an gcéad chruinniú eile de Chomhairle an CNCM i 2023.

## Oiliúint Múinteoirí

Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar an mBealach Iontrála Gaeltachta chuig an gclár Baitsiléir Oideachais Bunscoile (sruth ginearálta) (trí mheán an Bhéarla) le méadú ar an íosghrád don Ghaeilge san Ardteistiméireacht atá de dhíth ó Mheán Fómhair na bliana 2022.

## Acmhainní a Fhorbairt agus a Sholáthar

Lean COGG orthu ag cur lena gcuid acmhainní agus le rochtain orthu a fheabhsú chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge. Áiríodh orthu sin, Banda 1-3 den Chlár Luathlitearthachta do bhunscoileanna Gaeltachta agus bunscoileanna trí mheán na Gaeilge agus réimse leathan téacsleabhair chun tacú le raon réimsí an churaclaim ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Tá forbairt Banda 4 den Chlár Luathlitearthachta idir láimhe. Ina theannta sin, críochnaíodh an obair ar An Tairseach, tairseach nua le rochtain aonionaid a thabhairt ar acmhainní do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna agus cuireadh acmhainní foghlamtha uile COGG ar fáil trí shuíomh an tairsigh. Cuirtear dreasacht ar fáil do mhúinteoirí cur leis an suíomh le hacmhainní breise ar a ndéanfar dearbhú cáilíochta sula gcuirtear ar fáil iad trí An Tairseach.

Rinneadh forbairt bhreise ar ábhar Séideán Sí agus ag deireadh 2022 bhí cóipeanna digiteacha de leabhairíní Rang 1 agus Rang 2 Céim 1-3 ar fáil ar líne. Tá forbairt déanta freisin ar an suíomh féin agus tá aipeanna iOS agus Android beo agus ar fáil le híoslódáil ar an suíomh.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 2 | 1 | 1 | |
| 2018-2019 | 8 | 8 | | |
| 2018-2020 | 2 | 2 | | |
| 2018-2021 | 1 | | 1 | |
| 2018-2022 | 30 | 6 | 24 | |
| 2019-2020 | 1 | | 1 | |
| 2019-2021 | 1 | | 1 | |
| 2019-2022 | 1 | | 1 | |
| 2020 | 2 | 2 | | |
| IOMLÁN | 48 | 19 | 29 | 0 |

# Réimse Gnímh 1: Oideachas

## Oideachas sa Ghaeltacht

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.1 | **Déanfar maoirseacht ar fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ionas go soláthróidh gach scoil atá rannpháirteach oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge dá bhfoghlaimeoirí. Beidh na príomhréimsí seo san áireamh:**<br>• **an deis a thairiscint do gach scoil i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta a bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**<br>• **nascachtaí idir scoileanna agus Coistí Pleanála Teanga a chothú tríd an Scéim Aitheantais**<br>• **nascachtaí idir scoileanna agus naíonraí i limistéir Ghaeltachta a chothú mar chuid den Scéim Aitheantais**<br>• **cuairteanna comhairleacha agus tacaíochta ón gCigireacht a chur ar fáil, chomh maith le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) bhreise trí COGG i bpáirtíocht le seirbhísí eile tacaíochta chun tacú leis an tumoideachas i scoileanna sa Scéim**<br>• **tacaíochtaí breise múinteoireachta agus eile a sholáthar, de réir mar a cheadaítear le hacmhainní, chun tacú le feidhmiú an oideachais trí Ghaeilge i scoileanna sa Scéim**<br>• **monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair i scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Comhordaítear an raon leathan gníomhartha de chuid an Pholasaí san Aonad um Oideachas Gaeltachta (AOG) na Roinne Oideachais a bunaíodh in Eanáir na bliana 2017. Sheol an Roinn Oideachais Scéim Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta in Aibreán 2017 chun an rogha a chur ar fáil do gach bunscoil agus iar-bhunscoil i limistéir phleanála teanga Gaeltachta aitheantas a lorg mar scoileanna Gaeltachta trí chritéir teangabhunaithe sonracha a chur i bhfeidhm agus ar an gcoinníoll go raibh siad rannpháirteach sna próisis pleanála teanga mar a hachtaíodh faoi Acht na Gaeltachta 2012. Ó 2017 i leith, d'fhoilsigh an AOG imlitreacha bliantúla do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta chun oibríocht na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a threorú agus chun scoileanna a chur ar an eolas faoi na hacmhainní breise a cuireadh ar fáil ar bhonn rannpháirtíochta sa Scéim.<br><br>D'fhan rátaí rannpháirtíochta na scoileanna Gaeltachta sa Scéim ard. Go dtí seo roghnaigh 105 bunscoil (80%) agus 29 iar-bhunscoil (100%) páirt a ghlacadh sa Scéim. |

| | |
|---|---|
| | Shocraigh 27 bunscoil gan páirt a ghlacadh sa Scéim. D'fhoilsigh an Roinn Oideachais imlitir eile in 2022, leis na scoileanna seo a spreagadh le páirt a ghlacadh sa Scéim (Imlitir 0012/2022).<br>Thosaigh obair laistigh den AOG ar an bpróiseas chun an t-aitheantas foirmiúil do scoileanna mar Scoileanna Gaeltachta faoi théarmaí na Scéime Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta a dheimhniú. Beidh an phróiseas idir lámh sa tréimhse ó Mheán Fómhair 2022 go 2024. Cuireadh tuilleadh sonraí ar fheidhmiú an phróisis, a bheidh déanta i dtrí chéim, ar fáil sna Nótaí Treorach do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, a cuireadh ar fáil do na scoileanna sa Scéim in 2022.<br><br>Tá naoi n-iarbhunscoil atá suite sa Ghaeltacht (dhá ceann acu ar oileáin) ag glacadh páirte faoi láthair i dtionscadal píolótach r-Mhol arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais. Is éard is cuspóir don tionscadal ná deis a thabhairt do dhaltaí Gaeltachta teacht ar réimse níos leithne d'ábhair don Ardteist trí iad a sholáthar ar líne, trí mheán na Gaeilge. Tá Fisic ar fáil do scoláirí le staidéar tríd an r-Mhol ó Mheán Fómhair 2019 agus cuireadh Ceimic leis mar dhara ábhar i Meán Fómhair 2022. Tá trí r-Mhúinteoir lonnaithe in dhá scoil r-Mhol ag soláthar an chúrsa chuig 28 scoláire i 9 iarbhunscoil glacadóra Gaeltachta (2 scoil ar oileán san áireamh) faoi mhaoirseacht r-Mheantóirí. Rinne 13 scoláire an scrúdú Fisic don Ardteist in 2022 (Cohórt 2). Cuireadh acmhainní breise ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha, lena n-áirítear deontas nuathionscanta aonuaire €5,000 le haghaidh trealamh TFC agus leithdháileadh uaireanta breise, chun tacú le cur i bhfeidhm an tionscadail.<br><br>Chuir an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna measúnú neamhspleách ar chur i bhfeidhm an tionscadail phíolótaigh ríomh-mhoil i gcrích sa bhliain 2020. Foilsíodh an tuarascáil mheasúnaithe *Measúnú Neamhspleách ar Thionscadal Píolótach an r-Mhoil*, a bhfuil torthaí dearfacha inti, i Márta 2021. Táthar ag súil le dhá thuarascáil eile a bheith curtha i gcrích go luath in 2023. Tabharfaidh an chéad cheann sonraí ar cheistneoirí a cuireadh amach ag scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí, agus breathnóidh an dara ceann ar shonraí gnóthachtáil scoláirí.<br><br>D'fhoilsigh an AOG na treoracha seo a leanas chun tacú le Beartas maidir le hOideachas na Gaeltachta a chur i bhfeidhm:<br>• Treoir le haghaidh Scoileanna Gaeltachta: Na ceangail idir bunscoileanna agus ionaid luathfhoghlama agus cúraim a neartú (Meitheamh 2021)<br>• Treoir le haghaidh Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bpobal maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn (Meitheamh 2021)<br>• Nóta Treorach: Próiseas Bailíochtaithe chun Aitheantas a fháil mar Scoil Ghaeltachta (2022) |

| | |
|---|---|
| | • Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Deachleachtais don Tumoideachas (2021 i gcomhar le COGG)<br>• Táscairí Deachleachtais don Tumoideachas: Treoir do Iar-Bhunscoileanna Gaeltachta (2020 i gcomhar le COGG)<br><br>Foilsíodh tuarascáil chuimsitheach cás-staidéir ar 19 gcás-staidéar (12 bhunscoil agus seacht n-iar-bhunscoil) i Meán Fómhair 2021. Rinneadh na cás-staidéir mar chuid de chomh-Staidéar Taighde agus Measúnaithe idir an Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET) agus an Fhoireann Cigireachta. Cuirtear fianaise ar fáil sa tuarascáil go bhfuil tionchar dearfach ag an Scéim ar chleachtas bord bainistíochta, múinteoirí agus tuismitheoirí maidir le húsáid na Gaeilge.<br><br>Cheadaigh an tAire síneadh dhá bhliain leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta go dtí an bhliain 2023/24.<br><br>Leanadh de threoir maidir le tumoideachas agus próisis pleanála gnímh na scoileanna a chur ar fáil do scoileanna ar bhonn leanúnach trí sheisiúin chomhairleacha a chuireann an Fhoireann Cigireachta ar fáil agus trí FGL a chuireann COGG ar fáil. Tá tacaíocht foghlama gairmiúil i dtumoideachas ar fáil do na scoileanna seo ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST).<br><br>**COGG**<br>Chuir an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear na cúrsaí FGL ar líne a bhí acu sa bhliain 2021 mar fhreagra ar na srianta a bhí i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a smachtú. Déanadh gearradh siar ar an soláthar ar líne in 2022 chun FGL aghaidh ar aghaidh agus ar an láthair a chur ar fáil chomh maith le FGL ar líne. Chuir Oifigigh Oideachais COGG seimineáir agus FGL ar fáil do scoileanna a bhí ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun tacú le cur i bhfeidhm na bpleananna gnímh ar bhonn leanúnach.<br>Chuir COGG ranganna Gaeilge ar fáil do mhúinteoirí Iarbhunscoile sa Ghaeltacht agus i gColáistí Gaeilge trí Ghaelchultúr chun tacú le scoileanna a raibh orthu múinteoirí le beagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge a fhostú. Bhí na cúrsaí seo ar bun ó Mheán Fómhair go Nollaig 2022. |

| **Uimhir 1.2** | **Déanfar athbhreithniú ar sholáthar oideachais na nAonad Lán-Ghaeilge reatha i scoileanna Gaeltachta, mar a bhforáiltear dóibh sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2020 |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Chuir an Fhoireann Cigireachta obair thosaigh i gcrích chun tacú le rannóga ábhartha eile na Roinne Oideachais chun tabhairt faoin athbhreithniú.<br><br>Rinne An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) taighde a choimisiúnú in 2022 ar sholáthar oideachais in Aonaid. Táthar ag súil go mbeidh an taighde sin críochnaithe in 2023. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.3** | **Cinnteofar go bhfuil an lucht gairme agus na gníomhaireachtaí uile a oibríonn le scoileanna Gaeltachta i gcáil tacaíochta ag déanamh teagmhála le pobal na scoile trí mheán na Gaeilge agus go dtacaíonn siad le cothabháil na Gaeilge mar theanga an phobail.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SNSO, SFGM, SSM, CNOS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá na seirbhísí tacaíochta atá maoinithe ag an Roinn Oideachais comhfhiosach ar an ngá atá ann freastal ar scoileanna Gaeltachta agus Gaeilge trí mheán na Gaeilge. Le linn na bliana 2022, rinneadh gach iarracht trí na próisis earcaíochta chun pearsanra tacaíochta a fháil a bhfuil an tacar sainscileanna acu le seirbhísí tacaíochta a sholáthar trí mheán na Gaeilge .<br><br>Lean COGG ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a chur i bhfeidhm. Áiríodh orthu sin FGL a chur ar fáil d'fhoireann na scoile agus seimineáir a chur ar fáil do phobail na scoile i gcoitinne. Is trí mheán na Gaeilge a chuirtear seirbhísí tacaíochta uile COGG agus na Foirne Cigireachta ar fáil, do scoileanna lonnaithe sa Ghaeltacht agus do phobail na scoileanna sin agus ní chuirtear ar fáil trí Bhéarla iad ach amháin mura bhfuil caighdeán leormhaith Gaeilge ag foireann na scoile.<br>Leanadh sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) trí shuirbhé náisiúnta, leis na leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge atá ag síceolaithe a aithint. Mar gheall air sin, déanann an SNSO gach iarracht síceolaithe, a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ar ardleibhéal acu, a shannadh do scoileanna Gaeltachta nuair is féidir. Leanadh san SNSO leis an leibhéal inniúlachta atá ag síceolaithe agus an fhoireann riaracháin sa Ghaeilge a fheabhsú. Leis an SNSO cuireadh FGL ar fáil do shíceolaithe atá ag obair i scoileanna Gaeltachta lena dtacaítear le seirbhís síceolaíochta trí Ghaeilge a chur ar fáil do na scoileanna sin. Leanadh san SNSO leis an mbanc acmhainní atá acu a fhorbairt do shíceolaithe le húsáid i scoileanna Gaeltachta. Forbraíodh agus uasdátaíodh san SNSO acmhainní do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do dhaltaí agus cuireadh ar fáil iad ar gov.ie. |

| | |
|---|---|
| | Forbraíodh ábhar san SNSO i gcomhar le COGG agus táthar ag cur seimineár gréasáin i gcrích maidir le Cur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile. Thug SNSO chun críche an Dara hEagrán de na hIdirghabhálacha Litearthachta do Léitheoirí a bhfuil Deacrachtaí acu.<br><br>Cuireadh tús san SNSO i gcomhar le COGG agus an CET le leagan Gaeilge den Mheasúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile trí Ghaeilge. Forbrófar sin thar thréimhse trí bliana.<br><br>Bhí Comhairleoir Seirbhíse Tacaíochta in áit ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (SNSO) maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge chun tacaíocht a chur ar fáil do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Chun leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís seo a chur ar fáil do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, agus mar chuid den phróiseas comhairleoirí a earcú do scoilbhliain 2021/2022, cuireadh socruithe i bhfeidhm san SNSO chun comhairleoir a bhfuil an tacar sainscileanna riachtanach aige/aici a earcú.<br><br>Cuireadh tacaíochtaí ar fáil i nGaeilge faoin tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) do na príomhcheardlanna i ngach ceann de na réimsí ábhair, ó thaobh na Scoile Uile agus na Ceannaireachta mar a bhaineann leis an tSraith Shóisearach agus tá iarrachtaí leanúnacha ar bun comhairleoirí agus comhlaigh a bhfuil Gaeilge acu a earcú agus a fhostú. D’eagraigh SSM cnuas-cruinnithe sonracha d’iar-bhunscoileanna trí mheán na Gaeilge.<br><br>Leanadh de sholáthar tacaíochtaí SSM sna réimsí uile croí-rannpháirtíochta le scoileanna sa Ghaeltacht agus Gaelscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.<br>Tá pearsanra tiomanta Scoile Iomláine ag SSM a thacaíonn le ceannairí agus foirne scoile i scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí agus tá comhairleoirí agus/nó comhlaigh ábhar acu a thacaíonn le Príomhfhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil do na scoileanna sin.<br><br>Chomh maith le Príomhfhorbairt Ghairmiúil Leanúnach sna réimsí maidir leis an Scoil Iomlán agus Ceannaireacht, chuir an fhoireann ceardlanna ar líne ar fáil maidir le hÉascú Cruinnithe um Theagasc Ábhair agus Athbhreithniú Measúnaithe (TAAM) i nGaeilge agus chuir an Fhoireann T1/T2 LP ‘cuairteanna’ scoile aonair ar líne ar fáil trí Ghaeilge do na scoileanna a bhí ag iarraidh ceardlanna. |

| | |
|---|---|
| | Méadaigh SSM leibhéal na n-acmhainní a bhí tiomanta d'earnáil na Gaeilge, le héifeacht ó Mheán Fómhair na bliana 2021. Tá beirt d'fhoireann lánaimseartha Tacaíochta um Fheidhmiú na Sraithe Sóisearaí anois tiomanta do thacaíocht a thabhairt do cheannairí agus múinteoirí scoile amháin maidir leis an tSraith Shóisearach ag Leibhéal na Scoile Iomláine in earnáil na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Forbraíodh modúl FGL don earnáil sin go háirithe, chun tacú le múinteoirí ábhair a scileanna litearthacht Gaeilge a fheabhsú agus teacht a bheith acu ar acmhainní ábhartha.<br><br>Chuir FGL SFGM fairsing do mhúinteoirí ag leibhéil na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna i nGaelscoileanna trí thacaíocht scoile, seimineáir, ceardlanna, seimineáir ghréasáin agus FGL ar líne. |

| Uimhir 1.4 | **Déanfar moltaí a fhorbairt agus a fheidhmiú le go gcuirfear roinnt tacaíochtaí idirdhealaithe ar fáil a chabhróidh le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha scoileanna na n-oileán.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, BOO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Mar aitheantas ar na dúshláin ar leith atá roimh scoileanna ar oileáin agus an tábhacht atá ann do na pobail maireachtáil ar na hoileáin, chuir an Roinn Oideachais pacáiste de thacaíochtaí ar fáil do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil atá lonnaithe ar na hoileáin ón mbliain 2018, ina bhfuil gach ceann acu faoi phátrúnacht BOO na Gaillimh/Ros Comáin nó BOO Dhún na nGall. Áirítear leis an bpacáiste tacaíochtaí seo, atá sa bhreis orthu siúd atá á gcur ar fáil faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:<br><br>- Leithdháileadh méadaithe múinteoirí do gach ceann de na hiar-bhunscoileanna ar oileáin óna leithdháileadh reatha de 1 phost coibhéise lánaimseartha go 1.5 post coibhéise lánaimseartha ó Mheán Fómhair 2018.<br>- Buiséad imfhálaithe breise €15,000 in aghaidh na bliana do gach iarbhunscoil ar oileáin chun a gcostais oibriúcháin bhreise a chlúdach.<br>- Bunú Choláiste Naomh Eoin, a bhí ainmnithe roimhe seo mar Aonad Teanga, mar iarbhunscoil neamhspleách aisti féin ar Inis Meáin, Co na Gaillimhe. Mar thoradh ar an athrú stádais seo in 2018, ceapadh príomhoide agus leas-phríomhoide, bunaíodh bord bainistíochta do Choláiste Naomh Eoin, agus leithdháileadh deontas caighdeánach caipitíochta agus deontais eile ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe/Ros Comáin don scoil. |

| | |
|---|---|
| | Ní mór do gach BOO glacadh le cur chuige comhordaithe agus straitéiseach maidir leis na hacmhainní breise sin a bhainistiú agus a leithdháileadh d'iar-bhunscoileanna ar oileáin. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.5 | **Leanfar leis an bplean poiblíochta agus cumarsáide a fhorbairt agus a fheidhmiú le:**<br>• **pobal na scoileanna a chur ar an eolas faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta**<br>• **na scoileanna nach bhfuil páirteach fós a mhealladh chun clárú le páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta**<br>• **na tacaíochtaí go léir atá ar fáil dóibh a léiriú dóibh ar bhonn leanúnach**<br>• **feasacht a fhorbairt i measc tuismitheoirí agus pobal i limistéir Ghaeltachta maidir leis an bhfiúntas a bhaineann leis an teanga, leis an gcultúr Gaelach agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán trí bhileoga eolais do thuismitheoirí, seimineáir agus na meáin shóisialta.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, RTCEGSM, ÚnaG, FnaG, GO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Gaeloideachas**<br>Tá maoiniú curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge do Ghaeloideachas chun tacú leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus tá Gaeloideachas ag obair leanúnach sa réimse seo i gcomhar leis na páirtithe eile.<br><br>Tá Gaeloideachas ag cur tacaíochta ar fáil agus ag déanamh ionadaíochta/abhcóideachta ar son na Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta trí struchtúir agus tacaíochtaí cuí a mholadh don Stát agus do pháirtithe cuí, a thacóidh leis an soláthar foriomlán trí mheán na Gaeilge.<br><br>**Údarás na Gaeltachta**<br>Cur chuige aontaithe agus i bhfeidhm leis an ceangal idir an scoil, pobal na scoile agus an próiseas pleanála teanga a chothú agus a fhorbairt trí phleananna comhoibrithe a aontú idir an scoil and ceanneagraíocht pleanála teanga agus na hoifigigh pleanála teanga.<br><br>**An Roinn Oideachais (An tAonad um Oideachas Gaeltachta)** |

| | |
|---|---|
| | Chun tacú le seoladh na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa bhliain 2017, cuireadh pacáiste eolais ar fáil do gach scoil i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, pacáiste maidir leis na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh sa Scéim agus tumoideachas a chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeltachta. Díríodh sa phacáiste eolais ar an bpobal scoile uile lena n-áirítear múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí, agus dearadh an pacáiste eolais mar thoradh ar chomhoibriú idir an Roinn Oideachais, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, COGG, Údarás na Gaeltachta agus Gaeloideachas. I ndiaidh na chéad phacáistí eolais a scaipeadh, tá COGG agus an Roinn Oideachais ag leanúint le hiarracht a dhéanamh aird a tharraingt ar an bPolasaí agus ar an Scéim. Áiríodh orthu sin seimineáir a chur ar fáil do phobal na scoileanna, cuairteanna comhairleacha na Foirne Cigireachta agus imlitreacha na Roinne Oideachais a fhoilsiú agus a scaipeadh gach bliain ó bhí an bhliain 2017 ann, lena leagtar amach go soiléir na hacmhainní breise a chuirtear ar fáil do scoileanna ar an Scéim. Foilsíonn an AOG imlitreacha go bliantúil, chun scoileanna Gaeltachta agus na pobail a chur ar an eolas faoi na chéad chéimeanna eile maidir le cur i bhfeidhm na Scéime.<br><br>Ón mbliain 2019, scaipeadh imlitreacha ar leith chuig na scoileanna sin nach raibh páirteach sa Scéim go fóill agus ag tairiscint rogha mear dóibh. Cuireadh cuairteanna comhairleacha na Foirne Cigireachta ar fáil chuig na scoileanna nár roghnaigh páirt a ghlacadh sa Scéim i bhFeabhra/Márta na bliana 2019. Rinneadh ionadaíocht ar an AOG, ar an bhFoireann Cigireachta agus ar COGG ag trí chruinniú phoiblí a thionóil Údarás na Gaeltachta sa bhliain 2019 chun soiléiriú breise a thabhairt ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus chun béim a leagan ar buntáistí an tumoideachais.<br>Foilsítear miontuairiscí cruinnithe an Choiste Comhairleach don Pholasaí ar Oideachas Gaeltachta agus foilsítear nuashonruithe rialta ar fhorbairtí maidir le cur i bhfeidhm Pholasaí ar an láithreán gréasáin gov.ie.<br><br>Táthar fós ag scaipeadh faisnéise maidir leis an mBeartas agus maidir le seimineáir/ceardlanna FGL a chur ar fáil do scoileanna. |

## Páirt-Tumadh

| Uimhir 1.6 | **Cuirfear críoch leis an bpáipéar scóipe ar fheidhmiú na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) agus déanfar plean gníomhaíochta a fhorbairt lena fheidhmiú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá páipéar scóipe curtha i gcrích agus bunaíodh grúpa stiúrtha chun feidhmiú phlean gníomhaíochta an tionscadail a chur chun cinn. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.7** | **Déanfar píolótú ar fheidhmiú FCÁT mar mhodh chun tacú le foghlaim na Gaeilge thar na leibhéil réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Is tionscadal trí bliana é seo (2019-2022) le cur i bhfeidhm i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla agus i suímh Cúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE). Dhírigh an chéad bhliain den tionscadal (2019/20), an chéim fhorbartha, ar scoileanna agus seirbhísí a earcú chun páirt a ghlacadh sa tionscadal, na réimsí ábhair don sprioc churaclam a aithint agus forbairt acmhainní chun tacú le múinteoirí agus cleachtóirí chun cur chuige FCÁT a úsáid do cheachtanna agus 'Am Lóin' i gcás seirbhísí ECCE. Bhí an obair seo á threorú ag na seirbhísí tacaíochta (PDST, JCT, Better Start) i gcomhpháirtíocht le saineolaithe tríú leibhéal, COGG agus an Chigireacht.<br>- tacaíochtaí le tacú le measúnú ar an tionscadal<br>- FGL do mhúinteoirí<br>- suíomh gréasáin tiomnaithehttps://www.jct.ie/content_and_language_integrated_learning_(CLIL)/home Is stór tiomnaithe é an suíomh seo d'acmhainní agus eolas eile do sheirbhísí agus pobail scoile faoin tionscadal píolótach FCÁT.<br><br>Bhí gá an chéim ionscoile/seirbhísí den tionscadal a chur siar de bharr srianta COVID-19 inár dúnadh na scoileanna. Á thabhairt seo san áireamh, chuir an grúpa stiúrtha síneadh leis an amscála don tionscadal go dtí an bhliain acadúil 2023/24. |

## Curaclam

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.8** | **Rachfar i gcomhairle i dtaobh dréacht-Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB) do na ranganna láir agus sinsearacha agus déanfar foráil dá fheidhmiú.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO, CNCM, SFGM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tugadh isteach an CTB do gach staid i ngach scoil i Meán Fómhair 2019. Is féidir gach ábhar a bhaineann leis an gcuraclam agus na tacaíochtaí atá forbartha go dáta a fháil ag: https://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language |

| | |
|---|---|
| | Le linn bhliain acadúil 2020/21, threoraigh an Roinn Oideachais comhshaothar a raibh an CNCM, an SFGM, an CNOS agus an Fhoireann Chigireachta ann chun treoir a fhorbairt chun tacú le hUllmhú um Theagasc agus Foghlaim. Aithnítear sa treoir an réimse leathan gníomhaíochtaí a dtugann múinteoirí faoi de réir mar a ullmhaíonn siad eispéiris foghlama do na leanaí, agus tacaíotar le húsáid éifeachtach na dtorthaí foghlama i gCuraclam Teanga na mBunscoileanna. Seoladh an treoir trí imeacht faisnéise a d'óstáil an CNCM in Aibreán na bliana 2021, agus bhí imeacht ar siúl ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2021.<br><br>Is féidir teacht ar riar ábhar a d'fhorbair an grúpa oibre ag https://ncca.ie/ga/bunscoil/ullmhúchán/. |

| Uimhir 1.9 | **Tacófar le feidhmiú CTB do gach rang trí chlár cuimsitheach FGL do mhúinteoirí a sholáthar.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SFGM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (SNSO) tacaíocht ar fáil trí chlár cuimsitheach FGL leanúnach .<br><br>Lean an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) leis an tacaíocht leanúnach do scoileanna chun rannpháirtíocht scoileanna ina gcomhthéacsanna uathúil féin a éascú. Tá seimineáir cheannaireachta bhliantúla ar fáil do phríomhoidí scoile a thugann aghaidh ar an téama Athrú Curaclaim a Threorú don Iar-Ardteistiméireacht le linn na bliana 2022.<br><br>Aithníodh an Ghaeilge nó gné den Ghaeilge mar an réimse fócais i líon mór scoileanna i gCohórt 1 agus 2 araon. Mar sin féin, chun tabhairt faoin ngéarchéim ionadaíochta i mbunscoileanna, bhí comhairleoirí an SFGM ar fáil chun clúdach ionadaíochta a chur ar fáil ó dheireadh mhí na Samhna 2021 go dtí Márta na bliana 2022. Bhí tionchar aige sin ar sholáthar an FGL lena n-áirítear leathadh amach an mhúnla tacaíochta leanúnaí. Chuir Tacaíocht Bunscoile SFGM Tacaíocht Ghinearálta Gaeilge/litearthacht ar fáil ó Iúil 2022 agus Tacaíocht Leanúnach don PLC/CTB go Nollaig 2022. Chuir foirne teangacha an SFGM tacaíocht sa litearthacht ar fáil do scoileanna le linn na bliana 2022 trí Bhéarla nó trí Ghaeilge de réir iarratais. |

| | |
|---|---|
| | Mar a luaitear in Imlitir 0045/2019, eisíodh ocht seimineár gréasáin chun tacú leis an CTB a chur i bhfeidhm. Eisíodh seimineáir ghréasáin 1 go 3 idir 2020 agus 2021. Eisíodh Seimineár Gréasáin 4 i mí Eanáir 2022 agus dhírigh sé ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí an PLC a iniúchadh trí lionsa an chuimsithe. Eisíodh Seimineár Gréasáin 5 i mBealtaine 2022 agus dhírigh sé ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí iniúchadh a dhéanamh ar an PLC agus ar litearthacht chriticiúil. Eisíodh Webinar 6 go luath i mí Mheán Fómhair 2022. Dhírigh sé ar mhúineadh na Gaeilge i scoileanna T1 agus T2 araon, le béim ar leith ar an Cur Chuige Cumarsáide. Cuireadh gach seimineár gréasáin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge chun freastal ar scoileanna Béarla agus scoileanna lán-Ghaeilge araon. Déanadh cíoradh laistigh de na seimineáir ar theagasc agus ar fhoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge ag an am céanna.<br><br>Lean COGG ag tacú leis an SNSO chun "Cur Chuige Cothrom maidir le Forbairt Litearthachta sna Luathbhlianta" a chur i bhfeidhm. |

| **Uimhir 1.10** | **Tacófar le daingniú na sonrúchán nua don tSraith Shóisearach Ghaeilge trí chlár cuimsitheach FGL do mhúinteoirí a sholáthar.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) de chlár cuimsitheach FGL a chur ar fáil chun tacú le sonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí Gaeilge a leabú.<br>Chuir foireann Gaeilge an SSM chúig sraith de cheardlanna ar fáil, idir Eanáir agus Nollaig na bliana 2022, do mhúinteoirí atá ag múineadh shonraíocht T1. Bhí an téama ginearálta a bhain le príomhlá FGL T1 bunaithe ar phrionsabail na Sraithe Sóisearaí, *Cruthaitheacht & Nuáil*. Ba é an aidhm leis an gceardlann seo ná tacú le múinteoirí Gaeilge agus le rannóga pleanáil le haghaidh measúnú, ag tabhairt san áireamh sampla de nithe measúnú an CNCM agus ceisteanna samplacha an mheasúnú críochnúil SEC a úsáidtear chun torthaí foghlama an tSonraíocht Ghaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí a mheas. Le béim ar leith ar an gcaoi a gcumasaíonn curaclam, measúnú, múineadh agus foghlaim scoláirí chun tógáil ar a bhfuil foghlamtha acu go dáta agus a ndul chun cinn sa bhfoghlaim a aithint agus tacú lena bhfoghlaim sa todhchaí.<br><br>Cuireadh príomhcheardlann FGL T1 ar fáil ar líne do mhúinteoirí in Aonaid & Sruthanna LánGhaeilge. Aithníodh dátaí ar leith atá scartha ón múnla Cnuasach. Bhí na múinteoirí a bhí páirteach an-sásta leis an tionscnamh. |

| | |
|---|---|
| | Mar chuid d'Ócáid Fhoghlama an Earraigh SSM i mí Aibreán 2022, chuir Foireann Ghaeilge SSM ócáid ar líne sa tráthnóna ar fáil dár teideal "Gaeilgeoirí an Lae Amárach: Gníomhach i bpobal teanga na Gaeilge agus sa domhan ilteangach" leis an gCoimisinéir Teanga Gaeilge, Rónán Ó Domhnaill, ag tabhairt léargas ar Acht na dTeangacha Oifigiúla - a ábharthacht agus a thionchar teangeolaíochta. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí an tSonraíochta T1 isteach i seomra ar leithligh le Comhpháirtí a roinn a cuid taithí/léargais chun tús a chur le grúpdhíospóireacht, fad agus a bhí múinteoirí an tsonraíochta T2 gafa le Comhpháirtí i seomra ar leithligh eile.<br><br>Chomh maith le ceisteanna leanúnacha ó mhúinteoirí / ó mhúinteoirí ranna ábhar a fhreagairt ar an ríomhphost, bhí foireann Gaeilge an SSM i dteagmháil go rialta le múinteoirí trí chora poist rialta agus giolcanna (@JCTGaeilge) leis an nuacht is déanaí ón bhfoireann. Leag siad amach acmhainní/tacaíochtaí freisin atá ar fáil le híoslódáil ag www.jct.ie.<br><br>Chun tacú le sonraíocht T1 na Sraithe Sóisearaí Gaeilge a fheidhmiú, chuir COGG sraith acmhainní ar fáil do mhúinteoirí agus daltaí. |

| **Uimhir 1.11** | **Déanfar cúrsaí léinn a fhorbairt do Ghaeilge na sraithe sinsearaí mar chuid d'athbhreithniú ar an soláthar curaclaim sa tsraith shinsearach agus déanfar foráil dá seachadadh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO, CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán ar an dréacht-sonraíochtaí curaclaim T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta (seanbhunaithe) i mí Feabhra na bliana 2021. Mar fhreagra ar iarratais ó pháirtithe leasmhara agus de bharr scoileanna, múinteoirí agus daltaí a bheith i mbun gnó i gcomhthéacsanna dúshlánacha de dheasca COVID-19, chuir an CNCM síneadh leis an tréimhse chomhairliúcháin go dtí deireadh Shamhain na bliana 2021. I rith na tréimhse comhairliúcháin rinne na rannpháirtithe cás láidir maidir le hathbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Ar an gcúis sin, in ainneoin cur isteach leanúnach ar an scolaíocht mar gheall ar phaindéim Covid-19, cinneadh dul ar aghaidh le hathbhreithniú luath ar achtú shonraíochtaí T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí idir Feabhra agus Meitheamh 2022. Is iad Sealbhú, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge a rinne an taighde seo don CNCM. |

| | |
|---|---|
| | Tar éis chruinniú mhí na Nollag 2022, chuir Comhairle CNCM a tuarascáil deiridh ar thorthaí an chomhairliúcháin agus ar na chéad chéimeanna eile atá beartaithe faoi bhráid na Roinne lena mbreithniú agus lena bhfreagairt. |

| Uimhir 1.12 | **Reáchtálfar comhairliúchán, ina gcuirfear san áireamh na cinntí ó thuarascáil taighde ar bhronnadh díolúintí ó staidéar na Gaeilge de chuid na Cigireachta, le polasaí sa réimse seo san am atá romhainn a threorú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ag eascairt ón gcomhairliúchán poiblí in 2018 eisíodh imlitreacha athbhreithnithe do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla maidir le díolúine ó staidéar ar an nGaeilge sa bhliain 2019. Thug an Roinn Oideachais gealltanas go dtabharfaí faoi athbhreithniú tosaigh ar na himlitreacha sin tar éis dhá bhliain agus rinneadh an athbhreithniú seo go luath in 2022. Foilsíodh tuairisc ar an athbhreithniú seo i mí an Mheithimh 2022 *(Operation of Exemptions from the Study of Irish Circulars 0052/2019 (Primary) and 0053/2019 (Post-Primary): Initial Review June 2022) agus eisíodh imlitreacha nua i Mheán Fómhair 2022.* |

## Measúnú

| Uimhir 1.13 | **Foilseofar Treoirlínte Measúnaithe don tSraith Shóisearach Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Foilsíodh Treoirlínte Measúnaithe na Sraithe Sóisearaí https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge/Assessment-and-Reporting/?lang=ga-ie |

| Uimhir 1.14 | **Déanfar uirlisí agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt le haghaidh measúnú ar an nGaeilge sa tsraith shinsearach de réir aon athruithe ar na cúrsaí staidéir sa tsraith shinsearach.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | CNCM |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Mar atá leagtha amach i nGníomh 1.11 thuas, chuir an CNCM tús le hathbhreithniú ar an nGaeilge san Ardteistiméireacht sheanbhunaithe ag deireadh na bliana 2018 agus bhí comhairliúchán ar dréacht-sonraíochtaí T1 agus T2 idir Fheabhra agus Samhain 2021. Tá torthaí an chomhairliúcháin mar bhonn do na chéad chéimeanna eile maidir leis an obair fhorbartha. Tar éis chruinniú mhí na Nollag 2022, chuir Comhairle CNCM a tuarascáil dheiridh ar thorthaí an chomhairliúcháin agus ar na chéad chéimeanna eile atá beartaithe faoi bhráid na Roinne lena mbreithniú agus lena bhfreagairt.<br><br>Agus torthaí roinnt tuarascálacha taighde maidir le measúnú ar an inniúlacht sa Ghaeilge ó bhéal atá ag iarrthóirí na hArdteistiméireachta, tá athrú déanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar ghnéithe de mheasúnú an Gnáthscrúdú Cainte don Ardteistiméireacht. |

## Oiliúint Múinteoirí

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.15** | **Féachfar ar thionchar na gclár athshamhlaithe Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) do theagasc agus foghlaim na Gaeilge, ag cur tuarascálacha ábhartha agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara san áireamh, i gcomhthéacs athbhreithniú na Comhairle Mhúinteoireachta ar chritéir agus threoirlínte do sholáthróirí OTM.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar na Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM). Cuireadh eolas ar fáil san athbhreithniú le rannpháirtíocht fhairsing ón Roinn Oideachais, Institiúidí Ard-Oideachais, páirtithe leasmhara ábhartha agus taighde coimisiúnaithe maidir le socrúchán scoile. Agus an t-athbhreithniú tugtha chun críche, foilsíodh *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* i mí na Samhna 2020.<br><br>Ní mór do gach clár nua a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta le haghaidh creidiúnaithe a bheith ag teacht le Céim. Athraíodh cláir OTM a bhí ann cheana i gcomhréir le Céim d'ábhar oidí na chéad bhliana tosaigh ó Mheán Fómhair 2022 |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.16** | **Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar a riachtanais chlárúcháin don Ghaeilge, agus súil ar fheidhmiú an riachtanais do mhúinteoirí Gaeilge fianaise neamhspleách a sholáthar maidir le cumas i ngach ceann de na cúig scil teanga ag íosleibhéal B2.2 ar an CTET. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Roinn agus cuirfidh sí comhairle ar fáil di de réir mar is gá.** |

| | |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais chlárúcháin don Ghaeilge mar chuid den athbhreithniú foriomlán ar na riachtanais ábhair curaclaim. Foilsíodh riachtanais athbhreithnithe don Ghaeilge i Meitheamh 2022 ina leagtar amach go gcaithfidh gach iarratasóir fianaise ar inniúlacht teanga sa Ghaeilge a chur ar fáil trí fhianaise a chur ar fáil go mbainfear amach íosleibhéal B2.2 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (nó a chomhionann). |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.17** | **Féachfar ar chomhairle a thiocfaidh ón gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis an scéim 'Iarratasóirí Gaeltachta' ina gcuirtear oiread agus 10% d'áiteanna sna Coláistí Oideachais ar leataobh d'iarratasóirí ón nGaeltacht agus cuirfear aon ghnímh chuí i bhfeidhm.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | I Meán Fómhair 2022 tháinig athrú i bhfeidhm ar an mBealach Iontrála Gaeltachta don chlár Baitsiléir Oideachais Bunscoile (sruth ginearálta) (trí mheán an Bhéarla) agus tháinig critéir nua isteach ina bhfuil méadú ar an íosghrád atá de dhíth don Ghaeilge san Ardteistiméireacht d'iarratasóirí ar an mBealach Iontrála Gaeltachta do H3.<br>Coinneofar téarmaí an Bhealaigh Iontrála Gaeltachta faoi athbhreithniú i gcomhthéacs pholasaí na Roinne Oideachais i bhforbairt na Gaeilge agus an Ghaeloideachais. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.18** | **Leanfar le rochtain ar FGL a sholáthar do mhúinteoirí chun tacú le feidhmiú Churaclam Teanga na Bunscoile agus leis na Sonraíochtaí Nua Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SFGM, SSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an taca seo á chur ar fáil ar bhonn leanúnach ag an SFGM agus an SSM (féach gníomhaíochtaí 1.9 agus 1.10 thuas). |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.19** | **Tacófar le múinteoirí Gaeilge i ngach timpeallacht breis forbartha a dhéanamh ar a scileanna ar na bealaí seo:<br>eiseamláirí foghlama a fhorbairt, lena n-áirítear físeáin dea-chleachtais teagaisc agus foghlama<br>samhlacha FGL a fhorbairt le fócas ar mhodheolaíochtaí chun cur chuige cumarsáideacha a fheabhsú agus le fócas ar thacaíocht ar an aistriú praiticiúil scileanna ag baint úsáid as Curaclam Teanga na Bunscoile** |

| | |
|---|---|
| | **tacaíochtaí scoilbhunaithe a sholáthar a chruthaíonn deiseanna do shampla-aithris agus breathnóireacht.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG, SFGM, SSM, LCS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá na cineálacha seo cur chuige á gcur ar fáil ar bhonn leanúnach trí na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí (féach gníomhaíochtaí 1.9 agus 1.10 thuas).<br><br>Mar thoradh ar shrianta COVID-19, cuireadh deiseanna foghlama gairmiúla ar líne ar fáil san SSM agus san SFGM do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile. Áiríodh orthu sin seimineáir ghréasáin a chur ar fáil agus Conair Foghlama a fhorbairt ar Scoilnet. Cuireadh tús arís le soláthar oiliúna pearsanta in 2022.D'úsáid foireann Gaeilge an SSM múnla straitéisí agus cuir chuige nuálacha i leith teagasc teangacha ar líne, go háirithe straitéisí a chuireann deiseanna ar fáil do dhaltaí chun inniúlacht agus muinín sa teanga labhartha a fhorbairt agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le scileanna teanga scríofa, ar bhealach imeasctha agus cumarsáideach. Rinne an fhoireann samhail freisin de theagasc na gcúig phríomhscil teanga ar líne nó i dtimpeallacht chumaisc tríd na modheolaíochtaí straitéise agus rannpháirtíochta gníomhaí.<br><br>Leag an fhoireann Tacaíochta le Feidhmiú na Sraithe Sóisearaí (TFSS), modúl roghnach amach i bhfeasacht teanga do mhúinteoirí i ngach ábhar i gcomhthéacsanna T1/Gaeltachta nó Gaelcholáiste, sa ról atá acu chun príomhscil na ndaltaí a fhorbairt maidir le bheith in ann léamh agus scríobh.<br><br>Is ócáid bhliantúil chomhdhála é Tionól Teagaisc a eagraíonn SFGM. Tugann sé deis do mhúinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile freastal ar cheardlanna tarraingteacha spreagúla agus spreagaithisc, agus ag an am céanna deis a fháil smaointe a roinnt le múinteoirí eile agus líonrú a dhéanamh. Reáchtáladh Tionól Teagaisc mar chomhdháil fhíorúil ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus 2021. I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2022, bhí Tionól Teagaisc ar siúl i gCill Dara. Bhí slua mór ann mar gurbh é seo an chéad Thionól Teagaisc aghaidh ar aghaidh le trí bliana anuas. Tá an ócáid seo anois ar cheann de na dátaí is tábhachtaí sa dialann gach bliain do mhúinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile maidir lena bhfoghlaim ghairmiúil. |

| | |
|---|---|
| | Lean foirne Gaeilge na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna SFGM de shraith ceardlanna agus seimineáir ghréasáin a chur ar fáil chun tacú le foghlaim ghairmiúil na múinteoirí. Mar fhreagairt ar riachtanais a tháinig chun cinn le linn dhúnadh na scoileanna, cuireadh sraith de ghrafaicí eolais ar fáil san SFGM chun tacú le múinteoirí leis an teagasc teanga ar líne. Leag foirne teanga an SRGM sraith de thrí sheisiún amach ar a dtugtar Gaeilge Bheo, lena bpléitear teagasc na Gaeilge. I ngach seisiún bhí ceacht beag Gaeilge ar líne agus seisiún machnamhach/comhroinnte. Díríodh ar eiseamláir theanga le linn na seisiún ag leibhéal an fhoghlaimeora fásta, mar a raibh cead ag na múinteoirí a gcumas féin teanga a úsáid agus a fhorbairt agus ag an am céanna leas a bhaint as an gcur chuige agus straitéisí cuí do theagasc na Gaeilge. Ina theannta sin, d'fhorbair foireann Gaeilge iar-bhunscoile an SFGM 17 gConair Foghlama Scoilnet ar leith don Ghaeilge. Bhí Gaeilge Bheo 1 & 2 ar siúl ar líne i mí na Samhna 2022 (3 sheisiún le 4 ghrúpa) agus fuair siad aiseolas dearfach. Tá sé beartaithe go mbeidh sé mar chuid de phlean oibre 2023/2024 freisin.<br><br>Tá acmhainn eolais nua (Fios Foghlama) curtha ar fáil ag Foireann Gaeilge SFGM atá dírithe go sonrach ar scoileanna T1. Seolfar an chéad fhoilseachán chuig scoileanna i mí Eanáir 2023 agus táthar ag súil, as seo amach, go seolfar foilseachán amháin in aghaidh an téarma chuig na scoileanna Lán-Ghaeilge (T1) seo. Tá réimse acmhainní nuafhorbartha ag SFGM anois atá oiriúnach do scoileanna Gaeltachta a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar bhonn uile-scoile. Ina measc seo tá: Mataí Gramadaí/ Abair Pléigh agus Scríobh le Chéile/ Beart Briathra/ Cártaí Ról-Ghlacadh.<br><br>Chuir comhairleoirí Gaeilge iar-bhunscoile an SFGM tacaíocht scoile agus tacaíocht leanúnach ar fáil do mhúinteoirí maidir le hoideolaíocht. Leanadh leis an SFGM de FGL a chur ar fáil i ngach ábhar agus réimse eile amhail Féinmheastóireacht na Scoile agus ceannaireacht i scoileanna Gaeilge agus Gaelscoileanna. Ina theannta sin, reáchtáileadh an Tionól Teagaisc go fíorúil, atá ina dháta tábhachtach sa dialann gach bliain anois, do mhúinteoirí iar-bhunscoile Gaeilge maidir lena bhfoghlaim ghairmiúil. |

| | |
|---|---|
| | Lean COGG ar aghaidh ag cur seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí trí cheardlanna. Tá leabhar téarmaí curtha ar fáil do gach dalta sa chéad bhliain i scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i mí Mheán Fómhair 2022. Tá leagan leasaithe le cur ar fáil gach Meán Fómhair chun tacú le daltaí teacht ar an gcuraclam leathan casta sa tSraith Shóisearach. Beidh leabhrán den chineál céanna a chur le chéile do dhaltaí Rang 5 agus 6. Is féidir soláthar do scoláirí na Sraithe Sinsearaí a mheas amach anseo. Tá sé mar aidhm ag na forálacha seo feabhas a chur ar thacaíocht na mic léinn, ar bhonn céimnithe, lena staidéar ar litearthacht na Gaeilge agus ar na dúshláin a bhaineann le téarmaíocht ábhair. Bhí aiseolas dearfach ó scoileanna agus tá ceardlanna beartaithe chun tacú le múinteoirí agus scoileanna an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní seo. |

| **Uimhir 1.20** | **Tacófar le scoileanna ó thaobh úsáid an FMS chun feabhas a chur chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge ag leibhéal an tseomra ranga agus na scoile uile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | De bharr dúshláin bhreise a bhí ag scoileanna i gcomhthéacs COVID-19 agus chun cead a thabhairt do chomhairliúchán ar an tríú sraith de FMS, chuir an Roinn Oideachais síneadh leis an dara sraith de FMS go dtí Meitheamh na bliana 2022. Cuireadh tús leis an tríú timthriall i mí Mheán Fómhair 2022. Mar a bhí sna blianta roimhe, bhíothas ag súil go leanfadh na scoileanna leis na pleananna agus tosaíochtaí a bhí acu don FMS agus cuireadh solúbthacht ar fáil chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• An próiseas FMS a úsáid chun cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a tháinig chun cinn i gcomhthéacs COVID-19. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu sin, mar shampla, aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaltaí a raibh tionchar ar a gcuid foghlama go háirithe le linn na paindéime, ag tacú le folláine na leanaí agus na ndaoine óga, agus ag tacú le hidirghabháil réimsí/ábhair churaclaim ar leith AGUS/NÓ<br>• Aon obair a bhí roghnaithe agat le díriú air faoin bhféin-mheastóireacht, maidir le gnéithe an teagaisc agus na foghlama a chur i gcrích AGUS/NÓ<br>• Aghaidh a thabhairt ar réimsí eile a d'aithin siad mar thosaíocht i gcomhthéacs a scoile agus riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga sa scoil.<br><br>Cuireadh sraith nua acmhainní faoi chigireacht, lena n-áirítear físeáin bheoite, ríomhbhileoga agus ríomhleabhrán, ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht eolasach sa phróiseas cigireachta. |

| | |
|---|---|
| | Lean an Fhoireann Chigireachta ag cur cuairteanna comhairleacha ar fáil do scoileanna, in oiriúint dá riachtanais. Cuireadh in iúl do scoileanna a bhí ag glacadh páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta gur chóir spriocanna agus gníomhartha a thabhairt isteach i gcáipéis pleanála gnímh atá lipéadaithe go soiléir, spriocanna agus gníomhartha atá i ndáil le téamaí DEIS chomh maith leis na téamaí a bhfuil baint acu le critéir bunaithe ar an teanga maidir leis an tumoideachas, agus/nó aon réimse(réimsí) tosaíochta eile, agus gur chóir sin a dhéanamh chun eolas a thabhairt do thuarascáil bhliantúil FMS na scoile agus do phlean feabhsaithe na scoile. Is mar gheall ar chuairteanna comhairleacha na Foirne Cigireachta atá ar fáil do scoileanna atá ag glacadh páirt sa Scéim chomh maith le tacaíocht atá curtha ar fáil ag COGG agus seirbhísí tacaíochta eile, a bhfuil sé ar chumas na scoileanna an cuspóir sin a bhaint amach. Tá teimpléid pleanála gnímh maidir le feidhmiú an tumoideachais deartha freisin agus scaipthe ar scoileanna chun tacú leis an bpróiseas sin. |

## Forbairt agus Soláthar Acmhainní

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.21** | **Déanfar forbairt bhreise ar ábhair Séideán Sí, le húsáid i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge, trí leabhair a dhigitiú agus leanúint le forbairt ar acmhainní idirghníomhacha, aipeanna san áireamh, le haghaidh gach ranga.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | COGG, FnaG, CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Áiseanna Leictreonacha - Leabhairíní Rang 1 agus Rang 2 Céim 1 – 3.**<br>Tugadh an obair seo chun críche. Tá na leabhairíní sin ar fad seiceáilte anois agus aiseolas curtha ar ais chuig an gconraitheoir seachtrach.<br>Tá na leabhair sin le fáil anseo:<br>https://www.seideansi.ie/im_little_readers/<br><br>Tugadh grúpa beag de shaineolaithe ar an mbunscolaíocht agus ar Shéideán Sí le chéile chun plé a dhéanamh ar SS mar phacáiste agus ar na forbairtí is gá a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh an pacáiste in úsáid go forleathan sna scoileanna san am atá le teacht.<br><br>Measadh go mbeadh dhá mhórchéim i gceist leis an bpróiseas sin: sin 1) an t-athbhreithniú chun leithead na hoibre a mheas, 2) cur i bhfeidhm na moltaí, tá seans maith go mbeadh comhéadan digiteach i gceist ag an gcéim sin. |

| | |
|---|---|
| | Cuireadh deireadh le digitiú na leabhar agus ábhar tacaíochta Séideán Sí le linn 2022. Leantar leis an obair ar chothabháil Séideán Sí agus leanann CNCM agus COGG araon ag cur tacaíochta agus comhairle ar fáil do Séideán Sí. Tá Foras na Gaeilge ag obair ar phlean oibre don chéad chéim eile d'fhorbairt Séideán Sí. |

| **Uimhir 1.22** | **Déanfar sraith nua téacsleabhar a chur ar fáil don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge: naíonáin go dtí rang a sé.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an tsraith nua téacsleabhar, An Domhan Beag Seo, foilsithe |

| **Uimhir 1.23** | **Tacófar le forbairt a dhéanamh ar Chlár Luathlitearthachta do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | COGG, CONM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh na nithe seo a leanas ó phlean bliana 2022 i gcrích mar a bhaineann sé leis an Chlár Luathléitheoireachta (CLEITE):<br><br>Obair eagarthóireachta, obair dheartha agus ábhar tacaíochta forbartha do Bhanda 5.<br><br>Tá rogha leathan de leabhair CLEITE, An Clár Luathléitheoireachta ar fáil ar an láithreán gréasáin www.leighanois.com<br><br>Chuir COGG maoiniú ar fail go ndéanfar ath-cló ar Banda 1-4 de Cleite i Mí na Nollag 2022. |

| **Uimhir 1.24** | **Déanfar clár teanga a fhorbairt chun tacú le teagasc na Gaeilge sa Churaclam Teanga Bunscoile (CTB) i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Baineadh triail as gach bealach soláthair chun clár Gaeilge a chur ar fáil, clár a chomhlíon sonraíochtaí na Roinne Oideachais. Leanann an Roinn Oideachais ag tacú le rannpháirtíocht múinteoirí leis an CTB tríd an réimse cuimsitheach de thacaíochtaí foghlama gairmiúla a cuireadh ar fáil san SFGM. (breathnaigh ar Uimhir 1.09) Tá teacht ag múinteoirí ar an réimse cuimsitheach d'acmhainní freisin atá ar fáil ag www.cogg.ie |

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.25 | **Déanfar téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil chun tacú le feidhmiú na n-ábhar nua de réir mar a thugtar isteach iad ag an tSraith Shóisearach: Stair, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh téacsleabhair ar fáil chun tacú le feidhmiú na sonraíochtaí nua do Stair, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol na Sraithe Sóisearaí. Tá pleananna i bhfeidhm chun téacsleabhair a chur ar fáil chun tacú le feidhmiú sonraíochtaí na n-ábhar eile. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.26 | **Leanfar le forbairt ar acmhainní chun tacú le feidhmiú an tsonrúcháin T1 don Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna iar-bhunscoile a fheidhmíonn trí Ghaeilge.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Foilsíodh acmhainní chun tacú le feidhmiú na sonraíochta Sraithe Sóisearaí Gaeilge T1 i mbliain a haon agus téacsleabhar don dara/tríú bliain. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.27 | **Forbrófar Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta ar an Tumoideachas: Táscairí Dea-chleachtais.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | D'fhoilsigh an Roinn Oideachais sa bhliain 2018 Comharthaí Dea-Chleachtais sa Tumoideachas: Dréacht-Treoir le haghaidh Bunscoileanna Gaeltachta (2018) i gcomhar le COGG. Cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil sa treoir do bhunscoileanna maidir le feidhmiú an tumoideachais. Foilsíodh leagan nuashonraithe den treoir a raibh aiseolas ó pháirtithe ábhartha inti sa bhliain 2020. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.28 | **Forbrófar Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta ar an Tumoideachas: Táscairí Dea-chleachtais.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | D'fhoilsigh an Roinn Oideachais sa bhliain 2018 Comharthaí Dea-Chleachtais sa Tumoideachas: Dréacht-Treoir le haghaidh Iar-Bhunscoileanna Gaeltachta (2018) i gcomhar le COGG. Cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil sa treoir do bhunscoileanna maidir le feidhmiú an tumoideachais. Foilsíodh leagan nuashonraithe den treoir a raibh aiseolas ó pháirtithe ábhartha inti sa bhliain 2020. |

| Uimhir 1.29 | **Leanfar le forbairt ar an suíomh idirlín www.cogg.ie mar thairseach d'acmhainní foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an oideachas Gaeltachta agus leis an oideachas trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Críochnaíodh an obair fhorbartha ar 'An Tairseach' agus seoladh an suíomh le linn samhradh 2022. Tá an tairseach seo dírithe ar rochtain ar acmhainní a chur ar fáil lena dtacaítear le foghlaim agus teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá acmhainní foghlama uile COGG aistrithe chuig suíomh An Tairseach. Tá tús curtha ag múinteoirí le hacmhainní breise a scríobhadh don Tairseach a uaslódáil agus déanfar iad seo a phromhadh go cúramach sula bhfoilseofar iad. |

| Uimhir 1.30 | **Déanfar tacaíochtaí agus ábhair a sholáthar chun cur ar chumas scoileanna úsáid a bhaint as féinmheastóireacht scoile mar mhodh chun cur chun cinn a dhéanamh ar fheabhsú gnóthachtála Gaeilge na ndaltaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá forbairt agus uasdátú na n-acmhainní ar láithreán gréasáin féinmheastóireachta scoile fós ag dul ar aghaidh. |

| Uimhir 1.31 | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt don scéim Gaelbhratach, a bhfuil sé mar aidhm aici dea-chleachtas a roinnt mar a bhaineann le cur chun cinn labhairt na Gaeilge agus deiseanna forbartha ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GL, CnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh plean bliana Ghaelbhratach 2022 i gcrích.<br><br>Tháinig 20 bunscoil nua (cuid eile chomh maith atá ag tabhairt faoi bhliain 1 arís) agus 16 iarbhunscoil nua isteach ar an scéim i mí Meán Fómhair 2022 agus tacaíochtaí breise á lorg ag 50 múinteoir breise.<br><br>Tá 153 bunscoil anois faoi thionchar na scéime chomh maith le 144 iarbhunscoil.<br><br>Tá 158 bunscoil agus 107 iarbhunscoil fós ar an liosta feithimh le teacht isteach ar an scéim.<br><br>Lean Foras na Gaeilge agus an Roinn Oideachais le tacaíocht a chur ar fáil don tionscadal Gaelbhratach ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon. |

## Soláthar Scoile & Soláthar Múinteoirí don Oideachas trí Ghaeilge

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.32** | **Rachfar i gcomhairle leis an gCoimisinéir Teanga i dtaca le féachaint ar an gcaoi is fearr le foráil a dhéanamh, i bpolasaithe rollaithe i scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge, do leanaí arb í an Ghaeilge teanga cheannasach an teaghlaigh.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Sáraíodh an gníomh seo leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.33** | **Cruthófar deiseanna do leathnú ar an oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i gcomhthéacs na 42 scoil nua a bhunófar, agus bunú Gaelscoileanna, Gaelcholáistí agus Aonaid Lán-Ghaeilge mar chuid den phróiseas pátrúnachta nua san áireamh. Leanfar leis an gcomhoibriú le páirtithe leasmhara maidir le polasaí ina leith seo a fhorbairt ag an iar-bhunleibhéal.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá Córas Próiseála Pátrúnachta ar Líne (CPPAL) forbartha ag an Roinn Oideachais ina dtugtar eolas oibiachtúil agus a ligean do thuismitheoirí a roghanna a chur in iúl maidir leis an tsamhail phátrúnachta agus teanga teagaisc (ach amháin i gcás bunscoileanna atá ainmnithe roimh ré mar scoileanna lán-Ghaeilge) i ndáil leis na scoileanna nua atá á mbunú. Tá roghanna tuismitheoirí, chomh maith le ceisteanna eile amhail an méid éagsúlachta sa soláthar i gceantar (lena n-áirítear soláthar trí mheán na Gaeilge), lárnach sa phróiseas cinnteoireachta maidir le pátrúnacht agus teanga na scoileanna.<br>D'fhógair an Roinn Oideachais in 2018 go mbeidh 47 scoil nua le bunú. Is Scoileanna lán-Ghaeilge iad ocht gcinn de na bunscoileanna a bunaíodh go dtí seo.<br>Bunaíodh Gaelcholáiste nua ag leibhéal na n-iar-bhunscoileanna sa bhliain 2020 mar chuid den phróiseas Aonad a aistriú go Gaelcholáiste neamhspleách. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.34** | **Déanfar measúnú ar an éileamh ar sholáthar méadaithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge mar chuid den Phróiseas um Athchumrú Scoileanna d'Ilchineálacht lena n-áireofar suirbhéanna ar thuismitheoirí leanaí réamhscoile maidir leis an soláthar bunleibhéil ina gceantar le féachaint ar sholáthar níos ilchineálaí a chur ar fáil de réir roghanna na dteaghlach agus na bpobal sna scoileanna.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh Céim 1 den chéim aitheantais i 16 cheantar tosaigh i gcrích. Áiríodh sa suirbhé do gach ceantar sciar de na tuismitheoirí a bhfuil leanaí réamhscoile acu agus a roghnódh Gaelscoil il-sainchreidmheach/neamh-shainchreidmheach dá leanbh. Tá an Roinn Oideachais (ag leibhéal na n-oifigeach) i dteagmháil le hionadaithe Chomhairle Oideachais Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann (Easpaig Chaitliceacha) d'fhonn cur chuige aontaithe maidir leis an gcéad Chéim eile den phróiseas a fhorbairt.<br>Tá an próiseas píolótach leanúnach ag plé le 63 scoil i gcathracha Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe agus Luimnigh agus i gceantair an Inbhir Mhóir, Bhaile Átha Luain, Dhún Dealgan agus Eochaille. Shroich an rannpháirtíocht ag an leibhéal áitiúil céim chun cinn in 2022, agus nuair a bheidh sé tugtha chun críche, cabhróidh sé seo le leibhéal an éilimh ar athchumrú sna ceantair sin a shoiléiriú. Ba cheart go gcuirfeadh an méid a foghlaimíodh ón bpróiseas sna limistéir phíolótacha bealach chun cinn ar fáil maidir leis an bpróiseas chun roghanna ilchreidmheacha a chur ar fáil do thuismitheoirí i mbailte agus i gceantair eile sa tír amach anseo.<br>Tharla roinnt athruithe pátrúnachta le blianta beaga anuas lena n-áirítear Gaelscoil shainchreidmheach ag athrú go Pobalscoil Náisiúnta Ghaeilge il-sainchreidmheach. Ina theannta sin d'athraigh an Ghaelscoil shainchreidmheach an phátrúnacht go dtí an Foras Pátrúnachta. Ó mhí Mheán Fómhair 2021, tugtar rogha sa scoil seo do thuismitheoirí na Naíonán Beag tabhairt faoi Chlár Eitice agus Moráltachta Neamh-shainchreidmheach nó faoi Chlár Caitliceach. D'aistrigh scoil lán-Ghaeilge amháin a héiteas go il-shainchreidmheach ó Meán Fómhair 2022. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.35** | **Déanfar féachaint ar an bhféidearthacht do sheomraí ranga fíorúla chun go ligfí síneadh a chur leis an soláthar ábhar trí Ghaeilge sa tsraith shinsearach i scoileanna Gaeltachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean an Roinn Oideachais ag tacú le tionscadal píolótach an ríomh-mhoil i scoileanna lonnaithe sa Ghaeltacht. Is éard is cuspóir don tionscadal ná deis a thabhairt do dhaltaí Gaeltachta teacht ar ábhar Ardteistiméireachta trí mheán na Gaeilge ar líne trí ranganna a dhéanamh le scoláirí ó scoileanna Gaeltachta éagsúlaTá Fisic ar fáil do mhic léinn chun staidéar a dhéanamh tríd an ríomh-Mhol ó Mheán Fómhair 2019 agus cuireadh Ceimic leis mar dhara ábhar ó Mheán Fómhair 2022, ag eascairt as na moltaí ó athbhreithniú neamhspleách a rinne Cigireacht Oideachais agus Oiliúna Thuaisceart Éireann. Foilsíodh an tuarascáil ar an athbhreithniú seo i Márta 2021. Ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh, bhí 3 ríomhmhúinteoir lonnaithe i 2 scoil ríomh-Mhol ag seachadadh an chúrsa do 28 dalta i 9 n-iarbhunscoil Ghaeltachta (2 scoil oileáin san áireamh) faoi mhaoirseacht ríomh-Mheantóirí i ngach scoil. Rinne 13 dalta scrúdú Fisice na hArdteistiméireachta in 2022. |

## Úsáid na Gaeilge Lasmuigh den Scoil

| Uimhir 1.36 | **Forbrófar cumas na gColáistí Gaeilge uile chun eispéireas ardchaighdeáin foghlama Gaeilge a chur ar fáil dá scoláirí uile agus leagfar béim faoi leith ar chúnamh a thabhairt do na coláistí féin agus do na teaghlaigh a chuireann cóiríocht ar fáil do na foghlaimeoirí teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá cur i bhfeidhm clár bliantúil meastóireachta ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i gColáistí Gaeilge ag leanúint ar aghaidh. Rinneadh 20 cuairt chigireachta in 2019 inar aithníodh láidreachtaí agus réimsí forbartha agus inar cuireadh comhairle ar Choláistí Gaeilge dá réir. De bharr comhairle sláinte poiblí COVID-19 cuireadh meastóireachtaí a bhí beartaithe do 2020 agus 2021 ar ceal. Cuireadh tús arís le cúrsaí Coláistí Gaeilge in 2022. Rinneadh 19 meastóireacht in 2022 agus rinneadh 25 meastóireacht i gcoláistí Gaeilge in 2023. Tugtar aiseolas d'údaráis na gcoláistí. Ullmhaítear tuarascáil ar gach cuairt chigireachta agus is féidir teacht ar tuarascálacha seo ar láithreán gréasáin gov.ie |

| Uimhir 1.37 | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí ó bhunscoileanna DEIS agus cur ar a gcumas freastal ar Champaí Samhraidh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ba do scoileanna DEIS Banda 1 amháin an clár seo, go traidisiúnta. Mar fhreagairt ar an tréimhse fada de dhúnadh scoileanna sa bhliain 2020 agus 2021, chuir an Roinn Oideachais síneadh le clár na gCampaí Samhraidh chun bunscoileanna DEIS uile a chur san áireamh don bhliain 2020 agus arís sa bhliain 2021 agus 2022. Roghnaigh 35 scoil an campa a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge in 2022. Cuireadh clár FGL ar fáil do na múinteoirí uile a bhí ag glacadh páirte.<br>Leanann Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais ag tacú agus ag meastóireacht an chaighdeáin eispéiris agus torthaí a bhí ag leanaí le linn a dtréimhse sna Campaí Samhraidh |

| Uimhir 1.38 | **Déanfar na seirbhísí Gaeilge a sholáthraíonn BOO éagsúla a leathnú chun go mbeidh tacaíocht san áireamh do thuismitheoirí Gaeltachta ar mian leo a leanaí a thógáil le Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, BOO, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Comhoibriú leanúnach idir na BOO agus ÚnaG i nGaeltacht Thír Chonaill i dtaca le soláthar ranganna Gaeilge do thuismitheoirí agus ranganna Gaeilge dírithe ar theastas TEG a bhaint amach. |

## Oideachas Luathbhlianta

| Uimhir 1.39 | **Cinnteofar go bhfuil fáil ar FGL trí Ghaeilge, arna sholáthar agus arna thacú ag an ROS, do chleachtóirí luathbhlianta atá ag obair i dtimpeallachtaí Gaeltachta agus i dtimpeallachtaí ina bhfeidhmítear trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cinntítear go bhfuil teacht ag oideoirí i suíomh lán-Ghaeilge ar ábhair FGL chun tacú le feidhmiú Aistear agus Síolta trí Ghaeilge. Cuireadh réimse ábhar agus acmhainní FGL ar fáil d'oideoirí lena n-áirítear an dá Chreat Náisiúnta a bheith ar fáil trí Ghaeilge (lena n-áirítear lámhleabhar leasaithe an úsáideora do Shíolta) agus acmhainní á gcur ar fáil trí Threoir Chleachtais Aistir, Síolta. Gealladh i dtionscnamh Náisiúnta Síolta Aistir go gcuirfí ar fáil aon ábhar nua FGL trí Ghaeilge. |

| Uimhir 1.40 | **Cinnteofar gur trí Ghaeilge a reáchtáiltear cigireachtaí agus cuairteanna Cigireachta atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (COL) ó chigireacht an ROS i dtimpeallachtaí ina bhfeidhmítear trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Is trí mheán na Gaeilge a déantar na cuairteanna cigireachta agus comhairleacha i dtimpeallachtaí Cigireachta atá dírithe ar an Oideachas Luathbhlianta trí mheán na Gaeilge. Foilsítear Tuarascálacha Cigireachta Luathbhlianta do shuíomhanna lán-Ghaeilge i nGaeilge ar Gov.ie |

## Ardoideachas

| Uimhir 1.41 | Leanfar le tacaíocht Fiontar & Scoil na Gaeilge in OCBÁC agus le forbairt acmhainní TFC chun tacú leis an teanga. |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Maoiníodh na tionscadail seo a leanas in 2022:<br><br>Logainm.ie; Ainm.ie; Dúchas.ie; LEX/IATE; an Líonra Saineolaithe. Tá cuntas ar Ainm, Logainm, Dúchas agus LEX/IATE faoi 5.27, 5.28, 5.29 agus 7.7 thíos. |

| Uimhir 1.42 | Leanfar le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉG). |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh le cur i bhfeidhm an chlár oibre atá aontaithe idir an Roinn agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge don tréimhse seo. I measc na mbearta a cuireadh i bhfeidhm bhí:<br>• Dioplóma sa Phleanáil Teanga (Cúrsa páirtaimseartha Leibhéal 7);<br>• Modúl 'Pobal agus Cultúr na Gaeltachta sa lá atá inniu ann (5 ECTS);<br>• Sraith ceardlanna agus gearrchúrsaí d'Oifigigh Pleanála Teanga;<br>• Dianchúrsaí coicíse d'Ábhar Oidí faoi réir riachtanais na gColáistí Oiliúna agus Oideachais (2 chúrsaí do mhic léinn Leibhéal 7 agus 1 cúrsa do mhic léinn Leibhéal 8 i nGaoth Dobhair (180 mac léann ar fad);<br>• Seimeastar Gaeltachta do mhic léinn BComm le Gaeilge ar an gCeathrú Rua;<br>• MA sa Léann Teanga (9 cláraithe)<br>• MA Cleachtas Gairmiúil na Meáin (4 cláraithe);<br>• Teastas Iarchéime i Léann an Aistriúcháin (5 cláraithe);<br>• MA Léann an Aistriúcháin (6 cláraithe)<br>• MA san Ateangaireacht Chomhdhála (15 cláraithe)<br>• Teastas Iarchéime in Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí<br>• Dioplóma sa Ghaeilge (c. 300 cláraithe) |

| | |
|---|---|
| | Leithdháil an ÚAO €1,766,000 ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa bhliain féilire 2023. Tá sé aontaithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €1,000,000 a chur ar fáil don bhliain acadúil 2022/23. Chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tráthchuid de €900,000 ar fáil i leith acadúil 2022/23 i mí na Nollag 2022. |

| Uimhir 1.43 | **Leanfar le tacaíocht do Chomhairle Bhéaloideas Éireann in COBÁC trí chúnamh deontais trí chroí-dheontas ÚAO.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | ÚAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leithdháil an ÚAO €9,800 in 2022. |

| Uimhir 1.44 | **Leanfar ag tacú leis an scéim Oideachas Tríú Leibhéal Thar Lear, chun teagasc na Gaeilge a chur chun cinn in institiúidí tríú leibhéal i dtíortha eile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CF, FOÉC, IAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an scéim Oideachas Tríú Leibhéal Thar Lear á maoiniú go leanúnach ag an Roinn ó 2006 agus tá an Ghaeilge á múineadh do mhic léinn i 23 ollscoil timpeall na hEorpa dá bharr. Chomh maith le ranganna Gaeilge a mhaoiniú, cuireann an scéim seo tacaíocht ar fáil do mhic léinn le cuairt a thabhairt ar Éirinn agus le páirt a ghlacadh i gcúrsaí Gaeltachta ar feadh 3 seachtaine. Is cuid fhíorthábhachtach an scéim seo den obair atá á déanamh leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga idirnáisiúnta agus mar theanga Eorpach.<br><br>Ceadaíodh €773,191 d'Fhondúireacht Ollscoile Éireann Cheanada agus €1,057,698 do Choimisiún Fulbright don tréimhse 2021-2023 chun tacú le teagasc na Gaeilge in ollscoileanna sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada.<br><br>Ghlac dhá institiúid nua sna Stáit Aontaithe páirt i scéim Fulbright i 2022 agus mhéadaigh líon na dteagascóirí Gaeilge faoin scéim ó chúigear don tréimhse Lúnasa 2021 – Bealtaine 2022 go deichniúr don tréimhse ó Lúnasa 2022.<br><br>Chuir srianta ar thaisteal agus ar chruinnithe poiblí isteach ar Chlár Gaeilge ICUF in 2020 & 2021, ach i mí Eanáir 2022 filleadh go hiomlán ar theagasc na Gaeilge ar an láthair i gCeanada, nuair a cuireadh deireadh leis na srianta taistil, rud a chiallaigh gur mhúin seisear teagascóirí Gaeilge i sé ollscoil chomhpháirtíochta ar fud na tíre, den chéad uair ó earrach 2020 i leith. |

| | |
|---|---|
| | Cuireadh tús arís le himeachtaí Gaeilge sa phobal, le ranganna Gaeilge, ciorcail chomhrá, oícheanta scannán, cainteanna agus imeachtaí don phobal ar siúl sna sé chathair.<br><br>Reáchtáladh imeacht píolótach, Clár Gaeilge, i mí an Mheithimh 2022 i gColáiste San Labhrás, Kingston. Ghlac 35 rannpháirtí páirt i ranganna Gaeilge, ceardlann iomána, léirithe ceoil, ceardlann scéalaíochta agus ceardlann damhsa Ghaelaigh. Tá comhpháirtíocht iomlán le Coláiste San Labhrás á cur chun cinn in 2023. |

| **Uimhir 1.45** | **Leanfar ar aghaidh ag déanamh forbairt ar thurasóireacht Ghaeilge sa Ghaeltacht trí scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge in institiúidí idirnáisiúnta 3ú leibhéal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, IAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Chuir srianta Covid-19 bac ar chuairteanna mac léinn ó institiúidí idirnáisiúnta tríú leibhéal go hÉirinn in 2021. In 2022, d'éirigh le roinnt mic léinn ó institiúidí tríú leibhéal san Eoraip teacht go hÉirinn ar chuairteanna agus le freastal ar chúrsaí Gaeltachta le tacaíocht ón Roinn.<br><br>Tháinig 36 scoláire Gaeilge ó Cheanada go hÉirinn don chlár tumoideachais samhraidh Gaeltachta in Acadamh Ollscoil na Gaillimhe ar an gCeathrú Rua. Comhaoiníonn an Roinn TCEGSM agus ollscoileanna comhpháirtíochta ICUF i gCeanada na scoláireachtaí seo.<br><br>D'fhreastail 28 mac léinn Mheiriceánacha ar chúrsaí Gaeltachta in 2022 freisin le tacaíocht na Roinne a cuireadh ar fáil trí Choimisiún Fulbright. Ba mhór an t-éacht é go raibh an méid sin mic léinn in ann cuairt a thabhairt ar Éirinn tar éis dhá bhliain de shrianta taistil Covid-19 a chuir stop leis na deiseanna sin go sealadach. |

| **Uimhir 1.46** | **Cuirfear thart ar €1m sa bhliain ar fáil don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, a dhíríonn ar oiliúint a chur ar Ghaeilgeoirí le haghaidh poist a fháil in institiúidí an AE agus ar fhorbairt a dhéanamh ar an earnáil saoraistriúcháin Ghaeilge sa tír seo.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, EAO |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Is cuid fhíorthábhachtach é an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge de na hiarrachtaí atá á ndéanamh le daoine oilte a chur ar fáil a mbeidh na scileanna ábhartha acu le dul ag obair i bpoist teanga san Aontas Eorpach. In 2022, leanadh ar aghaidh leis an maoiniú tríd an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge d'institiúidí tríú leibhéal atá ag cur cúrsaí oiliúna sainiúla ar fáil a chuidíonn leis an sprioc sin a bhaint amach.<br><br>Ceadaíodh €730,953 san iomlán don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge don bhliain 2021/2022. Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas a chuireann an maoiniú seo ar fáil do na hinstitiúidí thar ceann na Roinne TCEGSM.<br><br>Chomh maith le daoine oilte a chur ar fáil a bhfuil na scileanna acu le dul ag obair in institiúidí an Aontais Eorpaigh, is mór an buntáiste é don tseirbhís phoiblí agus don státseirbhís in Éirinn go bhfuil an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge ar an bhfód. Méadóidh an tábhacht a bhaineann leis an scéim seo don tseirbhís phoiblí in Éirinn de réir mar a bheidh na forálacha leasaithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (2021) á gcur i bhfeidhm agus de réir mar a bheidh tuilleadh daoine oilte le Gaeilge ag teastáil le dul ag obair sa tseirbhís phoiblí.<br><br>Íocadh tráthchuid de €180,000 i leith na bliana acadúla 2022-23 i mí na Nollag 2022. |

| **Uimhir 1.47** | **Leanfar leis an tacaíocht don Dioplóma sa Chultúr Dúchais ar mhaithe le hacmhainn an phobail a mhéadú trí fhorbairt na turasóireachta agus trí fhorbairt ghairmiúil d'Oifigigh Oidhreachta sa Ghaeltacht.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, OÉG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean an cúrsa seo ar aghaidh in 2022 le 24 cláraithe sa chéad bhliain agus 17 sa dara bliain. Is gach dara bliain a dhéantar an Dioplóma seo a thairiscint. Is cúrsa cumaisc le ceardlanna rialta atá i gceist leis. |

| **Uimhir 1.48** | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt do na trí Ionad For-rochtana de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), i gceantair Ghaeltachta (Gaoth Dobhair, Carna agus An Cheathrú Rua) chun deiseanna oideachais trí Ghaeilge a choinneáil ar bun ag leibhéal áitiúil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OÉG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | I measc na gcúrsaí a heagraíodh sna hIonaid seo bhí:<br>• Sainchúrsa 4 seachtaine d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta (An Cheathrú Rua agus Gaoth Dobhair); |

| | |
|---|---|
| | • Sainchúrsa 3 seachtaine d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta (Fulbright/ICUF) (An Cheathrú Rua);<br>Cúrsa seachtaine do scoláirí idirbhliana meánscoile i gcomhair le TG4 agus Nuacht RTÉ (1,600 scoláire páirteach, suas ó 400 in 2021). |



# 2

## Réimse Gnímh

# An Ghaeltacht

# Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht

## Réamhrá

Ag croílár na hoibre atá ar bun agus beartaithe ag an Roinn chun cúram a dhéanamh den Réimsí Gnímh seo tá an próiseas pleanála teanga - mar a leagtar amach é faoi Acht na Gaeltachta 2012, agus an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga - atá á riar ag an Roinn ar bhonn leanúnach mar thaca breise don phróiseas pleanála teanga.

I gcur i bhfeidhm na mbearta ábhartha a bhaineann leis an Réimse seo aithnítear chomh maith an fheidhm thacúil atá á comhlíonadh ag an Roinn mar a bhaineann sé le cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i leith chur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tugtar spléachadh thíos ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas pleanála teanga agus an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga faoi seach thar an tréimhse thuairiscithe – 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022.

## An Próiseas Pleanála Teanga

Den 26 **Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPT)** atá aitheanta faoi Acht na Gaeltachta 2012, ceadaíodh 26 phlean ar fad ó cuireadh tús leis an bpróiseas ar an talamh in 2014 go dtí deireadh 2022. Den líon iomlán sin, ceadaíodh an phlean deireadh i rith na tréimhse tuairiscithe i ndáil leis an limistéir seo a leanas:

| Limistéir Pleanála Teanga Ceadaithe | Dáta Ceadaithe |
|---|---|
| Oileáin Árainn | 11/04/2022 |

Faoi dheireadh na bliana bhí 34 duine, idir Oifigigh Pleanála Teanga (OPT) agus Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga (OCPT) i mbun oibre sna Limistéar, sna Bailte Seirbhíse agus sna Líonraí ag deireadh 2022.

Maidir leis an bpróiseas mar a bhaineann sé leis na **Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG)** tá an próiseas chun pleananna a ullmhú nó i dtreo é sin a dhéanamh idir lámha i gcás na mbailte seo a leanas:

| Baile | Contae |
|---|---|
| Cathair Chorcaí | Corcaigh |
| Baile an Róba | Maigh Eo |
| An Clochán | Gaillimh |

Ag deireadh 2022, bhí seacht mBaile Seirbhíse Gaeltachta ceadaithe faoin bpróiseas: Daingean Uí Chúis, Leitir Ceanainn, Cathair na Gaillimhe, An Clochán Liath, Trá Lí, Caisleán an Bharraigh agus Dún Garbháin Ceadaíodh an trí cinn deireadh sin, Trá Lí, Caisleán an Bharraigh agus Dún Garbháin  le linn 2022. Chomh maith leis sin, bhí an t-ochtú ceann, Cathair Saidhbhín, á mheas ag an Roinn.

Maidir leis an ngné den scéal a bhaineann leis na **Líonraí Gaeilge**, ceadaíodh pleananna teanga in Eanáir 2020 i leith Bhaile Loch Riach, Co. na Gaillimhe, Inis, Co. an Chláir agus Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath, i gcomhréir le forálacha an Achta.

Chun tacú tuilleadh le cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga, cheadaigh an Roinn allúntais faoi leith do na heagraíochtaí: Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta chun tacú leo cláir oibre chomhaontaithe faoi leith ar leas na luathbhlianta, an teaghlaigh agus na n-ealaíon traidisiúnta faoi seach, a chur chun cinn.

Ach an oiread le nach mór gach gné eile den tsaoil, níor éalaigh an Próiseas Pleanála Teanga ó lorg COVID-19. D'imir an paindéim tionchar ar ghnéithe áirithe den phróiseas, chuir sé cosc/laghdú ar na cruinnithe oscailte le grúpaí pobail a bíodh ar siúil sna Bailte Seirbhísí Gaeltachta, ach go háirithe, ag tabhairt eolais i leith an phróiseas agus ag iarrachtaí coiste a eagrú chun dul i mbun oibre ar phlean do na Bailte sin. Ní gá a rá ach go raibh an éifeacht iarmhartach de seo le feiceáil in 2022.

Gan dabht, níor cuireadh an méid céanna pleananna teanga faoi bhráid na Roinne de bharr tionchar an COVID-19. Mar sin féin, tháinig ardú suntasach ar chaiteachas na Roinne in 2022 seachas mar a bhí ann in 2021.

Ar ndóigh, tá Córas Faisnéise Geografaí (GIS) forbartha ag an Roinn le roinnt blianta anuas – i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus páirtithe leasmhara eile, atá mar áis bhreise don phróiseas. Cuireadh an chéad leagan den chóras GIS ar fáil i mí na Nollag 2015 agus seoladh an tríú leagan, atá in úsáid faoi láthair, i mí na Samhna 2017. Faoin gcóras GIS seo tá torthaí ó Dhaonáireamh 2011 agus 2016 mar a bhaineann sé leis an nGaeilge curtha ar fáil den chéad uair ar bhonn Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge. Déantar tuilleadh forbartha ar an gcóras ar bhonn leanúnach de réir mar a oireann.

Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne.

## An Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga

Cuireann An Clár Tacaíochta Pobail agus Teanga cúnamh caipitil agus reatha ar fáil go leanúnach le cabhrú le heagraíochtaí agus le coistí pobail fud fad na Gaeltachta ar mhaithe le tacú le treisiú na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh sa Ghaeltacht. Ina theannta sin tagann Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, Scéim na gCúntóirí Teanga agus Scéim na gCampaí Samhraidh faoi scáth an chláir chomh maith. Thosaigh na scéimeanna ar fad ag rith mar ba ghnáth ar an talamh tar éis na paindéime i rith na tréimhse seo.

**Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge**
Déanadh athoscailt ar chóras na gColáistí Gaeilge arís in 2022 tar éis don chóras a bheith dúnta ar feadh dhá bhliain de bharr tionchar COVID-19. Bhí timpeall 500 teaghlach Gaeltachta aitheanta faoin scéim in 2022. Reáchtáil 40 Coláistí Gaeilge cúrsaí Gaeilge le linn 2022. Bhí 249 cúrsa san iomlán, ina measc sin bhí 29 gearrchúrsa 3 oíche, beart eisceachtúil a bhí anseo chun cabhrú le córas na gColáistí Gaeilge athoscailt arís. Thug an réimse cúrsaí an deis do níos mó scoláirí iarbhunscoile a chaill amach ar an seans freastal ar chúrsa sa Ghaeltacht le linn COVID-19 nuair a bhí an córas dúnta. D'fhreastail 25,416 scoláire ar na cúrsaí seo ina iomlán.

**Scéim na gCúntóirí Teanga:**
Mar thacaíocht bhreise d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga araon, cuireadh maoiniú breise ar fáil don scéim seo chun freastal ar an éileamh do chúntóirí teanga i ngach scoil atá aitheanta ag an Roinn Oideachais faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

**Scéim na gCampaí Samhraidh**
Bhí na Campaí Samhraidh ag feidhmiú mar ba ghnáth le linn na tréimhse seo agus éileamh níos mó ná riamh orthu tar éis an dianghlasála:

- rinneadh €309,576 a leithdháileadh don scéim sa bhliain 2022 chun tacú le deiseanna foghlama agus saibhrithe teanga do dhaoine óga óna ceantair Ghaeltachta.
- Bhain breis agus 6,500 páiste a d'fhreastail ar thuairim is 179 campa samhraidh leas as an bhfóirdheontais a cuireadh ar fáil faoin scéim sa bhliain 2022.

Maidir leis an ngné den Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga a bhaineann le cabhair chaipitil, thar an tréimhse thuairiscithe cheadaigh an Roinn cúnamh i leith 16 togra caipitil agus rinneadh cúiteamh i leith 23 togra faoi leith chun cuidiú leo na costais sin a bhain le háiseanna pobail a thógáil/a athchóiriú agus le troscán/trealamh a cheannach a chlúdach.

Tá ciste ar fiú €3m thar thréimhse trí bliana ceadaithe don Údarás um Ard-Oideachas le leithdháileadh ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chun cur ar a gcumas ceardlanna a reáchtáil sna hIonaid Ghaeltachta agus chun modúil a fhorbairt don BA sa Luathoideachas a rachaidh chun leasa do chleachtóirí luathoideachais atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht agus trí Ghaeilge lasmuigh di.

Leanadh le ceadú deontas faoin gClár Reatha ar bhonn 3 bliana chun cuidiú leis na heagraíochtaí a mhaoinítear pleanáil chun tosaigh níos fearr a dhéanamh. Cuireadh maoiniú ar fáil do 13 eagraíocht Ghaeltachta chun a gcláir oibre a chur i bhfeidhm.

Tá sonraí níos beachta maidir le cur chun feidhme na mbeart faoi leith a bhaineann le Réimse Gnímh 3; An Ghaeltacht sa tábla a leanas:

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **1** | 1 | | |
| 2018-2019 | **1** | | 1 | |
| 2018-2020 | **1** | | 1 | |
| 2018-2022 | **18** | | 18 | |
| 2019 | **1** | | 1 | |
| 2019-2020 | **1** | 1 | | |
| 2019-2022 | **4** | | 4 | |
| IOMLÁN | **27** | **2** | **25** | **0** |

# Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht

## An Próiseas Pleanála Teanga

| Uimhir 2.1 | **Leanfar ag tacú le feidhmiú rathúil an phróisis trí mhaoiniú, comhairle agus tacaíocht theicniúil agus phraiticiúil a chur ar fáil. Déanfar é seo i dtreo a chinntiú:**<br>**go mbeidh gach ceann de na 26 Limistéar Pleanála Teanga i mbun feidhmiú pleananna faoi dheireadh 2020**<br>**go mbeidh gach ceann de na 16 bhaile atá aitheanta mar ábhar Bailte Seirbhíse Gaeltachta ag cur i bhfeidhm pleananna faofa nó i mbun ullmhú pleananna laistigh den achar ama céanna**<br>**go mbeidh na 3 Líonra Gaeilge atá aitheanta faoin bpróiseas i mbun fheidhmiú a bpleananna faoi seach laistigh den tréimhse thuasluaite chomh maith.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **ÚnaG**<br>Faoi dheireadh na bliana 2022 bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú in 24 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) as na 26 Limistéar agus i dhá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) a raibh pleananna ceadaithe dóibh sa Ghaeltacht. Bhí infheistíocht iomlán de €3.2 milliún i gceist do chur i bhfeidhm na bpleananna teanga a bhí ceadaithe.<br><br>Faoi dheireadh na bliana bhí 29 duine, idir Oifigigh Pleanála Teanga agus Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga i mbun oibre sna Limistéar agus sna Bailte Seirbhíse sa Ghaeltacht. Bhí próiseas earcaíochta ar siúl do thrí phost eile mar oifigeach pleanála teanga ag deireadh na bliana. Ina iomláine, bhí 34 post mar Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta ceangailte leis na pleananna teanga a bhí ceadaithe do na Limistéir Phleanála Teanga agus sna Bailte Seirbhíse ar fud fad na Gaeltachta.<br><br>**FnaG:**<br>Líonraí Gaeilge<br>Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012) reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas oscailte iarratais faoinar roghnaíodh cúig iarratasóir rathúla le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú ar son na gceantar seo a leanas: Inis i gContae an Chláir, Cluain Dolcáin i gContae Bhaile Átha Cliath agus Baile Locha Riach i gContae na Gaillimhe sa dlínse ó dheas agus dhá cheann ó thuaidh, Carn Tóchair i gContae Dhoire agus Iarthar Bhéal Feirste i gContae Aontroma. Thosaigh na Líonraí Gaeilge ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga sa tríú ráithe de 2022 nuair a ceapadh Oifigeach Pleanála Teanga i ngach ceantar Líonra.<br><br>Bailte Seirbhíse Gaeltachta |

| | |
|---|---|
| | Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012), tá Foras na Gaeilge freagrach as próiseas iarratais agus tacaíochta a riar do thrí cinn déag de na sé bhaile dhéag atá ainmnithe ag an rialtas mar bhailte a d'fhéadfadh aitheantas mar bhaile seirbhíse Gaeltachta (BSG) a bhaint amach. Anuas ar Leitir Ceanainn agus Cathair na Gaillimhe a thosaigh ar chur i bhfeidhm pleananna teanga, leanadh den tacaíocht sna bailte seirbhíse Gaeltachta, a bhfuil ceanneagraíocht ceaptha cheana dóibh, le plean teanga a ullmhú: Corcaigh, Cathair Saidhbhín, Baile an Róba agus An Clochán. In 2022 d'fhaomh, agus sheol an tAire Stáit pleananna teanga do Thrá Lí, do Chaisleán an Bharraigh agus do Dhún Garbhán. Eagraíodh sraith de chruinnithe poiblí i dtrí bhaile eile atá ainmnithe mar bhailte seirbhíse Gaeltachta agus tacaíocht curtha ar fáil le ceanneagraíochtaí a chur ar bun.<br><br>Ardú feasachta ar An Próiseas Pleanála Teanga<br>Ritheadh an mórfheachtas ardaithe feasachta ar phleanáil teanga lasmuigh den Ghaeltacht, Gaelphobal, le linn mí Meithimh agus Iúil. D'éirigh go maith leis an fheachtas uile-oileánda seo ina raibh an na 5 Líonra Gaeilge agus 2 Baile Seirbhíse Gaeltachta lánpháirteach. Seoladh, le linn an fheachtais chomh maith, suíomh tairsí úr mar lárphointe eolais don phleanáil teanga, www.gaelphobal.ie, agus ag a bhfuil raon leathan de thacaíochtaí ar nós físeán, podchraoltaí agus deiseanna tacaíochta. Baineadh amach 'media reach' iomlán de 6.2 milliún duine mar thoradh ar an fheachtas seo. |

| Uimhir 2.2 | **I gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil chun tacú leis an bpróiseas, agus ag cur tosca ábhartha eile san áireamh, breathnóidh an Roinn ar na féidearthachtaí glacadh le tuilleadh ceantair chun críche aitheantais mar Líonraí Gaeilge faoin bpróiseas in 2019 agus níos faide anonn.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Foras na Gaeilge**<br>Roghnaíodh cúig iarratasóir rathúla le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú ar son na gceantar seo a leanas sa dlínse ó dheas:<br>• Inis i gContae an Chláir,<br>• Cluain Dolcáin i gContae Bhaile Átha Cliath<br>• Baile Locha Riach i gContae na Gaillimhe<br>Sa dlínse ó thuaidh:<br>• Carn Tóchair i gContae Dhoire agus<br>• Iarthar Bhéal Feirste i gContae Aontroma.<br>Ceapadh Oifigeach Pleanála Teanga i ngach Líonra agus cuireadh tús le cur i bhfeidhm na bpleananna teanga sa dara leath de 2022. Tá Foras na Gaeilge ag súil le babhta eile de Scéim Líonraí chun Líonraí Gaeilge féideartha eile a aithint. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.3 | **Mar bhunlíne tacaíochta faoin bpróiseas, cuirfear allúntas ar bhonn Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, ar fiú suas le €100,000 go bliantúil é, ar fáil chun tacú le feidhmiú pleananna faofa. Cuirfear allúntas suas le €150,000 ar fáil do limistéir faoi leith a chomhlíonann critéir cháilithe faoi leith atá foilsithe cheana féin. Ag brath ar na riachtanais áitiúla, mar a aithnítear iad, cuirfear ar chumas na gceanneagraíochtaí pleanála teanga Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú chun cúram a dhéanamh d'fheidhmiú pleananna ar bhonn áitiúil sna ceantair Ghaeltachta faoi leith. Déanfar é seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an beart seo á chur i bhfeidhm i ngach LPT & BSG de réir mar a cheadaítear a bpleananna faoin bpróiseas agus an buiséad atá ag dul dóibh. Faoi dheireadh 2022 infheistíocht iomlán de €3.2 milliún i gceist do chur i bhfeidhm na bpleananna teanga a bhí ceadaithe. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.4 | **Ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil, féachfar chuige go dtacófar le tionscnaimh faoi leith a eagrófar ar bhonn lárnach ar mhaithe le tacú tuilleadh leis an bpróiseas. Áireofar sna tacaíochtaí seo:<br>oiliúint;<br>feasacht teanga mar a bhaineann leis an bpobal trí chéile, chomh maith le haicmí faoi leith den phobal agus d'earnálacha eile;<br>pacáiste tacaíochta teanga don earnáil ghnó; agus<br>scéim aitheantais faoi leith faoina n-aithneofar cuideachtaí/lucht gnó sa Ghaeltacht a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa ghnó.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **FnaG**:<br>Ardú Feasachta |

| | |
|---|---|
| | Ritheadh an mórfheachtas ardaithe feasachta ar phleanáil teanga lasmuigh den Ghaeltacht, Gaelphobal, le linn mhí an Mheithimh agus Iúil in 2022 D'éirigh go maith leis an bhfheachtas uile-oileánda seo ina raibh an 5 Líonra Gaeilge agus 2 Baile Seirbhíse Gaeltachta lánpháirteach. Seoladh le linn an fheachtais chomh maith, suíomh tairsí úr mar lárphointe eolais don phleanáil teanga, www.gaelphobal.ie, agus ag a bhfuil raon leathan de thacaíochtaí ar nós físeán, podchraoltaí agus deiseanna tacaíochta. Baineadh amach 'media reach' iomlán de 6.2 milliúin duine mar thoradh ar an fheachtas seo. Reáchtáladh sraith de chruinnithe poiblí faoin Phróiseas Pleanála Teanga i Maigh Cromtha, ar an Uaimh agus in Áth Buí. Rinne Foras na Gaeilge ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag Mórchomhdháil Eorpach NPLD i nDeireadh Fómhair 2022 agus tugadh cur i láthair ar ról reachtúil na pleanála teanga.<br><br>Oiliúint agus Gréasánaíocht<br>D'eagraigh Foras na Gaeilge mórthionóil ar líne ag tús 2022 le hionadaithe ó na 36 eagraíocht forbartha pobail, ceanneagraíochtaí Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí ina measc. I gcomhar le Glór na nGael, reáchtáladh 6 seisiún oiliúna le hoifigigh forbartha Gaeilge agus oifigigh phleanála teanga, ina measc mórchomhdháil na hearnála pobail Gaeilge a eagraíodh i gCill Airne ar 03 Samhain 2022.<br><br>Scéim Tacaíochta Gnó<br>Tríd an Scéim Tacaíochta Gnó in 2022, cuireadh maoiniú meaitseála ar fáil do 45 gnólacht a chinn ar bhrandáil dhátheangach, idir chomharthaíocht, phacáistíocht agus mhargaíocht dhigiteach a dhéanamh. Bhí ciste de €58,000 ar fáil tríd an scéim agus tháinig iarratais ó 43 contae ar fud an oileáin.<br><br>Áiseanna Tacaíochta Gnó<br>Tá 33 sain-áis tacaíochta don earnáil gnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón gcóras féinordaithe ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge – www.forasnagaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/ar-rol-ag-tacu-leatsa/gno-means-business/acmhainni-gno/. Tá rogha de chomharthaí féinghreamaithe, suaitheantais, póstaeir, bileoga agus earraí tacaíochta eile sa phacáiste chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht ghnó. In 2022 dáileadh 18,020 áis ina n-iomláine go 23 contae ar fud na tíre. Is í an bhileog A Little Irish Made Easy an áis is mó a iarradh.<br><br>Gradaim Gnó |

| | |
|---|---|
| | Faoi choimirce Ghlór na nGael, reáchtáladh an scéim nua-fhógraithe dírithe ar an earnáil ghnó, Gradaim Gnó (www.gradaim.ie). Rinneadh moltóireacht ar bhreis agus 160 gnólacht agus, ag searmanas oifigiúil i mBÁC ar 15 Samhain, bronnadh boinn aitheantais ar 84 gnólacht bunaithe ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil, úsáid na Gaeilge i mbrandáil a gcuid táirgí nó ar a gcuid comharthaíochta/ábhar margaíochta.<br><br>Q-Mharc don Ghaeilge<br>Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) scrúdú bliantúil ar na próisis a bhaineann leis an Q-Mharc faoi stiúir Fhoras na Gaeilge agus d'athdheimhnigh siad an séala aitheantais ardchaighdeáin seo mar chaighdeán de chuid ISO 9001:2015. Chuir an t-iniúchóir seachtrach 4 ghnólacht eile faoi scrúdú le linn 2022 agus bronnadh an 2 séala Q-Mharc Gnó le Gaeilge orthu in 2022. Tá 10 gnólacht eile aitheanta le tús a chur leis an bpróiseas iniúchta in 2023. Tá plé ar siúl le Glór na nGael leis an ceangal idir an Q-Mharc agus Gradam Gnó, scéim úr aitheantais ar thosaigh Glór na nGael uirthi in 2022, a threisiú.<br><br>**ÚnaG**<br>Cur chun cinn na Gaeilge i measc lucht gnó<br>Le linn na bliana choimisiúnaigh an tÚdarás obair thaighde le eolas a fháil maidir le húsáid na Gaeilge i ngnólachtaí sna réimsí miondíol agus féilteachais ar fud na Gaeltachta. Tá sé mar sprioc go mbeadh aiseolas agus moltaí ag teacht ón taighde a bheadh mar bhunús do chlár tacaíochta a sholáthar dírithe ar chun cinn na Gaeilge i measc lucht gnó sa Ghaeltacht.<br><br>Oiliúint agus Cumasús sa réimse Pleanála Teanga<br>Eagraíodh sraith seimineár agus ceardlanna d'Oifigigh Pleanála Teanga i réimsí a bhaineann leis an próiseas pleanála teanga. I gcomhar le hAcadamh na hOllscoile Gaeilge cuireadh roinnt modúil ar fáil i réimsí cuí chomh maith. |

| **Uimhir 2.5** | **Cuirfear feachtas feasachta teanga ar siúl a bheidh mar aidhm aige pobal na Gaeltachta a mhealladh le bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga ar bhealach atá praiticiúil, spreagúil agus tarraingteach agus a thógann na spriocghrúpaí go léir san áireamh. Déanfar suíomh idirlín, chomh maith le hábhar tacaíochta eile, a fhorbairt mar chuid den phlean feasachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leantar leis an bpoiblíocht ar bhun áitiúil sna LPT agus sna BSG. Cuireadh tús le forbairt ábhar físeáin a dhéanann cur síos ar an obair atá ar siúl sa réimse pleanála teanga agus beidh na físeáin sin a dtaifead agus á seoladh in 2023. |

| Uimhir 2.6 | **Féachfar le tacaíocht a chur ar fáil in am tráth chun cuidiú le feidhmiú pleananna aontaithe faoin bpróiseas i leith na mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge araon.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **ÚnaG**<br>Tar éis aighneachtaí agus plé ó ionadaithe ó na ceanneagraíochtaí pleanála teanga sna BSG, aontaíodh go n-ardófaí an buiséid bhliantúil a bhí ar fáil d'fheidhmiú phleananna teanga na mBSG-anna ó €80,000 go €100,000 le linn na bliana. |

| Uimhir 2.7 | **I gcomhar le páirtithe leasmhara san earnáil oideachais agus oiliúna ach go háirithe, tacófar tuilleadh le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil/cumais sa réimse pleanála teanga a sholáthar tuilleadh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Eagraíodh sraith seimineár agus ceardlanna d'Oifigigh Pleanála Teanga i réimsí a bhaineann leis an próiseas pleanála teanga i gcomhpháirtíocht le aoi-chainteoirí, saineolaithe agus ionadaithe ó eagrais Ghaeilge lena gcuid saineolais in ábhar cuí a roinnt agus sraith ceardlanna i gcomhar le hAcadamh na hOllscoile Gaeilge le linn na bliana. |

| Uimhir 2.8 | **Ar mhaithe le nasc níos fearr idir na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge a chothú, tacófar le bunú scáthghrúpa a bheidh in ann feidhmiú thar ceann na ngrúpaí thuasluaite agus comhpháirtíocht agus deiseanna forbartha eile a chothú idir na ceanneagraíochtaí agus na forais ábhartha stáit.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG, CPT |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **ÚnaG:**<br>Leanann ÚnaG leis an cur chuige atá socraithe. Tá fochoiste bunaithe agus ionadaithe ó na hOPTanna agus bíonn plé rialta acu leis an Údarás maidir le ábhar a bhaineann leis an phróiseas. |

| Uimhir 2.9 | **De réir mar a aithnítear an gá agus an t-éileamh, déanfar acmhainní tacaíochta, ar nós na Treoirlínte Pleanála Teanga, an t-amharcóir mapa (GIS) agus ábhar feasachta eile a fhorbairt tuilleadh ar bhonn lárnach.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **FnaG**<br>Ritheadh an mórfheachtas ardaithe feasachta ar phleanáil teanga lasmuigh den Ghaeltacht, Gaelphobal, le linn mí an Mheithimh agus Iúil. D'éirigh go maith leis an fheachtas uile-oileánda seo ina raibh an 5 Líonra Gaeilge agus 2 Baile Seirbhíse Gaeltachta lánpháirteach. Seoladh le linn an fheachtais chomh maith, suíomh tairsí úr mar lárphointe eolais don phleanáil teanga, www.gaelphobal.ie, agus ag a bhfuil raon leathan de thacaíochtaí ar nós físeán, podchraoltaí agus deiseanna tacaíochta. Baineadh amach 'media reach' iomlán de 6.2 milliúin duine mar thoradh ar an fheachtas seo.<br><br>**ÚnaG**<br>Choimisiúnaigh an tÚdarás obair thaighde le eolas a bhailiú maidir le húsáid na Gaeilge i ngnólachtaí sna réimsí miondíol agus féilteachais ar fud na Gaeltachta. Tá sé mar sprioc go mbeadh aiseolas agus moltaí ag teacht ón taighde a bheadh mar bhunús do chlár tacaíochta chomh maith le hábhar tacaíochta agus feasachta a fhorbairt dírithe ar bhealaí chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc an lucht gnó sa Ghaeltacht |

| Uimhir 2.10 | **Ar mhaithe le tacú tuilleadh le forbairt na n-ealaíon traidisiúnta ar bhealach a bheidh ar leas na n-ealaíon agus mar shlí chun deiseanna saibhrithe agus sealbhaithe teanga a chur ar fáil d'aos óg na Gaeltachta, cuirfear maoiniú breise ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta chun forbairt chórasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sna healaíona traidisiúnta do dhaoine óga ar fud na gceantar Gaeltachta uile. (Tá sonraí breise maidir lena bhfuil beartaithe a dhéanamh chun tacú tuilleadh leis na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge traidisiúnta faoi Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht.)** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, EnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh le gníomhaíochtaí an chlár Cuisle, a bhfuil sé mar aidhm aige cláir teagasc agus ranganna sna healaíona traidisiúnta agus sa drámaíocht chur chun cinn i measc an óige ar fud na Gaeltachta le linn na scoilbhliana. Aontaíodh clár 3 bliana leis an RTCEGS&M agus tá soláthar buiséad bliantúil €1,240,000 do EnaG leis an chlár gníomhaíochtaí Cuisle a fheidhmiú. |

| | |
|---|---|
| | D'fháiltigh teagascóirí agus rannpháirtitheroimh an deis filleadh ar ranganna beo don bhliain agus d'fhreastail 2,400 rannpháirtí ar ranganna sna Gaeltachtaí go náisiúnta.<br><br>Leanadh le ranganna sna healaíona dúchasacha i nGaeltacht Chonamara agus Árainn. Faoi láthair tá freastal á dhéanamh ar 22 scoil i naoi Limistéar Pleanála Teanga. Tá 17 rang iarscoile ar siúl i sé ionad iar-scoile. Tá os cionn 850 duine óg rannpháirteach sa chlár.<br><br>Tá freastal á dhéanamh ar chúig Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht Dhún na nGall trí ranganna sna hEalaíona Dúchasacha a chur ar fáil i gcúig bhunscoil agus tríd an Scoil Cheoil. Is 33 rang-ghrúpa in aghaidh na seachtaine agus 21 rang aonaracha a chuirtear ar fáil sa scoil cheoil. Tugtar deiseanna tríd an mbanna ceoil An Crann Óg agus cuirtear ceolchoirmeacha ar fáil. Tá an clár seo ag freastal ar 350 duine óg.<br><br>Cuireadh tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí i sé Limistéar Pleanála Teanga go náisiúnta ranganna sna hEalaíona Dúchasacha a chur ar fáil i scoileanna agus ionaid iar-scoile. Tá breis agus 1,200 duine óg rannpháirteach sa chlár sin.<br><br>Tá clár oiliúna leathan le deiseanna d'eagraíochtaí agus teagascóirí á chur ar fáil. Cuireadh tús in 2022 le cúrsa úr ceannaireachta dírithe ar scoláirí idirbhliana i gConamara. Cuireadh béim ar scileanna ceannaireachta, scileanna teagaisc agus deiseanna taithí oibre chomh maith le scileanna forbartha i gcóiriú agus cumadh an cheoil.<br>I gcomhpháirt le heagraíochtaí náisiúnta Hub na nÓg agus an NYCI cuireadh deiseanna oiliúna ar fáil d'eagraíochtaí agus do theagascóirí i réimse Chearta an Linbh. Tugtar deiseanna d'eagraíochtaí, ealaíontóirí agus teagascóirí freastal ar chúrsaí atá curtha ar fáil ag Ealaín na Gaeltachta, mar shampla, cúrsa sna meáin shóisialta agus cúrsa cosaint linbh.<br><br>Cuirtear tacaíocht ar fáil d'imeachtaí neamhfhoirmiúla, pobalbhunaithe chun deiseanna rannpháirtíochta a fhorbairt i measc na hóige. Bíonn daoine óga páirteach i réimse leathan ceolchoirmeacha, seisiún, oícheanta airneáin, ceardlanna agus máistir-ranganna. Cuireadh deiseanna ar fáil do ghrupa óganaigh freastal ar Scoil Cheoil an Earraigh i gCorca Dhuibhne agus tacú le himeachtaí eile le linn an Oireachtai |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.11** | Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil ar bhonn lárnach mar a bhaineann sé le réimse an luathoideachais agus an teaghlaigh. (Tá tuilleadh sonraí faoi na bearta seo faoi Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath). |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CNNG, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Comhar Naíonraí na Gaeltachta**<br>Le linn na scoilbhliana 2022 bhí 1,873 páiste ag freastal ar 121 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.<br><br>Faoin gclár maoinithe atá ar fáil bhí CNNG ag soláthar na Scéime Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile (SSRI) do 11 seirbhís sa Ghaeltacht. Tá cúntóir teanga agus tacaíochta teanga ag na seirbhísí seo chun tacú le forbairt teanga sna seirbhísí.<br>Bhí comhairle á cur ar fáil ag CNNG do 35 seirbhís a bhíonn ag feidhmiú don mhórchuid trí Bhéarla sa Ghaeltacht don scoilbhliain 2022, 45 seisiún i 35 ionad ina bhfuil freastal á dhéanamh ar c.806 páiste ina iomláine, chun úsáid na Gaeilge a spreagadh sna seirbhísí sin.<br><br>Cuireadh tacaíocht agus ábhar feasachta ar fáil do na seirbhísí Naíolainne, Naíonraí agus Iarscoile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht.<br>Seoladh amach pacáiste álainn rannta/dánta chuig gach seirbhís. Ghlac seacht seirbhís as na trí Réigiún páirt in taifead dlúthdhiosca dírithe ar pháistí óga.<br><br>Fuair gach seirbhís atá cláraithe pacáiste nua leabhar agus tá sé beartaithe pacáiste bliantúil a chur ar fáil mar áis do na seirbhísí.<br><br>Reachtaladh ceardlanna oiliúna in trí réigiún Gaeltachta agus d'fhreastail 148 Múinteoir ar na ceardlanna seo.<br><br>Tacaítear le scéim oiliúna an Údaráis chun daoine a mhealladh le QQI Leibhéal 6 nó céim sna luathbhlianta a bhaint amach.<br><br>Cuireadh pacáistí nua rannta/dánta le chéile.Is dánta/rannta nua-chumtha den chuid is mó atá sa phacáiste agus beidh an pacáiste seo ar fáil do na seirbhísí faoin Scéim Tacaíochta Teanga.<br><br>Tá an scéim Nasc leis an mbunscoil "Mo scéal" a dhéanamh i ngach Naíonra leis na bunscoileanna agus is cuid thábhachtach é seo den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.<br><br>Thug CNNG cuireadh do na OPTs sna réigiún freastal ar chruinnithe tús bliana na Naíonraí a bhí ar siúil i Mí Bealtaine 2022. Bhí na cruinnithe seo ar líne (Zoom) agus bhí deis ag na OPTanna cur i láthair a dhéanamh agus eolas a roinnt leis na tuismitheoirí faoin obair atá ar bun acu agus an tábhacht atá le |

| | |
|---|---|
| | labhairt na Gaeilge ag baile. Tugadh cuireadh do gach tuismitheoir a bhí ag clárú a bpáistí le seirbhísí CNNG freastal ar na cruinnithe seo.<br><br>Tá CNNG lárnach sa tionscnamh An Leabharlann Bheag a bhfuil mar aidhm aige grá don léitheoireacht a spreagadh i measc leanaí óga.<br><br>**Tuismitheoirí na Gaeltachta**<br>Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí 2,104 teaghlach Gaeltachta ar bhunachar Thuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) agus teagmháil rialta ag an eagraíocht leo. As an méid sin ghlac 936 teaghlach páirt ghníomhach in imeachtaí na heagraíochta, bhain páistí ó 189 teaghlach leas as ranganna agus campaí TnaG agus bhain 782 páiste agus duine óg leas as seirbhísí a cuireadh ar fáil i scoileanna agus an scéim Litir chuig Santaí. Cuireadh 1,277 imeacht ar fad ar bun in 2022 – 332 ócáid shóisialta do theaghlaigh, 898 rang don aos óg agus 47 imeacht sna scoileanna. Bhí teagmháil ag TnaG le teaghlaigh i ngach uile cheann den 26 LPT in 2022. Tá socraithe le déanamh leis an 3 BSG atá suite sa Ghaeltacht a chur le cúraimí TnaG in 2023.<br><br>Tá ag éirí le TnaG ráta lán fhostaíochta 100% a bhaint amach agus tá an sprioc de sheisear ball foirne fostaithe go seasmhach ó dheireadh 2020. Maraon leis seo, tá ball foirne páirt aimseartha fostaithe ó Iúil 2022.<br><br>Bhí an dara plean trí bliana (2021-2023) á chur i bhfeidhm le linn tréimhse na tuarascála seo. Bhí béim mhór ar imeachtaí agus ócáidí sóisialta go dtí seo agus forbairt déanta ar seo i bplean 2021-2023 mar a bhfuil béim ar an ngréasánú agus an líonrú.<br>I measc na mbearta nua a chuir TnaG ar bun in 2022, tá 'Cuideachta' an Clár do Teaghlaigh Ghaeltachta. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo cur leis an líonrú agus an gréasánú tacaíochta go leanúnach idir theaghlaigh ar bhonn LPT. Comhoibriú atá ann idir Oifigigh Forbartha TnaG agus na OPT. Cuireadh Cuideachta ar bun i 7 LPT in 2022, bhí 98 teaghlach páirteach agus cuireadh 27 ócáid ar bun. Sa bhreis ar seo cuireadh ócáidí éagsúla eolais agus sóisialta ar fáil agus bhí teagmháil ag Oifigigh Forbartha TnaG le os cionn 55 teaghlach agus OPT ó 9 LPT eile.<br><br>Cuireadh tús leis an gclár 'Babaí ar an mBealach' i Mí Iúil 2022, sraith ceardlanna réamhbhreithe dírithe ar lánúineacha a bheadh ag súil le páiste. Clár iomlán nua é seo agus bhain 22 teaghlach as 8 LPT leas as. |

| | |
|---|---|
| | Leanadh leis an bhforbairt ar raon imeachtaí do theaghlaigh le páistí 0-4 bliana le linn 2022. Cuireadh grúpaí breise Gligíní ar bun (grúpaí spraoi do thuismitheoirí agus leanaí óga), cuireadh leis na seirbhísí suathaireachta do thuismitheoirí agus naíonáin agus ceardlanna éagsúla eile bunaithe ar chaidreamh an tuismitheora leis an leanbh agus ar luath-fhorbairt leanúnach an linbh.<br><br>Bhunaigh TnaG 'An Cinema Gaelach' an chéad club scannánaíochta do theaghlaigh i nGaeilge in 2022 agus leanadh leis na himeachtaí is mó atá á gcur ar fáil ag TnaG agus a bhfuil an-tóir orthu go fóill Siamsán na nÓg (ócáidí siamsaíochta don teaghlach) agus Litir chuig Santaí.<br><br>Bhí an-éileamh ar an bPacáiste Tacaíochta Teanga arís in 2022. Is pacáiste aonuaire é seo atá ar fáil do theaghlaigh atá ina gcónaí ar oileán na hÉireann agus a bhfuil páiste amháin ar a laghad faoi bhun 5 bhliana acu. Scaipeadh 2,096 PTT in 2021 (153 dóibh sin sa Ghaeltacht). Ceadaíodh maoiniú breise i Mí Iúil 2022 le coinneáil leis an éileamh breise seo.<br><br>Deineadh forbairt ar leith ar 'Teacht in Inmhe' (i gcomhar le Teacht Aniar) in 2022, cár cinnireachta Gaeltachta do dhaltaí san idirbhliain i scoileanna Gaeltachta. Ceithre chuid atá i gceist le Teacht in Inmhe: Forbairt Phearsanta, Forbairt Pobail, Feasacht Teanga agus An Éiceolaíocht mar Fhoinse Féiniúlachta. Tá dréacht den gclár curtha ar fáil ag Ionad na Gaeilge Labhartha, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh agus táthar le coiste comhairleach a chur le chéile in 2023, a mbeidh múinteoirí agus ionadaithe pobail mar chuid de, leis an gclár a mheas.<br><br>Tá dhá mhór-thogra réitithe in 2022 agus súil iad a sheoladh in 2023.<br>Feachtas Feasachta: Tá taifead déanta le 11 teaghlach ó 10 LPT ar fud na Gaeltachta a bheidh mar bhunús don bhfeachtas, a bheidh ar bun ar na meáin uile (meáin shóisialta, craolta agus clóite) in 2023.<br><br>Suantraí: Tá taifead déanta ar bhailiúcháin de shuantraithe ó mháithreacha Gaeltachta agus súil iad a chur ar fáil in aisce do thuismitheoirí ar ardáin dhigiteacha éagsúla. Beidh na hamhrán agus na focail ar fáil do 32 Suantraí ó Dhún na nGall, Conamara, Corca Dhuibhne, na Déise agus Múscraí.<br><br>Údarás na Gaeltachta<br>Cheadaigh Údarás na Gaeltachta maoiniú de €590,000 le tacú le Comhar Naíonraí na Gaeltachta seirbhísí luathoideachais trí Ghaeilge a reáchtáil sa Ghaeltacht. Le linn na scoilbhliana 2021/22 bhí 1,768 páiste ag freastal ar 113 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. |

| Uimhir 2.12 | **Tacóidh Foras na Gaeilge le cothú feasachta i leith an phróisis pleanála teanga trí fheachtais réigiúnacha agus náisiúnta a chomhordú taobh amuigh den Ghaeltacht.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ritheadh an mórfheachtas ardaithe feasachta ar phleanáil teanga lasmuigh den Ghaeltacht, *Gaelphobal*, le linn mí Meithimh agus Iúil in 2022 D'éirigh go maith leis an fheachtas uile-oileánda seo ina raibh an 5 Líonra Gaeilge agus 2 Baile Seirbhíse Gaeltachta lánpháirteach. Seoladh le linn an fheachtais chomh maith, suíomh tairsí úr mar lárphointe eolais don phleanáil teanga, www.gaelphobal.ie, agus ag a bhfuil raon leathan de thacaíochtaí ar nós físeán, podchraoltaí agus deiseanna tacaíochta. Ar an iomlán, shroich an feachtas 6.2 milliún duine. Reáchtáladh sraith de chruinnithe poiblí faoin Phróiseas Pleanála Teanga i Maigh Cromtha, ar an Uaimh agus in Áth Buí. Rinne Foras na Gaeilge ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag Mórchomhdháil Eorpach NPLD i nDeireadh Fómhair 2022 agus tugadh cur i láthair ar ról reachtúil na pleanála teanga. |

## An Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.13 | **Leanfar ag tacú le hinfreastruchtúr teanga agus pobail na Gaeltachta trí infheistíocht i raon leathan scéimeanna, beart agus tionscnamh (caipitil agus reatha) atá á riar ag an RTCEGSM faoi láthair. Áirítear leis na scéimeanna sin, an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga; Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge; Scéim na gCúntóirí Teanga; agus Scéim na gCampaí Samhraidh.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ceadaíodh 14 togra nua agus íocadh maoiniú i leith 22 togra faoi chiste caipitil and Chláir Tacaíochta Pobail agus Teanga i rith an tréimhse thuairiscithe.<br>Cuireadh maoiniú as an gciste reatha ar fáil do 16 eagraíocht Gaeltachta chun a gcláir oibre a chur i gcrích. Is ar bhun 3 bliana a cheadaítear maoiniú do na heagrais éagsúla chun pleanáil do todhchaí a éascú dóibh. Maidir leis scéimeanna atá á maoiniú faoin gclár tá:<br>• Scéim na gCúntóirí Teanga (Breis agus €4m. ceadaithe don tréimhse 2022-2025);<br>• Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (Cuireadh suas le €4.4m ar fáil don scéim seo don bhliain 2022);<br>• Scéim na gCampaí Samhraidh (€330,000 ceadaithe d'Údarás na Gaeltachta ar bhonn bliantúil)<br>Clár na gCluichí Gaelacha (Breis agus €500,000 ceadaithe don tréimhse 2022-2025 i nGaeltachtaí Chonnacht agus na Mumhan).<br><br>**Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge**<br>Déanadh athoscailt ar córas na gColáistí Gaeilge arís in 2022 tar éis don chóras a bheith dúnta ar feadh dhá bhliain de bharr COVID-19.<br><br>Reáchtáil 40 Coláistí Gaeilge cúrsaí Gaeilge le linn 2022 mar seo a leanas:<br>• 249 cúrsa san iomlán, ina measc sin bhí 29 gearrchúrsaí 3 oíche, beart eisceachtúil a bhí anseo chun cabhrú le córas na gColáistí Gaeilge athoscailt arís. Thug sé an deis do scoláirí iarbhunscoile a chaill amach ar an seans le linn COVID-19 nuair a bhí an córas dúnta.<br>• D'fhreastal 25,416 scoláire ar na cúrsaí seo.<br>• Bhain caiteachas iomlán de €4,339,022 le Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge in 2022.<br>• Ardaíodh an deontas laethúil a íoctar le teaghlaigh a choinníonn scoláirí ar íostas ó €10 go €12- ardú beagnach 20%. |

| | |
|---|---|
| | <ul><li>Ardaíodh an deontas tosaithe aon uaire atá iníoctha do theaghlaigh a cláraíonn faoin scéim ó €2,000 go €6,000.</li><li>Ardaíodh an ciste DEIS Gaeltachta ó €50,000 go dtí €400,000 chun freastal ar iar-bhunscoileanna DEIS na tíre freastal an chúrsa Gaeilge le linn an tsamhraidh.</li></ul> |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.14** | **Maidir leis an gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga, leanfar ag cur cúnamh reatha ar fáil d'eagraíochtaí éagsúla Gaeltachta chun cabhrú leo an Ghaeilge a threisiú mar phríomhtheanga na Gaeltachta, go háirithe i measc daoine óga sa Ghaeltacht sna réimsí faoi leith a mbíonn baint acu leo sa Ghaeltacht. Ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an clár ag tacú ar an gcaoi is fearr is féidir leis an bpróiseas pleanála teanga, déanfar cinnte de go bhfuil na critéir faoina ndéantar iarratais ar chúnamh faoin gclár ag luí isteach le cuspóirí an phróisis trí chéile.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Thosaigh na scéimeanna ar fad ag feidhmiú mar ba ghnáth sa tréimhse tuairiscithe seo tar éis impleachtaí na paindéime.<br>Chuir Clár na gCluichí Gaelacha ag suas le 156 uair teagaisc ar fáil i suas le 74 bunscoil agus iarbhunscoil sna Gaeltachtaí éagsúla sa tréimhse seo. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.15** | **Chun tacú tuilleadh le deiseanna a thabhairt d'aos óg na tíre chun an Ghaeilge a shaibhriú, a shealbhú agus a chleachtadh mar theanga labhartha, leanfar ag tacú le córas na gcoláistí Gaeilge trí Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RO, CONCOS, Coláistí Gaeilge |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **DEIS Gaeltachta**<br>Reáchtáladh an tionscnamh seo in 2022 agus cuireadh méadú le leithdháileadh na tionsnamh ó €50,000 in 2019 go €400,000 in 2022. Thug sé seo deis do bhreis agus 420 mac léinn leas a bhaint as an tionscnamh DEIS Gaeltachta in 2022.<br><br>**ERASMUS Gaeltachta**<br>Ghlac 77 mac léinn páirt sa scéim Erasmus in 2022<ul><li>**Gaillimh – 40**</li><li>**Dún na nGall – 8**</li><li>**Port Láirge – 29**</li></ul>**Árainn Gaeltacht**<br>D'éirigh go maith leis an scéim seo in 2022 agus d'fhreastal 29 mac léinn ar na trí Oileán Árainn le linn an tréimhse sin. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.16 | **Bunófar Scéim Scoláireachtaí faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge chun cabhrú le daltaí iarbhunscoile atá ag freastal ar scoileanna DEIS freastal ar choláistí samhraidh.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2019 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Féach faoi bheart 2.15 thuas. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.17 | **Mar thaca faoi leith d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga araon, cuirfear maoiniú breise ar fáil faoi Scéim na gCúntóirí Teanga i dtreo féachaint chuige go ndéanfar freastal ar an éileamh do chúntóirí teanga i ngach scoil atá aitheanta ag an RO faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.**<br>**Ina theannta sin, cuirfear i bhfeidhm moltaí a eascróidh as an athbhreithniú atá ar bun ag an Roinn faoi láthair ar an Scéim, de réir mar is cuí, ar mhaithe le cur le héifeacht na Scéime (Meitheamh 2018).** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean an Scéim ar aghaidh ar an talamh mar ba ghnáth tar éis tréimhse na paindéime.<br><br>Cuireadh an leabhrán 'Ról an Chúntóra' ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad mar áis. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.18 | **Maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh, méadófar an maoiniú a chuirtear ar fáil chun gur féidir tuilleadh campaí samhraidh a reáchtáil do dhaoine óga na Gaeltachta, ar mhaithe leis an teanga a shaibhriú ina measc.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Reáchtáladh 179 campa sna Gaeltachtaí éagsúla in 2022 ar a fhreastal breis agus 6,500 páiste. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.19 | **Leanfar ag cur tacaíochta ar fáil d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG, chun deiseanna oideachais tríú leibhéal a chur ar fáil trí Ghaeilge in ionaid Ghaeltachta na hollscoile. Díreofar ar fhorbairt a dhéanamh ar na deiseanna sin agus oiriúnú a dhéanamh ar na cláir éagsúla a sholáthraíonn an tAcadamh chun tacú tuilleadh le cur chun cinn an phróisis pleanála teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta araon.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OÉG |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh ag cur tacaíochta ar fáil d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa tréimhse seo (féach 1.42, 1.47 agus 1.48 thuas). Níor éirigh leis an Acadamh duine le PhD sa Luathoideachas a earcú sa tréimhse seo ach tá iarrachtaí ar bun é seo a bheith ar fáil do bhliain acadúil 2023/2024 anois. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.20** | **Leanfar ag cur gníomhaíochtaí aclaíochta agus oiliúint i scileanna peile, iománaíochta agus liathróide láimhe ar fáil do dhaoine óga na Gaeltachta trí ghréasán na scoileanna agus breathnófar ar an gcaoi is fearr le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na tacaíochtaí reatha sin sna ceantair Ghaeltachta ar fad.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CLG, Muintearas |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Thosaigh an scéim seo ag feidhmiú mar is gnáth arís tar éis tréimhse na paindéime.<br>Cuireadh suas le 83 uair teagaisc ar fáil i 62 scoil Ghaeltachta i gCúige Chonnacht i gcomhar le Comhairle Chonnacht.<br>Cuireadh suas le 73 uair teagaisc ar fáil i 25 scoil Ghaeltachta i gCúige Mumhan i gcomhar le Comhairle na Mumhan.<br>Chuir Muintearas an Clár Aclaíochta Spóirt ar fáil don téarma 2021/2022, 3 théarma scoile, do 17 bunscoil agus 1 scoil speisialta i nGaeltacht na Gaillimhe a rinne freastal ar 1039 daltaí scoile. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.21** | **Cuirfear tuilleadh acmhainní ar fáil ar mhaithe le tacú tuilleadh leis an raon seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil d'aos óg na Gaeltachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ceadaíodh maoiniú breise de €37,218 do Chomhairle Chonnacht faoi Chlár na gCluichí Gaelacha chun cur ar a gcumas 16 uair teagaisc a chur a fáil i 10 mbunscoil agus 4 iarbhunscoil i nGaeltacht Mhaigh Eo. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.22** | **Maidir leis an gClár Tacaíochtaí Pobail & Teanga, leanfar ag cur cúnamh caipitil ar fáil d'eagraíochtaí pobalbhunaithe na Gaeltachta chun cabhrú leo leis na costais a bhaineann le háiseanna pobail a thógáil nó a athchóiriú agus chun trealamh nó troscán a cheannach.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CEÁ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh maoiniú ar fáil do choistí spóirt chun feabhas a chur agus áiseanna a fhorbairt sna ceantair éagsúla. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.23 | **Ag cur san áireamh an gealltanas atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, féachfar chuige go mbainfear leas as an gClár, chun clár forbartha faoi leith a chur ar siúl ar mhaithe le treisiú tuilleadh a dhéanamh ar an ngréasán d'ionaid a mbaintear úsáid astu chun críche cóiríochta do na coláistí Gaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Thángthas ar chomhréiteach leis an páirtithe leasmhara i rith na tréimhse seo maidir le hIonad Oideachais agus Óige a thógáil ar shuíomh Choláiste Lurgan in Indreabhán.<br><br>Ceadaíodh €500,000 chun tabhairt faoin obair dheartha agus forbartha Ionad Óige agus Oideachais Indreabhán. Tá tús curtha eis an obair agus an obair deartha idir lámha. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.24 | **Bainfear leas cuí as an gClár chun macasamhail de chlár infheistíochta a chur ar bun ar mhaithe le treisiú a dhéanamh ar an ngréasán áiseanna luathbhlianta sa Ghaeltacht. (Tá beart faoi leith luaite leis an ngné seo faoi Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath.)** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CNNG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh maoiniú ag an ráta ardaithe 95% ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta sna Gaeltachtaí éagsúla chun ionaid nua a thógáil agus feabhas a chur ar áiseanna atá ann cheana féin. I measc na dtograí a fuair tacaíocht sa tréimhse seo bhí:<br>• Naíonra Ghleann Domhain, Dún na nGall (Foirgneamh buan)<br>• Naíonra na hEachléime, Maigh Eo (Foirgneamh buan)<br>• Naíonra na bhforbacha, Gaillimh (Clós Súgartha)<br>• Áiseanna na hÓige, Ciarraí (Díon nua) |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.25 | **Ar mhaithe le tacú tuilleadh le forbairt na Gaeltachta sa chomhthéacs turasóireachta cultúrtha, bainfear leas as an gClár chun tacú le hÚdarás na Gaeltachta clár infheistíochta a sheachadadh san earnáil seo. (Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo faoi Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta.)** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FÉ, Páirtithe leasmhara áitiúla |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean an obair ar Áras Scéalta an Atlantaigh i rith na tréimhse seo le súil é a bheith ar oscailt i samhraidh 2023. |

| | |
|---|---|
| | Bhí plé leanúnach ar bun le hÚdarás na Gaeltachta maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar Ionad na nImirceach i gCarna, Co. na Gaillimhe.<br><br>D'ardaigh an costas tógála go dtí €3.93m de bharr na hardaithe ginearálta san earnáil tógála. Tá seo maoinithe trí deontas RRDF €2,469,213 (63%), Údarás an Gaeltachta €957,612 (24%) agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin €501,160 (13%). Beidh an tIonad ag oscailt i Meán Fómhair 2023.<br><br>Fuarthas tairiscint de €504,698 leith Ionad na nImirceach i gCárna. Tá réamhoibreacha a bhaineann le cúrsaí léasa á socrú leis an deoise. Leanadh ar aghaidh leis an obair deartha ar an eispíréis i gCarna, Leitir Mealláin agus Ionad Árainn. |

## Ginearálta

| Uimhir 2.26 | **Maidir le soláthar seirbhísí bunchúraim sláinte trí fhoirne bunchúraim, neartófar agus déanfar forbairt ar Fhoireann Seirbhísí Gaeilge FSS, agus tacófar leis na foirne bunchúraim sa Ghaeltacht chun seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht - na ceantair seo ina measc: Gaoth Dobhair, Na Rosa agus Cloich Chionnaola, Co. Dhún na nGall; Conamara agus Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe; agus Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ní dhearnadh aon mheasúnú in 2022 |

| Uimhir 2.27 | **Leanfaidh FSS ag soláthar seirbhísí trí Ghaeilge sna saoráidí seo a leanas: Teach Altranais an Fháil Charraigh; Otharlann an Chlocháin Léith; Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua; Ionad Meabhairshláinte Bhuaile Cheoinín; Áras Rónáin in Árainn agus Ospidéal an Daingin.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil trí Ghaeilge sna hionaid seo. |



# 3

## Réimse Gnímh

# An teaghlach ag cur na teanga ar aghaidh - idirghabáil go luath

# Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath

## Réamhrá

Tá tábhacht nach beag ag baint le seachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin. Tá an ceanneagraíocht Glór na nGael, faoi scáth Fhoras na Gaeilge, ar cheann de na heagraíochtaí is mó a oibríonn sa réimse seo taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta. . Maidir leis an ndul chun cinn ar Teanga Tí, scéim de chuid Ghlór na nGael atá dírithe ar phobal na nGaelscoileanna, bhí 63 líonra teaghlach gníomhach faoi dheireadh 2022. Eagraíodh 351 imeacht poiblí do ghrúpaí teaghlaigh ar bhonn áitiúil le linn na bliana. Chomh maith leis sin foilsíodh agus roinneadh 26 nuachtlitir ar 1,650 teaghlach le linn 2022.

## An soláthar don Ghaeilge a fheabhsú san earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí.

Is rud an-luachmhar é tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge do leanaí óga. Is féidir le seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí páirt thábhachtach a bheith acu anseo, go háirithe i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo.

Oibríonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go dlúth leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin agus an Roinn Oideachais chun an tsraith chuimsitheach gníomhartha a aontaíodh faoin bplean cúig bliana seo a chur i bhfeidhm. Dearadh na gníomhartha seo lena dhearbhú cé chomh tábhachtach agus atá suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí chun forbairt agus athbheochan na Gaeilge a spreagadh. Is í aidhm na gníomhartha seo ná cur leis na bearta, na tacaíochta agus na comhpháirtíochta atá ann faoi láthair i réimse an luathfhoghlama agus cúraim leanaí lán-Ghaeilge, agus feabhas sa bhreis a chur ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí seo.

Clúdaíonn *Na Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh* an tréimhse 2019-2028, agus tá dhá ghníomh ann atá dírithe go háirithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge laistigh den earnáil luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Tá sé i gceist leis na gníomhartha seo a chinntiú go mbíonn fáil ag leanaí sa Ghaeltacht ar sheirbhísí luathfhoghlama lán-Ghaeilge, agus córais a fhorbairt chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do sheirbhísí ina bhfuil sciar mór de na leanaí ag foghlaim trí mheán na Gaeilge.

In 2022, fógraíodh maoiniú €300,000 do Fighting Words ionas go mbeadh ar a gcumas seirbhís a chur ar fáil sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht in imeacht na dtrí bliana 2022/23, 2023/24 & 2024/25. Faoin tionscadal sin cuirtear deiseanna fiúntacha ar fáil don aos óg a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fheabhsú.

In 2022, d'earcaigh an Roinn Chomhordaitheoir Tacaíochta Gaeilge, duine a mbeadh freagrach as an obair a chomhordú chun tacú le forbairt agus úsáid na Gaeilge i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

I measc na ngníomhaíochtaí tábhachta eile a tharla in 2022 tá:

- Tháinig an Grúpa Maoirseachta Náisiúnta le chéile ceithre huaire in 2022 chun obair maidir leis an earnáil a chomhordú. Déanann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige cathaoirleacht ar an ngrúpa seo.

- D'earcaigh an Roinn Comhordaitheoir Tacaíochta Gaeilge in 2022, ag teacht leis na gealltanais atá sa Phlean Gníomhaíochta Cúig Bliana. Tá an Comhordaitheoir freagrach as an obair a chomhordú chun tacú le forbairt agus úsáid na Gaeilge i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí lán-Ghaeilge. Stiúrfaidh an Comhordaitheoir seo an próiseas earcaíochta do phost eile le haghaidh speisialtóra luathbhlianta Gaeilge in 2023.

- Lean an Roinn ar aghaidh ag cur a oiread eolais agus tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí trí Ghaeilge agus ab fhéidir.

- Lean an Roinn ar aghaidh ag déanamh gach iarracht seirbhísí a oibríonn trí mheán na Gaeilge a thacú agus a éascú, lena n-áirítear leagan Gaeilge de na príomhfhoilseacháin a chur ar fáil.

- In 2022, lean an tionscnamh "An Leabharlann Bheag" ar aghaidh le mála leabhar (lena n-áirítear málaí leabhar Gaeilge) ar fáil sna leabharlanna agus leabhair agus acmhainní istigh ann do gach páiste 4 agus 5 bliana d'aois a bheidh ag dul ar scoil i mí Mheán Fómhair. Cuireadh mála leabhar ar fáil do gach seirbhís luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Bhí ábhar i nGaeilge ar fáil i ngach mála agus bhí gach rud i nGaeilge sa mhála leabhar a cuireadh ar fáil do naíonraí.

- Tá gealltanais istigh i "Scileanna a Chothú" – plean lucht saothair d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028, chun tacú le cláir oideachais ghairmiúil agus le forbairt ghairmiúil leanúnach don earnáil trí mheán na Gaeilge. Tá obair idir lámha faoi láthair ar Cúrsa Sealbhú agus Forbairt Teanga d'oideoirí luathbhlianta

Tá tuilleadh eolais maidir leis na gníomhaíochtaí seo ar fáil faoi na gníomhartha ar leith thíos.

## Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Is príomhghníomh i bPolasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 é soláthar oideachais na luathbhlianta a neartú agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do shuíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht a chomhdhlúthú.

Ceann de na gníomhartha tábhachtacha a chuirtear in iúl sa Pholasaí ná líon na naíonraí a oibríonn trí mheán na Gaeilge a mhéadú faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

Cé go bhfuil maoirseacht á déanamh ag Rannán Oideachas na Gaeltachta ar chur i bhfeidhm réimse gníomhartha sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, luathbhlianta san áireamh, is ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ar Údarás na Gaeltachta agus ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá an fhreagracht go príomha maidir le cur i bhfeidhm gníomhartha chun soláthar oideachas luathbhlianta trí mheán na Gaeilge a neartú.

Áirítear leis an tairiscint reatha Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) sa Ghaeilge, atá maoinithe ag an RLCMLÓ, oiliúint cosanta leanaí agus oiliúint san éagsúlacht. Cuireann Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) clár Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI) an Rialtais ar fáil trí mheán na Gaeilge mar aon le bunoiliúint Tús Áite do Leanaí mar chuid de phlean náisiúnta forfheidhmithe LFC Tús Áite do Leanaí.

Chuir TUSLA leagan Gaeilge den mhodúl eFhoghlaim Thús Áite do Leanaí ar fáil. Tá acmhainní a bhaineann leis an gcuraclam luathbhlianta, Treoir Chleachtais Aistear-Síolta, ar fáil as Gaeilge ar shuíomh idirlín na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Tá forbairt fós á déanamh ar an bPlean Forbartha Fórsa Saothair earnáil na luathfhoghlama agus an luathchúraim agus chúram leanaí ar aois scoile. Cuireadh tús le comhairliúchán cuimsitheach poiblí i ndara leath na bliana 2020. Bhí glaoch ar aighneachtaí/suirbhé (a bhí ar fáil do dhuine ar bith), seimineáir ghréasáin agus sraith seisiúin chomhrá ar líne trí Zoom san áireamh sa chomhairliúchán seo.

Tá cigireacht á déanamh ag foireann cigireachta na Roinne Oideachais, ó cuireadh ar bun í in 2016, chun tacú le gníomh tábhachtach eile sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta – chun soláthar seirbhísí cigireachta trí mheán na Gaeilge a mhéadú i naíonraí.

## Tacaíochtaí atá á maoiniú ag an RTCEGSM do theaghlaigh Ghaeltachta chun tacú tuilleadh le cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga

Ceadaíodh maoiniú 3 bliana do thréimhse 2021 go 2023 don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá an eagraíocht ag baint leas as an maoiniú sin chun leathnú a dhéanamh ar an raon tacaíochtaí a sholáthraíonn siad do theaghlaigh atá ag tógáil a gcuid leanaí trí Ghaeilge nó ar mian leo sin a dhéanamh. Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta gníomhach chun an plean oibre seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Leanúint leis an raon imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá ar bun acu cheana lena n-áirítear an Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh; an Clár Litríochta; Litir chuig Santaí; An Clár Ealaíon Béil; Cinema Gaelach, Clubanna leabhar agus seisiúin scéalaíochta.
- Clár nua tacaíochta an Clár Teaghlaigh Gaeltachta a chur ar bun. Faoin gclár seo, oibreofar le teaghlaigh go háitiúil sna ceantair Ghaeltachta chun líonraí tacaíochta a threisiú, chomh maith le tacaíochtaí praiticiúla breise a chur ar fáil dóibh - idir ócáid 'cur in aithne' agus ócáidí sóisialta.

San áireamh san allúntas thuasluaite tá maoiniú á chur ar fáil i leith an Phacáiste Tacaíochta Teaghlaigh, a bunaíodh in 2012 agus a bhfuil an fhreagracht maidir lena riar aistrithe ó RTCEGSM chuig Tuismitheoirí na Gaeltachta ó thús 2019. Beidh forbairt á déanamh ar an bpacáiste sin de réir a chéile.

Ina theannta sin, tá iarratas idir lámha ag an Roinn ó Údarás na Gaeltachta chun Plean Gníomhaíochta do Chur Chun Cinn na Gaeilge i nGnólachtaí Gaeltachta a chur i bhfeidhm go deireadh 2023, bheadh sé seo mar thacaíocht eile don phróiseas pleanála teanga.

### Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **1** | 1 | | |
| 2018-2019 | **1** | | 1 | |
| 2018-2022 | **9** | 1 | 8 | |
| 2019 | **1** | | | 1 |
| 2019-2020 | **1** | | 1 | |
| 2019-2022 | **1** | | 1 | |
| IOMLÁN | **14** | **2** | **11** | **1** |

# Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga Ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath

## An Teaghlach ag Cur na Teanga Ar Aghaidh

| Uimhir 3.1 | **Chun breis tacaíochta a thabhairt do theaghlaigh i gceantair Ghaeltachta a bhfuil a leanaí á dtógáil le Gaeilge acu nó ar mian leo a dhéanamh amhlaidh, is í Tuismitheoirí na Gaeltachta an eagraíocht a mbeidh acmhainní suntasacha á dtabhairt di agus a mbeidh an cúram á leagan uirthi forbairt agus soláthar a dhéanamh ar réimsí tacaíochtaí cuí agus praiticiúla ag leibhéal an phobail ar fud na gceantar Gaeltachta.**<br><br>**Leis an bpacáiste maoinithe atáthar a sholáthar, beidh sé ar chumas na heagraíochta seisear ball foirne riaracháin a cheapadh laistigh den eagraíocht a dhéanfaidh maoirseacht ar fhorbairt agus ar fheidhmiú tacar beart aontaithe ar fud na gceantar Gaeltachta.**<br><br>**Déanfar na tacaíochtaí seo a sheachadadh i gcomhthéacs foriomlán breis tacaíochta a thabhairt don phróiseas pleanála teanga agus don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.**<br><br>**Leagfar cúram ar an eagraíocht chomh maith tuilleadh forbartha agus scaipeadh leanúnach a dhéanamh, thar ceann an RTCEGSM, ar phacáiste tacaíochta teanga (a thug an RTCEGSM isteach den chéad uair in 2012), chomh maith le hábhar eile bolscaireachta agus feasachta mar thacaíocht do theaghlaigh óga Ghaeltachta a bhfuil a leanaí á dtógáil le Gaeilge, nó ar mian leo sin a dhéanamh. Tabharfar faoi seo i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla de réir mar is cuí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **TnaG**<br>Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí 2,104 teaghlach Gaeltachta ar bunachar Thuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) agus teagmháil rialta ag an eagraíocht leo. As an méid sin ghlac 936 teaghlach páirt ghníomhach in imeachtaí na heagraíochta, bhain páistí ó 189 teaghlach leas as ranganna agus campaí TnaG agus bhain 782 páiste agus duine óg leas as seirbhísí a cuireadh ar fáil i scoileanna agus an scéim Litir chuig Santaí. Cuireadh 1,277 imeacht ar fad ar bun i 2022 – 332 ócáid shóisialta do theaghlaigh, 898 rang don aos óg agus 47 imeacht sna scoileanna. Bhí teagmháil ag TnaG le teaghlaigh i ngach uile cheann den 26 LPT i 2022. Tá socraithe le déanamh leis an 3 BSG atá suite sa Ghaeltacht a chur le cúraimí TnaG i 2023. |

| | |
|---|---|
| | Tá ag éirí le TnaG ráta lán fhostaíochta 100% a bhaint amach agus tá an sprioc de sheisear ball foirne fostaithe go seasmhach ó dheireadh 2020. Maraon leis seo, tá ball foirne páirt aimseartha fostaithe ó Iúil 2022.<br><br>Bhí an dara plean trí bliana (2021-2023) á chur i bhfeidhm le linn tréimhse na tuarascála seo. Bhí béim mhór ar imeachtaí agus ócáidí sóisialta go dtí seo agus forbairt déanta ar seo i bplean 2021-2023 mar a bhfuil béim ar an ngréasánú agus an líonrú.<br><br>I measc na mbearta nua a chuir TnaG ar bun i 2022, tá 'Cuideachta' an Clár do Teaghlaigh Ghaeltachta. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo cur leis an líonrú agus an gréasánú tacaíochta go leanúnach idir theaghlaigh ar bhonn LPT. Comhoibriú atá ann idir Oifigigh Forbartha TnaG agus na OPT. Cuireadh Cuideachta ar bun i 7 LPT i 2022, bhí 98 teaghlach páirteach agus cuireadh 27 ócáid ar bun. Sa bhreis ar seo cuireadh ócáidí éagsúla eolais agus sóisialta ar fáil agus bhí teagmháil ag Oifigigh Forbartha TnaG le os cionn 55 teaghlach agus OPT ó 9 LPT eile.<br><br>Cuireadh tús leis an gclár 'Babaí ar an mBealach' i Mí Iúil 2022, sraith ceardlanna réamhbhreithe dírithe ar lánúineacha a bheadh ag súil le páiste. Clár iomlán nua é seo agus bhain 22 teaghlach as 8 LPT leas as.<br><br>Leanadh leis an bhforbairt ar raon imeachtaí do theaghlaigh le páistí 0-4 bliana le linn 2022. Cuireadh grúpaí breise Gligíní ar bun (grúpaí spraoi do thuismitheoirí agus leanaí óga), cuireadh leis na seirbhísí suathaireachta do thuismitheoirí agus naíonáin agus ceardlanna éagsúla eile bunaithe ar chaidreamh an tuismitheora leis an leanbh agus ar luath-fhorbairt leanúnach an linbh.<br><br>Bhunaigh TnaG 'An Cinema Gaelach' an chéad club scannánaíochta do theaghlaigh i nGaeilge i 2022 agus leanadh leis na himeachtaí is mó atá á gcur ar fáil ag TnaG agus a bhfuil an-tóir orthu go fóill Siamsán na nÓg (ócáidí siamsaíochta don teaghlach) agus Litir chuig Santaí.<br><br>Bhí an-éileamh ar an bPacáiste Tacaíochta Teanga arís i 2022. Is pacáiste aonuaire é seo atá ar fáil do theaghlaigh atá ina gcónaí ar oileán na hÉireann agus a bhfuil páiste amháin ar a laghad faoi bhun 5 bhliana acu. Scaipeadh 2,096 PTT i 2021 (153 dóibh sin sa Ghaeltacht). Ceadaíodh maoiniú breise i Mí Iúil 2022 le coinneáil leis an éileamh breise seo. |

| | |
|---|---|
| | Deineadh forbairt ar leith ar 'Teacht in Inmhe' (i gcomhar le Teacht Aniar) i 2022, clár cinnireachta Gaeltachta do dhaltaí san idirbhliain i scoileanna Gaeltachta. Ceithre chuid atá i gceist le Teacht in Inmhe: Forbairt Phearsanta, Forbairt Pobail, Feasacht Teanga agus An Éiceolaíocht mar Fhoinse Féiniúlachta. Tá dréacht den chlár curtha ar fáil ag Ionad na Gaeilge Labhartha, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh agus táthar le coiste comhairleach a chur le chéile i 2023, a mbeidh múinteoirí agus ionadaithe pobail mar chuid de, leis an gclár a mheas.<br><br>Tá dhá mhór-thogra réitithe i 2022 agus súil iad a sheoladh i 2023.<br>Feachtas Feasachta: Tá taifead déanta le 11 teaghlach ó 10 LPT ar fud na Gaeltachta a bheidh mar bhunús don bhfeachtas, a bheidh ar bun ar na meáin uile (meáin shóisialta, craolta agus clóite) i 2023.<br>Suantraí: Tá taifead déanta ar bhailiúcháin de shuantraithe ó mháithreacha Gaeltachta agus súil iad a chur ar fáil in aisce do thuismitheoirí ar ardáin dhigiteacha éagsúla. Beidh na hamhráin agus na focail ar fáil do 32 Suantraí ó Dhún na nGall, Conamara, Corca Dhuibhne, na Déise agus Múscraí. |

| Uimhir 3.2 | **Tacófar le teaghlaigh sa Ghaeltacht atá ag tógáil clainne le Gaeilge trí thacaíocht a chur ar fáil ag leibhéal réamhscolaíochta agus óige. Déanfar plean a fhorbairt agus a mhaoiniú le seirbhísí agus acmhainní tacaíochta a sholáthar do lánúineacha óga/tuismitheoirí nua dírithe ar sheachadadh idirghlúine na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG, CNNG, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Mar a bhaineann sé le **Comhar Naíonraí na Gaeltachta** (CNNG), féach gníomh 2.11 ó taobh dul chun cinn ar an ngníomh seo.<br><br>Mar atá luaite i mbeart 3.1, leanann **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag cur gníomhaíochtaí ar fáil do theaghlaigh Gaeltachta, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar an bPacáiste Teanga agus é a dháileadh amach. |

| Uimhir 3.3 | **Leanfaidh FSS le tacaíocht a thabhairt, agus éascú a dhéanamh ar scaipeadh eolas feasachta teanga trí sheirbhísí cuí réamhbhreithe máithreachais a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina gceantair feidhme.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | De bharr srianta COVID-19, ní raibh deis leanacht leis seo in 2022. |

| Uimhir 3.4 | **Cuirfear ciste ar fáil chun spreagadh agus tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh chun an Ghaeilge a labhairt níos minice sa bhaile. Beidh an ciste seo dírithe ar theaghlaigh ina bhfuil páistí ag freastal ar oideachas lán-Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Níor eagraigh Cumann an Phiarsaigh cúrsa do theaghlaigh le linn 2022 - ní dhearna an grúpa iarratas le Foras na Gaeilge le haghaidh scoláireachtaí dá bharr. |

| Uimhir 3.5 | **Leanfar le hobair Ghlór na nGael chun tacú le clanna atá á dtógáil le Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, ÚnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Mar chuid de chlár oibre bliantúil Ghlór na nGael baineadh amach na spriocanna thíosluaite in 2022:<br>• 351 imeacht poiblí eagraithe<br>• 96 imeacht ar líne<br>• 217 cuairt ar rannpháirtithe sa scéim Teanga Tí<br>• Seoladh 26 nuachtlitir chuig 1,650 teaghlach<br>• Bhí 63 líonra teaghlaigh gníomhach sa phobal<br>• Cláraíodh 30 grúpa Teanga Tí breise i scoilphobail timpeall na tíre<br>• Foilsíodh an staidéar a rinne Ollscoil na Gaillimhe ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht in 2022<br>Eagraíodh feachtas feasachta ar thógáil clainne le Gaeilge ar Instagram, Facebook agus Twitter.<br><br>Tacaíonn agus spreagann an scéim Teanga Tí le teaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Bhí sprioc ann 100 imeacht teaghlaigh agus 70 líonra de theaghlaigh a bhunú idir Eanáir 2022 agus Nollaig 2022. Tharla 351 imeacht san iomlán agus bunaíodh 70 líonra, deich gcinn acu siúd mar chuid de chomhoibriú le clubanna de chuid CLG agus Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.<br><br>Obair feasachta:<br>1. Seoladh 26 Nuachtlitir chuig 1,591 teaghlach a bhí i mbunachar sonraí na heagraíochta, 591 níos mó ná mar a bhí beartaithe.<br>2. Foilsíodh treoirleabhar nua faoin scéim Theanga Tí. *Ag Labhairt na Gaeilge sa Bhaile* atá mar theideal air.<br>3. Leanadh le forbairt www.teangati.ie.<br>4. Bhí Teanga Tí gníomhach ar Facebook, Instagram agus Twitter. |

| | |
|---|---|
| | 5. Bhí 19 ngrúpa dhifriúla WhatsApp ann ar baineadh úsáid astu chun teaghlaigh a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí agus chun iad a chumasú le teachtaireachtaí a roinnt ar a chéile.<br><br>Obair Abhcóideachta:<br><br>Eagraíodh ceithre fhóram mar chuid de chomhairliúchán ar straitéis na Gaeilge atá an Feidhmeannas in Stormont a dhréachtú.<br><br>Foilsíodh taighde ar *Líon agus Lonnaíocht na dTeaghlach a labhraíonn Gaeilge*.<br><br>Bhí deis ag an rannóg Teanga Tí cur i láthair a dhéanamh i mBéal Feirste don Choiste Comhairleach do *The Framework Convention for the Protection of National Minorities*. Bhí an coiste ag ullmhú tuairisce do Chomhairle na hEorpa faoi staid na Gaeilge sna Sé Chontae.<br><br>Leanadh leis an scéim *Cara Teanga Tí* agus chláraigh 14 duine léi. Is scéim í seo a mbaintear úsáid as chun lánúineacha óga a cheangal le tuismitheoirí eile a bhfuil taithí acu ar dhúshláin a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge. Níl fás na scéime mar a samhlaíodh é ach is léir go bhfuil ráchairt áirithe uirthi fós féin. |

| **Uimhir 3.6** | **Tacófar leis an scéim phíolótach Teanga Tí atá á riar ag Glór na nGael faoi láthair agus tacaíocht á cur ar fáil do theaghlaigh le labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc theaghlaigh an scoilphobail.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, GnaG, GO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh le forbairtí ar an scéim Teanga Tí (www.teangati.ie) le linn 2022:<br>• 217 cuairt ar rannpháirtithe sa scéim Teanga Tí<br>• Seoladh 26 nuachtlitir chuig 1,650 teaghlach<br>• Bhí 63 líonra teaghlaigh gníomhach sa phobal<br>• Cláraíodh 30 grúpa Teanga Tí breise i scoilphobail timpeall na tíre<br>• Foilsíodh an staidéar a rinne Ollscoil na Gaillimhe ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht in 2022<br>Eagraíodh feachtas feasachta ar thógáil clainne le Gaeilge ar Instagram, Facebook agus Twitter.<br><br>Tá an scéim seo á forbairt ó 2017. Tá sí anois fréamhaithe sna pobail éagsúla, ina measc scoilphobail, pobail CLG agus pobail labhartha Gaeilge. |

| | |
|---|---|
| | Forbraíodh áiseanna nua don suíomh www.teangati.ie do ghrúpaí súgartha, do pháistí faoi aois 3 bliana, físeáin ióga do leanaí, conas scéalaíocht a dhéanamh agus conas rannta agus dánta a chur i láthair.<br><br>As an 70 líonra a bhí ann le linn 2022, bhí naoi ngrúpa súgartha ina measc agus sé líonra lonnaithe i scoilphobail. Is líonraí pobalbhunaithe iad na cinn eile.<br><br>Eagraíodh an scéim Gaisce Ghlór i sé áit éagsúla – Gaisce Ghlór<br><br>Cuidíonn an scéim seo le teaghlaigh an nósmhaireacht teanga sa bhaile a athrú ó Bhéarla go Gaeilge. Ba scéim í seo ina raibh ar theaghlaigh 30 gníomh a ghlacadh chun timpeallacht Ghaelach a chruthú sa bhaile. |

| Uimhir 3.7 | **Tabharfar san áireamh riachtanais tuismitheoirí, atá ag tógáil clainne le Gaeilge, sa soláthar eolais agus tacaíochtaí do thuismitheoirí maidir le cúram leanaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RLCMLÓ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | In 2022 , lean an Roinn ar aghaidh ag cur acmhainní ar líne i nGaeilge ar fáil do thuismitheoirí, soláthraithe seirbhíse, agus d'fheighlithe leanaí. In éineacht le Barnardos, cuireadh acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin Na Chéad 5 chun tacú le páistí ón Úcráin a chuimsiú<br><br>Tá obair ar siúl chun an tionscadal Buindilín Beag don Bhabaí (boscaí babaí) a chur chun cinn. Beidh rogha ag tuismitheoirí ar leagan Gaeilge nó Béarla. Tacaigh an tionscadal An Leabharlann Bheag le soláthar ar mála leabhar Gaeilge do pháistí ag aistriú go bunscoil i 2022. |

## Soláthar Luathbhlianta Gaeilge

| Uimhir 3.8 | **Cruthófar dhá phost Gaeilge i réimse na Luathbhlianta laistigh den Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil na luathbhlianta i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht. Mar chuid de seo, forbrófar plean cuimsitheach don earnáil.**<br>**Beidh Speisialtóir Luathbhlianta amháin freagrach as comhordú a dhéanamh ar an obair ar mhaithe le tacú le forbairt an oideachais trí mheán na Gaeilge i naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht** |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | **Beidh an Speisialtóir Luathbhlianta eile ag déanamh meantóireachta agus ag cur comhairle ar naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht i gcomhthéacs na Seirbhíse Forbartha agus Tacaíochta Caighdeáin Tús Níos Fearr agus beidh an té sin i mbun teagmhála le Gaeloideachas i ndáil le tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí.** |
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RLCMLÓ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | *Earcaíodh an Comhordaitheoir Tacaíochta Gaeilge in 2022.*<br><br>Earcaíodh an Comhordaitheoir Tacaíochta Gaeilge i Feabhra 2022<br><br>Chuir an Comhordaitheoir Tacaíochta Gaeilge tús leis an obair chomhordaithe thosaigh. Bunaíodh Ghrúpa Oibre um Sheirbhísí lán-Ghaeilge a Mhapáil le Téarmaí Tagartha forbartha. Ionchur an-tábhachtach a bheidh i mapáil na seirbhísí lán-Ghaeilge chun plean cuimsitheach don earnáil a fhorbairt.<br><br>In 2022, bhuail an Grúpa Oibre um Sheirbhísí lán-Ghaeilge a Mhapáil le chéile ceithre uaire, agus chuir an Ghrúpa a chuid oibre chun cinn.<br><br>Foilsíodh an tsuirbhé ar Soláthar Lán-Ghaeilge amach go dtí an earnáil, do gach suíomh ionad bhunaithe agus nasc eile le suirbhé gairid d'fheighlithe leanaí ar an 06/12/2022.<br><br>Tá RLMCLÓ ag bailiú eolas ar shuímh Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Feighlithe Leanaí Lán-Ghaeilge ar fud na tíre le anailís ag tosú in 2023.<br><br>*Tosaíodh an earcaíocht don dara post in 2022, cuirfidh chun críche í go luath in 2023.*<br><br>Rinneadh dréacht-shonraí poist don dara post (Oifigeach Tacaíochta Gaeilge) agus cuireadh thart don Ghrúpa Maoirseachta iad.<br>Táthar ag súil le tús a chuir le hearcaíocht don dara post in 2023. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.9** | **Bunófar bonnlíne tacaíochtaí, seirbhísí agus acmhainní a bheidh ar fáil do naíonraí agus a mbeifear in ann tógáil orthu chun straitéis a fhorbairt ar mhaithe le polasaithe, oiliúint, agus ábhar cuí eile a bhaineann leis sin a chur ar fáil trí Ghaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RLCMLÓ |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Beidh an bhonnlíne tacaíochtaí, seirbhísí agus acmhainní mar chuid den phlean cuimsitheach don earnáil atá le forbairt i gcomhar leis an dá phost Gaeilge luathbhlianta a luadh faoi alt 3.8. Idir an dá linn, tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag cur tacaíochtaí i nGaeilge ar fáil chomh fada agus is féidir.<br><br>In 2022, lean an tionscnamh An Leabharlann Bheag ar aghaidh le mála leabhar (lena n-áirítear málaí leabhar Gaeilge) ar fáil tríd na leabharlanna agus leabhair agus acmhainní istigh ann do gach páiste 4 agus 5 bliana d'aois a bheidh ag dul ar scoil i mí Mheán Fómhair. Ghlac 13,000 leanaí ceithre nó cúig bliana d'aois ballraíocht sa leabharlann den chéad uair. Cuireadh mála leabhar ar fáil do gach seirbhís luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Bhí ábhar i nGaeilge ar fáil i ngach mála agus bhí gach rud i nGaeilge sa mhála leabhar a cuireadh ar fáil do naíonraí. Táthar i mbun pleanála, in éineacht le Gaeloideachas, chun an "Cúrsa Sealbhú agus Forbairt Teanga: Cúrsa Oiliúna do Mhúinteoirí Naíonra" a rolladh amach. Reáchtáladh trí chruinniú pleanála go dtí seo idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Gaeloideachas agus an Dr. Máire Mhic Mhathúna chun an traenáil seo a chur chun cinn ar mhaithe na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí. Tá obair forbartha ag leanúint ar aghaidh chun cur leis an gcúrsa. Tá lámhleabhar do teagascóirí idir lámha do chúrsa 1 faoi láthair. Beidh cúrsa 2 bunaithe ar cúrsa 1 ach dírithe ar leibhéal níos airde.<br><br>Cabhróidh an mhapáil atá beartaithe ar sheirbhísí lán-Ghaeilge le tuilleadh oiliúna agus tacaíochtaí eile a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó sheirbhísí lán-Ghaeilge.<br><br>Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT), tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige g obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais chun seirbhísí um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige a chur san áireamh sa tionscadal píolótach seo. Cuireadh 20 suíomhanna ar an eolas go mbeidís ag glacadh páirt i CLIL 2022/2023. 6 ó Bliain 1 agus 14 ag tosnú bliain 2.<br><br>Tá FCÁT don earnáil ELC á bainistiú ag tús Níos Fearr, le 3 cruinnithe tacaíochta le Tús Níos Fearr in 2022.<br><br>Tá an réamhobair do CLIL ag tarlú idir na suíomhanna agus speisialtóirí luathbhlianta de chuid Tús Níos Fearr.<br><br>Tá pacáiste leabhair á ullmhú do na suíomhanna.<br><br>Chuaigh suirbhé le Bunmhaoiniú Plean Gníomhaíochta Ardchaighdeán amach go dtí an earnáil. Bhí an suirbhé agus cáipéisí áirithe tacaíochta ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 3.10 | **Bunófar Grúpa Stiúrtha Náisiúnta, ar a mbeidh ionadaithe ó Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, chomh maith leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Gaeloideachas, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean chuimsithigh in éineacht leis na príomhghníomhaíochtaí eile a shonraítear sa Phlean Gníomhaíochta i ndáil leis an earnáil seo. Oibreoidh an Grúpa Stiúrtha leis na comhordaitheoirí laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RLCMLÓ, RO, ÚnaG, FnaG, CNNG, GO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Foras na Gaeilge**<br>Bhí ionadaí Fhoras na Gaeilge ag na cruinnithe den Ghrúpa Stiúrtha le linn 2022<br><br>**Gaeloideachas**<br>D'fhreastail Gaeloideachas ar chruinnithe den Ghrúpa Stiúrtha le linn 2022.<br><br>**CNNG**<br>D'fhreastal ionadaí ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta ar chruinniú den ghrúpa stiúrtha le linn 2021/2022<br><br>**RLCMLÓ**<br>Tháinig an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta le chéile ceithre uaire in 2022.<br>Tháinig an Grúpa Oibre don mapáil le chéile ceithre uaire in 2022. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 3.11 | **Cuirfear maoiniú breise ar leith ar fáil do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta chun tacú leis na bearta seo a leanas i gceantair Ghaeltachta:<br>dhá phost bhreise chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt na seirbhísí a sholáthraítear agus chun méadú a dhéanamh ar líon na leanaí agus na dteaghlach a bhaineann leas as na seirbhísí réamhscoile atá ag feidhmiú faoi choimirce na heagraíochta<br>éascú a dhéanamh ar fhorbairt bearta tacaíochta teanga do sholáthraithe luathbhlianta trí mheán an Bhéarla ar mian leo leas a bhaint as na tacaíochtaí sin<br>riar a dhéanamh thar ceann an RTCEGSM ar an Scéim Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile (SSRI) trína soláthraítear maoiniú do sheirbhísí réamhscoile incháilithe mar thacaíocht don soláthar deiseanna breise sealbhaithe agus saibhrithe teanga d'úsáideoirí na seirbhíse.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CNNG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **CNNG**<br>Le linn an scoilbhliain 2022, tháinig méadú ar an líon seirbhísí a dtugann CNNG tacaíocht dhóibh faoin Scéim Tacaíochta Teanga. Táthar ag cur leis an líon áisitheoirí atá ag obair ar an gclár agus ag cur ceardlanna breise ar fáil.<br><br>**ÚnaG**<br>Le linn na scoilbhliana 2021/22 bhí 1,768 páiste ag freastal ar 113 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Cheadaigh Údarás na Gaeltachta maoiniú de €590,000 le tacú le Comhar Naíonraí na Gaeltachta seirbhísí luathoideachais trí Ghaeilge a reáchtáil sa Ghaeltacht. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.12** | **Chun tacú níos fearr leis an soláthar luathbhlianta trí mheán na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta, déanfar an leibhéal uasta maoinithe caipitil atáthar a sholáthar do thograí luathbhlianta faoi Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga na Roinne a mhéadú ó 80% go 95% de na costais iomlána incháilithe.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh maoiniú ag an ráta ardaithe 95% ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta sna Gaeltachtaí éagsúla chun ionaid nua a thógáil agus feabhas a chur ar áiseanna atá ann cheana féin. I measc na dtograí a fuair tacaíocht sa tréimhse seo bhí:<br>• Naíonra Ghleann Domhain, Dún na nGall (Foirgneamh buan)<br>• Naíonra na hEachléime, Maigh Eo (Foirgneamh buan)<br>• Naíonra na bhForbacha, Gaillimh (Clós Súgartha)<br>• Áiseanna na hÓige, Ciarraí (Díon nua) |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.13** | **Cuirfear tacaíocht ar fáil don réimse luathoideachais i leith oiliúint agus forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí sa réimse cúraim leanaí trí:**<br>**leanúint leis an tacaíocht atá á soláthar do na seirbhísí le cumasú agus forbairt scileanna na foirne a chur chun cinn**<br>**na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le cúrsaí oiliúna i gcúram leanaí ag leibhéil 5 go dtí 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a sholáthar trí Ghaeilge le go mbeidh teacht ag cleachtóirí luathbhlianta ar dheis oiliúna sholúbtha ar ardchaighdeán mar atá trí Bhéarla**<br>**mhodúil i sealbhú agus saibhriú teanga a fhorbairt agus a chur chun cinn sna seirbhísí luathoideachais.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **ÚnaG**<br>Tríd scéim thacaíochta oiliúna don réimse luathoideachais átá á tairiscint ag ÚnaG d'fhostaithe sna seirbhísí luathoideachais sa Ghaeltacht, tá tacaíocht curtha ar fáil do 61 rannpháirtí suas go deireadh 2022. Cuireann sé seo ar chumas na bhfostaithe sa seirbhísí luathoideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht cáilíochtaí breise tríú leibhéal a bhaint amach sa réimse cúram leanaí. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.14** | **Trí mhaoiniú Fhoras na Gaeilge, cuirfidh Gaeloideachas: seirbhís chuimsitheach agus údarásach eolais agus tacaíochta ar fáil don mhór-phobal agus do phobal na naíonraí agus na scoileanna maidir leis an gcóras tumoideachais ina iomláine (lasmuigh den Ghaeltacht) tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí chun go mbeidh teacht acu ar sholáthar tumoideachais dá bpáistí ag gach céim dá n-oideachas trí chur chuige comhleanúnach a chinntiú i leith bunú soláthair tumoideachais ón réamhscolaíocht go dtí an bhunscolaíocht, agus ón mbunscolaíocht go dtí an iar-bhunscolaíocht (lasmuigh den Ghaeltacht).** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | D'éirigh le Gaeloideachas go leor a bhaint amach le linn 2022, ina measc:<br><br>Eagraíodh Tionól Forbartha do na scoileanna ar an 5 Bealtaine i gcomhar le COGG le breis is 200 duine i láthair. Bhí sruthú beo ar phríomhsheisiúin agus taifid ar sheisiúin eile curtha ar fáil ar an idirlíon chomh maith.<br><br>Eagraíodh comhdháil an-rathúil maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais i mí na Samhna le 191 duine ag freastal uirthi. Chuaigh Gaeloideachas i bpáirt le *Middletown Centre for Autism* chun acmhainní den chéad scoth ar an uathachas a chur ar fáil do mhúinteoirí.<br><br>Cuireadh seisiúin fíorúla do mhúinteoirí naíonra ar fáil go míosúil le linn na bliana agus téamaí aitheanta de réir a gcuid riachtanas. Eagraíodh Comhdháil na Luathbhlianta ar an 15 Deireadh Fómhair.<br>Rinneadh na seirbhísí tacaíochta ón eagraíocht a phoibliú go rialta agus go leanúnach trí nuachtlitreacha (saindeartha), suíomh na heagraíochta agus trí na meáin shóisialta.<br>• Nuachtlitir choicísiúil do naíonraí<br>• Nuachtlitir choicísiúil do scoileanna ag an dá leibhéal<br>• Nuachtlitir ráithiúil RSO<br>• Nuachtlitir ráithiúil do Thuismitheoirí<br>• Nuacht laethúil ar https://gaeloideachas.ie/<br>• Twitter, Facebook agus Instagram gníomhach |

| | |
|---|---|
| | Le linn 2022, bhí níos mó ná 10,000 amas ar a bhfíseán ar YouTube atá dírithe ar thacú le leanaí óga amhráin, dánta agus rainn a fhoghlaim. Tá físeáin nua curtha leis an tsraith bunaithe ar an leabhrán Déan Comhrá agus físeán eile nua ar YouTube ar na hacmhainní agus na tacaíochtaí a chuireann Gaeloideachas ar fáil sa réimse riachtanais speisialta oideachais.<br><br>Tá comhoibriú leanúnach ar bun leis an gComhordaitheoir Tacaíochta Gaeilge (Foghlaim & Cúram na Luath-Óige) sa Roinn Leanaí ar chlár sealbhaithe agus forbartha teanga d'fhoireann na naíonraí, a bheidh ar fáil i 2023.<br><br>Tá Gaeloideachas rannpháirteach sna fóraim náisiúnta agus ar mheithleacha oibre luathbhlianta maidir le: maoiniú, aistriú, forbairt agus proifisiúnú lucht saothair agus forbairt ghairmiúil leanúnach do na naíonraí. |



# 4

## Réimse Gnímh

# Riarachán, seirbhísí agus pobal

# Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

## Réamhrá

Nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta in 2018, dúradh go ndéanfar iarracht caighdeán sheirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú sna cúig bliana amach romhainn de bhun:

- Córas na gcaighdeán a chur i bhfeidhm;
- Níos mó daoine le Gaeilge a earcú don státchóras;
- Oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil d'fhostaithe Stáit;
- Lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na tíre; agus
- Tacú le grúpaí pobail atá ag cur na teanga chun cinn.

## Scéimeanna Teanga agus Córas na gCaighdeán

Gné shuntasach d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 atá in ionadú chóras na scéime teanga trí chaighdeáin teanga a thabhairt isteach do gach comhlacht poiblí faoin Acht, agus tá beartaithe go mbeidh caighdeáin níos airde leagtha síos do chomhlachtaí poiblí a bhfuil idirghníomhú níos mó acu leis an bpobal.

Déanfar na hoibleagáidí a leagfar ar chomhlachtaí poiblí a ghrádú lena léiriú:

- go ndéanann siad idirghníomhú níos mó le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta;
- go bhfuil siad lonnaithe laistigh de cheantar Gaeltachta nó go gcuireann siad seirbhís ar fáil do cheantar Gaeltachta; agus/nó
- go bhféadfadh go mbeadh níos mó acmhainní ar fáil do chuid de na comhlachtaí poiblí.

Tá próisis comhairliúcháin ar leith leagtha síos faoin Acht (Alt 19A.(6)) maidir le forordú caighdeán teanga, eadhon:

- dul i gcomhairle le hAirí eile de chuid an Rialtais mar aon le comhlachtaí poiblí ar leith, de réir mar is cuí;
- comhairle a lorg ón gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge (a bunaíodh faoin Acht leasaithe ar an 20 Meitheamh 2021 – tuilleadh air seo thíos);
- próiseas comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil thar thréimhse 3 mhí; agus
- próiseas comhairliúcháin a reáchtáil leis na comhlachtaí poiblí ábhartha thar thréimhse 3 mhí.

Beidh réamhthréimhse ann do gach comhlacht poiblí sula gcuirfear caighdeáin i bhfeidhm agus fanfaidh a scéim teanga reatha (más ann di) i bhfeidhm go dtí go ndéanfar amhlaidh.

Is fiú a lua, agus caighdeáin teanga á bhforordú do chomhlacht poiblí, nach féidir de réir na reachtaíochta aon chúlú a dhéanamh ar na gealltanais atá á gcur ar fáil nó an leibhéal seirbhíse atá á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge cheana féin acu faoi scéim teanga reatha an chomhlachta poiblí sin, más ann di. Dar ndóigh, tá agus beidh saoirse ag comhlacht

poiblí bearta breise a chur i gníomh, anuas ar na cinn a fhorordaítear faoi na caighdeáin, chun stádas na Gaeilge a chur chun cinn laistigh dá eagraíocht.

Is cinnte gur gné lárnach a bheidh sna caighdeáin teanga ó thaobh seirbhísí poiblí trí Ghaeilge ar ard-chaighdeán a chinntiú do shaoránaigh an Stáit agus tá obair ar bun ar bhonn leanúnach ag oifigigh RTCEGSM i dtaca lena ndréachtú.

Chuige sin, is fiú a lua gur tugadh feidhm d'Alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (GA/EN), a thugann stádas reachtúil do na caighdeáin teanga trí Alt 19A-19D a chuir isteach sa Phríomh-Acht, ar an 15 Márta 2023 agus go bhfuiltear ag obair i dtreo tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus an próiseas comhairliúcháin don chéad aicme de chomhlachtaí poiblí i Ráithe 4 2023.

## Earcaíocht don Státseirbhís

Rinne Uachtarán na hÉireann Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a shíniú ina dhlí ar 22 Nollaig 2021. Treisiú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 atá i gceist leis an reachtaíocht nua seo agus aithnítear go forleathan go gcuirfidh sé go mór le caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí Stáit ar fáil don phobal.

Is iad príomhspriocanna an Achta neartaithe seo ná:

- go mbeidh 20% d'earcaigh chuig an earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge faoi dheireadh 2030;
- go gcuirfear na seirbhísí poiblí uile sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge;
- go mbeidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;
- go ndéanfar Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a fhorbairt; agus
- go dtiocfaidh córas na gcaighdeán teanga in áit córas na scéimeanna teanga.

Tá gealltanas sonrach tugtha i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 (GA/EN) chomh maith go gcuirfear an Plean Náisiúnta seo i bhfeidhm.

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) i mbun comhráití leanúnacha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA), agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP), mar aon le páirtithe leasmhara eile, maidir le cúrsaí earcaíochta. Ó 2019 i leith, reáchtáil PAS comórtais ghinearálta státseirbhíse do dhaoine le líofacht sa Ghaeilge ag leibhéal Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach. Léiríonn toradh na gcomórtas seo go bhfuil líon na gcainteoirí líofa Gaeilge, a dhéanann iarratas ar dhul isteach sa státseirbhís, nó a dhearbhaíonn líofacht sa Ghaeilge ar shlí eile, fós íseal.

Seo a leanas léargas ar na figiúirí a bhaineann le comórtais ar leith a reáchtáladh trí SCP idir 2019 agus 2022:

| Ainm an Fheachtais | Tús an Fhógra | Deireadh an Fhógra | Líon Iomlán na n-Iarratasóirí | Grád | Líon Sannta |
|---|---|---|---|---|---|
| Oifigeach Feidhmiúcháin le Líofacht sa Ghaeilge 2019 | 22/11/2019 | 19/12/2019 | 184 | OF | 37 |
| Oifigeach Cléireachais Gaeilge 2021 | 25/06/2021 | 15/07/2021 | 165 | OC | 21 |
| Príomhoifigeach (Gnáthphríomhoifigeach) (Líofacht sa Ghaeilge) sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus Meán – Na Forbacha, Co. na Gaillimhe | 18/10/2021 | 11/11/2021 | 16 | PO | 4 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Líofacht sa Ghaeilge) sa Státseirbhís 2021 | 25/11/2021 | 08/12/2021 | 60 | AOF | 16 (*Iarratais ionaid a bhí i gceist le 2 cheann díobh sin) |
| Oifigigh Feidhmiúcháin (Líofacht sa Ghaeilge) sa Státseirbhís 2022 | 20/01/2022 | 02/02/2022 | 93 | OF | 20 (*go dáta) |
| Bainisteoir Scrúduithe agus Measúnaithe atá freagrach as an tSeirbhís Aistriúcháin i gCoimisiún na Scrúduithe Stát | 22/04/2022 | 12/05/2022 | 8 | POC | 1 |
| Aistritheoir Grád III sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus Meán | 27/06/2022 | 21/07/2022 | 31 | OR | 2 |

Tá na figiúirí thuasluaite an-úsáideach don dá Roinn chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn sa réimse seo ó bhliain go bliain. Is fiú a nótáil chomh maith go bh'féadfadh roinnt Ranna nó Oifigigh Rialtais próiseas earcaíochta do chainteoirí líofa Gaeilge a reáchtáil iad féin faoina gceadúnas earcaíochta áitiúil seachas tríd an tSCP agus ní choinnítear eolas faoi na huimhreacha sin go lárnach.

Leis an Acht nua, tá bunsraith láidir leagtha síos anois chun gur féidir dul i ngleic le roinnt de na fadhbanna a bhí ann roimhe seo ó thaobh daoine le Gaeilge a earcú don státchóras agus don earnáil phoiblí. Beidh obair an Choiste Chomhairligh agus forbairt an Phlean Náisiúnta lárnach do na hiarrachtaí seo, mar aon le forálacha eile den Acht agus, chuige sin, tá RTCEGSM ag obair i dtreo feidhm a thabhairt d'ailt uile shuntasacha an Achta anois ar bhonn céimiúil roimh dheireadh 2023. Má bhaintear é seo amach, is bliain iomlán chun cinn a bheadh ann ar an sceideal éigeantach tosaigh feidhme a leagadh síos ina leith faoin Acht.

## Oiliúint sa Ghaeilge sa Státseirbhís

In éineacht leis an earcaíocht, tá tábhacht ar leith le hoiliúint sa Ghaeilge sa Státseirbhís, le cur le cumas teanga na státseirbhíseach atá ag obair leo faoi láthair. Tá cúrsaí oiliúna Gaeilge fós á gcur ar fáil do gach Státseirbhíseach reatha trí OneLearning - an tIonad Foghlama agus Forbartha don Státseirbhís a thagann faoin RCPSPFNA.

Shínigh OneLearning conradh nua chun oiliúint i nGaeilge a chur ar fáil in 2021 agus tá réimse méadaithe cúrsaí oiliúna Gaeilge curtha i bhfeidhm aige a chuimsigh tabhairt isteach cúrsa Gaeilge do Thosaitheoirí. Cuireadh tús leis an gcéad téarma de na cúrsaí seo i Meán Fómhair 2022. Tá an comhaontú seo tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go 2021, agus na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030.

I bhfómhar na bliana 2022, d'fhógair RTCEGSM agus RCPSPFNA ré nua do chúrsaí Gaeilge sa Státseirbhís le Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG), atá á riar ag Lárionad na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, ag déanamh teistiú anois ar na cúrsaí a chuireann Gaelchultúr ar fáil do Státseirbhísigh thar ceann OneLearning. Tosaíodh amach le páirt chreidiúint agus ag súil le bogadh go lán chreidiúint sa tréimhse amach romhainn.

Is ar  Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha, atá luaite go sonrach san Acht, atá córas TEG bunaithe. Cuireann sé sraith scrúduithe agus cáilíochtaí ginearálta cumais sa Ghaeilge ar fáil agus is é an chéad chóras teastaithe dá chineál d'fhoghlaimeoirí fásta Gaeilge.

Ó 2022 i leith, tá 583 Státseirbhíseach cláraithe ar chúrsa oiliúna Gaeilge trí OneLearning agus tús curtha le téarma an Fhómhair 2023 anois Is fiú a nótáil nach gcoinníonn OneLearning eolas go lárnach ar oiliúint a eagraítear go háitiúil ag leibhéil eile.

Is mar thoradh ar chomhoibriú leanúnach idir an dá Roinn ar tháinig an beart seo chun cinn chun a chinntiú go ndéantar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a chur i bhfeidhm ina iomláine. I gcomhthéacs na sprice earcaíochta atá le baint amach faoin Acht, beidh buntáistí faoi leith ag baint le cáilíochtaí TEG, ní hamháin d'fhoghlaimeoirí ach d'fhostóirí chomh maith, agus daoine le scileanna teanga ar leith á lorg do réimse leathan róil éagsúla trasna na hearnála poiblí. Tá an dá Roinn ag féachaint freisin ar bhealaí éagsúla chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na foghlaimeoirí Gaeilge sin atá laistigh den chóras cheana féin mar aon le níos mó feasacht a chruthú faoin teanga agus cearta teanga go ginearálta.

Lasmuigh dá chonradh le OneLearning, cuireann Gaelchultúr cúrsaí éagsúla ar fáil d'fhostaithe na hearnála poiblí i gcoitinne chomh maith. Thuairisc Gaelchultúr gur chláraigh 684 duine ón earnáil phoiblí ina iomláine (státseirbhís agus seirbhís phoiblí) leo do chúrsaí Gaeilge ag leibhéil éagsúla in 2022. Tá léiriú ar na figiúirí seo le fáil sa tábla thíos.

| | Earrach 2022 (CGG* – ONE LEARNING) | Earrach 2022 (TGG** – nach One Learning iad) | Fómhar 2022 (CGG – ONE LEARNING) | Fómhar 2022 (TGG – nach One Learning iad) | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláraithe | 179 | 61 | 404 | 40 | **684** |
| Líon a rinne an scrúdú/a chríochnaigh an cúrsa | 158 | 52 | 300 | 33 | **543** |
| Pas bainte amach | 151 | 51 | 219 | 31 | **452** |

* CGG = Cúrsa Gaeilge Gairmiúil ** Teastas Gaeilge Gairmiúil

Anuas ar an méid thuasluaite a bhaineann le TEG, cuireann RTCEGSM maoiniú bliantúil ar fáil d'Ollscoil Mhá Nuad chomh maith, chun an córas TEG a fhorbairt agus a chothabháil. Mar a luadh, is é TEG an t-aon chóras neamhspleách tástála agus teastasaithe atá ar fáil faoi láthair chun an inniúlacht sa Ghaeilge a mheas de réir an chórais idirnáisiúnta, an Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (*CEFR*). Chuige sin, anuas ar an teistiú a dhéanann TEG ar chúrsaí Gaelchultúr/*OneLearning* anois, cuireann siad scrúduithe ar fáil chomh maith i dtaca le comórtais earcaíochta agus eile de chuid SCP, na Roinne Oideachais, agus do roinnt eagraíochtaí Gaeilge agus institiúidí tríú leibhéal eile. Cuirtear scrúduithe lánchreidiúna (sna scileanna teanga ar fad) agus scrúduithe páirtchreidiúna (sa chaint amháin) ar fáil, de réir riachtanais na n-eagraíochtaí sin.

Is ball é TEG de Chumann Tástálaithe Teanga na hEorpa (ALTE), a dhéanann monatóireacht agus iniúchadh rialta ar na tástálacha, lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde ag baint leo. Bronnadh Q-mark ALTE ar TEG i mí na Nollag 2020, den dara huair.

Tá fás dochreidte tagtha ar an éileamh atá ar na scrúduithe seo le blianta beaga anuas agus tá sé seo le léiriú sa tábla thíos. Is iarrthóirí iad seo a ghlac páirt ó réimse leathan eagraíochtaí trasna na hearnála poiblí agus eile. Beifear ag iarraidh tógáil ar an éileamh seo sna blianta amach romhainn chomh maith mar gheall ar spriocanna uaillmhiancha an Achta.

Chuige seo, cheadaigh an Roinn pacáiste maoinithe méadaithe in 2022 de €1,604,881 do Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad don tréimhse 3 bliana 2022-2025 chun méadú a chur ar acmhainneacht an Lárionaid córas tástála teanga an TEG a reáchtáil.

| Bliain | Líon Iarrthóirí a Chláraigh | Líon na n-Iarrthóirí a Thug Faoi Scrúduithe |
|---|---|---|
| **2019 (Iúil-Nollaig)** | 176 | 155 |
| **2020 (Eanáir-Nollaig)** | 1387 | 995 |
| **2021 (Eanáir-Nollaig)** | 2084 | 1943 |
| **2022 (Eanáir-Nollaig)** | 2272 | 2135 |

## Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (Lasmuigh den Ghaeltacht)

**<u>Reatha</u>**

Déantar páirtmhaoiniú ar Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge le fáltais ón gCrannchur Náisiúnta. Is é aidhm an chláir maoiniúcháin seo cúnamh airgeadais a chur ar fáil do réimse eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá an ciste seo ag cur maoiniú ar fáil do raon an-leathan tionscnamh agus eagraíochtaí – eagraíochta gnó, eagraíochtaí cultúrtha, agus ollscoileanna ina measc. I measc na n-eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú bliantúil tá Taibhdhearc na Gaillimhe, an Cumann Scoildrámaíochta, Cill Dara le Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge agus Gnó Mhaigh Eo. Tá obair leanúnach ar bun ag na heagraíochtaí sin chun an Ghaeilge a chur chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht agus thar lear, chun go mbeadh sí níos feiceálaí agus chun í a 'normalú' mar ghnáthchuid de shaol an phobail. I measc na réimsí éagsúla ina bhfuil tionscnaimh atá maoinithe ag an scéim seo ag feidhmiú tá réimse an oideachais, réimse an ghnó agus réimse an spóirt.

Tacaítear le roinnt tionscadal atá á stiúradh ag Glór na nGael. Áirítear orthu sin an scéim Teanga Tí - bunaíodh 70 líonra teaghlaigh faoin scéim sin le linn 2022 agus eagraíodh 351 ócáid le freastal ar na teaghlaigh sin.

Is é an aidhm Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha an Ghaeilge a fhorbairt ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte i measc clubanna CLG. Tá deontas ar fáil ón bhFondúireacht do na clubanna cláraithe chun na pleananna agus na gníomhaíochtaí atá acu a chur i gcrích. Cuireann an Fhondúireacht €2 ar fáil in aghaidh chuile €1 a chuireann an club féin ar fáil suas le huasmhéid deontais €500 in aon bhabhta amháin. Áirítear ar spriocanna na scéime sin 200 club a mhealladh le páirt a ghlacadh sa scéim sa tréimhse go 2025, agus comórtas náisiúnta (teoranta) peile idir clubanna a eagrú gach bliain d'fhoirne fir agus mná in ocht gcontae.

## Ciste Caipitil (Lárionaid Ghaeilge agus eile lasmuigh den Ghaeltacht)

Is féidir le coistí/eagraíochtaí pobalbhunaithe, a fheidhmíonn trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, iarratas a dhéanamh faoi Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge Caipitil na Roinne. Cuirtear maoiniú ar fáil chun cabhrú leis na costais a bhaineann le iliomad tograí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, le haird shonrach tugtha ar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta agus ar Líonraí Gaeilge, go háirithe i gcomhthéacs forbairt na nIonad Gaeilge trasna na tíre.

Is é an cuspóir atá leis an gcuidiú caipitil a chuirtear ar fáil faoin gciste seo an Ghaeilge a threisiú mar theanga phobail agus teaghlaigh i gcomhréir le cuspóirí Acht na Gaeltachta 2012 agus na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Tugadh gealltanas sonrach i gClár an Rialtais go "*ndéanfar forbairt Ionaid Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre a chur chun cinn ar mhaithe le cur chuige pobail-bhunaithe i leith chur chun cinn na Gaeilge*".

Dar ndóigh, ní dhearnadh leis an ngealltanas seo ach tógáil ar an méid a gealladh roimhe seo i leith na nIonad Gaeilge - faoin bPlean Gníomhaíochta seo agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (faoi Thionscadal Éireann 2040).

Mar a tuairiscíodh roimhe seo, tá méadú ag teacht ar an gciste seo bliain ar bhliain, ó bunaíodh an Rialtas reatha in 2020, agus tá sé seo le léiriú sa tábla thíos.

| Bliain | C4 (Caipitil)<br>€000 |
|---|---|
| **2020** | €1,132 |
| **2021** | €2,000 |
| **2022** | €3,500 |

Tá tacaíocht an Rialtais d'fhorbairt Ionad Gaeilge agus Cultúir i lár chathair Bhaile Átha Cliath leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 faoi Thionscadal Éireann 2040. Mar a luadh roimhe seo, cuireadh coiste stiúrtha ar bun, agus mhaoinigh an RTCEGSM staidéar féidearthachta ar mhaithe le 6 Sráid Fhearchair, Ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge, a fhorbairt mar lárionad Gaeilge. Fuarthas cead pleanála i leith an togra seo roimh an Nollaig 2020 agus rinneadh roinnt uasdátaithe ar na figiúirí measta agus eile a bhain leis an togra ó shin. Táthar ag súil le treabhadh ar aghaidh leis an bhforbairt le cuidiú ó Oifig na nOibreacha Poiblí anois.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 1 | | | 1 |
| 2018-2021 | 1 | | 1 | |
| 2018-2022 | 9 | | 9 | |
| 2019 | 1 | | 1 | |
| 2019-2022 | 3 | | 3 | |
| IOMLÁN | 15 | 0 | 14 | 1 |

# Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

## Seirbhísí & Earcaíocht don Earnáil Phoiblí

| | |
|---|---|
| Uimhir 4.1 | **Beidh sé mar aidhm ag Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2017, agus é achtaithe, líon na gcainteoirí Gaeilge a earcaítear don tSeirbhís Phoiblí a mhéadú go 20% agus a chinntiú gurb as Gaeilge a fheidhmeoidh gach oifig phoiblí atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Ar an mbealach seo, méadófar acmhainneacht comhlachtaí poiblí i ndáil le seirbhísí a sholáthar as Gaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RCPSPFNA, DP, OAA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **RTCEGSM**: Rinneadh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge a bhunú ar an 20 Meitheamh 2022 faoi réir Alt 18A an Achta. Tá 11 chomhalta ar an gCoiste – triúir ó na heagraíochtaí a luadh go sonrach san Acht, seisear ó eagraíochtaí atá lárnach don phróiseas ábhartha seo, agus beirt a ceapadh do phobail Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, de thoradh ar chomórtas a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. I gcomhréir leis an méid a sonraíodh faoi Alt 18B den Acht, tá comhaltas an Choiste comhdhéanta de:<br>• An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Cathaoirleach);<br>• An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe;<br>• An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;<br>• An Roinn Coimirce Sóisialaí;<br>• An Roinn Oideachais;<br>• Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;<br>• An Garda Síochána;<br>• An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil;<br>• Foras na Gaeilge;<br>• Ionadaí do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta; agus<br>• Ionadaí do limistéir den Stát nach Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.<br><br>Is ar ullmhú an chéad Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a bheidh obair an choiste dírithe go príomhúil don chéad dhá bhliain, chun a chinntiú go ndéanfar é seo a chur i gcrích roimh an spriocdháta de 19 Meitheamh 2024.<br><br>Tar éis an plean sin a fhoilsiú, leagfaidh an tAire síos dátaí faoina gcuirfear na seirbhísí poiblí uile sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil i nGaeilge, agus faoina mbeidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. |

| | |
|---|---|
| | Chuige sin, fógraíodh próiseas soláthair phoiblí iomaíoch ag deireadh mhí Lúnasa 2022 maidir le conaradh taighde, a bheidh mar bhunús d'ullmhú an Phlean Náisiúnta, a aontú. Aontaíodh agus síníodh conradh don taighde úd ar an 16 Nollaig 2022. Le haontú an chonartha sin, beifear in ann díriú ar réiteach an Phlean faoin spriocdháta rechtúil.<br><br>Mar aon leis na feidhmeanna reachtúla a thiteann ar an gCoiste, tacóidh sé le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh bhreise a aithint chun cur i bhfeidhm fhoriomlán an Achta a thabhairt chun tosaigh, agus comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le tionscnaimh/polasaithe nua a d'fheadfaí a chur sa tsiúl mar thaca do chur i bhfeidhm an Achta, go háirithe fad is a bhaineann sé le holl-sprioc earcaíochta na reachtaíochta – is é sin an líon foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge a mhéadú ionas go mbeidh, faoi 31 Nollaig 2030, 20% ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil amhlaidh.<br><br>Sa mhéid sin, déanfar iniúchadh ar thionscnaimh fhéideartha agus nuálacha chun a chinntiú go mbainfear an sprioc earcaíochta 20% agus spriocanna uile an Achta amach. Cuirfear tús le líne bhuiséid nua in 2023, le maoiniú reatha chun na tionscnaimh seo a threisiú san athbhliain.<br><br>**RCPSPFNA**: Tá an RTCEGSM i mbun plé leanúnach leis an RCPSPFNA agus leis an SCP maidir le cúrsaí earcaíochta agus is rannpháirtí gníomhach é i ngníomhaíochtaí an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge, ag déanamh forbairt leanúnach ar an gcomhoibriú i leith chur i bhfeidhm céimiúil an Achta. Le treocht leanúnach go dtí seo maidir le líon an-íseal iarratas a fhaightear ar chomórtais dhátheangacha na státseirbhíse, luann RCPSPFNA an ról ríthábhachtach a bheidh ag an gCoiste Comhairleach maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 4.2** | **Déanfar taighde a choimisiúnú chun na tosaíochtaí d'earcú cainteoirí Gaeilge a shainiú, mar aon leis na tosaíochtaí do sholáthar seirbhísí as Gaeilge. Déanfar na bealaí is éifeachtaí a fhiosrú chomh maith i ndáil le cainteoirí Gaeilge a earcú. Bainfear úsáid as torthaí an taighde seo chun Córas na gCaighdeán Teanga a chur i bhfeidhm, faoi mar a leagtar síos i mBille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge ar an 20 Meitheamh 2022, ag teacht leis an spriocdháta a leagadh síos ina leith san Acht. Titeann an oll-fhreagracht ó thaobh ullmhú an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Gaeilge ar an gCoiste, agus é le cur i gcrích aige roimh 19 Meitheamh 2024. Chuige sin, tá réimse leathan páirtithe leasmhara clúdaithe leis na heagraíochtaí agus leis na comhaltaí atá roghnaithe le bheith ar an gCoiste, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina measc. Tríd an bPlean agus a chuid oibre go ginearálta, beidh ról lárnach ag an gCoiste i gcur chuige comhordaithe a stiúradh chun a chinntiú go n-earcófar líon dóthanach pearsanra le Gaeilge chun seirbhísí a sholáthar.<br><br>I gcomhréir lena chuid feidhmeanna reachtúla, thóg an Coiste an cinneadh ag a chéad chruinniú i mí Iúil 2022, taighde, a bheidh mar bhunús d'ullmhú an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Gaeilge, a choimisiúnú. D'aontaigh an Roinn, tríd an gCoiste Comhairleach, conradh bliana, a bhfuil luach nach mór €400,000 air, le hOllscoil na Gaillimhe chun na críche sin.<br><br>I measc tosaíochtaí an taighde, beidh:<br>• Na bearnaí atá i soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge mar atá faoi láthair a aithint agus straitéisí a mholadh chun dul i ngleic leis sin;<br>• Na seirbhísí poiblí a sholáthraítear i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ("LPT") a aithint agus straitéisí a mholadh chun a chinntiú gurb í an Ghaeilge teanga oibre na n-oifigí sin atá lonnaithe i LPT agus go bhfuil na seirbhísí sin á soláthar trí mheán na Gaeilge;<br>• Staid reatha maidir le leibhéal inniúlachta Gaeilge san earnáil phoiblí a aithint; agus<br>• Moltaí a dhéanamh maidir le hearcú dhaoine le Gaeilge.<br><br>Mar thaca don obair seo, tá gealltanas Rialtais maidir leis an bPlean a chur i bhfeidhm san áireamh i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 4.3** | **Freastalóidh oifigigh ón RTCEGSM ar aonaigh ghairmthreorach i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun daoine óga a chur ar an eolas faoi na deiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, SCP |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an Roinn ag obair go leanúnach leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus leis an gCoimisiún Eorpach leis na deiseanna fostaíochta san Aontas Eorpach, go háirithe dóibh siúd le Gaeilge, a chur chun cinn. In 2022, d'fhreastail oifigeach ón Roinn ar chomhdháil de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha san Aontas Eorpach agus le comhairle a chur orthu faoi na do státseirbhísigh Éireannacha atá ar iasacht le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus do pháirtithe leasmhara eile a phléann le cúrsaí fostaíochta san Aontas Eorpach. Eagraíodh seimineár ar an láthair ag Oireachtas na Samhna freisin i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún Eorpach chun daoine le Gaeilge a spreagadh le cur isteach ar phoist sna hinstitiúidí Eorpacha agus le comhairle a chur orthu faoi na deiseanna agus na próisis earcaíochta éagsúla. Labhair oifigeach ón Roinn ag an seimineáir seo chomh maith chun feasacht a chothú faoi na deiseanna fostaíochta a bheidh ann san earnáil phoiblí in Éirinn dóibh siúd le Gaeilge de thoradh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Anuas air sin, d'fhreastail oifigigh na Roinne ar aonach gairmthreorach de chuid Ollscoil na Gaillimhe chun na deiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí a chur ar a súile do mhic léinn na hOllscoile. |

| **Uimhir 4.4** | **Leanfaidh FSS leis an tseirbhís saorfhóin agus ríomhphoist dhátheangach atá ar fáil ó HSELive agus ó Ionad Teagmhála na gCártaí Leighis.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá seirbhís saorfhóin á chur ar fáil sa dá ionad seo trí Ghaeilge. |

| **Uimhir 4.5** | **Maidir le dreasachtaí agus bealaí tacaíochta chun daoine le Gaeilge líofa a mhealladh i dtreo gairmeacha sláinte, déanfaidh FSS na nithe seo a leanas:**<br>**tacófar le Scéim Scoláireachtaí Leighis le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta**<br>**oibreofar i gcomhar leis an earnáil oideachais tríú leibhéal chun modúil ar chúram d'othair le Gaeilge a fhorbairt m.sh. leigheas, altraí, fisiteiripe, teiripe urlabhra agus teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha – Ollscoileanna ag cuartú maoiniú |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG, FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean FSS agus ÚnaG ag maoiniú scoláireachtaí faoin Scéim Scoláireachtaí Leighis. Bhí 8 rannpháirtí ag fáil buntáiste as na scoláireachtaí seo le linn na bliana 2022, mar a leanas:<br>• Ábhar Dochtúir 3<br>• Cógaisíocht 3<br>• Teiripe Shaothair 1<br>• Teiripe Urlabhra 1 |

| Uimhir 4.6 | **Déanfar cinnte de go gcuimseoidh córas na gcaighdeán, atá le cur i bhfeidhm, an tairiscint ghníomhach i ndáil le seirbhísí as Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RCPSPFNA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Beidh na caighdeáin teanga, lena n-áirítear an tairiscint ghníomhach, lárnach don todhchaí maidir le seirbhísí Stáit ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal, agus tá obair leanúnach ar siúl maidir lena ndréachtú.<br><br>Tugadh feidhm don fhoráil ábhartha den Acht nua (Alt 9) a thugann stádas reachtúil do na caighdeáin ar an 15 Márta 2023. Tá próisis comhairliúcháin ar leith leagtha síos faoi Alt 19A.(6) den Acht leasaithe anois maidir le forordú caighdeán teanga, eadhon:<br>• dul i gcomhairle le hAirí eile de chuid an Rialtais;<br>• comhairle a lorg ón gCoiste Comhairleach;<br>• próiseas comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil thar thréimhse 3 mhí; agus<br>• próiseas comhairliúcháin a reáchtáil leis na comhlachtaí poiblí ábhartha thar thréimhse 3 mhí.<br><br>Chuige sin, táthar ag obair i dtreo tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus an próiseas comhairliúcháin don chéad aicme de chomhlachtaí poiblí i Ráithe 4 2023. I dtaca leis an ngealltanas seo, beidh an tairiscint ghníomhach mar ghné lárnach de na caighdeáin teanga seo oiread agus is féidir. |

| Uimhir 4.7 | **Tabharfar tacaíocht do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí ar mhaithe le seirbhísí poiblí den chéad scoth a chur ar fáil as Gaeilge sna comhlachtaí poiblí ina bhfeidhmíonn siad.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚÁ |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh de bheith ag tacú le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge ("COFG") in 2022, i gcomhar le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach ("CBCC") ach go háirithe, agus ag tabhairt éisteachta dá chuid aiseolais maidir le gnéithe éagsúla de chur i gcrích a chuid feidhmeanna agus iad ag iarraidh soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge ar ard-chaighdeán a chinntiú ina gcomhlachtaí poiblí éagsúla. Mar fhorbairt eile ar an tacaíocht seo, tá beartaithe in 2023, cuireadh a thabhairt do COFG teacht os comhair an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge, a bunaíodh i mí an Mheithimh 2022 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, chun léargas a thabhairt dóibh ar a gcuid moltaí sa spás seo i dtaca le hobair an Choiste féin agus spriocanna uaillmhianacha an Achta trí chéile a bhaint amach. |

## Scéimeanna

| | |
|---|---|
| **Uimhir 4.8** | **Déanfar caighdeáin teanga a thabhairt isteach in ionad chóras reatha na scéimeanna teanga do na hearnálacha éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí de bharr Rialachán nua a thionscnófar faoi Bhille na dTeangacha Oifigiúla. Fanfaidh na scéimeanna teanga atá ann cheana i bhfeidhm go dtí cibé tráth a shannfar caighdeáin nua le cur ina n-ionad.** |
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RCPSPFNA, DP, OAA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tugadh feidhm don fhoráil ábhartha den Acht nua (Alt 9) a thugann stádas reachtúil do na caighdeáin ar an 15 Márta 2023. Tá próisis comhairliúcháin ar leith leagtha síos faoi Alt 19A.(6) den Acht leasaithe anois maidir le forordú caighdeán teanga, eadhon:<br>• dul i gcomhairle le hAirí eile de chuid an Rialtais;<br>• comhairle a lorg ón gCoiste Comhairleach;<br>• próiseas comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil thar thréimhse 3 mhí; agus<br>• próiseas comhairliúcháin a reáchtáil leis na comhlachtaí poiblí ábhartha thar thréimhse 3 mhí.<br><br>Chuige sin, táthar ag obair i dtreo tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus an próiseas comhairliúcháin don chéad aicme de chomhlachtaí poiblí i Ráithe 1 2024. |

| | |
|---|---|
| | Maidir leis na treoirlínte, tá beartaithe go mbeidh feidhm á tabhairt d'Alt 4 agus d'Alt 5 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 roimh dheireadh 2023. Leasóidh Alt 4 Alt 9 den Phríomh-Acht agus cuirfidh Alt 5 ailt nua isteach sa Phríomh-Acht, eadhon Ailt 9A-9E. Faoin Acht leasaithe beidh treoirlínte le heisiúint faoi Ailt 9A-9D laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na n-alt sin. Chuige sin, tá obair leanúnach ar bun ag RTCEGSM i ndáil lena ndréachtú. Dar ndóigh, faoin Acht leasaithe, is féidir leis an Aire treoirlínte a eisiúint i dtaca leis na caighdeáin teanga chomh maith agus táthar ag breithniú ar an ngné sin de i láthair na huaire chomh maith. |

| Uimhir 4.9 | **Déanfar forálacha na scéimeanna - amhail an Scéim Sóisialta Tuaithe, an Scéim Fostaíochta Pobail, an Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas agus Tús – a choinneáil ar bun sa Ghaeltacht, ag féachaint don líon laghdaitheach daoine atá ar an mBeochlár agus don ghá atá ann a chinntiú go ndírítear na scéimeanna sin ar na riachtanais atá ag cuardaitheoirí poist agus ag daoine eile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RGFCS, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an tÚdarás ag freastal ar ghrúpa oibre atá ag déanamh athbhreithniú ar an Scéim Soisialta Tuaithe agus a bheidh ag ullmhú tuairisc don Aire Stáit le freagracht as Forbairt Pobail agus Carthanais sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |

| Uimhir 4.10 | **Déanfar sainréimse na ceanneagraíochta, Cumann na bhFiann, faoina gconradh le Foras na Gaeilge, agus scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail Scéim na gCampaí Samhraidh agus Scéim na nImeachtaí Óige, a chur chun feidhme lena bhforbrófar acmhainn na ndaoine óga sa phobal Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do 91 campa ceadaithe le linn 2022.<br><br>Faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2021/2022 ceadaíodh 65 deontas. Ceadaíodh 95 deontas faoi Scéim na nImeachtaí Óige don scoilbhliain 2022/2023<br><br>**Cumann na bhFiann**<br>Le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do Chumann na bhFiann le feidhmiú sa mhór-réimse 'Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga'. |

| | |
|---|---|
| | Straitéis chun Gréasáin úsáidte Gaeilge do Dhaoine Óga a Bhunú ar fud an Oileáin:<br><br>Cuireadh eagrán athbhreithnithe den straitéis i gcrích le linn na tréimhse. Bailíodh moltaí trí shuirbhé a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara agus ar dhaoine ag obair in earnáil óige na Gaeilge agus cuireadh na moltaí san áireamh sa phróiseas. Rinneadh nuashonrú ar staitisticí agus cuireadh na deiseanna úra ar líne, deiseanna a tháinig chun cinn le linn na paindéime san áireamh, chomh maith le heolas ábhartha eile. Chomh maith leis sin rinneadh athbhreithniú ar phleananna feidhmíochta agus forbartha na heagraíochta.<br><br>Clubanna Óige:<br><br>Cuireadh tús le clubanna óige arís (ar an talamh agus fíorúil) i Meán Fómhair 2022. Osclaíodh 21 chlub le linn na tréimhse agus is ar bhonn céimiúil a osclófar tuilleadh clubanna. Aithnítear an dúshlan, theacht ar oibrithe dheonacha, i mbearna de 2 bhliain.<br><br>Oiliúnt:<br><br>Eagraíodh 3 chúrsa oiliúna ar líne d'Oibrithe Óige. D'fhreastail 58 duine ar na cúrsaí seo.<br><br>Bunachar Gníomhaíochtaí ar líne:<br><br>Cruthaíodh 7 bhfíseán sainspéise le linn na tréimhse agus tá 76 san iomlán anois ar fáil. Déantar na físeáin a chraoladh ar na meáin shóisialta gach seachtain mar chuid de 'Satharn Sásta' agus tá siad ar fáil ar chainéal YouTube na heagraíochta chomh maith le www.oige.ie.<br><br>Carnabhal na nGaelscoileanna:<br><br>Eagraíodh 6 Charnabhal san iomlán le linn 2022. Tá an t-éileamh do na Carnabhail ag fás i gcónaí agus an-chuid spéis léirithe do 2023.<br><br>'Slua le Bua' agus 'Slua le Bua na nÓg':<br><br>Fógraíodh na comórtais le linn na tréimhse agus cuireadh i gcrích iad le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag 2022. |

| **Uimhir 4.11** | **Leanfar de bheith ag reáchtáil Scéim Phobail Gaeilge trína dtugtar tacaíocht d'fhorbairt pobal Gaeilge ag leibhéal an phobail.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, Grúpaí rathúla faoin Scéim |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Is éard atá i Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge ná mórscéim tacaíochta Fhoras na Gaeilge atá dírithe ar 36 coiste Gaeilge den earnáil phobail agus dheonach agus trína bhfuil gréasán de 28 oifigeach forbartha Gaeilge fostaithe i gceantair na gcoistí Gaeilge le clár forbartha pobail a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana. Ceadaíodh ciste de bhreis agus €4.3 milliún don scéim thrí bliana seo ar cuireadh tús léi in Eanáir 2022. Le tacaíocht leanúnach agus comhoibriú i gcomhar le Glór na nGael, eagraíodh sraith de cheardlanna oiliúna do bhaill choistí agus oifigigh forbartha Gaeilge le linn na bliana agus eagraíodh mórthionól na n-oifigeach forbartha Gaeilge le linn Oireachtas na Samhna i gCill Airne. |

## Ceanneagraíochtaí & Infheistíocht

| Uimhir 4.12 | **Déanfar ciste caipitil a chur ar fáil le haghaidh ionaid Ghaeilge timpeall na tíre.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá méadú ag teacht ar an gciste seo bliain ar bhliain, ó bunaíodh an Rialtas reatha in 2020, agus tá sé seo le léiriú sa tábla thíos, Beifear ag iarraidh leanúint leis an treocht seo sna blianta amach romhainn: |

| Bliain | C4 (Caipitil) €000 |
|---|---|
| **2020** | €1,132 |
| **2021** | €2,000 |
| **2022** | €3,500 |

| Uimhir 4.13 | **Déanfar Lárionad Gaeilge i lár Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CCBÁC, CnaG, FÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an tionscadal seo, a bhfuil cead pleanála faighte ina leith, curtha san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá sé ar cheann de phríomhthionscadail na RTCEGSM agus beidh sé le clúdach as ciste caipitil na Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge, lasmuigh den Ghaeltacht, sa tréimhse amach romhainn. Tá obair ar bun ar bhonn leanúnach chun an togra seo a bhrú ar aghaidh, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. |

| Uimhir 4.14 | **Leanfar le tacaíocht a chur ar fáil don obair atá ar bun ag na ceanneagraíochtaí atá faoi chúram Fhoras na Gaeilge.** |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Aontaíodh buiséad agus clár oibre le gach Ceanneagraíocht sna mór-réimsí do 2022 agus cuireadh maoiniú bliantúil ar fáil do na Ceanneagraíochtaí.<br><br>Bhí sraith de 4 chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta ar a bhfuil ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge agus ó na 6 Cheanneagraíochtaí le linn 2022.<br>**Ceanneagraíochtaí** :<br>• Conradh na Gaeilge<br>• Cumann na bhFiann<br>• Gaeloideachas<br>• Gael Linn<br>• Glór na nGael<br>• Oireachtas na Gaeilge |

## An Óige

| **Uimhir 4.15** | **Déanfar forbairt ar straitéis chuimsitheach chun gréasáin úsáide Gaeilge a bhunú don óige ar bhonn náisiúnta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, CnaF, CnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Straitéis chun Gréasáin úsáidte Gaeilge do Dhaoine Óga a Bhunú ar fud an Oileáin:<br><br>Cuireadh eagrán athbhreithnithe den straitéis i gcrích le linn na tréimhse. Bailíodh moltaí trí shuirbhé a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara agus ar dhaoine ag obair in earnáil óige na Gaeilge agus cuireadh na moltaí san áireamh sa phróiseas. Rinneadh nuashonrú ar staitisticí agus cuireadh na deiseanna úra ar líne a tháinig chun cinn le linn na paindéime san áireamh, chomh maith le heolas ábhartha eile. |



# 5

## Réimse Gnímh

# Na meáin agus an teicneolaíocht

# Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht

## Réamhrá

Tá obair fhónta ar bun ar bhonn leanúnach ag na forais stáit agus eagraíochtaí ábhartha eile atá ag plé leis na meáin agus cúrsaí teicneolaíochta chun úsáid na teanga a chaomhnú agus a fhorbairt ar fud na tíre.

**Plean Digiteach don Ghaeilge**

Baineadh cloch mhíle thábhachtach amach ag deireadh 2022 nuair a foilsíodh an Plean Digiteach don Ghaeilge, 2023-2027. Sheol Aire Stáit na Gaeilge agus na Gaeltachta, Jack Chambers TD. an plean, a ullmhaíodh i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i mí na Nollag 2022. Plean uaillmhianach cúig bliana atá i gceist a chuirfidh ar chumas phobal na Gaeilge an teanga a chothú trí earnáil bhríomhar teicneolaíochta Gaeilge a bhunú agus a fhorbairt. Dírítear sa phlean ar fhorbairt teicneolaíochtaí éagsúla Gaeilge, leis an aidhm go mbeidh an Ghaeilge ar comhchéim le teangacha eile i réimsí den nuatheicneolaíocht. Léiríonn an plean na céimeanna, na gníomhaíochtaí agus an taighde atá ag teastáil leis an aidhm seo a bhaint amach agus is bunchloch thábhachtach é óna bhfásfaidh na forbairtí atá ag teastáil. Cuireadh tús leis an obair ar fheidhmiú an phlean in 2023.

**Cúrsaí Teicneolaíochta**

Cé nár foilsíodh an Plean Digiteach don Ghaeilge go dtí deireadh 2022, lean an Roinn ar aghaidh ag maoiniú go leor tionscnaimh éagsúla a bhain leis an nGaeilge a chur chun cinn i réimse na teicneolaíochta. Tá réimse leathan de thionscnaimh theicneolaíochta i gceist, idir thacaíocht do thaighde le córais sintéise glórtha a fhorbairt agus tacaíocht le hábhar Gaeilge a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal domhanda.

**Clár TechSpace**

Tá difríocht shuntasach le feiceáil idir líon na ndaoine a bhí páirteach in TechFéile agus san oiliúint a ghabhann leis in 2021 agus in 2022; baineann sé seo le cúrsaí Covid-19. Cé go ndearna ré Covid-19 dochar do go leor eagraíochtaí agus tionscnaimh éagsúla, bhí buntáistí áirithe ag baint leis do TechFéile. In 2021 b'éigean gach imeacht a reáchtáil ar líne agus mar gheall air sin b'fhusa do dhaoine freastal ar imeachtaí. I rith 2022 bhí meascán d'imeachtaí ar an láthair agus d'imeachtaí ar líne i gceist. Bhí dúshláin ann ó thaobh teacht ar mhúinteoirí ionaid do mhúinteoirí a bhí ag iarraidh freastal ar oiliúint agus ar imeachtaí.

## TG4

Tá an-chuid bainte amach maidir leis na meáin Ghaeilge le cúpla bliain anuas agus leanadh den dul chun cinn sa bhliain 2022. Is iomaí cor a cuireadh den chéad uair i stair TG4 agus i stair na Gaeilge i rith na bliana. Bhí scannáin Ghaeilge Cine4 ar taispeáint i bpictiúrlanna, ag féilte idirnáisiúnta in Éirinn agus thar lear, agus aird mhór ag an bpobal orthu agus moladh mór ag léirmheastóirí, agus bhí *An Cailín Ciúin* ar an gcéad léiriúchán Gaeilge riamh a ainmníodh don ghradam Oscar don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr.

Ba í seo an chéad bhliain den straitéis Fís TG4 Tar Éis Covid 2022. Leagtar príomhbhéim san Fhís ar réimse poiblí a chothú do phobal labhartha na Gaeilge, stádas náisiúnta don teanga a chruthú agus príomhshruthú a dhéanamh ar an teanga go náisiúnta. Tá sé bunaithe ar chaighdeán agus stádas bhranda TG4 a fhorbairt de réir tagarmharcanna ar leibhéal Eorpach. Baineadh nithe áirithe amach i ndáil leis an straitéis i rith na bliana, lena n-áirítear sciar níos airde den lucht féachana náisiúnta teilifíse ná aon bhliain ó 2011 i leith.

Cuidíonn Cine4, scéim scannánaíochta Gaeilge TG4 i gcomhar le Fís Éireann agus le hÚdarás Craolacháin na hÉireann lena chinntiú go dtagann an Ghaeilge i láthair i réimse an chultúir.
Sa bhliain 2017, bhunaigh TG4 an scéim Cine4 d'fhonn scannánaíocht na Gaeilge a chur ar leibhéal nua agus ábhar Gaeilge TG4 a leathnú amach le go mbeadh sé ar taispeáint i bpictiúrlanna. Tugann an scéim deis do na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn toradh a gcuid cumais agus scileanna a léiriú ar an leibhéal is airde agus rinneadh bealach isteach ar mhargadh domhanda na meán cumarsáide d'ábhar drámaíochta Gaeilge. Cuireadh ardaidhmeanna roimh an scéim ón tús agus tá rún ag TG4 scannáin Ghaeilge a léiriú a ghnóthódh ainmniúcháin do ghradaim Oscar.

Go dtí seo, tá sé cinn de scannáin Ghaeilge déanta a cuireadh ar taispeáint i bpictiúrlanna agus ag féilte idirnáisiúnta in Éirinn agus ar fud an domhain, péire acu sin a ndearnadh an chéad léiriú craolacháin orthu cheana féin ar TG4. Is iad na sé scannán: *Finky*, *Arracht*, *Róise & Frank*, *Foscadh*, *An Cailín Ciúin* agus *Tarrac*.

Sa bhliain 2021, chuidigh roghnú *Arracht* mar iontráil na hÉireann i gcatagóir Ghradaim Oscar don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr, agus a thaispeáint ina dhiaidh sin i bpictiúrlanna, le bonn treise a chur faoin stádas suntasach a ghabhann le scannánaíocht na Gaeilge. I rith na bliana 2022, leanadh, trí Cine4, den straitéis "TG4 Gach Áit" a leathnú. Ba é *Foscadh* iarracht na hÉireann sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag Gradaim Oscar sa bhliain 2022 agus bhí sé ar feiceáil i bpictiúrlanna ar fud na tíre an chéad leath den bhliain. Seoladh *Róise & Frank* agus *An Cailín Ciúin* i bpictiúrlanna ar fud na tíre agus ar fud an domhain an dara leath den bhliain 2022. Bhí an-tóir ar *Róise & Frank*, fadscannán Gaeilge don teaghlach, ag féilte ó rinneadh a sheoladh ar dtús agus bronnadh gradaim éagsúla air. Tharla freisin i gcás *Arracht* agus *Foscadh* an chéad chraoladh teilifíse ar TG4 i bhfómhar na bliana 2022.

Tá níos mó ná €1m gnóthaithe ag *An Cailín Ciúin* i mboscaí ticéad phictiúrlanna na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe amháin, rud a fhágann gurb é an scannán Gaeilge is fearr a chruthaigh riamh é.

**Freastal ar Lucht Féachana na Gaeilge le Seirbhísí Nuachta Forfheabhsaithe**
Sa bhliain 2022, moladh i Straitéis Forfheidhmiúcháin & Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán go mbeadh smacht eagarthóireachta go neamhspleách ag TG4 ar sheirbhísí nuachta an stáisiúin d'fhonn foráil d'iolrachas níos mó sa tráchtaireacht nuachta agus d'fhonn cur ar chumas TG4 seirbhís fhorfheabhsaithe a chur ar fáil don lucht féachana. Tá an moladh sin ag teacht le Straitéis Nuachta & Cúrsaí Reatha TG4. Teastaíonn ó TG4 seirbhísí nuachta sainiúla neamhspleácha a chur ar bun, seirbhísí digiteacha agus seirbhísí do leanaí san áireamh. Rinneadh bearta éagsúla i rith na bliana 2022 maidir leis an aisling sin a thabhairt i gcrích, an chéad Cheannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha ag TG4 a cheapadh san áireamh.

## RTÉ

Tá méadú 700% tagtha ar ábhar líneach Gaeilge RTÉ le trí bliana anuas.

Gheall RTÉ go gcraolfaí 600 uair an chloig d'ábhar Gaeilge i rith 2022, ach bhí os cionn 1,000 uair an chloig craolta acu ar a gcuid seirbhísí líneacha, agus an RTÉ Player agus os cionn 9,000 uair an chloig ar an raidió ag deireadh na bliana.

D'aontaigh 63% de na daoine fásta go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge.

Tháinig deireadh le Plean Teanga trí bliana RTÉ ag deireadh 2022 (Plean Teanga 2020 – 2022). Chuir RTÉ Plean nua Teanga trí bliana, a chlúdaíonn na blianta 2023 – 2025, faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i mí na Nollag 2022.

**RTÉ agus an Ghaeilge sa bhliain 2022**
I measc an ábhair a chraol RTÉ i nGaeilge in 2022 ar an teilifís bhí raon leathan de shraitheanna agus d'fhormáidí úrnua a ndearnadh coimisiúnú orthu ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus ó na foirne intí, chomh maith le rogha níos fearr d'ábhar a bhí léirithe go neamhspleách a fháil, rud a thug rogha níos fearr d'ábhar i nGaeilge don lucht féachana i ngach seánra ó ábhar na bpáistí go dtí sraitheanna fíorasacha ag buaic-am féachana.

**Cláracha Gaeilge**

Chuir foireann Chláracha Gaeilge RTÉ réimse breá éagsúil de chláracha nua ar fáil a raibh an-ghlacadh leo ag cách agus a chuir le sciar an lucht féachana in 2022. Cuireadh tús le séasúr 2022 le *Cloch le Carn*, sraith de chláracha faisnéise a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar oidhreacht cheathrar ceannródaithe i saol poiblí na hÉireann a fuair bás an bhliain roimhe sin: Paddy Moloney, Pat Hume, Donncha Ó Dúlaing agus Des O'Malley.

Mheall *Scannal*, sraith staire sóisialta RTÉ, lucht féachana mór agus léargas úr á thabhairt aige ar na scannail a bhain croitheadh as an tír. Féachadh siar i sraith 2022 ar thionchar agus ar thoradh roinnt scannail mhóra a tharla in Éirinn, lena n-áirítear fuadach John O'Grady, cás gan réiteach Annie McCarrick, scannal Tailidimíde, timpiste Air India, agus dúnmharú Brian Stack, an t-aon oifigeach príosúin a dúnmharaíodh in Éirinn le linn aimsir na dTrioblóidí. Bhí an-ghlacadh ag an lucht féachana agus ag léirmheastóirí araon leis an dá shraith mar gheall ar an iriseoireacht a bhí iontu agus an léargas a thug siad, agus d'éirigh thar cionn leo.

Clár faisnéise dhá chlár ba ea *Athbhaile: The Cobblestone* faoin áit is ansa le lucht an cheoil i lár chathair Bhaile Átha Cliath – ach scéal é freisin faoi theaghlaigh agus faoin bpobal. Tarraingíodh aird na meán ar an teach tábhairne ceoil agus gnó teaghlaigh seo a bhfuil an-ghean air nuair a thug na mílte aghaidh ar shráideanna na príomhchathrach chun cur in aghaidh iarratas pleanála ar óstán naoi stór, a chuirfeadh an mol cultúir a bhí cothaithe ag úinéir an tí tábhairne Tom Mulligan ó 1988, i mbaol, dá n-éireodh leis. Bhí teistiméireachtaí sa tsraith ó mhuintir Mulligan as Gaeilge agus ó cheoltóirí agus Gaeilgeoirí araon a throid go crua chun an t-ionad mór cultúir seo a chosaint. In ainneoin iomaíocht ghéar ó Chorn an Domhain ar RTÉ2, bhí an-tóir ag an lucht féachana ar an tsraith agus bhain sí ardmholadh agus cáil amach.

I gclár faisnéise sainscríofa a coimisiúnaíodh go speisialta chun 50 bliain de Raidió na Gaeltachta a chomóradh, rinne Mairéad Ní Mhaonaigh, ceoltóir as Dún na nGall a bhfuil ardmheas uirthi ar fud na tíre, iniúchadh ar an ról lárnach a bhí ag RTÉ Raidió na Gaeltachta in athbheochan an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta ar oileán na hÉireann. Lean *Ceol na nGael* Mairéad ar thuras síos cósta thiar na hÉireann, ag bualadh le ceoltóirí eile agus craoltóirí ar an mbealach, chun an scéal a insint faoin gcaoi ar chuir an stáisiún beocht nua i dtraidisiún ceoil agus amhránaíochta na hÉireann.

Cuireadh clabhsúr leis an séasúr le sraith speisialta dhá chlár de *Cloch le Carn* ina ndearnadh ceiliúradh ar shaol agus ar oidhreacht bheirt fhathach de shaol na hÉireann: an t-iriseoir agus an daonnúlach, Jim Fahy, agus an file agus an fíodóir focal, Brendan Kennelly.

**RTÉ Gaeilge agus Léiriúcháin Neamhspleácha**
D'oibrigh RTÉ i ndlúthpháirt leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge, le BAI agus le BBCNI chun coimisiúnú a dhéanamh ar ábhar breise i nGaeilge, rud a raibh an lucht féachana thar a bheith sásta leis i rith 2022. In *Droichid na hÉireann* (New Departures Media), á chur i láthair ag an aisteoir Lochlann Ó Mearáin, rinneadh iniúchadh ar an stair, na scéalta, an innealtóireacht agus na daoine ba chúis le cuid de na droichid is mó a bhfuil tóir orthu in Éirinn. Craoladh *Faoi Bhláth* (Abú Media), sraith ina ndéantar ceiliúradh ar bhithéagsúlacht na hÉireann, ar RTÉ One i mí Feabhra. Le linn 13 chlár, thaistil an láithreoir Aedín Ní Thiarnaigh trí pháirceanna, lochanna, portaigh agus sléibhte na hÉireann chun a raon saibhir bláthanna fiáine a nochtadh agus iniúchadh a dhéanamh ar an eolaíocht agus ar an mbéaloideas a bhaineann le gach ceann acu, chomh maith lena n-úsáid sa chócaireacht, sa leigheas agus sa cheardaíocht.

Sraith stíle maireachtála sé chlár a fuair tacaíocht ón ILBF ba ea *Bog Amach* (Strident Media), arna cur i láthair ag Tessa Fleming agus a chraol RTÉ i mí an Mheithimh. Sa tsraith seo leanadh sé theaghlach agus iad ag tabhairt a ndroim d'fhuadar shaol na cathrach le haghaidh eachtraí nua faoin tuath in Éirinn, ag féachaint ar thithe a bhí ar díol in áiteanna áille ó Dhún na nGall go deisceart Chiarraí, trí Ghaillimh.

Clár faisnéise aonuaire ba ea *The Man with the Moving House* (Bang Bang Teoranta) a craoladh ar RTÉ One i mí Lúnasa agus a d'inis scéal an leoin agus na luiche faoi streachailt 14 bliana Bhreanndáin Uí Bheaglaoich ag iarraidh cead a fháil ó na húdaráis phleanála teach a thógáil ar a thalamh féin. Léirigh an scéal – arbh é an clár faisnéise ba mhó e ar féachadh air sa samhradh ag an am áirithe sin – an téama níos leithne maidir le tionchar na ndlíthe pleanála ar phobail tuaithe na Gaeltachta. Thacaigh BAI leis an tionscadal seo. D'fhill an tsraith mhóréilimh *Saol an Tréidlia* (Strident Media) ar RTÉ One don dara sraith de cheithre chlár san fhómhar. An uair seo, bhí an tréidlia atá lonnaithe i gConamara, John, in éineacht le tréidlia na cathrach Emma agus an tréidlia capall Liam. Fuair an lucht féachana léargas pearsanta ar gach gné de chleachtas tréidliachta nua-aimseartha, idir obráidí ar ainmhithe beaga agus déileáil le fadhbanna móra ainmhithe in Árainn agus ag ullmhú capaill folaíochta le díol go hidirnáisiúnta ag Goffs.

Clár faisnéise uair an chloig ba ea *Saol Sheáin* (Tyrone Productions) a craoladh ar RTÉ One i mí na Nollag agus ina ndearnadh iniúchadh ar shaol seisear fear os cionn 60 bliain d'aois, a raibh an t-ainm Seán orthu uile. Ba é an smaoineamh ná léargas a thabhairt ar an taithí a bhí ag glúin d'fhir na hÉireann agus gach Seán ag insint a scéil féin agus ag déanamh machnaimh ar an saol, ar an ngrá agus ar an mbás agus ar na hathruithe, idir mhaith agus olc, a chonaic sé le linn a shaoil.

Chomh maith le hábhar a choimisiúnú do RTÉ, déanann RTÉ Gaeilge ábhar a choimisiúnú do TG4 mar chuid den chomhaontú soláthair ábhair idir na craoltóirí. Choimisiúnaigh RTÉ clúdach spóirt Chraobh URC do TG4 in 2022.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
Ar Dhomhnach Cásca 1972, thosaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta i mbun craoltóireachta, ócáid chinniúnach i stair chraoltóireachta na hÉireann. In 2022, rinneadh ceiliúradh ar an méid atá déanta ag an stáisiún le 50 bliain anuas, ag saibhriú agus ag neartú na bpobal Gaeltachta agus Gaeilge ar fud na tíre, agus a gcuid scéalta, amhrán agus ceoil á roinnt go laethúil. Chun tús a chur le ceiliúradh na bliana seo, craoladh ceolchoirm speisialta – *RTÉ Raidió na Gaeltachta 50* – beo ar an raidió agus i bhfoirm físe ar líne ó chroílár na Gaeltachta i gConamara i mí Aibreáin 2022. Bhí deis ag ceoltóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ceoltóirí óga, damhsóirí agus amhránaithe an t-ardán a roinnt le Ceolfhoireann Coirme RTÉ. Ghlac os cionn 100 taibheoir páirt in ócáid dhraíochtúil le lucht féachana beo a craoladh níos déanaí ar theilifís RTÉ One freisin.

Ba í 2022 an bhliain freisin ar bhuail RTÉ Raidió na Gaeltachta bóthar chun craoladh ó na mór imeachtaí a cuireadh siar le linn na paindéime. Cuireadh béim ar chraoltóireacht lasmuigh agus ar 'an raidió' a thabhairt chomh fada leis an bpobal. I measc na n-imeachtaí móra bhí Comórtas Peile na Gaeltachta, Fleadh Cheoil na hÉireann, Scoil Samhraidh Willie Clancy agus Oireachtas na Gaeilge. Craoladh cláracha ó ionaid phobail, scoileanna, séipéil agus féilte beaga i gcraoltaí beaga lasmuigh, agus thug siad an pobal le chéile chun a gcuid scéalta a roinnt.

Tá nuacht, cúrsaí reatha, siamsaíocht, spórt agus ceol i sceideal an stáisiúin agus bíonn siad le cloisteáil i rith na bliana, agus bhí siad riamh ina gcuid thábhachtach d'fhéiniúlacht an stáisiúin. Beidh roinnt imeachtaí ar bun in 2023 chun clabhsúr a chur le ceiliúradh an leathchéid agus tá sé beartaithe roinnt sraitheanna spleodracha nua drámaíochta agus ceoil a chraoladh i rith na bliana.

**RTÉ Gaeilge ar Líne**
Lean RTÉ Gaeilge ar rte.ie ar aghaidh ag nascadh an chuid is fearr den ábhar raidió, nuachta agus teilifíse atá ag RTÉ le gnéithe agus podchraoltaí suimiúla i nGaeilge, agus tháinig méadú 75% ar a sciar den lucht féachana ó 2019 i leith. Príomh-bhuaicphointe na bliana ba ea *Creidim Ionat*, feachtas meantóireachta de chuid Fhoras na Gaeilge agus RTÉ, faoi stiúir fhoireann láithreoireachta *Beo ar Éigean*. Spreag an feachtas an lucht éisteachta chun an Ghaeilge a bhí acu a úsáid agus a bheith ina meantóir/ meantaí chun cabhrú le daoine eile leis an teanga.

**RTÉ agus Comhpháirtíochtaí**
Fiosraíonn Fios Físe, tionscadal taighde fadtéarmach lucht féachana agus éisteachta do RTÉ agus TG4, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, an tionchar, na leibhéil sástachta agus na nósanna éisteachta atá ag daoine a labhraíonn Gaeilge ar oileán na hÉireann. Leanann an tionscadal de léargais luachmhara a chur ar fáil i ndáil le lucht féachana agus éisteachta RTÉ RnaG agus TG4.

Bhí bród ar RTÉ comhpháirtíocht a dhéanamh le Foras na Gaeilge ar dhá thogra i rith 2022. Seoladh *Creidim Ionat* ar líne, ar an raidió agus ar an teilifís le tacaíocht ó RTÉ ar an 17 Deireadh Fómhair 2022. Ba é an aidhm leis an tionscnamh nuálach comhoibríoch feasacht leitheadach ar an nGaeilge a chothú. Le linn an fheachtais leanadh láithreoirí an phodchraolta *Beo ar Éigean*, Áine Ní Bhreisleáin, Sinéad Ní Uallacháin agus Siún Ní Dhuinn, agus iad ag déanamh meantóireachta air agus ag tacú le triúr cáiliúla ar a n-aistear Gaeilge, Michael Fry (fuirseoir), Marty Morrisey (láithreoir agus tráchtaire le RTÉ) agus Marrissa Carter (bunaitheoir agus príomhfheidhmeannach Carter Beauty), chun a spriocanna pearsanta teanga a bhaint amach laistigh de cheithre seachtaine. Le linn Creidim Ionat bhronn Marty Morrissey gradam Uile-Réalta CLG-PWC as Gaeilge beo ar RTÉ a hAon, thug Marissa Carter ceacht smididh as Gaeilge ar Today RTÉ agus rinne Michael Fry sceitse grinn go hiomlán as Gaeilge.

Tá *Creidim Ionat* tar éis dul i bhfeidhm ar dhaoine i gcéin is i gcóngar, agus 4.3 milliún duine sroichte ar líne i dtrí thír is ochtó, a raibh de thoradh air trí mhilliún is ochtó imprisean agus 1.3 milliún amharc físeáin ar líne go dtí seo.

Creidim Ionat - An Irish Language initiative by Foras na Gaeilge - YouTube

Bhí comhar eile ag RTÉ le Foras na Gaeilge a raibh an-rath air i mí na Samhna, 2022 lena chinntiú go mbeadh cluichí cláir, leabhair do gach aois, bréagáin agus cluichí as Gaeilge mar chuid den RTÉ Toy Show, an clár teilifíse is mó lucht féachana in 2022.

Den dara bliain as a chéile, reáchtáil OÉ Gaillimh agus Nuacht RTÉ agus TG4 an cúrsa, *Iriseoirí an lae amárach* le comhairle ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus ón Roinn Oideachais. Tá an cúrsa dírithe ar scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge ar fud na tíre agus bhí sé ar siúl ar an ardán Zoom idir 1-3 Márta 2022. Rinne foireann ó chúrsaí meán agus cumarsáide OÉ Gaillimh agus iriseoirí RTÉ a chraolann ar TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus a sholáthraíonn ábhar d'ardáin dhigiteacha an cúrsa a chur i láthair ar líne.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **10** | 9 | 1 | |
| 2018-2019 | **1** | 1 | | |
| 2018-2020 | **2** | | 2 | |
| 2018-2021 | **2** | | 2 | |
| 2018-2022 | **32** | | 32 | |
| 2019 | **3** | 1 | 1 | 1 |
| IOMLAN | **50** | **11** | **38** | **1** |

# Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht

## Digiteach

| Uimhir 5.1 | **Foilseofar Plean Digiteach don Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CnaT, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Foilsíodh an Plean Digiteach don Ghaeilge, 2023-2027 i mí na Nollag 2022. Sheol Aire Stáit na Gaeilge agus na Gaeltachta, Jack Chambers TD, an Plean ar an 8 Nollaig 2022. Plean uaillmhianach, cuimsitheach don Ghaeilge i réimse na teicneolaíochta is ea an Plean Digiteach agus cuireadh tús leis an obair a leagtar amach sa phlean in 2023. |

| Uimhir 5.2 | **Leanfar le forbairt a dhéanamh ar shraith podchraoltaí dírithe ar an éisteacht dhigiteach ar líne a chothú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh tús leis an gcéad sraith de phodchraoltaí tiomnaithe Gaeilge i samhradh 2017 agus tá sé ag fás agus ag forbairt ó shin. Tá an podchraoladh le fáil ar *Spotify*, *Apple Podcasts*, *Stitcher*, *Acast* agus gan dabht ar an *RTÉ Radio App* agus rte.ie/gaeilge. Craoladh breis agus céad eagrán ar RTÉ Radio One.<br><br>Ba iad *Beo ar Éigean* a bhí ionadaíoch ar RTÉ i bhfeachtas ilardáin náisiúnta a raibh an-rath air, *Creidim Ionat*, i gcomhar le Foras na Gaeilge agus RTÉ le linn mhí Dheireadh Fómhair 2022. Thug an feachtas ardú próifíle don phodchraoladh agus don Ghaeilge freisin.<br><br>Tá straitéis dhigiteach ar bun le forbairt a dhéanamh ar na heagráin dhigiteacha i measc an phobail, ag ócáidí, féilte srl.<br><br>Bronnadh gradam don phodchraoladh Gaeilge is fearr orthu i mí Mheán Fómhair 2022 agus ainmníodh iad don chlár raidió is fearr ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais.<br><br>Bhí siad i láthair agus i mbun taifeadadh ag Coláiste Chamuis; ar chlár Tommy Tiernan; ag Conradh na Gaeilge i Londain; ag Eagrán beo ag Electric Picnic agus go leor eile chun an branda a chur chun cinn. Thaifead siad eagrán speisialta dírithe ar an bhféile Bród agus faoi shláinte na mban le Gráinne Seoige dá clár faoin meanapás.<br><br>https://www.rte.ie/gaeilge/ |

| Uimhir 5.3 | **Cuirfear córas nascleanúna Gaeilge ar fáil leis an gcéad leagan eile den seinnteoir RTÉ Player ar ardáin de chuid RTÉ.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá córas nascleanúna Gaeilge ar fáil anois ar an seinnteoir RTÉ Player. https://www.rte.ie/player/ |

| Uimhir 5.4 | **Cruthófar spás sainiúil Gaeilge ar éileamh ar sheinnteoir nua RTÉ Player, ina mbeidh ábhar reatha agus ábhar cartlainne feiceálach.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo curtha i gcrích agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.5 | **Forbrófar tionscadal foghlama le hOllscoil Uladh a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí meánleibhéil agus ardleibhéil trína mbainfear úsáid as ábhar de chuid RTÉ RnaG arna thras-scríobh agus arna nascadh le hábhar fuaime agus foclóra ar líne.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ, OU |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo curtha i gcrích agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.6 | **Maidir le Cartlann Athbheochan na Gaeilge, déanfar catalógú ar Chartlann Chonradh na Gaeilge, An Claidheamh Soluis 1917-1932 a dhigitiú agus a chur ar fáil ar líne. Déanfar tuairiscí agus comhfhreagras timireachta atá i seilbh an Chonartha agus na Leabharlainne Náisiúnta a chur in eagar chomh maith, ar mhaithe lena gcur ar fáil don phobal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | CnaG, OÉG, LN |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | D'fhill an Coimeádaí ó shos gairme i mí Iúil 2022.<br><br>Cuireadh Leabhair Ard-Fheise Chonradh na Gaeilge ar líne, anseo: https://cnag.ie/ga/eolas/an-ghaeilge/leabhair-ard-fheise-chonradh-na-gaeilge.html<br><br>Chomh maith leis sin, rinneadh uasdátú ar óstáil *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae* ar shuíomh Chonradh na Gaeilge. Tá siad ar fáil anseo: https://cnag.ie/ga/eolas/an-ghaeilge/an-claidheamh-soluis-ar-l%C3%ADne.html |

| | |
|---|---|
| | Osclaíodh an rochtain ar Chartlann Chonradh na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe don phobal arís tar éis deireadh a bheith curtha lei leis an gcuid is mó de shrianta Covid-19. Tá tuilleadh eolais faoi Chartlann Chonradh na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe anseo: https://exhibitions.library.nuigalway.ie/s/cnag/page/home<br><br>Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tús le catalógú ar ábhar Chonradh na Gaeilge atá i seilbh na Leabharlainne ó 1943 i leith. Tá cuid den ábhar ar fáil cheana féin agus beidh tuilleadh á chur ar fáil de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an gcatalógú. |

| Uimhir 5.7 | **Ag tógáil ar obair www.dúchas.ie cuirfear tacaíocht ar fáil chun digitiú a dhéanamh ar ábhair Ghaeilge atá á gcoinneáil i gcartlanna, i dtaisclanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna ar fud an domhain.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | D'fhorbair Gaois Bailiúchán Bhéaloideas Árann. Tá 102 taifead fuaime agus 916 grianghraf foilsithe ar an suíomh (https://bba.duchas.ie). Seoladh an suíomh go hoifigiúil ar Árainn i mí Eanáir 2023. Is le maoiniú eile a forbraíodh an tionscadal seo ach bhí baint dhíreach aige le hobair Dúchas. |

| Uimhir 5.8 | **Déanfaidh RTÉ tionscadal maidir le haip dhigiteach Ghaeilge faoi leith a fhorbairt a bheidh dírithe ar leanaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Aithníonn RTÉ an tábhacht a bhaineann le straitéis a thugann tús áite do chúrsaí digiteacha do gach lucht féachana agus go háirithe do leanaí. Leanfaidh RTÉ ag déanamh iniúchadh ar dheiseanna féideartha sa spás digiteach a thabharfaidh an lucht féachana níos cóngaraí don ábhar. Tá an t-ábhar ar fad a cruthaíodh sa roinn Daoine Óga ar fáil ar fud na n-ardán i spásanna líneacha agus digiteacha araon. Aithníonn RTÉ an tábhacht a bhaineann le haip do leanaí a fhorbairt agus leanfar ag déanamh iniúchadh ar an spás sin.<br><br>Tuigeann rannóg leanaí RTÉ go rímhaith nósanna an lucht féachana a bhíonn ag athrú an t-am ar fad. Dá bhrí sin tá an eagraíocht 100% tugtha don eispéireas, a thugann tús áite do chúrsaí digiteacha, is cuimsithí agus is féidir a chur ar fáil ar fud gach seirbhís. |

| | |
|---|---|
| | Chuige sin, tá ábhar an stáisiún agus an t-ábhar a cuireadh i láthair ar chainéil líneacha RTÉjr & RTÉ 2 ar fáil freisin le féachaint air am ar bith is mian leis an lucht féachana, níl le déanamh ach cnaipe a bhrú ar an RTÉ Player.<br><br>Cuireann RTÉ míreanna eisiacha digiteach ar fáil freisin ar fud a gcuid gcainéal tiomanta YouTube atá coimeádta slán.<br>RTÉ Kids - YouTube<br>RTÉjr - YouTube<br><br>Le láithreáin gréasáin RTÉ athchóirithe as an nua, cuirtear i bhfad níos mó alt, eolais agus bileoga oibre ar fáil don phobal a chuirfidh ábhar siamsaíochta ar fáil do leanaí agus do dhaoine fásta de gach aois.<br>RTÉ Kids (rte.ie)<br>RTÉ Learn (rte.ie) |

## Teilifís

| Uimhir 5.9 | **Déanfaidh TG4 fónamh ar bhealach níos fearr don lucht féachana Gaeilge agus tacófar leis na pobail a labhraíonn Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | I ndáil le craoladh líneach, rinne TG4 dul chun cinn leanúnach maidir leis an sciar den lucht féachana. D'fhéach 3.7m duine nó 82% den daonra ar TG4 tráth éigin i rith na bliana 2022. Tá ardú ar sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse le trí bliana anuas agus tháinig ardú beagnach 2% air sa bhliain 2022. Is é seo an chéad uair ón mbliain 2011 i leith ar baineadh leibhéal mar seo amach. Tháinig ardú 5% freisin ar an sciar den lucht féachana príomhthráthanna craolta go 2.15%.<br>Ón mbliain 2021, tá TG4 ag díriú ar ábhar níos dána agus níos spleodraí a choimisiúnú don aoisghrúpa 15-34. Táthar anois i dtús dea-thoradh a fheiceáil air sin ó thaobh dul i bhfeidhm ar an lucht féachana. I rith na bliana 2022, bhreathnaigh 46% de lucht féachana na Gaeilge idir 15 agus 34 bliana d'aois ar ábhar TG4 ar fud na n-árdán líneach agus digiteach ar fad. Is maith an cruthú sin maidir le margadh ábhair don aoisghrúpa seo lena mbaineann iomaíocht an-ghéar.<br><br>Cúla4 – Lucht Féachana na Leanaí:<br>Fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2022 go raibh maoiniú tiomnaithe á chur ar fáil chun stáisiún teilifíse faoi leith do pháistí - Cúla4 - a bhunú. |

| | |
|---|---|
| | Cainéal nua faoi leith é seo do leanaí a bheidh á sheoladh ar Sheinnteoir TG4, ar Saorview agus ar Virgin Cable chomh maith lena chur ar fáil do Sky Ireland. I rith na bliana 2022, d'oibrigh foireann TG4 lena chinntiú go mbeadh sársheirbhís ar bun agus á cur ar fáil faoin spriocdháta. Tá acmhainní nua le ceaptha maidir le Cúla4 ar a n-áirítear láithreoir nua a fheidhmeoidh mar ambasadóir óige chomh maith le Cúla4 a chur i láthair ar an scáileán agus trasna na n-ardán. I nGaeilge amháin a dhéanfar craoladh ar an gcainéal seo. Leanfaidh Cúla4 ag cur leis an soláthar cláracha do leanaí ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus ar ardáin neamhlíneacha atá dírithe ar leanaí. Tá bunriachtanas leis na meáin maidir leis an bhforbairt ar thuiscint agus ar mheon leanaí agus ar a gcuid rannpháirtíochta sa phobal. Beidh ról tábhachtach ag Cúla4 maidir le féiniúlacht dreamanna a chur chun cinn agus pobal na hÉireann a threisiú agus le cuidiú leis an nGaeilge a chur chun cinn ó ghlúin go glúin.<br><br>Tá ábhar Cúla4 á chur ar fáil freisin ag TG4 mar acmhainn fhiúntach teanga sna bunscoileanna. Ón suirbhé neamhspleách is deireanaí, arna dhéanamh ag RedC, is léir go mbíonn leas á bhaint go rialta as TG4 nó Seinnteoir Cúla4 ag 44% de na múinteoirí bunscoile, 80% de na múinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, agus 250,000 dalta bunscoile ar fud na hÉireann. |

| Uimhir 5.10 | **Déanfaidh TG4 bonneagar digiteach Gaeilge a sholáthar do sheirbhísí foghlama, faisnéise agus cultúir.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean an forás tréan i rith na bliana 2022 maidir le meáin dhigiteacha neamhlíneacha TG4 a bhreathnú agus le lucht féachana na meán sin. Tháinig ardú beagnach 120% go 136m ar líon na mbabhtaí a breathnaíodh ar fhíseáin trasardáin ar ábhar de chuid TG4 (tar éis forás 65% sa bhliain 2021).<br><br>Bhí ceangal trasmheáin TG4 le lucht féachana na Gaeilge tréan sa bhliain 2022 agus cothaíodh caidreamh le 66% de lucht féachana uile na Gaeilge go seachtainiúil ar fud na n-ardán líneach agus digiteach ar fad, teilifís, gléasanna cliste, gairis phóca, ar líne etc. Is sciar ard é sin ar fud na n-ardán ar fad.<br><br>Le roinnt blianta anuas, tá dhá ardán nua neamhlíneach, Bloc agus Molscéal, tugtha chun cinn ag TG4. I rith na bliana, rinne Molscéal, ardán TG4 maidir le scéalta Gaeilge pobalbhunaithe as ceantair Ghaeltachta, go rímhaith le forás beagnach 10% go dtí 2.6m ar líon na bhfíseán a breathnaíodh. |

| | |
|---|---|
| | Feictear do na glúnta óga anois gur aon siopa amháin iad na meáin shóisialta maidir le caidreamh sóisialta, nuacht, ceol, cluichí, ábhar arna chruthú ag an úsáideoir agus eolas sainphearsanta. Chuir BLOC, cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine 18-34 bliana d'aois, beagnach 2% go 3m sa bhliain 2022 le líon na bhfíseán a breathnaíodh. Cé nach forás tréan sin, is ardú atá ann ar an úsáid i measc na ndaoine óga sa lucht féachana - réimse déimeagrafaíochta ar deacair díriú air agus lena mbaineann iomaíocht an-ghéar.<br><br>Leanadh ag cur le hábhar Cúla4 i rith na bliana 2022 agus le TG4 Foghlaim freisin. Rinneadh an tairseach sin a fhorbairt i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), faoi stiúir na Roinne Oideachais. Cuireadh leis an ábhar atá ar fáil ar an suíomh, agus lena fheiceálacht, trína chur chun cinn ar ardáin na meán sóisialta agus le bearta caidrimh le scoileanna, ollscoileanna agus cumainn na múinteoirí chomh maith le heagraíochtaí eile. D'éirigh go maith le TG4 Foghlaim leis an lucht úsáide agus sa bhliain 2022, tháinig ardú 25% ar an gcaidreamh le TG4 Foghlaim gur breathnaíodh go mór os cionn 100,000 leathanach. Tá fís agus straitéis nua á leagan amach maidir le tionscadail oideachais TG4 ar mhaithe le bonn daingean a chur faoi fhoghlaim na Gaeilge agus cur le líon na ndaoine a úsáideann na hacmhainní tábhachtacha seo. |

| Uimhir 5.11 | **Leanfaidh TG4 agus Cine4 ag soláthar clúdach cuimsitheach agus clúdach leathan ar litríocht na Gaeilge i bhfoirm:**<br>• **bundrámaíocht Ghaeilge a choimisiúnú;**<br>• **leaganacha comhaimseartha de chlasaicí i litríocht na Gaeilge a choimisiúnú; agus**<br>• **cláir láidre ealaíon a choimisiúnú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá ról suntasach anois ag TG4 i dtaobh an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú le cultúr agus ealaíona na hÉireann, mar aon le foghlaim na Gaeilge agus cúrsaí oideachais. Tá ábhar closamhairc Gaeilge atá bunaithe ar an gcuraclam á chur ar fáil do scoileanna agus do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile, mar shampla, lenár n-ábhar Cúla4 agus TG4 Foghlaim. |

| | |
|---|---|
| | Trí scéim ardaidhmeannach Cine4, tá scannáin nualéirithe Ghaeilge á gcur ar fáil ag TG4 i bpictiúrlanna, ag féilte scannán agus ar an teilifís. Chuaigh sárchaighdeán na scannán a léiríodh go dtí seo go mór i gcion ar an lucht féachana. Ó 2017 i leith, tá dhá thionscadal scannánaíochta Gaeilge in aghaidh na bliana á léiriú faoi Cine4, i gcomhar le Fís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI). Finky, Arracht, Róise & Frank, Foscadh, An Cailín Ciúin agus Tarrac na scannáin atá curtha i gcrích faoi Cine4 go dtí seo. Chuaigh gach ceann acu i bhfeidhm ar an lucht féachana ar a bhealach féin agus is cinnte go bhfuil ábhar mórtais ag TG4 astu ar fad.<br><br>Thug léirmheastóirí in Éirinn agus thar lear ardmholadh do scannáin Cine4 ag féilte scannán agus ag searmanais gradam ar fud an domhain. Mar shampla, roghnaíodh an dráma sainré staire Arracht le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag na gradaim Oscar sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr in 2021 agus ghnóthaigh an scannán 15 ghradam agus ainmniúchán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Roghnaíodh an dráma teacht in inmhe Foscadh le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag na gradaim Oscar sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr in 2022 agus thug an scannán sin gradaim leis freisin ag féilte scannán ar fud an domhain agus ag gradaim IFTA. D'éirigh thar barr le Róise & Frank, fadscannán teaghlaigh, ag féilte agus tá gradaim éagsúla buaite aige, ina measc an Gradam don Ensemble is Fearr ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Virgin Media. |

| **Uimhir 5.12** | **Leanfaidh TG4 ag déanamh coimisiúnú ar ábhar as an earnáil neamhspleách i gceantair Ghaeltachta agus ar an mbealach sin, beidh an stáisiún ag tacú le fostaíocht ardleibhéil, lena meastar 300 post sa Ghaeltacht a bheith bunaithe ann.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá ról mór ag TG4 san fhorbairt réigiúnach, ról nach móide a bheadh le sonrú ag an lucht féachana ach amháin ar shárchaighdeán a gcuid ábhair, ach ról a mbíonn tionchar ollmhór aige ar an saol a mhaireann cuid mhór daoine agus pobail ar fud oileán na hÉireann. Is é TG4, ina Chraoltóir-Foilsitheoir dó, príomh-mhaoinitheoir earnáil na léiritheoirí don scáileán sna réigiúin in Éirinn. Tríd an infheistíocht a dhéanann TG4 i gcoimisiúnú ábhair agus i gcothú cumas agus scileanna cruthaitheachta, chuidigh TG4 le hearnáil inbhuanaithe a chothú agus cuirtear deiseanna fostaíochta trí Ghaeilge ar fáil maidir le hobair oilte, chruthaitheachta agus theicniúil. |

| | |
|---|---|
| | Sa bhliain 2022, chaith TG4 €31.1m ar sheirbhísí cruthaitheachta in Éirinn agus caitheadh €26.3m de sin le comhlachtaí cruthaitheachta sna réigiúin, beagnach an t-iomlán le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Sa bhliain 2022, infheistíodh 72% de mhaoiniú poiblí TG4 in ábhar ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha.<br><br>Trí chaiteachas TG4 le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge agus trí na seirbhísí eile ar fad a cheannaítear ó chomhlachtaí cruthaitheachta in Éirinn, treisíonn TG4 le forbairt an tionscail agus an chumais léiriúcháin agus le poist agus teacht isteach sna réigiúin ionas go gcuidítear le geilleagar na cruthaitheachta a chothú sna réigiúin in Éirinn.<br><br>Tá "Comhpháirtíocht" ar cheann de bhunphrionsabail straitéis TG4. Ciallaíonn sé sin nach mór do TG4 oibriú i gcomhar le heagraíochtaí éagsúla chun freastal ar an lucht féachana agus breis lucht féachana a mhealladh agus go dtacaíonn na comhpháirtíochtaí le héifeachtacht mar aon le hardchaighdeán agus cruthaitheacht a neartú.<br><br>Tá tábhacht leis an gcomhpháirtíocht le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Leanadh de sin sa bhliain 2022 agus bhí TG4 ag brath ar an earnáil d'ábhar cruthaitheachta sainiúil maidir le scannáin, cláir theilifíse agus ábhar neamhlíneach. D'oibrigh TG4 go gníomhach i rith na bliana le líon mór léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge agus infheistíodh níos mó arís (72%) de chistí poiblí TG4 in ábhar ón earnáil sin.<br><br>D'oibrigh TG4 go dlúth freisin le heagraíochtaí eile, Údarás Craolacháin na hÉireann agus Fís Éireann ina measc, ní ar an scéim Cine4 amháin ach ar fhorbairt agus léiriú ábhair freisin, chomh maith le cúrsaí oiliúna agus forbairt na hearnála. Tá curtha go mór ag scéimeanna oiliúna na heagraíochta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, mar shampla, le cothú an chumais maidir le scríbhneoireacht, stiúrthóireacht agus léiritheoireacht trí Ghaeilge agus tugtar aitheantas ina leith sin go forleathan ar fud an tionscail. |

| Uimhir 5.13 | **Leanfaidh TG4 ag cur fostaíocht dhíreach ar fáil do breis is 80 ball foirne ardcháilithe, ar cainteoirí Gaeilge iad, ina cheanncheathrú i nGaeltacht Chonamara.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Oibríochtaí: Tá tús á chur le huasghrádú an chórais Mediator agus na socruithe maidir le cainéal nua Cúla4. Táthar ag brú ar aghaidh freisin leis an Straitéis Chlaochlú Digiteach, le forbairtí ar sheinnteoir TG4, na hardáin agus le Sky Glass. |

| | |
|---|---|
| | Scéim Pinsin: Tá cinneadh glactha aistriú chuig Máistirscéim pinsin, de bharr treoirlínte nua ón AE agus polasaithe Rialtais. Tá na socruithe cuí ar siúl anois chun an próiseas sin a thabhairt chun críche a luaithe agus is féidir. Tá treoir faighte ó PWC agus ón iontaobhaí neamhspleách agus rogha le déanamh idir dhá 'Master Trust' éagsúla agus ansin dlús a chuir leis an aistriú chucu sin. Tá na baill sa scéim coinnithe ar an eolas faoi na hathruithe.<br><br>Traenáil & Oiliúint: Tá clár cuimsitheach oiliúna agus traenála ar siúl i réimsí éagsúla. Tá béim faoi leith faoi láthair ar GDPR, Cibearshlándáil, Uilechuimsitheacht, Taighde & Scileanna Meán Sóisialta. Tá roinnt daoine ag tabhairt faoi chéimeanna agus iarchéimeanna a bhaineann lena gcuid dualgais le TG4 chomh maith.<br>Fóram Seaimpíní: Tá obair leanúnach ar siúl ag coiste Éagsúlachta, Cothromaíochta & Áireamh TG4, nó an 'Fóram Seaimpíní' le bliain anuas. |

| Uimhir 5.14 | **Leanfaidh TG4 ag tacú le tionscnaimh agus cláir oiliúna agus oideachais i réimsí na meán, na hiriseoireachta agus an léiriúcháin teilifíse, le comhpháirtíochtaí/intéirneachtaí le hinstitiúidí tríú leibhéal – OÉG, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean TG4 i rith na bliana 2022 den infheistíocht i scéimeanna maidir le cumas a fhorbairt san earnáil. Ba í an tríú bliain í den Scéim Forbartha Oiliúna i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Roghnaíodh 13 iarratasóir maidir le socrúchán bliana le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus le hoiliúint chreidiúnaithe arna tabhairt i gcrích ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Seoladh scéim nua freisin sa bhliain 2022, in éineacht le hÚdarás na Gaeltachta, Fís Éireann agus Gréasán na Meán, d'fhonn earnáil na léiritheoirí closamhairc i réigiún an Iarthuaiscirt a fhorbairt. Bhí gné forbartha san áireamh freisin le gach babhta coimisiúnaithe de chuid TG4 sa bhliain 2022 d'fhonn cuidiú le scríbhneoireacht na Gaeilge, stiúrthóireacht agus scileanna léiriúcháin a thabhairt chun cinn san earnáil. |

| Uimhir 5.15 | **Leanfaidh TG4 ag cur fotheidil ar fáil, chomh maith le roghanna rochtana eile a chuirfidh ar chumas daoine, nach bhfuil líofa sa Ghaeilge, sult a bhaint as an aschur, agus leas á bhaint as roghanna nach gcuireann isteach rómhór ar dhaoine atá líofa sa Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuirtear fotheidil Bhéarla ar fáil ar fhormhór na gclár Gaeilge i sceideal TG4.<br>Cuirtear fotheidil Ghaeilge ar fáil ar 'Ros na Rún' agus ar chuid de chláir na bpaistí.<br>Tá fotheidil roghnaitheach ar sheinnteoir TG4 (dóibh siúd ar mian leo roghnú na bhfotheideal a chasadh de).<br>Craoltar Ros na Rún gach Máirt & Déardaoin ag 8:30 gan fotheidil ar an scáileán. |

| Uimhir 5.16 | **Leanfar ar aghaidh leis na 365 uair an chloig in aghaidh na bliana d'ábhar Gaeilge ó RTÉ do TG4.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, RTÉ, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Lean RTÉ den phlé leanúnach le TG4 ar feadh na bliana maidir leis an Soláthar 365. |

## Raidió

| Uimhir 5.17 | **Déanfaidh RTÉ Radio 1 tástáil phíolótach ar thionscadal tras-scríbhneoireachta ar líne, i gcomhar le hOllscoil Uladh, a bheidh ceangailte le léiriúchán raidió. Fágfaidh sé sin go mbeidh an lucht éisteachta in ann an craoladh Gaeilge a léamh agus a aistriú de réir mar a bheadh gá acu leis.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ, OU |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Níl dul chun cinn suntasach déanta ag RTÉ Radio 1 leis an ngníomh áirithe seo. Tá rún acu tuilleadh fiosruithe a dhéanamh ina leith seo nuair a bheidh an deis acu. Tá deacrachtaí ollmhóra cruthaithe ag paindéim COVID-19 don tionscal léiriúcháin go ginearálta. Bhí rianta agus deacrachtaí COVID -19 fós le brath i rith na bliana 2022. Tá sé i gceist acu filleadh ar an ngealltanas seo amach anseo. |

| Uimhir 5.18 | **Déanfaidh RTÉ aip a bheidh dírithe ar éisteacht raidió as Gaeilge, An Seinnteoir Raidió, a fhorbairt ar bhonn leanúnach.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ, CNÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo idir lámha agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.19 | **Leanfar le tacú agus forbairt Raidió Rí-Rá, stáisiún raidió atá dírithe ar dhaoine óga, mar a samhlaíodh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Déanfar na féidearthachtaí i ndáil le Raidió Rí-Rá a chur ag craoladh ar FM go lánaimseartha a scrúdú, i gcomhar le páirtithe leasmhara.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | CnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Seoladh stiúideo na Gaillimhe a bhuí le maoiniú ón Roinn. Tá craoltóirí anois ag taifeadadh sa dá stiúideo, agus is féidir ábhar beo a chraoladh ó stiúideo Bhaile Átha Cliath. Dá thoradh sin, meastar go bhfuil an stáisiún níos ullmhaithe ná mar a bhí riamh leis an gcéad chéim eile a ghlacadh agus craoladh mar stáisiún lánaimseartha FM.<br><br>Cuireadh le líon na gclár beo agus réamhthaifeadta in 2022. Spreagann na hirischláir *Seal le Seán* agus *Podchraoladh na Seansálaithe* plé agus caint ar an aer agus cuirtear ar fáil iad mar phodchraoltaí. Tá clár nua spóirt, *Comhscór*, a dhíríonn ar chomhionannas inscne agus ar spórt na mban ar comhchéim le spórt na bhfear. |

## Nuacht

| Uimhir 5.20 | **Cruthófar suíomh idirlín beo, nuálach, Gaeilge laistigh de www.RTÉ.ie.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo idir lámha agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.21 | **Tabharfar isteach ailt i nGaeilge maidir le nuacht, cúrsaí reatha, spórt agus siamsaíocht ar fud www.RTÉ.ie.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo idir lámha agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.22 | **Tacófar le seirbhís nuachta as Gaeilge, le raidió pobail agus le hirisí ar mhaithe le léitheoireacht agus úsáid na Gaeilge a chothú de bharr scéimeanna éagsúla de chuid Fhoras na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **An Scéim Raidió Pobail**<br>Athfhógraíodh an Scéim Raidió Pobail in 2021 agus ceadaíodh deontas don dá iarratasóir rathúla, €840,000 do Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus £730,800 do Raidió Fáilte i mBéal Feirste thar trí bliana 2022-2024.<br>Ar na gnéithe is tábhachtaí den obair a dhéanann an dá stáisiún in earnáil an raidió pobail tá an comhoibriú leanúnach eatarthu agus cruinnithe éagsúla i rith 2022, arb é malartú sliotán an ghné ba fheiceálaí de. |

| | |
|---|---|
| | I measc na dtorthaí in 2022 faoin scéim seo bhí:<br>• 318 uair an chloig de chraolachán déanta go seachtainiúil<br>• Breis agus 145 duine a fuair oiliúint/taithí chraoltóireachta<br>• Idir an dá stáisiún, bhí suas le 35,000 leantóir acu ar na meáin shoisialta.<br><br>**Na Meáin Ghaeilge**<br>**Tuairisc.ie**<br>Ceadaíodh deontas cúig bliana ar luach €1,700,000 do **Tuairisc.ie** in 2020 go Meitheamh 2025. Foilsíodh an nuachtán ar líne, www.tuairisc.ie, go seachtainiúil le linn 2022.<br>Bhí 999,372 cuairt ar an suíomh; 357,867 sainúsáideoir; 2,091,497 amharc leathanaigh; agus 35,372 leantóir ag meáin shóisialta **Tuairisc.ie.** le linn na bliana 2022.<br><br>**Comhar**<br>Ceadaíodh deontas cúig bliana ar luach €400,000 do **Comhar** go Meitheamh 2025. Foilsíodh dhá eagrán déag den iris ó thús 2022 agus díoladh c.8,000 cóip den iris chlóite, idir shíntiúsóirí agus chóipeanna a bhí ar fáil sna siopaí. Tugadh 26,253 cuairt agus bhí 17,135 úsáideoir ag an suíomh sa bhliain 2022. Bhí 9,031 leantóirí ag meáin shóisialta **Comhar** in 2022.<br><br>**Nós**<br>Ceadaíodh deontas cúig bliana ar luach £344,000 do 'Rua Media' go Meitheamh 2025. Rinneadh eagráin mhíosúla a fhoilsiú ar líne den ghné-iris, www.nos.ie, sa bhliain 2022. Bhí 100,786 cuairteoir ar shuíomh na hirise; 57,887 sainúsáideoir; agus 23,808 leantóir ag meáin shóisialta **NÓS**.ie le linn na bliana 2022.<br><br>**Na Gradaim Foilsitheoireachta in 2022**<br>Bronnadh gradaim foilsitheoireachta Leabhair Ghaeilge na Bliana – **Gradam Réics Carló** (Leabhar na Bliana don Léitheoir Óg), **Gradam Uí Shúilleabháin** (Leabhar na Bliana don Léitheoir Fásta) agus **Gradam de Bhaldraithe** (Leabhar na Bliana do Shaothar Aistrithe go Gaeilge ó Theanga eile).<br>Is i gcomhpháirt le hOireachtas na Gaeilge a dhéanann Foras na Gaeilge na gradaim seo a eagrú agus tugann na gradaim aitheantas do dhea-chleachtais, do chruthaíocht agus do chur i láthair ag gach aon leibhéal den phróiseas a bhaineann le leabhar a ullmhú don mhargadh.<br>Is ar an teach foilsitheoireachta **Futa Fata** a bronnadh Gradam Réics Carló ar son an tsaothair *An Slipéar Gloine* le Fearghas Mac Lochlainn,maisithe ag Paddy Donnelly. Bronnadh Gradam de Bhaldraithe ar **Barzaz** as an saothar *Khalil*, aistriúchán cumasach a rinne Máirín Nic Con Iomaire. Is ar **Éabhlóid** a bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin as an saothar *Bláth na dTulach*, curtha in eagar ag Réaltán Ní Leannáin, Eoghan Mac Giolla Bhríde agus Mícheál Ó Domhnaill. Fógraíodh duaischiste iomlán de €17,000. |

## Teicneolaíocht

| Uimhir 5.23 | **Déanfar Meitheal Smaointeoireachta a bhunú maidir le húsáid na teicneolaíochta i dteagasc na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, COGG, GO, FnaG, CnaT |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an sprioc seo bainte amach agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.24 | **Cruthófar leagan Gaeilge den tseirbhís Saorview, lena mbeifear in ann an córas a úsáid as Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo críochnaithe agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.25 | **Maidir le www.abair.ie, déanfar taighde agus forbairt ar chórais sintéise glórtha chun réimse leathan de chanúintí a chur ar fáil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CnaT, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá ABAIR ag déanamh forbairt ar theicneolaíocht na hurlabhra agus ar acmhainní teangeolaíochta don Ghaeilge, agus ag baint úsáid astu le háiseanna a bhunú don phobal, do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge, agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Le linn 2022 rinneadh dul chun cinn sna réimsí éagsúla, agus mar a mhínítear thíos, tá méadú tagtha ar chomhpháirtíocht ABAIR le heagraíochtaí eile i dtaca le gnéithe faoi leith. Tugtar léiriú anseo ar chuid de na buaicphointí.<br><br>**An Suíomh www.abair.ie**<br>Rinneadh athdhearadh iomlán ar shuíomh gréasáin ABAIR. Is féidir anois teacht go héasca ar na teicneolaíochtaí, na háiseanna agus na feidhmchláir atá á bhforbairt ag ABAIR agus tugtar spléachadh ar imeachtaí agus ar réimsí taighde ABAIR. Tugann breis is 2,000 úsáideoir in aghaidh an lae cuairt ar theicneolaíochtaí ABAIR.ie.<br><br>**Na Bonnteicneolaíochtaí**<br>**An tSintéis** (Téacs-go-hUrlabhra) |

Tógadh guth sintéiseach nua – *Sibéal*, guth cailín óig a bhfuil canúint Chonnacht aici. Tá an-ráchairt ar an ghuth seo i measc an phobail. Tá guthanna anois do na trí mhórchanúint: guthanna fir agus mná do chanúint Chonnacht agus Chiarraí agus guth mná do chanúint Ghaoth Dobhair. Rinneadh athfhorbairt ar na guthanna sintéiseacha uile (sna trí mhórchanúint) chun na modhanna sintéise is nuálaí a chur i bhfeidhm, ag baint úsáid as líonraí néaracha domhainfhoghlama. Ar an suíomh is féidir roghnú idir na hinnill éagsúla labhartha, ag brath ar an úsáid a bhainfear astu.

**Aithint Cainte** (Urlabhra-go-Téacs)
Seoladh an leagan béite don chóras aitheanta cainte ÉIST agus is féidir anois é a úsáid ar www.abair.ie. I gcaitheamh na bliana rinneadh turgnaimh leanúnacha lena chinntiú go mbeidh an córas seo in ann déileáil leis an éagsúlacht mhór i measc na gcanúintí, agus le bealaí a aimsiú a chuideoidh na mórdhifríochtaí canúna a shárú. Díríodh sna trialacha seo ar mhodhanna le foclóir traschanúnach a ghiniúint.

Tá trialacha ar siúl ar bhonn leanúnach ar mhodhanna nuálacha Ceann-go-Ceann (CgC), lenar féidir córas aitheanta cainte a thógáil. Ní mór a lua go mbraitheann a leithéid seo de chóras ar chorpais ollmhóra chainte – rud nach bhfuil ar fáil go fóill don Ghaeilge, ach táthar ag ullmhú don lá a mbeidh a leithéid de chorpais ar fáil.

**Na Corpais Labhartha**
Don tsintéis, agus go háirithe don aithint cainte, tá an-bhéim á chur ar bhailiú agus ar ullmhú na gcorpas. Tá feachtas ar bun dar teideal *MíleGlór*, ina bhfuil corpais á mbailiú ar líne. Comhthreomhar leis seo, reáchtáiltear bailiúcháin 'beo' ag ócáidí ar leith ina mbíonn na Gaeil le chéile, m.sh. ag Oireachtas na Samhna, i gCiarraí. I rith an tsamhraidh bhí feachtas taifeadta ar bun chomh maith, m.sh. san *Acadamh* i nGaoth Dobhair. Chomh maith leis seo, tá plé le TG4 i dtaca le hábhair labhartha réamhthaifeadta a bhailiú. Tá ábhair labhartha as foinsí éagsúla eile á mbailiú freisin.

Tá tasc ollmhór i gceist agus obair leanúnach ar siúl chun na corpais chainte a 'ghlanadh', a ailíniú, a eagrú agus a chur in oiriúint don chóras aitheanta cainte. Is obair fhadtéarmach atá i gceist anseo, agus tá gá le dhá chur chuige chomhthreomhara – obair láimhe á déanamh foireann oillte le sainscileanna Gaeilge chomh maith le trialacha ar mhodhanna uathoibríocha. Tá feabhsú leanúnach ag teacht ar chóras ÉIST de bharr na hoibre seo.

**Na hÁiseanna**

**Don Phobal**

| | |
|---|---|
| | -- *Léitheoir Gréasáin*: tá sé seo á choinneáil suas chun dáta, dóibh siúd atá ag iarraidh aschur Gaeilge a chur ar fáil dá suíomh gréasáin.<br>-- *Aip ABAIR ar an bhfón:* is féidir anois teacht ar aschur cainte le glórtha sintéise na gcanúintí ar fhón soghluaiste.<br><br>**Do Theagasc na Gaeilge**<br>-- *Ardán foghlama An Scéalaí*: seoladh leagan béite den ardán *An Scéalaí*, atá in oiriúint don seomra ranga chomh maith leis an fhoghlaimeoir aonraic. Cothaíonn an t-ardán seo cumas scríofa agus léitheoireachta, mar aon le cumas labhartha agus cluaséisteachta. Nuair atá an foghlaimeoir ag cumadh scéil, cluintear an leagan labhartha (leis na guthanna sintéise) agus faightear aiseolas labhartha agus scríofa ar earráidí atá le ceartú. Tá trialacha leanúnacha ar siúl leis an ardán seo sa seomra ranga. Bronnadh an Séala Eorpach Teanga 2022 ar *An Scéalaí* i mbliana.<br><br>**Don Rochtain & Míchumas**<br>-- *Córas AAC dóibh siúd gan urlabhra:* Is córas cumarsáide cainte an gléas AAC a cheadaíonn dóibh siúd gan urlabhra abairtí a chumadh (ar bhunús sraith pictiúrí a roghnaítear) agus a labhairt amach le guth sintéise. Osclaíonn an gléas AAC modh cumarsáide do mhórán gan urlabhra, m.sh. i gcás uathachas, pairilís cheirbheach, stróc).<br>Cuireadh fréamhshamhail as líne do chóras AAC Gaeilge ar fáil le linn na bliana agus tá trialacha ar siúl le páistí scoile le huathachas. Tá an obair seo ar siúl i gcomhpháirt leis an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).<br>-- *Léitheoir Scáileáin do na Daill:* rinneadh uasdátú ar léitheoir ABAIR, chun comhoiriúnú leis na córais oibriúcháin is nuálaí a chinntiú.<br>-- *Comhpháirtíocht idir ABAIR agus Oifigí Michumais 'sna hInstitiúid 3ú Leibhéil in Éirinn:* cuireadh tús le feachtas chun glórthaí sintéiseacha ABAIR a chur ar fáil laistigh d'fheidhmchláir atá in úsáid ag scoláirí faoi mhíchumas ag an 3ú leibhéal. Tá an obair seo ar siúl i gcomhpháirt le hOllscoil Luimnigh agus leis an Údarás um Ard-Oideachas. |

| Uimhir 5.26 | **Déanfar forbairt ar an tionscadal Róbóglór (róbait/carachtair). Úsáidfear na róbait chun béim a chur ar chumarsáid agus ar idirghníomhaíocht i bhfoghlaim na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CnaT, RTCEGSM |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Téann an tionscadal Róbóglór lámh ar láimh le forbairt ghlórtha sintéiseacha ABAIR. Tá sé mar aidhm ag Róbóglór bealaí a aimsiú inar féidir cáilíocht ghutha an ghlóir shintéisigh a smachtú. Tá glórtha sintéiseacha an lae inniu an-nádúrtha ar an iomlán, ach mar go mbíonn cáilíochtaí an ghutha agus tuinníocht na cainte mar an gcéanna i ngach abairt a labhraítear amach, níl an bheocht agus an maolú glóir ann atá de dhíth i gcomhthéacsanna ina bhfuil gá le cumarsáid idirghníomhach: sa chumarsáid dhaonna bíonn cáilíochtaí an ghlóir ag athrú de shíor chun meon agus mothúcháin an chainteora a chur in iúl.<br><br>Beidh sé seo tábhachtach in áiseanna do theagasc na Gaeilge. An sampla is soiléire b'fhéidir d'áis ina bhfuil gá leis an saghas seo sólúbthachta gutha ná an córais cumarsáide AAC dóibh siúd gan urlabhra, atá idir lámha ag ABAIR-COGG faoi láthair (féach 5.25 thuas). Sa chás seo, tá glór solúbtha de dhíth chun gur féidir le lucht úsáide iad féin a chur in iúl go hiomlán: goilleann aon easpa i gcáilíochtaí an ghutha sintéise ar fhéiniúlacht an úsáideora.<br><br>Tá cuspóir eile taobh thiar den taighde seo. Tráth gur féidir tréithe cáilíochta an ghlóir shintéisigh a smachtú beidh sé ar ár gcumas fosta mórán guthanna sintéiseacha a ghiniúint as aon chóras sintéiseach amháin. (Tá gá le mórán guthanna don líon carachtar a bhíonn i gceist i gcluichí idirghníomhacha, m.sh. d'áiseanna teagaisc).<br><br>In 2022 fostaíodh mac léinn dochtúireachta, a bhfuil cúlra láidir innealtóireachta na hurlabhra acu agus cur amach ar anailís an ghlóir. Le linn na bliana rinneadh forbairt ar ghnéithe éagsúla den chlár taighde.<br><br>**Forbairt ar theicnicí anailíse agus ar mhodhanna sintéise an ghlóir**<br>Ag tógáil ar dhúthshraith teoiriciúil a rinneadh in 2021, cuireadh leis an gcóras reatha, le modh nuálach anailíse atá bunaithe ar réimse minicíochta an tonnchrutha fuaime (*frequency domain*), sa bhreis ar an réimse ama (*time domain*) a baineadh úsáid as go dtí seo.<br><br>**Anailís an ghutha**<br>Baineadh úsáid as na teicnící seo chun an nasc a shoiléiriú idir thréithe gutha agus mothúcháin an chainteora. Tá trialacha á ndéanamh i gcomhoibriú le baill foirne eile na Saotharlainne chun tréithe gutha a aimsiú a bhaineann le léiriú mothúchán áirithe chun gur féidir díriú orthu go háirithe i dtrialacha sintéise.<br><br>**Ón anailís go haireachtáil dhaonna: trialacha sintéise** |

| | |
|---|---|
| | Rinneadh trialacha le foireann ABAIR i rith na bliana ar aireachtáil daonna ar thréithe an ghutha. Is gá na trialacha seo a dhéanamh chun na paraméadair is tábhachtaí a aimsiú don aireachtáil ar mhothúcháin daonna.<br><br>Ar bhunús na dtréithe glóir a aimsítear sa chaint agus ar bhunús ár dtaithí go dtí seo ar anailís ghlóir, beifear in ann díriú ar mhúnlaí a chruthú de na hathruithe glóir a d'fhéadfadh athruithe mothúcháin faoi leith a nochtadh – mar shampla chun glór neodrach gan mothúcháin a aistriú isteach ina ghlór fheargach. |

| Uimhir 5.27 | **Maidir le www.ainm.ie, déanfaidh an Roinn cinnte de go gcaomhnófar an acmhainn luachmhar seo ar líne, a thugann cuntas beathaisnéise ar bhreis agus 1,750 duine a raibh baint acu le saol na Gaeilge ó 1560 i leith.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, CIC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh 10 mbeathaisnéis nuascríofa leis an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge in 2022 agus rinneadh nuashonrú ar 20 beatha. Foilsíodh díolaim théamúil bunaithe ar dhaoine a d'aistrigh bundrámaí de chuid J.M. Synge go Gaeilge. Tugadh 63,000 cuairt ar an suíomh http://www.ainm.ie i rith 2022 agus tá 3,460 leantóir ag a chuntas Twitter. |

| Uimhir 5.28 | **Maidir le www.logainm.ie, leanfar le forbairt na háise cuimsithí bainistíochta seo chun sonraí logainmneacha agus taifid chartlainne a riar. Áis don phobal atá ann, d'Éireannaigh sa bhaile agus thar lear, agus spreagann sí spéis i saibhreas agus i saíocht logainmneacha na hÉireann.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Reáchtáladh Ceardlann Logainmneacha ar Champas na Naomh Uile ar an 12-13 Bealtaine 2022. Seoladh leagan athfhorbartha de logainm.ie mar chuid den cheardlann. Rinneadh athscríobh iomlán ar an gcóras bainistíochta logainmníochta a stiúrann Logainm agus cuireadh an leagan nua seo ar fáil. Uasghrádaíodh API Logainm go dtí leagan 1.0 agus cuireadh é le data.gov.ie.<br><br>Rinneadh athbhreithniú ar an mapáil idir cuid de na míreanna agus na logainmneacha ar logainm.ie agus rinneadh taighde chun leaganacha cearta Gaeilge a shocrú le haghaidh 2,000 sráid. Faoi dheireadh na bliana bhí 819 úsáideoir aonair ag Meitheal Logainm agus 12,240 taifead ionchurtha acu. Anuas air sin, bhí 20 bailiúchán aitheanta agus 42,437 taifead mar chuid díobh. |

| | |
|---|---|
| | Láimhseáil logainm.ie 1,160,464 cuardach agus 360,757 iarratas API. |

| Uimhir 5.29 | **Maidir le www.duchas.ie, ag tógáil ar fhoilsiú Bhailiúchán na Scol agus an Bhailiúcháin Grianghraf de chuid Chnuasach Bhéaloideas Éireann ar líne, déanfar sciar den Phríomhbhailiúchán Lamhscríbhinní a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne ar www.duchas.ie.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, COBÁC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Foilsíodh 53,267 leathanach ón bPríomhbhailiúchán i gcaitheamh na bliana. Seoladh taispeántas de 350 grianghraf nua de chuid Leo Corduff ar Dhúchas ag an Oireachtas. Tugadh 794,390 cuairt ar an suíomh i rith na bliana.<br><br>Forbraíodh Bailiúchán Bhéaloideas Árann, suíomh ar a bhfuil 102 taifead fuaime agus 916 grianghraf. (Is maoiniú eile a bhain leis an tionscadal seo ach bhí baint dhíreach aige le hobair Dúchas). |

| Uimhir 5.30 | **Maidir le Gaeltech in OCBÁC, tacóidh RTCEGSM le clár taighde maidir le Próiseáil Teanga Nádúrtha na Gaeilge a chur i gcrích.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Críochnaíodh an tionscadal GaelTech 1 in 2022 maidir le Snáithe Taighde 2: Anailís agus aithint Leaganacha Cainte Ilfhoclacha. D'éirigh leis an mac léinn a bhí ag obair ar an snáithe seo a PhD a chosaint i mí Mheán Fómhair 2022 agus bhain sí céim amach i mí Aibreáin 2023. Rinneadh turgnaimh i meaisínaistriúchán néarach *(neural machine translation)* (NMT) a raibh moill orthu roimhe seo mar gheall ar COVID-19 a bhaint amach agus a dhoiciméadú sa tráchtas PhD. Bhí baint ag an mac léinn le Gníomhaíocht COST 21167 UniDive, gníomh taighde atá dírithe ar Uilíocht, Éagsúlacht agus Saintréithiúlacht i dteicneolaíocht teanga a fheabhsú, ag glacadh ról chomhcheannaire Ghrúpa Oibre 4 (an éagsúlacht a chainníochtú agus a chur chun cinn). Rinneadh cur síos ar roinnt acmhainní a cruthaíodh le haghaidh MWEanna Éireannacha agus rinneadh anailís orthu in alt ar glacadh leis san iris darb ainm *Foclaíocht, struchtúr agus aistriúchán*.<br><br>Maidir le GaelTech 2 a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2021, d'aistrigh an mac léinn MSc go leibhéal PhD agus lean sí lena cuid oibre ar aistriú códbhunaithe Béarla-Gaeilge i dtéacs na meán sóisialta agus ar anailís shinticiúil ar thuíteanna Gaeilge. |

| Uimhir 5.31 | **Déanfar ábhar ar shuíomh idirlín Edcite a aistriú go Gaeilge, chun cur leis an ábhar atá ar fáil cheana féin dóibh siúd atá ag teagasc as Gaeilge, agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí chun an acmhainn a úsáid. Is ardán ar líne é Edcite a chuireann uirlisí ar líne ar fáil do mhúinteoirí chun cleachtaí oideachais a aimsiú, a shaincheapadh agus a chruthú dá gcuid daltaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CI, RTCEGSM, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo críochnaithe agus níl aon dul chun cinn le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.32 | **Maidir le Clár TechSpace, déanfar forbairtí leanúnacha ar an togra ar mhaithe lena chur ar fáil go náisiúnta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | Kinia, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Clár TechSpace 2022<br>● 2 uasdátú déanta ar thraenáil nua (Podchraoladh agus STEAM)<br>● 191 Oideachasóir traenáilte in 2022 ag obair le thart ar 4775 duine óg<br>● 119 Eagraíocht traenáilte in 2022<br>● 119 Seisiún tacaíochta curtha ar fáil d'oideachasóirí<br>● 3 Imeacht le Carnabhal na Gaelscoileanna<br>● 1 Imeacht le Gaelbhratach<br>● 3 Champa Samhraidh<br>● Imeacht d'Oideachasóirí Seolta<br>● Seoladh Dintiúir Kinia<br>● Dialann do mhúinteoirí meánscoile cruthaithe<br>● Dialann do mhúinteoirí bunscoile cruthaithe<br>● Féilire bliana d'oideachasóirí cruthaithe |

| Uimhir 5.33 | **Maidir le Tech Féile, déanfar féile bunaithe ar theicneolaíocht na Gaeilge a bhunú do scoláirí meánscoile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | Kinia, RTCEGSM, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Reáchtáladh Tech Féile 2022 i nDroim Rí i mí Aibreáin le craoladh beo ar líne d'aon duine nach raibh ábalta taisteal.<br><br>● 572 duine óg páirteach<br>● 27 oideachasóir<br>● 26 eagraíocht óige agus scoileanna<br>● 4 seachtaine tacaíochta<br>● 3 chomórtas róbat réigiúnacha |

| **Uimhir 5.34** | **Maidir le Fáilte ar Líne, déanfar cúrsaí ar líne go leibhéal céime don Ghaeilge agus do Chultúr na hÉireann a chur ar fáil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Os cionn c.15,000 úsáideoir ó 134 tír le linn na tréimhse seo agus os cionn 140,000 duine ó thús an tionscadail. Cuireadh 16 ollchúrsa a bhí bunaithe ar leibhéal A & B1 den CEFR agus ar chultúr na hÉireann ar fáil go dtí seo. |

| **Uimhir 5.35** | **Maidir le cúrsaí ríomhaistriúcháin, leanfar le forbairtí ar chórais ríomhaistriúcháin, ar mhaithe le caighdeán seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadal Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta na hÉireann (SAN) in Aibreán 2021 chun sonraí teanga a bhailiú agus a roinnt trí ardán tiomnaithe ar líne. Lean an maoiniú seo ar aghaidh go dtí an 31 Nollaig 2022. Rinneadh athsheoladh ar suíomh gréasáin SAN faoin ainm nua eSTÓR (Sonraí Teanga Óstáilte i gcomhair Ríomhphróiseála) i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus is féidir amharc air ag: https://estor.ie/<br><br>Measadh go raibh an t-ainm eSTÓR (Sonraí Teanga Óstáilte i gcomhair Ríomhphróiseála) níos oiriúnaí do chomhthéacs na hÉireann, agus "e" á chur san áireamh chun tionchar an tionscadail seo ar sheirbhísí aistriúcháin Gaeilge a léiriú, ní hamháin in Éirinn ach san Eoraip freisin, agus an chuid is mó de shonraí eSTÓR á n-úsáid chun inneall eTranslation na hÉireann a thraenáil. Agus tionscadal NRS ag druidim le deireadh a dara bliain, bhí comharthaí soiléire dul chun cinn ann.<br><br>Leanadh leis an SAN a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le heagraíochtaí poiblí trí ríomhphost, ar an nguthán agus trí fhíschomhdháil nuair nárbh fhéidir cuairteanna ar an láthair a dhéanamh. Rinneadh feabhsuithe teicniúla ar bhonneagar an SAN agus rinne úsáideoirí nua agus úsáideoirí a bhí ann cheana sonraí nua a uaslódáil. Baineadh amach freisin iarrachtaí chun córas aistriúcháin *eTranslation* a chur chun cinn i measc úsáideoirí NRS agus fostaithe eile san earnáil phoiblí a úsáideann an Ghaeilge. |

| Uimhir 5.36 | **Maidir le Comhordú Acmhainní na dTeangacha Eorpacha (ELRC), tacóidh an Coimisiún Eorpach leis an RTCEGSM agus le ADAPT chun ardán aistriúcháin uathoibríoch a fhorbairt don Ghaeilge. Beidh an t-ardán seo tairbheach d'aistritheoirí in Institiúidí an Aontais chun dul i ngleic leis an tromualach aistriúcháin.** |
|---|---|
| Stádas | Idir Lámha |
| Amscála | Ar bhonn leanúnach |
| Ceanneagraíocht | RTCEGSM, OCBÁC, ASACE, Comhlachtaí ábhartha poiblí |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T4) | Thacaigh na Pointí Náisiúnta Ancaire (nó NAP) atá lonnaithe in ADAPT in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le hobair ELRC (Comhordú Acmhainní Teanga na hEorpa) le linn 2022.<br>Is éard a bhí i gceist leis sin ná an Phróifíl Tíre d'Éirinn a thabhairt cothrom le dáta sa leagan nuashonraithe de Pháipéar Bán ELRC (a scríobhadh roimhe seo in 2019).<br><br>D'fhreastail an dá NAP ar an 12ú cruinniú de Bhord Acmhainní Teanga ELRC i bPrág i mí na Samhna 2022 áit ar cuireadh buaicphointí ón tionscnamh i láthair: taifeadadh líon na n-acmhainní teanga a bhailigh ELRC beagnach faoi dhó ó 2020 i leith, chomh maith le gníomhaíochtaí nua ransaithe sonraí (*data crawling*), dhá thionscnamh rathúla chun sonraí teanga na hÚcráine a bhailiú agus gníomhaíochtaí méadaithe agus rochtain ELRC ar na meáin shóisialta. Thug ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach isteach an tionscadal nua maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Teanga (LDS). Is é an tionscadal seo an comharba nádúrtha ar an iarracht agus ar na cúraimí a rinne tionscadail ELRC agus ELG (Eangach Teanga Eorpach) agus cuirfear tús leis in 2023. |

| Uimhir 5.37 | **Maidir le Vifax don Ghaeilge, leanfar leis an tacaíocht don togra seo a chuireann ábhar feiliúnach, cleachtaí atá bunaithe ar mhíreanna as Nuacht TG4, ar fáil don seomra ranga i meánscoileanna, i gcoláistí tríú leibhéal agus in institiúidí aosoideachais.** |
|---|---|
| Stádas | Idir Lámha |
| Amscála | Ar bhonn leanúnach |
| Ceanneagraíocht | OMN, RTCEGSM, COGG |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T4) | Bhain 15,295 úsáideoir leas as ábhar Vifax i gcaitheamh na bliana 2022 agus tugadh 90,742 cuairt ar an suíomh le linn na tréimhse sin. Cé gur laghdú é sin ar líon na gcuairteanna a tugadh ar an suíomh sna blianta 2020 agus 2021, is furasta é sin a mhíniú agus foghlaimeoirí ag filleadh ar an seomra ranga, tar éis na paindéime. |

| | |
|---|---|
| | Tá aiseolas cuimsitheach bailithe ó úsáideoirí Vifax le roinnt blianta anuas agus tá forbairtí móra á ndéanamh ar an togra dá réir. I bhfómhar 2022, rinneadh athdhearadh ar cheachtanna Vifax le hiad a chur in oiriúint do leibhéil B1 agus B2 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, agus seoladh sraith nua mioncheachtanna físe, '3 nóiméad nuachta', a roinneadh ar na meáin shóisialta gach seachtain le linn na bliana acadúla, le freastal níos fearr a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí fásta taobh amuigh den seomra ranga.<br><br>Cuireadh tús le hobair forbartha ar phacáiste nua Vifax, bunaithe ar Ros na Rún, a dhíreoidh ar an nGaeilge labhartha. Seolfar an pacáiste nua sin, chomh maith le suíomh gréasáin nua, snas.ie, i bhfómhar 2023, agus déanfar athbhrandáil ar Vifax faoin ainm nua, SnasTV. Tá socruithe déanta go mbeidh ábhar nua Vifax ar fáil freisin trí shuíomh TG4Foghlaim ó fhómhar 2023 ar aghaidh, le cur le líon na ndaoine a bhainfidh úsáid as. |

| **Uimhir 5.38** | **Tacófar leis an bhfeachtas Trasna na dTonnta, a chruthaíonn cibear-Ghaeltacht ar líne, ar mhaithe le feasacht a chruthú don teanga ar na meáin shóisialta, agus naisc a chruthú idir muintir na hÉireann, an diaspóra agus foghlaimeoirí Gaeilge ar fud na cruinne.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | FOÉC, RTCEGSM, RGET, CF, CnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Sheol an tAire Stáit Chambers feachtas #TrasnaNadTonnta 2022 ag ócáid i nGaelscoil an Chuilinn i gCaisleán Cnucha, a craoladh beo ar Twitter agus painéalaithe le Gaeilge ag teacht isteach san ócáid ó áiteanna éagsúla i gCeanada, sna Stáit Aontaithe, san Iorua agus san Astráil.<br><br>In 2022 seoladh #TrasnaNadTonnta ar Instagram, agus ar chúiseanna éagsúla, aithnítear é seo anois mar fhoinse fhéideartha fáis don fheachtas sna blianta amach romhainn. Trí Twitter agus Instagram chonaic 1,407,102 duine ar fud an domhain feachtas 2022, chonaic na daoine seo ar an meán 3.3 phóstáil #TrasnaNadTonnta, rud a d'fhág go raibh 4,705,220 imprisean i gceist. Fuair comórtas grianghrafadóireachta ar Instagram 125 iontráil.<br><br>Ba ó Cheanada, ó Éirinn, ón Spáinn, ón tSeapáin, ó SAM, ón Nua-Shéalainn agus ón Ríocht Aontaithe a tháinig an chuid ba mhó de na tvuíteanna/póstálacha.<br>Fuarthas roinnt torthaí tábhachtacha ó fheachtas na bliana seo maidir le déimeagrafaic a chuideoidh le pleanáil Thrasna na dTonnta, 2023. |

## Oideachas

| | |
|---|---|
| Uimhir 5.39 | **Cuirfear tús le MA nua i gCleachtas Gairmiúil sna Meáin trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Beidh an MA ar fáil mar chúrsa lánaimseartha nó páirtaimseartha agus cuirfear béim ar an iriseoireacht, an chraoltóireacht agus cruthú ábhar d'ardáin éagsúla.** |
| Stádas | Idir Lámha |
| Amscála | 2018 ar aghaidh |
| Ceanneagraíocht | OÉG, RTÉ |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T4) | Cuireadh tús leis an gclár léinn i Meán Fómhair 2018; beirt mhac léinn a chláraigh an chéad bhlian. Chaitheadar mí i seimeastar 1 in ionaid de chuid RTÉ i gConamara: Nuacht TG4/RTÉ/Seacht Lá, agus i RTÉ Raidió na Gaeltachta. Chuadar go RTÉ, Domhnach Broc sa dara seimeastar agus d'éirigh an-mhaith leo. Bhaineadar beirt an MA amach in 2019. Is seachtar mac léinn a chláraigh don bhliain acadúil 2019/2020, d'éirigh leo mí a chaitheamh in ionaid de chuid RTÉ i gConnacht i seimeastar 1 ach de bharr paindéime Covid-19, ní raibh siad in ann tabhairt faoi RTÉ, Domhnach Broc sa dara seimeastar. Bhain an seachtar an MA amach in 2020.<br><br>De bharr go raibh an clár léinn go hiomlán ar líne in 2020/2021 agus gan aon deis freastal ar ionaid de chuid RTÉ, is mac léinn amháin a cláraíodh ar an gcúrsa an bhliain sin. Níor éirigh leis an duine sin aon am a chaitheamh in RTÉ de bharr na paindéime. Chláraigh ceathrar mac léinn don MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) in 2021/22, bhain beirt acu an MA amach in 2021 agus arís bhí cosc i RTÉ ar dhaoine freastal ar an ionad oibre. Ceathrar mac léinn a chláraigh in 2022/2023 agus d'éirigh leo ar fad tréimhse a chaitheamh i RTÉ ag foghlaim ar an láthair. Tá mac léinn amháin de chuid an MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) ag smaoineamh ar PhD a dhéanamh in Aonad Léinn na Cumarsáide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe.<br><br>Is aiseolas dearfach a fuarthas ó na mic léinn ar fad a d'fhreastail ar an MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin), tá ráta 90% fostaíochta ón gcúrsa agus luach ar leith ag na mic léinn ar na teagmhálacha a dhéanann siad le linn a dtréimhsí in RTÉ agus i Nuacht TG4. Thug RTÉ cuireadh do na mic léinn nach bhfuair deis am a chaitheamh ag foghlaim ar an láthair de bharr na paindéime tréimhse a chur isteach in earrach/samhradh na bliana 2023. Bhí ar chumas cuid acu an deis sin a thapú. Go dtí seo tá an MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) bronnta ar dhá dhuine dhéag agus súil go mbronnfar an iarchéim ar chúigear eile atá ina bun in 2022/2023. |

## Corparáideach

| | |
|---|---|
| Uimhir 5.40 | **Cuirfear le húsáid na Gaeilge ar chuntas @RTÉ Twitter agus cíorfar ábhar breise i nGaeilge i spásanna eile de chuid RTÉ ar na meáin shóisialta.** |

| | |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an obair seo idir lámha agus níl aon dul chun cinn breise le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

## Na hEalaíona

| **Uimhir 5.41** | **Leanfar leis an tacaíocht don Chumann Scoildrámaíochta, ar mhaithe le féilte drámaíochta chun drámaí as Gaeilge a chur chun cinn ar fud na tíre, i measc scoláirí bunscoile agus iarbhunscoile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | CS, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Reáchtáladh féilte i gCúige Laighean agus i gCúige Uladh in 2022. Fuair scoileanna ó na féilte sin cuireadh páirt a ghlacadh san Fhéile Náisiúnta. Tugadh cuireadh do scoileanna físeáin a dhéanamh de dhrámaí. Bronnadh duaiseanna ar na scoileanna a ghlac páirt. Rinneadh urraíocht ar Chomórtas Liteartha an Oireachtais freisin. |

| **Uimhir 5.42** | **Leanfar leis an tacaíocht don Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | An Taibhdhearc, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Le linn 2022 bhí Fíbín sa Taibhdhearc gníomhach ar stáitse na Taibhdheirce agus go seachtrach:<br><br>Black Box, Gaillimh.10 & 11 Márta, 2022 & camchuairt: an Cabhán, 14 &15 Márta, 2022: Dráma nuálach (Fiach) agus an lucht féachana ina ngluaisteáin ag breathnú ar an léiriúchán.<br><br>1 Bealtaine: Mórfhéasta sráide saor in aisce le siamsaíocht, ealaín, ceol agus bia. Ceiliúradh ar theacht an tsamhraidh ar an tSráid Láir i nGaillimh.<br><br>14-16 Iúil, 2022: Dráma nuascríofa (Muc Rí) mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe. Mórléiriú amuigh faoin aer le haisteoirí agus foireann ar an gcaighdeán is airde. I rith na dtrí léiriú bhí gar do 3,000 duine sa lucht féachana agus 63 duine fostaithe idir chriú agus ealaíontóirí. |

| | |
|---|---|
| | Oíche Chultúir 2022: Gaeltacht sa Chathair – mórléiriú ar shráideanna na Gaillimhe. Spléachadh faoin spéir le ceol nuachumtha, cóiréagrafaíocht agus stíl fhísiúil. Bhí príomhimeacht na hócáide "Raic" le feiceáil ar RTÉ mar chuid de chlár speisialta bunaithe ar an Oíche Chultúir agus bhí tinreamh de thuairim is 500 duine i láthair.<br><br>Ar an stáitse san amharclann bhí an dráma Baile Beag Mór i mí an Mhárta agus 6 ghearrdhráma nuascríofa (Faoi Cheilt) ón 23-28 Bealtaine, 2022. Bhí Geamaireacht ann i rith mhí na Nollag: Cláir Fionn agus an Bradán Feasa. Díoladh 600 ticéad do Gheamaireacht na Nollag agus bhí teach lán ann Dé Sathairn 10, Dé Domhnaigh 11 agus Dé Sathairn 17 Nollaig. Tháinig breis le 500 páiste scoile isteach i rith na seachtaine ó scoileanna éagsúla ar fud an chontae.<br><br>Oiliúint: Ceardlann drámaíochta do dhaoine óga le Caitríona Ní Dhomhnaill. Clár drámaíochta an tsamhraidh do dhaoine óga (aois bhunscoile agus mheánscoile). 31 Deireadh Fómhair – 3 Samhain. Bhí 50 rannpháirtí páirteach ann. |

| **Uimhir 5.43** | **Déanfar scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail Scéim na bhFéilte, Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, Scéim na dTionscadal Litríochta, na Scéimeanna Meantóireachta do scríbhneoirí agus Scéim na Foilsitheoireachta a chur chun feidhme chun an cultúr agus an chruthaitheacht agus gréasáin Ghaeilge a chothú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Scéim na bhFéilte<br>• Cuireadh maoiniú de €154,759 ar fáil do 65 féile a raibh cur chun cinn na Gaeilge mar chuid lárnach díobh.<br>Scéim na gCompántas Drámaíochta<br>• Cuireadh maoiniú de €262,813 ar fáil do 18 Compántas Drámaíochta.<br>Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon<br>• Cuireadh maoiniú de €69,937 ar fáil do 7 ngrúpa.<br>Le linn 2022 chuir Foras na Gaeilge an maoiniú seo a leanas ar fáil trí Chlár na Leabhar Gaeilge:<br><br>Scéim na Foilsitheoireachta<br>€682,819 dáilte ar 13 fhoilsitheoir (1 Eanáir–Nollaig 31 2022). Foilsíodh 86 leabhar faoin scéim.<br>Chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €250,000 de mhaoiniú aon uaire don bhliain 2022 ar fáil do Chlár na Leabhar Gaeilge chun tacú leis na foilsitheoirí Gaeilge. |

| | |
|---|---|
| | Scéim na gCoimisiún<br>Rinneadh bainistíocht leanúnach ar choimisiúin faoi Scéim na gCoimisiún 2015, 2017 & 2019 ar mhaithe le soláthar sásúil sna réimsí éagsúla léitheoireachta a chinntiú (1 Eanáir–31 Nollaig 2022).<br>Reáchtáladh próiseas athbhreithnithe maidir le Scéim na gCoimisiún le linn 2022. Forbraíodh scéim athbhreithnithe le fógairt sa bhliain 2023.<br><br>Scéim na dTionscadal Litríochta<br>Maoiniú €100,162.96 curtha ar fáil do 10 n-eagraíocht ar mhaithe le tionscadail litríochta a reáchtáil (1 Eanáir–31 Nollaig 2022).<br>Reáchtáladh próiseas athbhreithnithe maidir le Scéim na dTionscadal Litríochta le linn 2022.<br><br>An Scéim Meantóireachta<br>Chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €50,000 de mhaoiniú aon uaire don bhliain 2022 ar fáil do Chlár na Leabhar Gaeilge chun tacú leis an éileamh breise ar an Scéim Meantóireachta.<br>Cuireadh 15 taithí meantóireachta i gcrích (1 Aibreán–Nollaig 31 2022) le deis a thabhairt do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí aitheanta iad.<br><br>Scríobh Leabhar<br>Ghlac 14 Ionad Oideachais, 8,186 páiste, 126 scoil páirt agus scríobhadh 6,817 leabhar faoin scéim Scríobh Leabhar le linn na scoilbhliana 2022-23.<br>Cuireadh rogha leabhar ó Scríobh Leabhar 2021-22 in airde ar www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/na-leabhair/<br><br>Lá Domhanda na Leabhar 2022<br>Bhain an t-eagrán Lá Domhanda na Leabhar de **Cluasa Capaill ar an Rí** #1 amach ar an liosta leabhar sárdhíola Nielsen don chatagóir 'Leabhair do Pháistí' don tseachtain dár críoch 19 Márta 2022: https://www.writing.ie/news/irish-bestsellers-19th-march-2022/<br>https://tuairisc.ie/saothar-gaeilge-ar-bharr-an-liosta-leabhar-is-fearr-diol-do-dhaoine-oga-sa-tir/<br><br>Lá Domhanda na Leabhar 2023<br>Seoladh Lá Domhanda na Leabhar in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2022. Fógraíodh go mbeadh leabhair €1.50/£1 de chuid Lá Domhanda na Leabhar ar fáil i bhformáidí Braille agus digiteacha, a bhuí le tacaíocht ón gComhairle Náisiúnta do na Daill, Éire, **Rita agus an Dragún** san áireamh. |

| | |
|---|---|
| | Ba é an leabhar ***Rita agus an Dragún*** le Máire Zepf agus Mr Ando, foilsithe ag An tSnáthaid Mhór a roghnaíodh le haghaidh fheachtas 2023. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 5.44** | **Tabharfar faoi líon na siopaí leabhar a dhíolann leabhair Ghaeilge trí Sheirbhísí Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge – ÁIS – a mhéadú agus ardófar líon na leabhar Gaeilge a dhíoltar i siopaí leabhar in Éirinn agus thar lear trí thionscadal margaíochta leabhar.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Bhí díolachán leabhar ÁIS os cionn €1m don tríú bliain as a chéile bainte amach agus os cionn 197,000 aonad díolta. Ag plé le custaiméirí agus foilsitheoirí nua i rith 2022 ach b'éigean siopaí a dúnadh a chur san áireamh.<br>Tá athbhreithniú á bheartú ar Scéim Tacaíochta d'Earnáil na Foilsitheoireachta Gaeilge go luath in 2023. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 5.45** | **Maidir le Cultúr Club, déanfar an Ghaeilge a chur chun cinn agus imeachtaí bainteach le cultúr na hÉireann a reáchtáil as Gaeilge do dhaltaí bunscoile agus meánscoile thar lear. Neartóidh an clár seo féiniúlacht Éireannach i measc an phobail thar lear agus cuirfidh sé cultúr agus teanga na hÉireann chun cinn ar fud na cruinne.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CnaG, RTCEGSM, RGET |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá críoch curtha leis an tionscadal seo ó 2019 ach tá na háiseanna fós ar fáil saor in aisce ón nasc seo a leanas: https://cnag.ie/en/get-involved/cultur-club/what-is-cultúr-club.html#AB2019 |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 5.46** | **Maidir le tacú tuilleadh le forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht, leanfar leis an tacaíocht do na healaíona sa Ghaeltacht agus déanfar tuilleadh acmhainní a sholáthar d'Ealaín na Gaeltachta Teo chun cur ar a cumas clár forbartha a sholáthar i gcomhar le páirtithe leasmhara a bheidh dírithe ar chur chun cinn na nealaíon Gaeilge agus Gaeltachta, mar aon le réimsí de Chlár Éire Ildánach a fheidhmiú, mar a bhaineann leis an nGaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CE, EnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Le linn 2022 lean Ealaín na Gaeltachta ag cur tacaíochta agus maoinithe ar fáil do chúrsaí ealaíne sa nGaeltacht trí na gcuid scéimeanna maoinithe éagsúla agus tacú le 195 iarratas ina iomláine as buiséad sa bhreis ar mhilliún. |

| | |
|---|---|
| | Tríd an Scéim Cothú rinne Ealaín na Gaeltachta maoiniú ar 6 thogra straitéiseacha ar fud na Gaeltachta, cuireadh tacaíocht ar fáil do 20 féile ealaíon Gaeltachta agus faoin Scéim Síol cuireadh tacaíocht ar fáil do bhreis is 42 iarratasóir. Fuair 48 ealaíontóir tacaíocht tríd an Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí agus bronnadh maoiniú ar trí ceann déag de thograí straitéiseacha ilghnéitheacha ealaíona, idir fís-ealaíon, litríocht, seónna stáitse agus tréimhsí cónaitheacha tríd Scéim Forbartha na nEalaíon.<br><br>Leanadh le gníomhaíochtaí an chláir Cuisle, atá á sholáthar le tacaíocht na RTCEGS&M, agus d'fháiltigh teagascóirí agus rann pháirtí roimh an deis filleadh ar ranganna beo don bhliain go léir. D'fhreastail 2,400 rannpháirtí ar ranganna sna Gaeltachtaí go náisiúnta. Rinneadh taighde i dtreo clár drámaíochta don óige, cuireadh tús le clár oiliúna do theagascóirí agus fógraíodh Scéim Tacaíochta don Amharclannaíocht Óige ag díriú ar an aoisghrúpa 12-18 bliain .<br><br>Lean Ealaín na Gaeltachta lena gcomhpháirtíocht le heagrais idirnáisiúnta, macasamhail Centre Culturel Irlandais i bPáras chun tréimhse cónaitheach a chur ar fáil d'ealaíontóir Gaeltachta agus leis na Comharsain Ceilteach chun nascanna a chruthú le mionteangacha eile ar fud na hEorpa.<br><br>Go náisiúnta reáchtáil siad cúrsaí oiliúna agus bhí said lárnach i gcomhdháil i gcuideachta le Theatre Forum, National Youth Council of Ireland, Hub na nÓg, British Irish Council, Fóram um Oileán Comhroinnte agus eagrais eile. Rinneadh cumasú ar chinnirí, ealaíontóirí, áisitheoirí agus eagrais ó thaobh dea-chleachtas agus gnéithe sonracha dá ngairm agus cuireadh ceardlanna airgeadais, cánach agus poiblíochta ar fáil d'ealaíontóirí aonair agus d'eagrais ealaíona.<br><br>Cuireadh le feasacht na healaíona Gaeltachta agus obair Ealaín na Gaeltachta trí nuachtlitir míosúil a eisiúint agus cuireadh sruth rialta eolais agus poiblíochta beo ar na hardáin shóisialta, ag cuir na healaíona Gaeltachta chun cinn. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 5.47** | **Déanfar Straitéis chomhtháite ealaíon a fhorbairt le haghaidh ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, an Chomhairle Ealaíon agus TG4 a bheidh dírithe:**<br>**ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge**<br>**ar na caidrimh i measc na bpáirtithe leasmhara a threisiú tuilleadh**<br>**ar phróifíl na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge a mhéadú agus a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta** |

| | |
|---|---|
| | **ar dheiseanna a aimsiú chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CE, EnaG, FnaG, OnaG, RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Foras na Gaeilge:<br>Ghlac Oifigigh ó Fhoras na Gaeilge páirt ghníomhach i ndreachtú Stráitéis do na hEalaíona Teangabhunaithe i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. Tá an dréacht-stráitéis anois ag RTCEGSM.<br><br>Údarás na Gaetachta:<br>Cuireadh an dréacht straitéis faoi bhráid na RTCEGSM |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 5.48** | **Leanfar ag tacú le cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht tríd an gcúnamh caipitil a chuirtear ar fáil faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga de chuid na RTCEGSM.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CE, EnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Socraíodh comhaontú idir RTCEGSM agus Ealaín na Gaeltachta le maoiniú a chuir ar fáil ar bhonn píolóta le bainc uirlisí ceoil a fhorbairt agus a sholáthar do dhaltaí scoile i gceantar Chonamara. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 5.49** | **Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil chun na healaíona a chothú agus a chur chun cinn i measc na hÓige sa Ghaeltacht ar mhaithe le tacú le cur chun cinn an phróisis pleanála teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 araon.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, EnaG, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Rinne Ealaín na Gaeltachta taighde faoi scáth Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach i dtreo chlár drámaíochta don óige. Mar thoradh ar an taighde sin cuireadh tús le clár oiliúna do theagascóirí agus fógraíodh Scéim Tacaíochta phíolótach don Amharclannaíocht Óige ag díriú ar an aoisghrúpa 12-18 bliain. Chuaigh ceithre eagraíocht Gaeltacht i mbun an chláir phíolóta seo, ceann i dTír Chonaill, i gConamara, i gCorcaigh agus i Maigh Eo. Beidh deis tógail ar an chlár píolóta seo sna trí bliana amach romhainn.<br><br>Leanadh le gníomhaíochtaí an chláir Cuisle, a bhfuil sé mar aidhm aige cláir teagasc agus ranganna sna healaíona traidisiúnta agus sa drámaíocht chur chun cinn i measc an óige ar fud na Gaeltachta le linn na scoilbhliana. Aontaíodh clár 3 bliana leis an RTCEGS&M agus tá soláthar buiséad bliantúil €1,240,000 do EnaG leis an chlár gníomhaíochtaí Cuisle a fheidhmiú. |

| | |
|---|---|
| | Leanadh le ranganna sna healaíona dúchasacha ar siúl i nGaeltacht Chonamara agus Árainn. Rinneadh freastal ar 22 scoil i 9 limistéar pleanála teanga. Bhí 17 rang iarscoile ar siúl i 6 ionad iar-scoile. Bhí os cionn 850 duine óg rannpháirteach sa chlár le linn na bliana.<br><br>Bhí freastal á dhéanamh ar 5 Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht Dhún na nGall trí ranganna sna hEalaíona Dúchasacha a chur ar fáil i 5 bhunscoil agus tríd an Scoil Cheoil. Is 33 rang-ghrúpa in aghaidh na seachtaine agus 21 rang aonaracha a chuirtear ar fáil sa scoil cheoil. Tugtar deiseanna tríd an mbanna ceoil An Crann Óg agus cuirtear ceolchoirmeacha ar fáil. Tá an clár seo ag freastal ar 350 duine óg.<br><br>Tá clár oiliúna leathan le deiseanna d'eagraíochtaí agus teagascóirí á chur ar fáil. Cuireadh tús in 2022 le cúrsa úr ceannaireachta dirithe ar scoláirí idirbhliana i gConamara. Cuireadh béim ar Scileanna Ceannaireachta sna hEalaíona Dúchasacha, scileanna teagasc agus deiseanna taithí oibre chomh maith le Scileanna Forbartha i gcóiriú agus cumadh an cheoil.<br><br>Tríd an gcomhphháirtíocht le heagraíochtaí náisiúnta: Hub na nÓg agus an NYCI cuireadh deiseanna oiliúna ar fáil d'eagraíochtaí agus do theagascóirí i réimse Chearta an Linbh. Tugtar deiseanna d'eagraíochtaí, ealaíontóirí agus teagascóirí freastal ar chúrsaí atá curtha ar fáil ag Ealaín na Gaeltachta, mar shampla, cúrsa sna meáin shóisialta le Lorg Media agus cúrsa cosaint linbh le Bríd Molloy.<br><br>Cuirtear tacaíocht ar fáil d'imeachtaí neamhfhoirmiúal, pobalbhunaithe chun deiseanna rannpháirtíochta a fhorbairt i measc na hóige. Bhí daoine óga pairteach i réimse leathan ceolchoirmeacha, seisiún, oícheanta airneáin, ceardlanna agus máistir-ranganna. Cuireadh deiseanna ar fáil do ghrúpa óganaigh freastal ar Scoil Cheoil an Earraigh i gCorca Dhuibhne i Mi Feabhra agus tacú le imeachtaí eile a bhí ar siúl i gCill Áirne le linn an Oireachtais |

## Féilte

| Uimhir 5.50 | **Leanfar de bheith ag cur tacaíocht mhaoinithe ar fáil i gcomhar leis an gceanneagraíocht chuí chun deiseanna a chur ar fáil chun tacú le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, OnaG |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ceadaíodh deontas ar luach €622,594 d' Oireachtas na Gaeilge le linn na bliana 2022. I measc na n-imeachtaí sa bhliain 2022 bhí:<br>• Oireachtas na Samhna: Reáchtáladh an chéad mhórfhéile iar-Covid i gCill Airne le 11,000 duine i láthair agus bhí 698 acu sin arbh iomaitheoirí iad sna comórtais taibhealaíne. Reáchtáladh 163 imeacht oifigiúla agus bhí 43 eagraíocht/institiúid/comhlacht i bpáirt leis an Oireachtas sna himeachtaí sin.<br>• Gradaim Chumarsáide 2022: bhí 300 aoi i láthair ag an ócáid bhronnta agus 742 ag féachaint beo ar líne. Bronnadh iomlán de 15 gradam.<br>• Comórtais Liteartha 2022: Bronnadh duaischiste de €27,550.<br>• Oíche Chultúr 2022: Eagraíodh 29 imeacht ar fud na tíre a mheall líon freastail de 2,429 duine.<br>Páirtnéireacht déanta le himeachtaí eile ar nós: Podchraoltaí ó thaisce liteartha an Oireachtais, Sean-Nós na Fearsaide, Oíche Nollag na mBan, Féastaí Sráide, Parkrun Abú, Ceardlanna Taibhealaíne, Lá Idirnáisiúnta na mBan, ócáid liteartha ag Féile Léitheoirí Chill Dara. |



# 6

## Réimse Gnímh

# Foclóirí

# Réimse Gnímh 6: Foclóirí

## Réamhrá

Tá obair fhiúntach ar bun chun tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'earnáil na foclóireachta agus na téarmaíochta agus táthar ag leanúint leis an bpleanáil chuí chun tionscadail eile a fhorbairt agus a chur i gcrích.

**Foclóir Nua Gaeilge-Béarla agus Gaeilge-Gaeilge**

Cuireadh tús le tionscadal na bhfoclóirí nua ar an 1 Meán Fómhair 2022. Ceapadh ceathrar eagarthóirí agus riarthóir tionscadail amháin ar chonarthaí cúig bliana le linn 2022. Bhí 1.8 milliún úsáideoir ar focloir.ie agus 2.4 milliún úsáideoir ar teanglann.ie. Tá sé i gceist an dá fhoclóir nua a fhoilsiú sa tréimhse cúig bliana idir 2022-2027.

Leanadh den tsoláthar de théarmaí úra agus de théarmaí leasaithe ar an mbunachar náisiúnta. Bhí breis agus 3,950 téarma úr nó leasaithe faofa ag an gCoiste Téarmaíochta faoi dheireadh 2022. Leanadh de chruinnithe rialta an Choiste agus tháinig ball breise isteach ar an gCoiste a chuirfidh go mór leis an bplé le téarmaí i réimsí éagsúla an leighis.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018-2019 | 1 | 1 | | |
| 2018-2021 | 2 | | 2 | |
| 2018-2022 | 3 | | 3 | |
| 2020 | 1 | 1 | | |
| IOMLÁN | 7 | 2 | 5 | 0 |

# Réimse Gnímh 6: Foclóirí

## Foclóirí

| Uimhir 6.1 | **Foilseofar leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh athchló ar an *Concise English-Irish Dictionary* i Ráithe 4, 2021 (8,000 cóip).<br><br>Reáchtáladh comórtas poiblí i Ráithe 4, 2021 chun nach mór 30,000 comhad fuaime sa bhreis a chur le foclóir.ie agus le teanglann.ie in 2022. |

| Uimhir 6.2 | **Leanfar leis an bpleanáil chuí chun foclóir Gaeilge-Gaeilge agus foclóir Gaeilge-Béarla a fhorbairt.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh tús le tionscadal na bhfoclóirí nua ar an 1 Meán Fómhair 2022. Ceapadh ceathrar eagarthóirí agus riarthóir tionscadal amháin ar chonarthaí téarma seasta cúig bliana. Tá i gceist an dá fhoclóir nua a fhoilsiú sa tréimhse cúig bliana idir 2022-2027. |

| Uimhir 6.3 | **Maidir le Foclóir Stairiúil na Gaeilge, leanfar leis an bhforbairt agus an tacaíocht lena chinntiú go gcuirfear Foclóir Stairiúil na Gaeilge i gcrích. Mar chuid den obair seo, cuirfear fo-chorpais ar fáil ar líne ó am go chéile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ARÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá na clocha míle do na chéad trí bliana de Phlean Forbartha 2020 – 2024 bainte amach.<br><br>Tá 90 milliún focal anois i gCorpas Stairiúil na Gaeilge, agus tá an obair forbartha ar siúl ar chóras chun clibeáil chruinn ceart a dhéanamh ar an teanga stairiúil ar fad sna téacsanna sa chorpas. Tá fochorpais, bunaithe ar dhátaí, cruthaithe agus tá forbairt déanta ag an fhoireann eagarthóireachta ar mhúnlaí don iontráil. Cruthaíodh liosta ceannfhocal don fhoclóir stairiúil, rud gur cloch mhíle shuntasach í i bhforbairt an tionscadail.<br><br>Rinneadh forbairt ar an gcúlra teicniúil don tionscadal, agus chuir an fhoireann clár oiliúna i mbogearraí foclóireachta i gcrích. |

## Téarmaíocht

| | |
|---|---|
| Uimhir 6.4 | **Leanfar le hobair an Choiste Téarmaíochta idir fhaomhadh téarmaíochta agus fhoilsiú na dtorthaí ar www.tearma.ie faoi réir na dtagairtí sa Straitéis do 'téarmaíocht nua-aimseartha i nGaeilge a fhorbairt agus a scaipeadh'.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh den soláthar de théarmaí úra agus de théarmaí leasaithe ar an mbunachar náisiúnta. Leanadh de chruinnithe rialta an Choiste (cruinnithe fíorúla nuair ba ghá).<br>Bhí breis agus 3,600 téarma úr nó leasaithe faofa ag an gCoiste Téarmaíochta faoi dheireadh T3. Leanadh den soláthar de théarmaí úra agus de théarmaí leasaithe ar an mbunachar náisiúnta. Leanadh de chruinnithe rialta an Choiste. Sa mhí dheireanach de 2022 bhí an chéad chruinniú hibrideach den Choiste ann, agus rath air, agus leanfar den gcur chuige sin nuair is féidir.<br>Tháinig ball breise isteach ar an gCoiste a chuirfidh go mór leis an bplé le téarmaí i réimsí éagsúla an leighis.<br>Bhí breis agus 3,950 téarma úr nó leasaithe faofa ag an gCoiste Téarmaíochta faoi dheireadh 2022. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 6.5 | **Maidir le téarmaíocht dhlíthiúil a sholáthar, déanfar próiseáil ar Rialacha na nUaschúirteanna, 1986, ar mhaithe le téarmaíocht a bhaineann leis an dlí agus an reachtaíocht a bhaint astu agus iad a chur ar fáil i riocht ailínithe le go mbeidh teacht ag speisialtóirí agus ag an bpobal i gcoitinne ar na saintéarmaí dlí atá le fáil iontu, Institiúidí an AE san áireamh.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018-2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC, RDCC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an tionscadal seo curtha i gcrích.<br>Féach https://www.gaois.ie/ga/ |

## Acmhainní ar Líne

| | |
|---|---|
| Uimhir 6.6 | **Maidir le háiseanna ar líne, déanfar cothabháil agus forbairt ar www.focloir.ie agus www.teanglann.ie le go mbeadh méadú leanúnach ar úsáid an phobail ar na hacmhainní seo.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | 30,000 comhad fuaime nua taifeadta ag comhlacht seachtrach agus le cur le foclóir.ie agus le teanglann.ie in 2023. Nuashonrú ábhair beartaithe do foclóir.ie agus teanglann.ie faoi dheireadh 2023.<br><br>Sa bhliain 2022, bhí 1.8 milliún úsáideoir ag foclóir.ie agus 2.4 milliún úsáideoir ag teanglann.ie. |

| Uimhir 6.7 | **Maidir le huirlisí aistriúcháin, leanfar le forbairt a dhéanamh ar uirlisí aistriúcháin agus córas chun costais aistriúcháin a laghdú agus seirbhís níos gasta a chur ar fáil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh rochtain ar an uirlis eTranslation atá maoinithe ag an AE (lena n-áirítear córas MT na hÉireann) ar fáil do FBManna ar fud na hEorpa agus tugadh faoi deara ag cruinniú Bhord Acmhainní Teanga ELRC (LRB) i bPrág i mí na Samhna 2022 go bhfuil úsáid na huirlise thar a bheith ard i measc FBManna ar fud na hEorpa. |



# 7

## Réimse Gnímh

# Reachtaíocht agus stádas

# Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas

## Réamhrá

Nuair a cuireadh an Plean Gníomhaíochta le chéile, leagadh amach 3 mhórthogra ó thaobh na reachtaíochta de a bhí le cur i gcrích chun stádas na teanga a neartú sna 5 bliana - 2018 go 2022. Is iad sin:

1. Acht na Gaeltachta 2012 a fheidhmiú;
2. Acht na dTeangacha Oifigiúla a leasú; agus
3. Deireadh a chur leis an maolú teanga san Aontas Eorpach faoi 31 Nollaig 2021.

## Acht na Gaeltachta, 2012

Déantar rianú beacht san Acht faoin bpróiseas pleanála teanga atá á chur i bhfeidhm ó 2014 i leith. Tugtar léargas faoi Réimse Gnímh 2 den tuairisc seo ar an dul chun cinn atá déanta chun cúram a dhéanamh de chur i bhfeidhm an phróisis seo le linn na tréimhse tuairiscithe.

Ina theannta sin tá léargas níos cuimsithí ar shuíomh idirlín RTCEGSM faoin bpróiseas trí chéile.

## Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019

Síníodh Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019 ina dhlí mar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, ar an 22 Nollaig 2021.

Treisiú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 atá i gceist leis an reachtaíocht nua seo, agus aithnítear go forleathan go gcuirfidh sé go mór le caighdeán na seirbhísí i nGaeilge a chuireann comhlachtaí Stáit ar fáil don phobal.

Foráiltear leis an Acht go ndéanfar athmhúnlú suntasach ar an mbealach a gcuirtear seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge ar fáil don phobal, agus cinntíonn sé go leanann Acht na dTeangacha Oifigiúla de bheith ina thacaíocht éifeachtach dóibh siúd go léir ar mian leo seirbhísí ar ardchaighdeáin trí Ghaeilge a fháil ón Stát.

Mar a luadh roimhe seo, tá sé mar chuspóir ag an Acht neartaithe seo:

- go mbeidh 20% d'earcaigh don tseirbhís phoiblí inniúil sa Ghaeilge faoi 31 Nollaig 2030;
- go gcuirfear gach seirbhís phoiblí sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil i nGaeilge;
- go mbeidh gach oifig phoiblí lonnaithe sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge;
- go ndéanfar Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a fhorbairt; agus
- go dtiocfaidh córas na gcaighdeán teanga in áit córas na scéimeanna teanga.

Sonraíodh sa reachtaíocht chomh maith go mbunófar Coiste Comhairleach reachtúil laistigh de 6 mhí ó achtú an Achta i.e. faoin 21 Meitheamh 2022, rud a rinneadh ar an 20 Meitheamh 2022. Tacóidh an Coiste le mórspriocanna an Achta a bhaint amach, agus beidh ról lárnach aige i gcur chuige comhordaithe a aithint agus a stiúradh chun a chinntiú go n-earcófar líon dóthanach pearsanra le Gaeilge chun seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.

Chuige sin, ceann de phríomhfheidhmeanna an Choiste ná Plean Náisiúnta a ullmhú laistigh de dhá bhliain óna lá bunaithe, d'fhonn soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mheadú. Faoi réir alt 18C. (1) (c) den Acht, leagtar síos go bhféadfadh an Coiste seo taighde a choimisiúnú chomh maith chun na tosaíochtaí is práinní a aithint sa státchóras agus san earnáil phoiblí ó thaobh na Gaeilge de. Sa mhéid sin, thóg sé an cinneadh ag a chéad chruinniú, ar an 25 Iúil 2022, taighde a choimisiúnú i leith ullmhú an Phlean. Tá cistiú de nach mór €400,000 ar fáil don tionscadal agus is conradh bliana atá i gceist, chun a chinntiú go gcloínn an Coiste leis an spriocdháta uaillmhianach atá leagtha síos faoin Acht d'ullmhú an Phlean ina iomláine. I measc tosaíochtaí an taighde, beidh:

- Na bearnaí atá i soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge mar atá faoi láthair a aithint agus moltaí a thabhairt faona bhféadfaí dul i ngleic leo seo;
- Na seirbhísí poiblí a sholáthraítear i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ("LPT") a aithint agus moltaí a thabhairt faoina bhféadfaí a chinntiú gurb í an Ghaeilge teanga oibre na n-oifigí sin atá lonnaithe i LPT agus go bhfuil na seirbhísí sin á soláthar trí mheán na Gaeilge;
- Staid reatha maidir le leibhéal inniúlachta Gaeilge san earnáil phoiblí a aithint; agus
- Moltaí a dhéanamh maidir le hearcú daoine le Gaeilge.

Tá gealltanas sonrach tugtha i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 chomh maith go gcuirfear an Plean Náisiúnta seo i bhfeidhm.

Ó thaobh forálacha suntasacha eile de chuid an Achta leasaithe, tá an fhoráil fhógraíochta (Alt 10A). Tháinig an fhoráil seo i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus cuireann sí dualgas ar gach comhlacht poiblí 20% ar a laghad dá fhógraíocht bhliantúil a dhéanamh i nGaeilge agus 5% ar a laghad dá bhuiséid fógraíochta bhliantúla a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge sna meáin Ghaeilge. Is foráil thar a bheith dearfach atá inTI atá tar éis cur le feiceálacht na teanga trasna gach ardán meán atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí cheana féin.

Faoin Acht go ginearálta, tá i gceist líon agus caighdeán na seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a fheabhsú agus a mhéadú go mór, mar aon le deiseanna suntasacha fostaíochta a chruthú dóibh siúd le hinniúlacht sa teanga. Tríd an obair seo, táthar ag súil go gcuirfear le heispéireas Gaeilge an chustaiméara, ag cur ar chumas lucht labhartha na Gaeilge í a úsáid i ngach gné dá saol – ach go háirithe ina bplé leis an Stát.

Tá an Roinn i mbun oibre chun feidhm a thabhairt d'ailt agus d'fhorálacha uile an Achta ar bhonn céimiúil.

**Uasdátú ar Chéad Sceideal an Achta (Liosta na gComhlachtaí Poiblí faoi scáth an Achta)**
Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar Chéad Sceideal an Achta i rith 2018 agus 2019. Leagadh na dréacht-rialacháin ábharthacha os comhair Thithe an Oireachtais ag deireadh 2019 agus tháinig siad i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2020.

Faoin Acht leasaithe, beidh uasdátú rialta le déanamh ar Chéad Sceideal an Achta anois – gach re bliain ar a laghad as seo amach, le feidhm tugtha don alt ábhartha seo, Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, ar an 15 Márta 2023.

## An Ghaeilge san Aontas Eorpach

Tá Rialtas na hÉireann ag obair go leanúnach le blianta anuas le stádas iomlán mar theanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaint amach don Ghaeilge. Ag tús 2022, baineadh cloch mhíle shuntasach amach nuair a tháinig deireadh leis an maolú ar stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach. Tá an Ghaeilge anois ar comhchéim le teangacha eile an Aontais Eorpaigh agus is mór an tábhacht a bhaineann leis an stádas seo dár dteanga mhionlaithe.

Ba é a laghad daoine oilte leis na sainscileanna ábhartha le dul ag obair in institiúidí an Aontais Eorpaigh an phríomhchúis leis an maolú ar stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach a bhí i bhfeidhm go deireadh 2021. Le linn na tréimhse a raibh an maolú fós i bhfeidhm, rinne RTCEGSM agus páirtithe leasmhara iarracht mhór dul i ngleic leis an bhfadhb seo agus tá toradh na hoibre sin le feiceáil agus an t-athrú stádas don Ghaeilge tarlaithe anois.

I measc na scéimeanna is tábhachtaí a cuireadh ar bun leis an soláthar do dhaoine oilte le dul ag obair san Aontas EorpaCHh a fheabhsú, bhunaigh an Roinn scéim intéirneachtaí i gcomhar leis na hinstitiúidí Eorpacha, agus mhaoinigh an Roinn raon leathan de chúrsaí tríú leibhéal ábhartha tríd an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge. Cé gur cuireadh deireadh leis an maolú ar stádas na Gaeilge in 2022, níor mhór leanúint leis na tionscnainmh seo leis an soláthar do dhaoine oilte a chinntiú amach anseo. Beidh an soláthar seo d'oibrithe oilte le Gaeilge tábhachtach ní hamháin d'institiúidí an Aontais Eorpaigh, ach freisin do Rialtas na hÉireann agus earnáil phoiblí na hÉireann atá ag iarraidh cur leis an líon fostaithe le Gaeilge sna blianta amach romhainn.Ceadaíodh €730,953 san iomlán don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge don bhliain 2021/2022. Chuidigh an maoiniú sin le hinstitiúidí tríú leibhéal timpeall na tíre cúrsaí sainiúla ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhic léinn i réimsí ar nós réimsí na dlítheangeolaíochta, na hateangaireachta comhdhála agus an aistriúcháin, a bheadh ábhartha do ghairm san Aontas Eorpach.

Bhí an-rath ar scéim intéirneachtaí na Roinne in 2022 chomh maith. Le tacaíocht na Roinne, bhí deis ag deichniúr intéirneach dul ag obair in institiúidí an Aontais i réimsí an aistriúcháin agus na profléitheoireachta. Chomh maith leis sin, bunaíodh sruth nua den scéim d'intéirnigh ateangaireachta agus cuireadh triúr ateangairí chuig DG SCIC sa Choimisiún ar feadh tréimhse leis an tacaíocht sin. Tá an scéim intéirneachtaí thar a bheith tairbheach ní hamháin do na rannpháirtithe ach d'institiuidí an Aontais féin freisin. Le linn tréimhse na n-intéirneachtaí, bíonn na hintéirnigh ar fáil le hobair thábhachtach a chur i gcrích d'institiúidí éagsúla, agus faigheann siad féin taithí thábhachtach oibre dá bharr. Tugtar léargas dóibh ar na deiseanna fostaíochta atá ar fáil san Eoraip, agus léiríonn torthaí na scéime gur mó an seans go n-éireoidh leis na hintéirnigh i gcomórtais earcaíochta an AE tar éis dóibh an tréimhse intéirneachta a chur i gcrích. Is céim chun tosaigh an scéim intéirneachtaí mar sin ar an mbóthar go fostaíocht bhuan in institiúidí an Aontais, agus fáiltíonn na hinstitiúidí Eorpacha go mór leis an soláthar seo d'fhostaithe oilte.

Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an Roinn do thionscnaimh éagsúla eile mar thacaíocht do na seirbhísí teanga san AE. Mar shampla, rinneadh tuilleadh forbartha le blianta beaga anuas ar thionscadal téarmaíochta LEX IATE, tionscadal atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann. Tá fáil ag an bpobal trí chéile ar an áis téarmaíochta sin ag iate.europa.eu/. Tá tacaíocht á cur ar fáil do thionscnaimh ELRI agus ELRC chomh maith agus tá tuilleadh eolais faoi na tionscnaimh sin le fáil i míreanna 5.35 agus 5.36 den cháipéis seo.

Tagann an obair agus na scéimeanna thuasluaite le sprioc an Rialtais, mar atá leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030, gach cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do na hinstitiúidí Eorpacha agus iad ag cur i bhfeidhm an chinnidh an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre agus oifigiúil san Aontas Eorpach.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 1 | 1 | | |
| 2018-2019 | 1 | 1 | | |
| 2018-2021 | 1 | 1 | | |
| 2018-2022 | 3 | | 3 | |
| 2021 | 1 | 1 | | |
| IOMLÁN | 7 | 4 | 3 | |

# Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas

## Bille & Acht

| Uimhir 7.1 | Déanfar Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017 a achtú. |
|---|---|
| Stádas | Déanta |
| Amscála | 2018 – 2019 |
| Ceanneagraíocht | RTCEGSM, DP, OAA |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T4) | Le hachtú Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ag deireadh 2021, bhí mór obair ar bun ó shin, le linn 2022, chun cur i bhfeidhm rathúil an Achta a chinntiú. I meas na mbuaicphointí in 2022 bhí:<br><br>Bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge faoin spriocdháta a leagadh síos ina leith faoin Acht ar an 20 Meitheamh 2022. Thionóil an Coiste 5 chruinniú in 2022, óna bhunú;<br><br>I ndáil lena fheidhmeanna faoin Acht, cinneadh tógtha ag an gCoiste ag a chéad chruinniú, taighde a choimisiúnú i leith ullmhú an chéad Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge agus conradh taighde aontaithe le hOllscoil na Gaillimhe i mí na Nollag 2022 ina leith, tar éis próiseas soláthair phoiblí oscailte;<br><br>Tosach Feidhme tugtha d'Alt 10A den Acht leasaithe a chuireann dualgais ar leith chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge agus sna meáin Ghaeilge;<br><br>Sraith éagsúla seimineár faisnéise reáchtáilte i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga maidir leis na dualgais nua faoin Acht leasaithe - le hos cionn 1,000 fostaithe den Stát ag freastal orthu.<br><br>Rinneadh roinnt tionscnaimh fhéideartha eile a fhiosrú le linn 2022, trí obair an Choiste agus eile agus beifear ag súil le tuairisciú ar an dul chun cinn a rinneadh orthu seo in 2023. |

## Tuaisceart Éireann

| Uimhir 7.2 | Leanfaidh an Rialtas ag obair le go gcuirfear tiomantais ó thaobh na Gaeilge a bhaineann le Rialtas na Breataine agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i bhfeidhm ina n-iomláine, lena n-áirítear Acht Teanga don Ghaeilge a thabhairt isteach agus an Ghaeilge a fheabhsú, a chosaint agus a fhorbairt i dTuaisceart Éireann. |
|---|---|
| Stádas | Idir Lámha |
| Amscála | Ar bhonn leanúnach |
| Ceanneagraíocht | RGET, RTCEGSM |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tugann an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022, a achtaíodh ar an 6 Nollaig 2022, stádas oifigiúil sa dlí don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. Tá obair maidir le cur chun cinn na Gaeilge, ar bhonn uile Oileán, ar siúl go leanúnach. |

## An Ghaeilge san Aontas Eorpach

| Uimhir 7.3 | **Cuirfear deireadh leis an maolú teanga faoin 31 Nollaig 2021. Leanfar leis an obair leis na hinstitiúidí ábhartha san AE chun tacú go gníomhach le stádas na Gaeilge san AE.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | IAE |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Ag tús 2022, d'fhógair Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin san Aontas Eorpach go raibh deireadh tagtha leis an maolú ar stádas na Gaeilge san AE. Tá an Ghaeilge anois mar theanga oifigiúil oibre san Aontas Eorpach ar comhchéim le 23 teanga oifigiúil eile. Ba mhór an t-éacht a bhí ann an stádas seo a bhaint amach don Ghaeilge, agus tá an stádas bainte amach mar thoradh ar an obair shuntasach atá déanta ag na hinstitiúidí Eorpacha lena n-áiseanna a neartú agus le foireann oilte de chainteoirí Gaeilge leis na scileanna cuí a ceapadh.<br><br>Tá obair ar siúl ag an Roinn le blianta fada le tacú leis an obair le stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach a neartú agus a chothú. Mhaoinigh an Roinn na tionscnaimh seo a leanas in 2022 le tacú leis an sprioc seo:<br>• D'eagraigh an Roinn scéim intéirneachtaí d'aistritheoirí agus do phrofléitheoirí in éindí le hinstitiúidí éagsúla de chuid an AE. Den chéad uair riamh, d'eagraigh an Roinn sruth breise intéirneachta d'intéirnigh ateangaireachta in 2022 freisin. Tá tuilleadh eolais faoin scéim intéirneachtaí seo le fáil i mír 7.6.<br>• Leanadh leis an tacaíocht atá á chur ar fáil le fada d'institiúidí tríú leibhéal faoin Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge le daoine oilte le Gaeilge a chumasú le hoibriú in institiúidí an AE i réimsí sainiúla éagsúla. Tá tuilleadh eolais faoin tionscnamh sin le fáil i mír 1.46.<br>• Cuireadh maoiniú ar fáil arís don tionscadal téarmaíochta, LEX, atá ar bun ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, in 2022. Tá tuilleadh eolais faoin tionscnamh seo le fáil i mír 7.7. |

| Uimhir 7.4 | **Déanfar feachtas mór feasachta a reáchtáil chun daoine a mhealladh le freastal ar na cúrsaí dírithe ar an sprioc seo agus le daoine a mhealladh le cur isteach ar na poist (go háirithe sna scoileanna agus in institiúidí tríú leibhéal.)** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | RTCEGSM, SCP, INBF, CnaG |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | 2018 – 2021 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Mar chuid den seó bóthair 'Gluaiseacht' de chuid Chonradh na Gaeilge atá á mhaoiniú ag an Roinn, eagraíodh 210 ceardlann idirghníomhacha le breis is 10,000 dalta ar an dara leibhéal leis na daltaí a chumasú agus a spreagadh i dtreo cúrsaí Gaeilge agus gairmeacha éagsúla le Gaeilge. Ag an tríú leibhéal eagraíodh 20 ceardlann fostaíochta sna coláistí éagsúla le linn na bliana chomh maith le freastal ar mhic léinn 3ú leibhéal.<br><br>D'eagraigh an Roinn seimineár lae ag Oireachtas na Samhna 2022 i gCill Airne i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach maidir le deiseanna fostaíochta sna hinstitiúidí Eorpacha. Labhair oifigeach ón Roinn faoi na deiseanna fostaíochta a bheidh ann anseo in Éirinn chomh maith de thoradh Acht na dTeangach Oifigiúla (Leasú) 2021 ag an seimineár céanna.D'eagraigh an Roinn Comórtas na nAistritheoirí Óga i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach. Tá tuilleadh eolais faoin tionscnamh seo le fáil i mír 7.5.<br><br>Cuireadh feachtais ar bun le poiblíocht a dhéanamh ar scéim intéirneachtaí na Roinne agus ar an seimineár gairmeacha a d'eagraigh an Roinn i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach.<br><br>Lean an Roinn ag obair le heagraíochtaí stáit eile le deiseanna fostaíochta sna hinstitiúidí Eorpacha a chur chun cinn. |

| **Uimhir 7.5** | **Maidir le Comórtais na nAistritheoirí Óga, eagróidh Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhar leis an RTCEGSM, comórtas aistriúcháin 'Aistritheoirí Óga' le haghaidh meánscoileanna Gaeilge in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, ar mhaithe le scoláirí a spreagadh maidir leis na deiseanna gairme le Gaeilge san AE.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Go bliantúil |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ASACE |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tugann an comórtas seo aitheantas do pháistí meánscoile sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil sárscileanna aistriúcháin léirithe acu. Ghlac mic léinn ó 22 scoil páirt i gcomórtas 2022 agus d'aistrigh siad ábhar ó Bhéarla, ó Fhraincis, ó Ghearmáinis agus ó Spáinnis go Gaeilge. Bronnadh duaiseanna ar chúigear buaiteoirí ag ócáid i mí Aibreáin 2022. |

| **Uimhir 7.6** | **Maidir le Scéim Intéirneachta, bunófar Scéim Intéirneachta i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh chun feasacht na gcéimithe anseo faoi na deiseanna atá ar fáil san Eoraip a ardú agus chun taithí oibre fhiúntach a chur ar fáil dóibh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, IAE |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh sruth nua d'intéirnigh ateangaireachta leis an scéim intéirneachtaí in 2022. Chaith na hintéirnigh sin tréimhse ag obair sa Roinn TCEGSM sula ndeachaigh siad ag obair in DG SCIC sa Choimisiún Eorpach ag deireadh 2022. Thacaigh an fhorbairt bhreise seo ar an scéim intéirneachtaí le hateangairí oilte le Gaeilge a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach agus le scileanna triúr ateangairí a fhorbairt go mbeidh siad in ann oibriú sa réimse sin amach anseo.<br><br>Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh ag maoiniú na scéime intéirneachtaí d'aistritheoirí agus do phrofléitheoirí in 2022. Bhí deis ag deichniúr intéirneach dul ag obair in institiúidí an AE, ag tosú i mí Dheireadh Fómhair 2022, le taithí thábhachtach oibre a fhail a chuirfidh ar a gcumas cur isteach ar phoist Eorpacha amach anseo. |

| **Uimhir 7.7** | **Maidir le LEX/IATE, mar chuid de straitéis an Rialtais chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as an nGaeilge a bheith aitheanta mar theanga oifigiúil agus oibre den AE, leanfaidh an Roinn ag cur maoinithe ar fáil chun téarmaíocht Ghaeilge a fhorbairt do bhunachar téarmaíochta an AE dar teideal InterActive Terminology for Europe (IATE).** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Rinneadh próiseáil ó thaobh na Gaeilge de ar c.3,000 iontráil téarmaíochta ó bhunachar ilteangach IATE in 2022. Tugadh faoin obair sin i gcomhar le haistritheoirí Gaeilge sna hinstitiúidí Eorpacha agus leis an gCoiste Téarmaíochta i bhForas na Gaeilge. Tá na téarmaí Gaeilge a socraíodh le fáil ag www.gaois.ie/ga/terminology/ agus in IATE féin. Cuireadh 4 mhilliún focal ailínithe de théacsanna reachtaíochta AE le corpas comhthreomhar Gaois le linn 2022. |



# 8

## Réimse Gnímh

# Saol eacnamaíochta

# Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta

## Réamhrá

Tá Údarás na Gaeltachta ag cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht le hos cionn 40 bliain agus ag tacú le forbairt teanga, le forbairt eacnamaíoch, le forbairt pobail agus le forbairt shóisialta na Gaeltachta. Tá trí théama i straitéis an Údaráis don tréimhse 5 bliana 2021-2025:

- Cumasú: Ag cumasú pobail le tabhairt faoin bhfiontraíocht agus faoin bhforbairt
- Neartú: Ag cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo
- Inbhunaitheacht: Ag cinntiú go bhfuil gach a ndéantar ag tacú le hinbhunaitheacht phobail na Gaeilge agus na Gaeltachta féin.

Tá na prionsabail seo ag croílár straitéis na heagraíochta.

Le roinnt blianta, bhí an Ghaeltacht, maraon leis an gcuid eile don tír, ag streachailt le dhá mhór-dhúshlán– is iad sin, tionchar an Bhreatimeachta ar chúrsaí infheistíochta agus gnó agus tionchar na paindéime agus srianta COVID-19 ar gach gné den saol. Ach bhí biseach suntasach le feiceáil ar chúrsaí fostaíochta agus geilleagracha in 2022 agus feabhas suntasach le feiceáil ar an bhfostaíocht i gcomhlachtaí Gaeltachta.

Coinníodh an fhostaíocht Ghaeltachta ag leibhéal seasmhach in 2022, agus bhí fás suntasach i roinnt earnálacha tábhachtacha.

8,235 post a bhí i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2022, i gcomparáid le 8,084 in 2021. Cruthaíodh líon suntasach postanna in earnálacha na déantúsaíochta nideoige, na turasóireachta, agus na teanga agus léiríodh seasmhacht agus buanadas sa margadh fostaíochta Gaeltachta. Nuair a thógtar laghdú poist san áireamh, feictear glanmhéadú de 151 sa bhfostaíocht ina iomláine agus ardú ar an líon fostaíochta i bhformhór na gceantar Gaeltachta.

Tuairiscíodh figiúirí fostaíochta 2022, 8,235, ag úsáid modheolaíocht atá molta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Faoin modheolaíocht seo, rangaítear an fhostaíocht de réir dhá chatagóir: poist lánaimseartha agus eile. Roimhe seo bhíodh an fhostaíocht á tuairisciú de réir fostaíocht lánaimseartha, pháirtaimseartha agus shéasúrach.

Ó thaobh na réigiún de, bhí cúrsaí fostaíochta an-dearfach i gCiarraí, áit a raibh glanmhéadú de 83 post, méadú 13% i gcomparáid le 2021. Bhí an fhostaíocht láidir freisin i bPort Láirge agus i gContae na Mí, cé go bhfacthas titim bheag sa bhfostaíocht i gcontaetha na Gaillimhe agus Chorcaí.

Tar éis deacrachtaí na paindéime Covid-19, bhí dúshláin eacnamaíochta le sárú ag comhlachtaí le linn 2022, go príomha i dtaobh ardaithe ar chostais, costais fuinnimh go háirithe, agus timpeallacht leochaileach trádála go hidirnáisiúnta de bharr corraíle geopholaitíochta. Ach tá seasmhacht léirithe ag comhlachtaí Gaeltachta agus téarnamh áirithe feicthe sa bhfostaíocht, atá á thiomáint ag nuálaíocht na gcomhlachtaí.

Rinneadh buanú ar an bpróiseas pleanála teanga in 2022. Faoi dheireadh na bliana, bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú i 24 ceann as na 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus in dá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG). Tá infheistíocht iomlán bhliantúil de €3.2 milliún i gceist do chur i bhfeidhm na bpleananna teanga atá ceadaithe.

Le linn na bliana, seoladh an togra Glúin Z dírithe ar aos óg na Gaeltachta, a bheas ina bhunchloch do straitéis an Údaráis i leith na hóige sna blianta amach romhainn. Neartaíodh an gréasán gteic arís eile in 2022 agus bhí os cionn 430 duine ag obair i 27 mol digiteach ag deireadh na bliana.

Seoladh Straitéis Fiontraíocht Sóisialta na Gaeltachta, chomh maith le dhá scéim tacaíochta nua agus feachtas eolais i leith an fhiontair shóisialta, le go mbeadh eagraíochtaí agus coistí forbartha pobail ar an eolas faoina buntáistí a bhaineann le gnólachtaí den saghas seo dóibh féin agus dá bpobal. Tháinig ardú substaintiúil ar an maoiniú do chomharchumainn agus d'eagraíochtaí forbartha pobail, rud a chuirfidh ar a gcumas pleananna uaillmhianacha a chur chun cinn, i gcomhar leis an Údarás.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| **2018-2019** | **1** | 1 | | |
| **2018-2020** | **1** | | 1 | |
| **2018-2021** | **1** | | 1 | |
| **2018-2022** | **10** | | 10 | |
| **2019** | **1** | 1 | | |
| **2019-2022** | **1** | | 1 | |
| **IOMLÁN** | **15** | **2** | **13** | **0** |

# Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta

## Saol Eacnamaíochta sa Ghaeltacht

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.1** | **Cuirfear le buiséad caipitil Údarás na Gaeltachta chun tacú leis go céimiúil oibriú i dtreo 8,500 post lánaimseartha a chruthú faoin mbliain 2022 de bharr cuideachtaí Gaeltachta a bhunú agus a fhorbairt, cuideachtaí nua a mhealladh le hinfheistíocht a dhéanamh sa Ghaeltacht agus earnálacha nua a fhorbairt agus a chur chun cinn.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cruthaíodh 945 post nua lánaimseartha i gcomhlachtaí Gaeltachta i rith 2022, ag fágáil go raibh 8,235 post i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis ag deireadh na bliana. Nuair a thógtar laghdú post san áireamh, feictear glanmhéadú de 151 san fhostaíocht ina hiomláine. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.2** | **Déanfar naisc a neartú tuilleadh idir Údarás na Gaeltachta agus Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna chun acmhainn a mhéadú sna ceantair Ghaeltachta agus chun taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh tús le grúpa oibre idir Ollscoil na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta chun neartú a dhéanamh ar an gcomhoibriú agus caidreamh idir na dá eagraíocht<br><br>D'fhorbair Údaras na Gaeltachta an clár CUMASÚ i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, clár a forbraíodh chun an fhiontraíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc mná Gaeltachta<br><br>Leanadh le maoiniú an Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúcháin atá á riaradh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i gcomhpháirt le Europus Teo. agus an Ard-Dioplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán Digiteach le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gcomhar le Nemeton Teo. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.3** | **Ar mhaithe le ceantair Ghaeltachta a fhorbairt tuilleadh, mar a bhaineann sé le turasóireacht chultúrtha, cuirfidh Údarás na Gaeltachta clár infheistíochta caipitil faoi leith i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Faoin gclár seo déanfar ionaid turasóireachta chultúrtha a fhorbairt i gceantair áirithe Gaeltachta i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear Fáilte Éireann agus páirtithe leasmhara áitiúla.** |

| | |
|---|---|
| | **Beidh sé mar phríomhaidhm ag an slabhra ionaid seo, cultúr saibhir, sainiúil na Gaeltachta a chur i láthair mar áis a bheidh ar leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge trí chéile.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Ceanneagraíocht** | 2018 – 2022 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh leis an obair forbartha ar Aras Scéalta an Atlantaigh (athbhrandáilte mar SOLAS anois) i rith an tréimhse. Meastar go mbeidh sé oscailte don phobal in 2023.<br>Rinneadh forbairt ar Ionad na gCuimhneacháin i gCárna i rith an tréimhse agus tá maoiniú ceadaithe ag an RTCEGSM chun tabhairt faoin tógáil. Faoi réir na socraithe cuí léasa a bheith aontaithe, beidh tús á chur leis an tógail in 2023.<br><br>Leanadh ar agaidh ag plé Ionad Árainn, céim forbartha breise do Leitir Mealláin agus togra teicneolaíocht tumthach faoi SOLAS le Fáilte Éireann agus tá súil le dul chun cinn orthu sin ag tús 2024.<br><br>Leanadh leis an obair léirmhíniúchan d'Ionad na nImirceach, Ionad Leitir Mealláin agus Ionad Árainn i rith an tréimhse.<br><br>Cuireadh tús leis an togra Eorapach GLOW 2.0 i rith an tréimhse agus é dírithe ar turasóireacht atá bunaithe ar An Spéir Dorchadh a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.4** | **Déanfar tacaíocht reatha a sholáthar do 10 dtogra straitéiseacha i leith turasóireacht chultúrtha de bhun na Scéime Forbartha Bainistíochta Turasóireachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh an scéim seo i bhfeidhm i rith na tréimhse agus fuair 14 togra turasóireachta ar fud na Gaeltachta tacaíócht faoin scéim i rith na tréimhse. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.5** | **Eagrófar feachtas dírithe ar an diaspóra Gaeltachta agus Gaeilge a mhealladh abhaile le tabhairt faoi dheiseanna fostaíochta, féinfhiontraíochta agus cianoibrithe, ach úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus suíomh idirlín a chruthú atá dírithe ar an diaspóra Gaeltachta agus Gaeilge.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá an sprioc seo bainte amach. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.6** | **Déanfar gréasán (gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta) de 23 mol digiteach a fhorbairt sna ceantair Ghaeltachta, sé cinn acu siúd ar na hoileáin Ghaeltachta, d'fhiontraithe agus do chuideachtaí nuálacha agus chun tacú le cianoibrithe.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Bhí 27 Mol digiteach in áit ag deireadh 2022 agus os cionn 440 duine ag obair iontu. Bhí 6 gteic lonnaithe ar oileáin Ghaeltachta. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.7** | **Déanfar Branda Gaeltachta "Gaeltacht na hÉireann" a chur chun cinn chun aitheantas agus próifíl níos airde a thabhairt don Ghaeltacht agus do na táirgí agus na seirbhísí ar ardchaighdeán atá ar fáil iontu agus í a chur i láthair mar cheann scríbe turasóireachta faoi leith.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Leanadh ag úsáid an bhranda Gaeltacht na hÉireann ar tháirgí agus ar chomhlachtaí den scoth na Gaeltachta i rith 2022 le feachtais chuimsitheacha dhigiteacha, ina measc, Ón nGaeltacht le Grá, Lá Fhéile Vailintín 2022 agus Blas na Gaeltachta. Bhí na feachtais á reáchtáil faoi chaolach an bhranda 'Gaeltacht na hÉireann' agus an branda á cheangal le scoth na dtáirgí Gaeltachta. Tá forbairt leanúnach á dhéanamh freisin ar an Eolaire Gaeltachta ar láithreán gréasáin na heagraíochta, áit ar féidir ceangal le comhlachtaí agus táirgí a cheannach uathu. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an mbranda, féachaint ar bhealaí chun tógáil ar an dul chun cinn suntasach atá déanta agus an branda a thabhairt go dtí an chéad chéim eile fhorbartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, go háirithe i bhfianaise an fháis as cuimse ar thábhacht na margaíochta digitigh. Tá súil go mbeidh toradh ar an athbhreithniú seo sa dara leath de 2023. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.8** | **Déanfar Páirc na Mara a fhorbairt i gConamara mar Pháirc Nuálaíochta Muirí ísealcharbóin ar chaighdeán domhanda.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh achomharc cuimsitheach maidir leis an iarratas pleanála diúltaithe do thogra suntasach Pháirc na Mara faoi bhráid an Bhoird Pleanála i rith 2021 agus táthar ag súil le cinneadh in 2023. Lean feidhmiú Nua na Mara, ionad forbartha agus nuálaíochta mara (MIDC Pháirc na Mara roimhe seo) i rith 2022 le tacaíocht maoinithe €2m ón gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí. Fostaíodh bainisteoir forbartha gnó ar an ionad i rith na bliana agus tacóidh an tionscnamh go mór le comhlachtaí mara bunú agus forbairt a dhéanamh sa Ghaeltacht agus forbairt an gheilleagair ghoirm ar fud na Gaeltachta. |

| **Uimhir 8.9** | **Leanfar le taighde ar an earnáil feamainne sa Ghaeltacht le táirgí breisluacha a shainiú agus tuarascáil a ullmhú, dá réir, chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an acmhainn nádúrtha seo.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá na cúrsaí oiliúna fós faoi lán sheoil agus líon mór daoine ag freastail.<br><br>Tá an obair a bhí Foras na Mara ag déanamh ar Staidéar Socheacnamaíoch ar Bhaint Feamainne críochnaithe agus tá ionchur Údarás na Gaeltachta san aireamh sa cháipéis sin. |

| **Uimhir 8.10** | **Déanfar gréasáin a bhunú ina mbeidh Cumainn Tráchtála, gnóthaí Gaeltachta agus gnóthaí eile atá ag feidhmiú as Gaeilge sna ceantair ábhartha éagsúla (ar bhonn píolótach).** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Cuireadh tús le cúrsa CUMASÚ i rith na tréimhse le gréasán fiontraithe mná a fhorbairt. D'fhreastal 13 bean ar agus beidh an gréasán á fhorbairt de réir a chéile. |

## Saol Eacnamaíochta Lasmuigh den Ghaeltacht

| **Uimhir 8.11** | **Leanfaidh Foras na Gaeilge leis an tacaíocht mhaoiniúcháin a chuireann sé ar fáil sa réimse forbartha pobail agus eacnamaíochta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Scéim Tacaíochta Gnó**<br>Tríd an Scéim Tacaíochta Gnó in 2022, cuireadh maoiniú meaitseála ar fáil do 45 gnólacht a chinn ar bhrandáil dhátheangach, idir chomharthaíocht, phacáistíocht agus mhargaíocht dhigiteach, a dhéanamh. Bhí ciste de €58,000 ar fáil fríd an scéim agus tháinig iarratais ó 43 contae ar fud an oileáin.<br>**Áiseanna Tacaíochta Gnó** |

| | |
|---|---|
| | Tá 33 sain-áis tacaíochta don earnáil gnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón gcóras féinordaithe ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge – https://www.forasnagaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/ar-rol-ag-tacu-leatsa/gno-means-business/acmhainni-gno/ordaigh-acmhainni-gno/. Tá rogha de chomharthaí féinghreamaithe, suaitheantais, póstaeir, bileoga agus earraí tacaíochta eile sa phacáiste chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht ghnó. In 2022 dáileadh 18,020 áis ina iomláine chuig 23 contae ar fud na tíre. Is é an bhileog *A Little Irish Made Easy* an áis is mó a iarradh.<br>**Gradaim Gnó**<br>Faoi choimirce Ghlór na nGael, reáchtáladh an scéim nua-fhógraithe dírithe ar an earnáil ghnó, *Gradaim Gnó* (www.gradaim.ie). Rinneadh moltóireacht ar bhreis agus 160 gnólacht agus ag searmanas oifigiúil i mBÁC ar 15 Samhain bronnadh boinn aitheantais ar 84 gnólacht bunaithe ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil, úsáid na Gaeilge i mbrandáil a gcuid tairgí nó ar a gcuid comharthaíochta/ábhar margaíochta. |

| **Uimhir 8.12** | **Leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith ag tacú leis an bhfeachtas 'Do Ghairm le Gaeilge' i gcomhar le GradIreland.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GI |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Reáchtáladh Aonach Gairmeacha *Grad Ireland* san fhómhar agus bhí foireann Fhoras na Gaeilge agus PEIG.ie ar fáil le comhairle a chur ar mhic léinn maidir le deiseanna oiliúna agus fostaíochta trí Ghaeilge. Roinneadh eolas ar bhonn leanúnach le mic léinn faoi dheiseanna in earnálacha ar leith ina mbíonn an Ghaeilge lárnach sa ghairm bheatha. |

| **Uimhir 8.13** | **I gcomhthéacs an ghné uathúil dhíolacháin a bhaineann leis an nGaeilge agus an tairbhe féideartha faoi leith atá bainteach léi mar a bhaineann lé gnóthaí gnó trí chéile, leanfaidh na heagraíochtaí Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo agus Gael-Taca (Cathair Chorcaí) ag obair le páirtithe leasmhara áitiúla chun an Ghaeilge a bhrú chun cinn laistigh dá gceantair feidhme faoi leith i gcomhthéacs an phróisis pleanála teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá na heagraíochtaí seo ceaptha mar cheanneagraíochtaí BSG agus lean Foras na Gaeilge ag plé go leanúnach ar mhaithe le dréachtú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna ceantair ina bhfuil siad ag feidhmiú mar Cheanneagraíochtaí Pleanála Teanga in 2022. |

| | |
|---|---|
| | Tá maoiniú leanúnach á chur ar fáil ag an Roinn do Ghaillimh le Gaeilge agus do Ghnó Mhaigh Eo leis an nGaeilge a chur chun cinn ina gceantar feidhme, go háirithe i measc lucht gnó na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Tá na heagraíochtaí seo ina gceanneagraíochtaí pleanála teanga i gCathair na Gaillimhe agus i gCaisleán an Bharraigh faoi seach agus tá na pleananna teanga sin ceadaithe agus á gcur i bhfeidhm. Lean an Roinn ag obair le Gael-Taca in 2022 le struchtúr rialachais chorparáidigh na heagraíochta a fheabhsú agus leis an eagraíocht a chur ag obair go héifeachtach arís. |

## Lipéadú & Pacáistiú

| **Uimhir 8.14** | **Leanfaidh Foras na Gaeilge ag cur an phacáiste tacaíochta a d'fhorbair sé ar fáil do chuideachtaí atá ag iarraidh pacáistiú dátheangach a dhéanamh ar a gcuid táirgí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | Tá leabhrán tacaíochta de dhea-chleachtais i leith pacáistíocht dhátheangach curtha i gcló ag Foras na Gaeilge agus ar fáil le híoslódáil saor in aisce ag: https://www.forasnagaeilge.ie/tacaiocht/tacaiocht-ghno/ |

## Caighdeán Seirbhíse

| **Uimhir 8.15** | **Leanfar le cur i bhfeidhm an chórais creidiúnaithe úr faoi Chaighdeán ISO (9001:2015), Q-Mharc Gnó le Gaeilge, atá dírithe ar an earnáil ghnó chun seirbhísí ar ardchaighdeán a thairiscint go dátheangach do chliaint/chustaiméirí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T4)** | **Q-Mharc don Ghaeilge**<br>Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) scrúdú bliantúil ar na próisis a bhaineann leis an Q-Mharc faoi stiúir Fhoras na Gaeilge agus d'athdheimhnigh siad an séala aitheantais ardchaighdeáin seo mar chaighdeán de chuid ISO 9001:2015.<br>Chuir an t-iniúchóir seachtrach 4 ghnólacht eile faoi scrúdú le linn 2022 agus bronnadh an séala *Q-Mharc Gnó le Gaeilge* orthu in 2022.<br>Tá 10 gnólacht eile aitheanta le tús a chur leis an bpróiseas iniúchta in 2023. Tá plé ar siúl le Glór na nGael leis an gceangal idir an *Q-Mharc* agus *Gradam Gnó*, scéim úr aitheantais ar thosaigh Glór na nGael air in 2022, a threisiú. |



# 9

## Réimse Gnímh

# Tionscnaimh leathana

# Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana

## Réamhrá

De dheasca thionchar COVID-19 ba ghá do gach páirtí leasmhar díriú mar thosaíocht ar fheidhmiú na mbearta a bhfuil tuairisciú déanta ina leith thuas. Ní rabhthas in ann dá réir díriú ar bheart 9.2 thíos thar an tréimhse tuairiscithe ná go deimhin ar aon bheart eile a thionscnaimh de bharr na gcuinsí mar a bhí.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 1 | 1 | | |
| 2019 | 1 | | | 1 |
| IOMLÁN | 2 | 1 | 0 | 1 |

# Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana

## Poiblíocht/Feasacht

| Uimhir 9.1 | **Cuirfear maoiniú ar fáil chun clár imeachtaí Bhliain na Gaeilge 2018 a chur i bhfeidhm.** |
|---|---|
| Stádas | Déanta |
| Amscála | 2018 |
| Ceanneagraíocht | RTCEGSM, FnaG |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T4) | Cuireadh an beart seo i gcrích le linn 2018. |

| Uimhir 9.2 | **Déanfar feachtas turasóireachta cultúrtha a fhorbairt agus a fheidhmiú sa Ghaeltacht dírithe ar iarscoláirí na gcoláistí Gaeilge, ar dhaoine/teaghlaigh ar mian leo freastal ar chúrsaí Gaeilge agus ar thuismitheoirí a thagann ar cuairt chuig na scoláirí Gaeilge.** |
|---|---|
| Stádas | Moill Leis |
| Amscála | 2019 |
| Ceanneagraíocht | ÚnaG, CONCOS |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T4) | Cuireadh tús le plé le Fáilte Éireann i rith na tréimhse chun múnla oiriúnach a fhorbairt i dtaobh togra turasóireachta a bheadh dírithe ar iarscoláirí na gcoláistí Gaeilge. Tá sé i gceist tógáil ar an bplé in 2023, trí fhorbairt a dhéanamh ar scéimeanna píolótacha turasóireachta sa nGaeltacht, i gcomhar le CONCOS. |

# Aguisíní

# Aguisín 1: Gluais Acrainmneacha agus Naisc Úsáideacha

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **AG** | Aonad Gaeltachta | |
| **AOG** | Aonad um Oideachas Gaeltachta | |
| **AnT** | An Taibhdhearc | http://antaibhdhearc.com/ |
| **APT** | Aonaid Pleanála Teanga (na LPT) | |
| **ARÉ** | Acadamh Ríoga na hÉireann | https://www.ria.ie/ |
| **ASACE** | Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh | |
| **BB** | Bord Bia | https://www.bordbia.ie/ |
| **BIM** | Bord Iascaigh Mhara | http://www.bim.ie/ |
| **BOO** | Boird Oideachais & Oiliúna | |
| **BSG** | Baile Seirbhíse Gaeltachta | |
| **CCBÁC** | Comhairle Cathrach BÁC | http://www.dublincity.ie/ |
| **CE** | An Chomhairle Ealaíon | http://www.artscouncil.ie/ |
| **CEÁ** | Ceanneagraíochtaí Áitiúla | |
| **CÉI** | (Clár) Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe | |
| **CF** | Coimisiún Fulbright | http://www.fulbright.ie/ |
| **CFÁ** | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | |
| **CIC** | Cló Iar-Chonnacht | https://www.cic.ie/ |
| **CL** | Comhordaitheoir Luathbhlianta | |
| **CLG** | Cumann Lúthchleas Gael | https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/ |
| **CM** | An Chomhairle Mhúinteoireachta | https://www.teachingcouncil.ie/ga/ |
| **CnaF** | Cumann na bhFiann | https://www.cnb.ie/cumann-na-bhfiann/ |
| **CnaG** | Conradh na Gaeilge | https://cnag.ie/ga/ |
| **CnaT** | Coláiste na Tríonóide | https://www.tcd.ie/gaeloifig/gaeilge/index.ga.php |
| **CNC** | Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | https://www.qqi.ie/as-gaeilge |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **CNCM** | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | https://ncca.ie/ga/ |
| **CNÉ** | Craoltóirí Neamhspleácha Éireann | |
| **CNNG** | Comhar Naíonraí na Gaeltachta | http://www.comharnaionrai.ie/ |
| **CNOS** | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | https://ncse.ie/ |
| **CO** | An Chomhairle Oidhreachta | https://www.heritagecouncil.ie/ga/ |
| **COBÁC** | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | http://www.ucd.ie/bnag/ga/ |
| **COC** | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | https://www.ucc.ie/ga/ |
| **COL** | Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta | |
| **COGG** | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | https://www.cogg.ie/ |
| **CONCOS** | Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh | https://www.colaistigaeilge.ie/concos |
| **CONM** | Coláiste Ollscoile Naomh Muire | https://www.stmarys-belfast.ac.uk/academic/education/ime_english.asp |
| **CPT** | Ceanneagraíochtaí/Coistí Pleanála Teanga | |
| **CS** | An Cumann Scoildrámaíochta | http://www.scoildramaiocht.ie/ |
| **CT** | An Coimisinéir Teanga | https://www.coimisineir.ie/ |
| **CTB** | Curaclam Teanga na Bunscoile | |
| **CTÉ** | Comhlachas Tráchtála na hÉireann | |
| **CTET** | Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha | |
| **DP** | Dréachtóir Parlaiminteach | |
| **EAO** | An Earnáil Ardoideachais | |
| **EEÁ** | Eagraíochtaí Ealaíon Áitiúla | |
| **ELRI** | Bonneagar Acmhainne Teanga na hEorpa (*European Language Resource Infrastructure*) | http://www.elri-project.eu/ |
| **EnaG** | Ealaín na Gaeltachta | https://ealain.ie/ |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| EPB | Eagraíochtaí Pobalbhunaithe | |
| FCÁT | Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha | |
| FÉ | Fáilte Éireann | http://www.failteireland.ie/ |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile | |
| FnaG | Foras na Gaeilge | https://www.forasnagaeilge.ie/ |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | https://www.hse.ie/eng/services/mhml/irish/ |
| FOÉC | Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada | |
| FP | Fiontair Pobail | |
| FTO | An Foras Taighde ar Oideachas | http://www.erc.ie/ |
| GIS | Geographic Information System (Córas Faisnéise Geografaí) | |
| GI | Grad Ireland | https://gradireland.com/ |
| GL | Gael Linn | https://www.gael-linn.ie/ |
| GnaG | Glór na nGael | https://www.glornangael.ie/ |
| GO | Gaeloideachas | https://gaeloideachas.ie/ |
| IAE | Institiúidí an Aontais Eorpaigh | https://europa.eu/european-union/index_ga |
| IAO | Institiúidí Ardoideachais | |
| IATE | InterActive Terminology for Europe | https://iate.europa.eu/home |
| ICT | Institiúid na gComhairleoirí Treorach | |
| ILBF | An Ciste Craoltóireachta Gaeilge (Irish Language Broadcast Fund) | https://www.northernirelandscreen.co.uk/irish-language-broadcast-fund/ |
| INBF | Ionad Náisiúnta Barr Feabhais | |
| ITGM | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe–Mhaigh Eo | https://www.gmit.ie/ |
| K | Kinia | https://kinia.ie/ga/ |
| LCS | Lárionad do Cheannaireacht Scoile | |
| LFC | Luathfhoghlaim agus Cúram | |
| LN | Leabharlann Náisiúnta | https://www.nli.ie/ga |
| LPT | Limistéar Pleanála Teanga | |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **MRI** | Múnla Rochtana agus Ionchuimsithe | |
| **MTeo** | Muintearas Teo | http://www.muintearas.com/ |
| **OAA** | Oifig an Ard-Aighne | http://www.attorneygeneral.ie/index_ga.html |
| **OCBÁC** | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | https://www.dcu.ie/ |
| **OCD** | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | http://www.oidhreacht.ie/ |
| **OÉG** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | https://www.oegaillimh.ie/ |
| **OL** | Ollscoil Luimnigh | https://www.ul.ie/gaeilge |
| **OMN** | Ollscoil Mhá Nuad | https://www.maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/office-of-public-works-ga/ |
| **OnaG** | Oireachtas na Gaeilge | http://www.antoireachtas.ie/ |
| **OPT** | Oifigeach Pleanála Teanga | |
| **OSIE** | Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta | https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Social-Environmental-and-Scientific-Education?lang=ga-ie |
| **OTM** | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí | |
| **OU** | Ollscoil Uladh | https://www.ulster.ac.uk/ |
| **RA** | An Roinn Airgeadais | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-airgeadais/ |
| **RCAC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-comhshaoil-aeraide-agus-cumarsaide/ |
| **RTCEGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-turasoireachta-cultuir-ealaion-gaeltachta-spoirt-agus-mean/ |
| **RCPA** | An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-caiteachais-phoibli-agus-athchoirithe/ |
| **RDC** | An Roinn Dlí & Cirt | http://www.justice.ie/ga/JELR/pages/home |
| **RFTP** | An Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail/ |
| **RGE** | An Roinn Gnóthaí Eachtracha | https://www.dfa.ie/ie/ |
| **RCS** | An Roinn Coimirce Sóisialaí | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-coimirce-soisialai/ |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **RFTF** | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | https://enterprise.gov.ie/ga/ |
| **RLCMLÓ** | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-leanai-comhionannais-michumais-lanphairtiochta-agus-oige/ |
| **RO** | An Roinn Oideachais | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-oideachais/ |
| **RS** | An Roinn Sláinte | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-slainte/ |
| **RT** | Roinn an Taoisigh | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/roinn-an-taoisigh/ |
| **RTÉ** | Raidió Teilifís Éireann | https://www.rte.ie/ |
| **RTÉ RnaG** | RTÉ Raidió na Gaeltachta | https://www.rte.ie/rnag/ |
| **RTRAO** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-tithiochta-rialtais-aituil-agus-oidhreachta/ |
| **SCP** | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | https://www.publicjobs.ie/ga/ |
| **SFGM** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí | https://pdst.ie/ga/about_us |
| **SNSO** | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | https://www.gov.ie/ga/seirbhis/18530a-none/ |
| **SSM** | Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí | https://www.jct.ie/leagangaeilge/home/home_ga |
| **TEP** | Tionscnaimh Earnála Príobháidí | |
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | |
| **TG4** | TG4 | https://www.tg4.ie/ga/ |
| **TnaG** | Tuismitheoirí na Gaeltachta | http://tuismitheoiri.ie/ |
| **ÚÁ** | Údaráis Áitiúla | |
| **ÚAO** | An tÚdarás um Ard-Oideachas | https://hea.ie/ |
| **ÚnaG** | Údarás na Gaeltachta | http://www.udaras.ie/ |

# Aguisín 2: Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Stiúrtha

Is iad seo a leanas cóip de na miontuairiscí ó chruinnithe den Choiste Stiúrtha ar an bPlean Gníomhaíochta a reáchtáladh le linn na tréimhse tuairiscithe, 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022 agus atá faofa mar is cuí.

## Cruinniú ar líne den Choiste Stiúrtha - 10 Bealtaine 2022

**Coiste Stiúrtha maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022**
**Miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh ar líne ar 10 Bealtaine 2022**

**I láthair**

| | |
|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach) | RTCEGSM |
| Seán Mac Eoin | RTCEGSM |
| Aodán Mac an Mhíle | RTCEGSM |
| Maria Uí Bhriain | RTCEGSM |
| Eibhlín Ní Scannláin | An Roinn Oideachais [RO] |
| Seán Ó Coinn | Foras na Gaeilge [FnaG] |
| Toby Wolfe | RLCMLÓ |
| Lillian Gisselquist | RBATNE |

D'oscail Seán Mac Eoin an cruinniú fíorúil agus chuir sé fáilte roimh na baill nua Toby Wolfe a tháinig in áit Orla Corrigan atá mar ionadaí na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige [RLCMLÓ] agus Lillian Gisselquist atá mar ionadaí na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta [RBATNE]. Tugadh léargas gonta do na baill nua ar an bPlean agus ról an choiste.

1. **Miontuairiscí an chruinnithe dheiridh (ar líne) - 29 Deireadh Fómhair 2021**
   Glacadh leis na miontuairiscí den 29 Deireadh Fómhair 2021. RO chun roinnt leasaithe a sheoladh ar aghaidh mar a bhaineann leo.

2. **Léargas ginearálta ar an staid reatha (síneadh ama bliana):**
   Thagair an Cathaoirleach don obair iontach a bhí curtha isteach ag gach duine i rith na paindéime.

   Tugadh le fios gur tuairisc fhéilire a bheadh sa Tríú Tuairisc ar PG5, a chuimseodh an bhliain fhéilire 2021 agus nár mhór tuairisciú ar an tréimhse ama sin amháin. Moladh má bhíonn aon ábhar suntasach taobh amuigh don tréimhse ama sin é a chur mar chaibidil bhreise ag an deireadh.

Pléadh na buntáistí / míbhuntáistí a bhí ann síneadh bliana a chur le tréimhse feidhmithe an Phlean Gníomhaíochta de bharr constaicí COVID-19. Cuireadh fáilte roimh an gcinneadh agus d'aontaigh an coiste gur cinneadh ciallmhar agus loighciúil é. Tugadh le fios go raibh dul chun cinn maith déanta ar líne, in ainneoin thionchar srianta COVID-19 agus na deacrachtaí a bhaineann le cuid do na gníomhartha a chomhlíonadh ar líne. D'aontaigh an coiste dul ar aghaidh leis an síneadh ama bliana a chur leis an bplean go dtí 2023. Moladh an Coiste Comhairleach a chur ar an eolas faoin gcinneadh agus go mbeadh ról níos lárnaigh ag an gcoiste sin.

**RO**

- Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh i bhforfheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Tháinig méadú ar rannpháirtíocht sa tionscadal píolótach r-Mhoil. Beirt scoláire a bhí páirteach in 2020, 13 scoláire i 2021 agus táthar ag súil go mbeidh 9 ag déanamh Fisic Ardleibhéil don Ardteistiméireacht an bhliain seo chugainn.
- D'oibrigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais i ndlúthchomhar ar fhorbairt an chur chuige cothromaithe i leith litearthachta i mbunscoileanna.
- Lean an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais de thacaíocht FGL a sholáthar don fhoireann i leith na Gaeilge.
- Rinne na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí ceardlanna agus tacaí eile a bhogadh ar líne d'fhonn rochtain a éascú.
- Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha chun cinn i réimse an tsoláthair churaclaim Ghaeilge: leanadh d'fhorbairt tacaí don tionscadal Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga; chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) síneadh leis an tréimhse comhairliúcháin ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta; d'eisigh an CNCM cuireadh chun tairisceana d'athbhreithniú ar luath chur i bhfeidhm na sonraíochtaí curaclaim do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar chiorcláin 2019 a bhaineann le díolúine ó staidéar na Gaeilge.

**RLCMLÓ**

- Líonadh ceann do na poist Gaeilge i réimse na Luathbhlianta laistigh don Roinn chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil na luathbhlianta taobh amuigh den Ghaeltacht agus tá súil acu an dara folúntas a líonadh go luath.
- Foilsíodh an plean Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028.
- De bharr na paindéime bhí moill leis na cruinnithe den ghrúpa Coiste Stiúrtha ach tá sceideal ráithiúil cruinnithe acu anois.
- I gcomhair leis an RO tá siad sa phróiseas chun polasaí oideachas trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht a fhorbairt.

**RBATNE**
Bunaíodh an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta tar éis an Phlean Gníomhaíochta a bheith foilsithe, dá bhrí sin ní raibh aon ghníomh faoina gcúram. Cuireadh fáilte roimh an RBATNE ar an gcoiste agus dúradh go mbíodh an RO agus RTCEGSM ag tuairiscí ar na gníomhartha a thagann faoi chúram an RBATNE roimhe seo. Dúradh go mbeadh an RBATNE i dteagmháil leis na Ranna Stáit éagsúla taobh amuigh don chruinniú chun fáil amach cé na gníomhartha a thagann faoina gcúram anois.

**FnaG**

- Cás gnó curtha faoi bhráid an RO maidir le tionscadal an Fhoclóra agus bogadh chuig an chéim ina n-earcófaí foireann ar chonradh chun oibriú ar an bhfoclóir.
- Cuireann FnaG maoiniú ar fáil do 12-14 foilsitheoir faoina gcuid scéimeanna.
- Tugadh léargas ar obair na gceanneagraíochtaí agus an dul chun cinn atá déanta.
- 133 scoil Bhéarla sa scéim, 118 scoil ar liosta feithimh, éileamh mór ar an scéim
- 36 togra – Beidh 28 Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe agus beidh Oifigeach Pleanála Teanga sna 13 Baile Seirbhíse Gaeltacht. Tá súil an feachtas poiblíochta a bhí á phleanáil ag na hOifigigh Pleanála Teanga agus a gcuid coistí comhordaithe a bhí curtha ar fionraí de bharr na paindéime a lainseáil go luath chun an pobal a chur ar an eolas faoi fheidhmiú na pleananna teanga ina gceantar.
- 32 grúpa cláraithe faoin Scéim Teanga Tí agus súil é a fhorbairt sna blianta amach romhainn.
- Scéim nua a bunaíodh chun tacaíocht a thabhairt d’Ionaid Gaeilge.

**RTCEGSM**
Ó thaobh chúrsaí ama di dúradh go mbeadh an Roinn i dteagmháil le baill an choiste de réir mar is gá. Dúradh gur chlúdaigh FnaG an chuid is mó den obair atá ar bun idir an Roinn agus FnaG.

**3. Ballraíocht an phobail ar an gCoiste Stiúrtha**

Pléadh an t-éileamh a tháinig ó Chonradh na Gaeilge faoi ionadaí ón bpobal a bheith ar an gcoiste stiúrtha. Dúradh go raibh an coiste oscailte don smaoineamh ach nach raibh siad cinnte conas duine a roghnú agus na deacrachtaí a bhaineadh leis, tá baill an choiste stiúrtha ina mbaill Stáit sheirbhísí agus go bhfuil ról reachtúil acu i seachadadh polasaí an rialtais. Dúradh go raibh ról difriúil ag baill an choiste stiúrtha agus an coiste comhairleach. Moladh cuireadh a thabhairt do Chonradh na Gaeilge cur i láthair a thabhairt don choiste stiúrtha ar na moltaí atá acu chun an Plean Gníomhaíochta a chur chun cinn. Moladh gur chóir cruinnithe níos rialta a eagrú leis an gCoiste Comhairleach agus ról níos lárnaí a bheith acu.

**4. Aon Ghnó eile**

Tá an RTCEGSM chun tús a chur le feachtas sna meáin maidir le tairbhe11223 agus úsáid na teanga, beidh ról lárnach ag an gcoiste stiúrtha agus an coiste comhairleach san fheachtas seo.

Dúradh go raibh an RO ag cur tacaíocht agus comhairle ar fáil do na scoileanna maidir leis na páistí Úcráine atá ag freastal ar na scoileanna. Aontaíodh gur chóir tús áite á thabhairt do lóistín faoi láthair. Moladh gur chóir don choiste coinneáil i dteagmháil go rialta maidir le ceisteanna dála a thagann isteach agus na tacaíochtaí atá ar fáil do mhuintir na hÚcráine.

Moladh gur chóir an coiste comhairleach a chur ar an eolas faoin gcinneadh go bhfuil síneadh bliana á chur leis an bPlean.

Socraíodh gur le linn Meán Fómhair 2022 a bheidh an chéad chruinniú eile ar siúl.

**Coiste Stiúrtha maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022**
**Miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh ar líne ar 3 Samhain 2022**

**I láthair**

| | |
|---|---|
| An tAire Stáit Jack Chambers T.D. | RTCEGSM |
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach) | RTCEGSM |
| Seán Mac Eoin | RTCEGSM |
| Sharon Ó Ceallaigh | RTCEGSM |
| Maria Uí Bhriain | RTCEGSM |
| Eoin Ó Droighneáin | RTCEGSM |
| Diarmaid Ó Mordha | RTCEGSM |
| Sadhbh Ó Cinnseala | RTCEGSM |
| Eibhlín Ní Scannláin | An Roinn Oideachais [RO] |
| Seán Ó Coinn | Foras na Gaeilge [FnaG] |
| Colm Ó Coisdealbha | Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) |
| Rónán Mac Con Iomaire | Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) |
| Siubhán Nic Grianna | Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) |
| Maeve Daly | RBATNE |

5. **Miontuairiscí an chruinnithe dheiridh - 10 Bealtaine 2022**
   Glacadh leis na miontuairiscí den 10 Bealtaine 2022. RO chun roinnt leasuithe a sheoladh ar aghaidh mar a bhaineann leo.

6. **Léargas ginearálta ar an staid reatha (síneadh ama bliana):**
   Ghlac an cathaoirleach buíochas le gach duine as ucht an obair ar fad a cuireadh isteach sa tríú tuarascáil.

   Ina dhiaidh sin, rinne an cathaoirleach cur i láthair cuimsitheach a thug léargas ar na príomhspriocanna a baineadh amach le linn 2021.

   Tugadh cuntas ar staid na ngníomhartha ag deireadh mhí na Nollag 2021. Bhí 61 den 185 gníomh le cur i bhfeidhm in 2018 – 2021; den 61 gníomh sin bhí 34 gníomh déanta, 20 gníomh idir lámha agus bhí moill le 7 ngníomh.

   Cuid do na príomhspriocanna a baineadh amach i rith 2021:

   - Réimse Gnímh 1: Oideachas
     - Lean Aonad Oideachas Gaeltachta na Roinne ar aghaidh ag cur comhairle agus tacaíocht leanúnach ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i gcomhar le Cigireacht na Roinne agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) le linn 2021. Bhí ard-rátaí rannpháirtíochta sa Scéim arís eile: 80% de bhunscoileanna agus 100% d'iar-bhunscoileanna. Tugadh deis eile do na bunscoileanna sin a roghnaigh gan páirt a ghlacadh sa Scéim a bheith rannpháirteach in 2021.
     - Cuireadh tús le hobair ar an bpróiseas deimhnithe chun aitheantas mar Scoileanna Gaeltachta a bhaint amach.

- Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht
    - Faoi dheireadh 2021 faomhadh 30 plean teanga san iomlán do 25 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, 2 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus 3 Líonra Gaeilge (7 acu sin a faomhadh in 2021).
    - Bhí 19 Oifigeach Pleanála Teanga agus 4 Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga fostaithe faoin bpróiseas ag deireadh mhí na Nollag 2021.

- Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar aghaidh – idirghabháil go luath
    - Cuireadh maoiniú caipitil ar ráta 95% ar fáil do 6 sheirbhís luathbhlianta sa Ghaeltacht faoi Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga na Roinne.
    - Bhain 2,323 páiste Gaeltachta leas as imeachtaí a d'eagraigh Tuismitheoirí na Gaeltachta le tacaíocht ón Roinn in 2021.
    - Críochnaíodh tionscadal taighde ar theaghlaigh laistigh den Ghaeltacht arb í an Ghaeilge a dteanga baile.

- Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal
    - Tháinig Scéim Phobal na Gaeilge chun críche ag deireadh na bliana 2021 agus fógraíodh scéim nua, Scéim Forbartha Líonra na Gaeilge. Faoin scéim nua, cuirfear maoiniú ar fáil do 38 deontaí éagsúla, 8 ag an leibhéal is ísle, 19 ag an meánleibhéal agus 9 ag an ardleibhéal.
    - Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do 77 campa samhraidh ceadaithe le linn 2021.

- Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht
    - Lean RTÉ ag oibriú Home School Hub ar líne, chun freastal ar riachtanais pháistí bunscoile na tíre le linn COVID-19.
    - Lean TG4 ag coimisiúnú agus ag craoladh ábhair do phobal na Gaeilge.
    - Ceadaíodh maoiniú breise do thionscadal Infreastruchtúr Acmhainní Teanga na hEorpa ag tús mhí Aibreáin 2021 ar feadh 21 mhí. Leanadh ar aghaidh le bailiú sonraí teanga i dtreo feabhsuithe i ríomhaistriúchán agus teicneolaíochtaí gaolmhara.
    - Leanadh ag infheistiú maoiniú suntasach i dtaighde teicneolaíochta Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in 2021.

- Réimse Gnímh 6: Foclóirí
    - Le linn 2021, chuir Acadamh Ríoga na hÉireann 25 milliún focal digitithe ar fáil d'fhoireann eagarthóireachta Fhoclóir Fhoras na Gaeilge, atá ina chomhoibriú suntasach idir an dá thionscadal.

    - Seoladh Foclóir Uí Chadhain, foclóir canúna nár foilsíodh riamh cheana, i mí an Mheithimh 2021. Tá leathmhilliún focal, atá curtha ar fáil ar líne saor in aisce, ar an ardán saintógtha focloiruchadhain.ria.ie.
    - D'fhaomhaigh an Coiste Téarmaíochta os cionn 3,600 téarma nua nó athbhreithnithe.

- Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas
    - Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ina dhlí ar an 22 Nollaig 2021.
    - Tháinig deireadh leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san AE ar an 31 Nollaig 2021. Tá breis agus 170 duine fostaithe anois i bpoist ardchaighdeáin in aonaid Ghaeilge in institiúidí an AE.

- Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta
    - Infheistíocht ríthábhachtach agus iomasach i mbonneagar gnó na Gaeltachta atá sa ghréasán gteic agus in ainneoin srianta COVID-19 bhí os cionn 320 duine, breis agus 180 acu nach bhfuil san áireamh sna figiúirí fostaíochta, ag obair sna 27 mol digiteach a bhí forbartha ag deireadh 2021.
    - Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta infheistíocht Stáit €8.07m i ndeontais fostaíochta, gléasra, oiliúna agus oideachais le linn 2021.

- Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana
    - Bhí dúshlán ar leith roimh earnáil na gcoláistí samhraidh sa Ghaeltacht de bharr COVID-19 agus na cúrsaí curtha ar ceal.
    - De bharr srianta phobail COVID-19 a bheith i bhfeidhm níor cuireadh tús leis an bhfeachtas turasóireachta cultúrtha d'iarscoláirí in 2021.

**7. Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021**

Rinne RTCEGSM tagairt do na buaicphointí faoin Acht le bliain anuas, ina measc bhí:

- Beidh cistiú measta de €325,500, móide CBL, á chur ar fáil don taighde atá á choimisiúnú ag an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge i leith ullmhú an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Gaeilge.
- Tá i gceist feachtas feasachta mór a reáchtáil go bliantúil as seo amach chun feasacht a chothú faoi na deiseanna fostaíochta atá ann sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí do dhaoine le Gaeilge, ach go háirithe agus muid ag tosú amach, ach chun an pobal a chur ar an eolas faoi na buntáistí eile a bhaineann leis an teanga chomh maith.
- Bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge ar an 20 Meitheamh 2022.

- Tá gach deis tapaithe chun feasacht a chruthú faoin Acht - go háirithe sa chomhthéacs gur togra uile-Rialtais atá ann agus go mbeidh dualgais ar an státchóras trí chéile maidir lena fhorfheidhmiú. Mar thaca dó seo chomh maith, rinne an RTCEGSM, i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga, sraith seimineár faisnéise a eagrú ar líne ag deireadh mhí Iúil ar mhaithe le comhairle a chur ar eagrais Stáit i dtaobh a gcuid dualgas nua faoin Acht.
- Déanfar chomh maith breathnú ar bhealaí gur féidir tacú tuilleadh le foghlaimeoirí Gaeilge atá sa státchóras agus san earnáil phoiblí cheana féin.

**8. Plé oscailte**

Pléadh an obair atá ar siúl ag an RO chun polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a fhorbairt.

Thug an RO breac-chuntas ar an bpróiseas athbhreithnithe ar na ciorcláin a leagann amach na forálacha faoina ndeonaítear díolúintí ó staidéar na Gaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal lena n-áiríodh cruinnithe le geallsealbhóirí. Eisíodh Ciorcláin athbhreithnithe chuig scoileanna ag tús na scoilbhliana 2022/23.

Thug an RTCEGSM cuntas gairid ar an bhfeachtas atá sna meáin maidir le fostaíocht fostaíocht na Gaeilge sa Státseirbhís

Pléadh an Plean Digiteach don Ghaeilge atá le foilsiú go luath i gcomhar le páirtithe leasmhara. De thoradh an Phlean seo cuirfear tuilleadh le soláthar seirbhísí sa ré digiteach trí Ghaeilge.

**9. Aon Ghnó eile**

Aontaíodh go mbeadh cruinnithe ann ar bhonn ráithe in 2023 oiread is féidir agus go mbeifí ag leanúint suas ar na gníomhartha a bhfuil moill leo